

Lónraí
Gáis
Éireann

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS 2024

Tiomanta do Líonra Carbóin **Ghlan-nialasaigh**



Is sócmhainn náisiúnta de mhéid agus de scála é **líonra gáis na hÉireann**

Ag Seachadhadh Fuinneamh na hÉireann

30%

de riachtanais fuinnimh iomlána na hÉireann



41%

de ghiniúint leictreachais na hÉireann

54.3 TWh

á iompar tríd an Líonra do Phoblacht na hÉireann - **suas 2%** i gcomparáid le 2023

Tháinig 20%

den ghás a úsáideadh in Éirinn ó gháscheantar na Coiribe go dúchasach

Ag seachadhadh ar shábháilteacht

5

Chóras Bainistíochta ISO deimhnithe



28

Meán-am freagartha 28 nóiméad (ar an láthair)

Ag Seachadhadh Slándáil Fuinnimh na hÉireann

4

nasc giniúna gásadhainte nua curtha i gcrích



4

Cuireadh tús le tógáil 4 nasc giniúna gásadhainte breise



Tógáil curtha i gcrích chun oibriú neamhspleách an dá halla comhbhrúiteora ag **Stáisiún Comhbhrúite Bá Brighthouse** a chumasú

Moladh curtha faoi bhráid an Rialtais chun **Cúlchiste Straitéiseach Éigeandála Gáis** a chruthú chun Éire a chosaint i gcás cur isteach ar an soláthar gáis



Ag Seachadhadh ar son na hÉireann

Sócmhainn náisiúnta faoi úinéireacht phoiblí

€3bn

€158m

cánacha íochta

Fuarthas luach

€269m

d'earraí agus de sheirbhísí ó sholáthraithe Éireannacha

€188m

caiteachas caipitil

€44m

íocaíocht díbhinne leis an Státhchiste

800



ball foirne fostaithe go díreach ag Líonraí Gáis Éireann

Píblínte atá ann Cheana

Píblínte faoi Úinéireacht Eile

Pointí Idirnaisc

Pointe Iontrála

Pointe Iontrála Gáis In-athnuaite

Pointe Iontrála Díchoimisiúnaithe

720,000+

custaiméir i 23 contae, le 28,349 custaiméir tionsclaíochta agus tráchtála, lena n-áirítear stáisiúin chumhachta

94%

Tá scór sástachta custaiméirí de 94% fós ar scór sármhaithe

31%

Titim 31% ar líon na ngearán i gcomparáid le 2023, an leibhéal is ísle a ardaiódh le 10 mbliana

1.86m

1.86m léamh méadar déanta

Ag Seachadhadh don Todhchaí

Conair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh 1 mí an Mheithimh, d'fhoilsíomar ár gConair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh faoi 2045

Bith-mheatán

- Instealladh **61 GWh** isteach sa líonra gáis
- 2** nasc Bith-mheatán nua
- 2** chomhpháirtíocht nua le táirgeoirí Bith-mheatán

Hidrigin

- príomhdhul chun cinn déanta maidir le hullmhacht theicniúil an Líonra agus Comhoiriúnacht Hidrigin
- rannpháirtíocht i nGrúpa Oibre Idir-Rannach Hidrigin an Rialtais
- rannpháirtíocht leis an DECC maidir le hainmniúchán na hÉireann mar 'Oibreoir Líonra Hidrigineach'
- tacú le Líonra Eorpach Oibreoirí Líonra Hidrigine a fhorbairt (ENNOH)

8

stáisiún poiblí agus **3** stáisiún gáis nádúrtha comhbhrúite (CNG) phríobháideacha ag feidhmiú faoi dheireadh 2024

Ag Seachadhadh ar inbhuanaitheacht

- Scóip 1** (astaíochtaí díreacha) laghdú 16% ó bhunlíne 2010
- Scóip 2** (astaíochtaí indíreacha) laghdú 43% ó bhunlíne 2010

Cheap Líonraí Gáis Éireann **Cosantóir SFINA**



€219,595

mar thacaíocht airgeadais do phobail áitiúla



90

Tacaíodh le 90 tionscadal pobail



5

dhámhachtain inbhuanaitheachta sa bhliain lena n-áirítear dámhachtain Timpeallachta, Sóisialta agus Rialachais (TSR) ag an 50ú Dámhachtain Gnó agus Airgeadais



Deimhnithe go freagrach

Deimhnithe do Séala an Ghnó Ag Obair go Freagrach Baineadh amach an caighdeán cáilíochta maidir le hInfheistiú in Oibrithe Deonacha Gnóthaithe ag IBEC (marc Keepwell) dár gClár Sláinte agus Folláine Innealtóir Éireann (Fostóir CPD na Bliana) dár gClár Forbartha Mná

Clár Ábhair

Tuarascáil an Chathaoirligh



10

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



13

Athbhreithniú airgeadais



60

Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht



67

Athbhreithniú an Bhoird



84

Straitéis agus feidhmíocht

Forléargas gnó	
Ár stair agus aistear inbhuanaitheachta	06
Tuarascáil an Chathaoirligh	10
Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	13
Straitéis, samhail ghnó agus riosca	
Ár gcreat straitéiseach	20
Cruthú luachanna	23
Samhail ghnó	24
Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara	26
Athbhreithniú ar an mBainistíocht Riosca	28

Athbhreithniú gnó	
Athbhreithniú oibriúcháin	41
Athbhreithniú airgeadais	61
Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht	67



Rialachas corparáideach

An Bord	84
Tuarascáil an Bhoird	87
Tuarascáil an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca	102
Tuarascáil na stiúrthóirí	105

Ráitis airgeadais

Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann	108
Ráiteas an ghrúpa maidir le hioncam cuimsitheach eile	116
Clár comhardaithe an ghrúpa	117
Ráiteas an ghrúpa ar athruithe ar an gcothromas	118
Ráiteas an ghrúpa faoi shreafaí airgid	119
Nótaí le ráitis airgeadais an ghrúpa	121
Clár comhardaithe na cuideachta	167
Ráiteas na cuideachta ar athruithe ar an gcothromas	168
Ráiteas na cuideachta ar shreafaí airgid	169
Nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais na cuideachta	170

Cuid 1

Straitéis agus feidhmíocht

Forléargas gnó	
Ár stair agus aistear inbhuanaitheachta	6
Tuarascáil an Chathaoirligh	10
Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin	13
Straitéis, samhail ghnó agus riosca	
Ár gcreat straitéiseach	20
Cruthú luachanna	23
Samhail ghnó	24
Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara	26
Athbhreithniú ar an mBainistíocht Riosca	28
Athbhreithniú gnó	
Athbhreithniú oibriúcháin	41
Athbhreithniú airgeadais	61
Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht	67

Leis na pleananna atá curtha i bhfeidhm againn anois, beidh ról lárnach againn fós ag croílár chóras fuinnimh na hÉireann.



Ár stair agus aistear inbhuanaitheachta



1970idí

Roimh na 1970idí, táirgeadh “gás baile” ó ghual ag láithreáin oibreacha gáis áitiúla agus baineadh úsáid as go príomha le haghaidh lampaí sráide

1971


Aimsíonn long taiscéalaíochta an Mhuir Thuaidh Glomar gás amach ó chósta theas na hÉireann

1976

Bunaíodh Bord Gáis Éireann mar chorporáid reachtúil faoin Acht Gáis 1976. Tagann an chuideachta leathstáit nua go héifeachtach in ionad cuideachtaí gáis san earnáil phríobháideach atá bunaithe ar bhailte beaga

1978

Tugadh gás nádúrtha i dtír ar dtús trí phíblíne faoin bhfarraige san Inse i gCo. Chorcaí



1980idí

1983

Píblíne gáis ó Chorcaigh go Baile Átha Cliath curtha i gcrích. Faigheann Cuideachta Gháis Bhaile Átha Cliath a céad soláthairtí gáis nádúrtha agus cuireann siad tús le 120,000 custaiméir a thiontú go gás nádúrtha ó ghás baile. Cuideachtaí Gáis Chorcaí agus Bhaile Átha Cliath ceannaithe go hiomlán ag Bord Gáis Éireann

1990idí

1990

Méadaíonn díolachán fearas gáis nádúrtha faoi 50% agus tagann méadú 15% ar dhíolacháin gháis leis an earnáil tionsclaíochta/tráchtála

1992

Cuirtear tús le hobair ar an gcéad idirnascaire faoin bhfarraige agus ar mhórstáisiún comhbhrúite in iardheisceart na hAlban chun soláthar gáis d'Éirinn a mhéadú faoi 50%

Tá teacht ag 555,000 teach in Éirinn ar ghás nádúrtha



2000idí

2000

Téann Aurora Telecom isteach sa mhargadh snáthoptaice dorcha

2001

An dara hidirnascaire faoin bhfarraige arna fhormheas ag an rialtas

2002

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh, agus tugtar faoi thionscadail chun gás a thabhairt go hiarthar na hÉireann den chéad uair

2009

Bunaíodh ár gciste carthanachta agus ár dtiomantas don oideachas óige ar dtús



2010idí

2014

Tar éis do Fuinneamh Bhord Gáis a bheith díolta, athainmnítear Bord Gáis Éireann mar Ervia – an chéad chuideachta ilfhóntais in Éirinn

2015

Bunaíodh Líonraí Gáis Éireann mar fhochuideachta ar leith

2016

Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach (BWR) bainte amach den chéad uair

2018

Tá ár gcéad Tuarascáil Inbhuanaitheachta foilsithe

2019

Cuireann Éire tús lena haistear chuig líonra gáis carbóin ghlan-nialasaigh, le tabhairt isteach bith-mheatán in-athnuaite a tháirgtear sa bhaile ar an ngréasán náisiúnta

Straitéis inbhuanaitheachta forbartha agus foireann inbhuanaitheachta bunaithe

2020idí

Líon foirne: 800

2020

An Chéad Tionscadal um Nochtadh Carbóin (CDP) Rátáil Athrú Aeráide B- bainte amach

2021

Osclaíodh dhá stáisiún GNC poiblí breise, rud a d'fhág gur ceithre stáisiún GNC atá inrochtana go poiblí agus a líontar go tapa sa tír

2022

Cuireadh isteach staidéar féidearthachta teicniúil agus sábháilteachta ar chumasc hidrigine glas a instealladh isteach i líonra gáis na hÉireann. Baineadh de thátal as an staidéar go bhfuil sé sábháilte agus indéanta an líonra gáis atá ann cheana a úsáid chun hidrigin chumaisc a iompar

2023

I mí Eanáir 2023, bhain Grúpa Ervia na céimeanna deiridh dá atheagrú amach, rud a chríochnaigh le scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ón nGrúpa

2024

Díscaoileadh Ervia ar 1 Meitheamh 2024. Ar an dáta seo, aistríodh feidhmeanna, sócmhainní agus dlíteanais uile Ervia chuig Líonraí Gáis Éireann




An Chonair go 2045


Bealach chuig **an dícharbónú**

Tacóidh Líonraí Gáis Éireann le haistriú na hÉireann chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de trí oibriú i dtreo líonra gáis a bhfuil athearraíocht bainte as agus atá go hiomlán dícharbónaithe faoi 2045, rud a chinnteoidh soláthar fuinnimh slán agus iontaofa agus a thacóidh le spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann.


Bonn Anois - 2027



Forbairt 2028-2032



Athshuíomh 2033 - 2040



Tiontú 2041-2045



Líonraí comhthreomhara hidrigine agus bith-mheatáin


Ceannscríbhinn Scéimreach

- Píblíne gáis nádúrtha
- Píblíne hidrigine
- Píblíne bith-mheatáin
- Píblíne hidrigine á tógáil

Braisle hidrigine

Pointe insteallta lárnach greille bith-mheatáin
Níl naisc dhíreacha bith-mheatáin agus hidrigine san áireamh

Faoi dheireadh - 2045



Tuarascáil an Chathaoirligh

Kevin Toland
Cathaoirleach

Ag croílár thodhchaí fuinnimh na hÉireann

Réamhrá

Mar Chathaoirleach, tá lúcháir orm Tuarascáil Bhliantúil 2024 agus Ráitis Airgeadais Líonraí Gáis Éireann a chur i láthair.

Sa bhliain 2024, baineadh amach go leor ratha agus garspriocanna ar fud ár ngnó. I rith na bliana, tá obair déanta ag an mBord in éineacht leis an eagraíocht chun forbairt straitéise a chur in ord tosaíochta, dul chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar a cur i bhfeidhm, agus príomhfhócas á choinneáil ar rialachas corparáideach. Tá dul chun cinn suntasach déanta againn ar ár spriocanna straitéiseacha agus d'oibríomar i dtreo ár bhfís maidir le bheith i gcroílár thodhchaí fuinnimh na hÉireann. Léiríonn athbhreithnithe an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin agus an Phríomhoifigigh Airgeadais ar leathanaigh 13 agus 60 na príomhbhuaiaphointí oibriúcháin agus airgeadais.

Fuinneamh na hÉireann

Déanaimid bainistiú ar bhonneagar nua-aimseartha agus soláthraímid seirbhísí



Oibrímid líonra gáis atá slán sábháilte, ag tacú le slándáil agus le seasmhacht fhoriomlán an fhuinnimh in Éirinn.



Trí gháis in-athnuaite amhail bith-mheatán agus hidrigin ghlas a chur in ionad gáis nádúrtha, táimid ag obair chun líonra neodrachta carbóin a chur i gcrích faoi 2045 agus astaíochtaí a laghdú ar fud earnálacha rithabhachtacha.

rithabhachtacha gáis 365 lá sa bhliain. Is é príomhchuspóir Líonraí Gáis Éireann ná líonra gáis atá sábháilte agus iontaofa a oibriú, ag tacú le slándáil fuinnimh iomlán in Éirinn agus ag an am céanna ag éascú aistriú an líonra gháis go líonra carbóin ghlan-nialasaigh go héifeachtach.

Sa bhliain 2024, choinníomar ár gcuntas teiste maidir le sárfheidhmíocht sábháilteachta agus leanamar ag seasamh le sábháilteacht mar phríomhthosaíocht maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla leanúnacha agus cinnteoireacht. Choinníomar freisin ár gcuntas teiste láidir maidir le hiontaofacht agus infhaighteacht líonra le linn na tréimhse gan aon aga neamhfhónaimh.

Leanann an líonra gáis ar aghaidh ag léiriú a ról rithabhachtach i gcóras fuinnimh na hÉireann, agus níos mó ná 41% de leictreachas na hÉireann á tháirgeadh ag baint úsáide as gás nádúrtha sa bhliain 2024, ag buaicphointe 83% ar laethanta

nuair nach raibh giniúint in-athnuaite eadrannach ar fáil. Athdhearbhaíonn sé seo go soiléir a thábhachtaí atá sé soláthar gáis solúbtha agus iontaofa a bheith ann chun slándáil agus acmhainneacht a sholáthar do chóras fuinnimh na hÉireann.

Le linn 2024, d'infheistigh Líonraí Gáis Éireann breis agus €188m chun sábháilteacht, cumas, slándáil agus acmhainneacht an líonra a fheabhsú. Áiríodh leis sin infheistíocht shuntasach chun seachadadh nasc giniúna gásadhainte nua agus oibreacha feabhsaithe toille ag ár stáisiúin chomhbhrúiteora in Albain a chur chun cinn, agus feabhsóidh an dá cheann acu cinnteacht an tsoláthair d'éileamh méadaitheach fuinnimh na hÉireann. Leanamar freisin ag cur ár gcláir chibearshlándála agus ár gcláir shlándála fhisiciúil chun cinn chun ár líonra a chosaint ó bhagairtí uafásacha atá ag méadú i gcónaí.

Ag deireadh mhí Aibreáin, chuireamar togra faoi bhráid an Rialtais chun Cúltaisce Straitéiseach Éigeandála Gáis a chruthú, 'beart idirthréimhseach' chun Éire a chosaint i gcás cur isteach ar an soláthar gáis. Tá sé mar aidhm ag an mbeart seo aistriú slán chuig fuinneamh in-athnuaite ar scála mór in Éirinn a chinntiú.

Feidhmiú agus athrú

Léiríonn ár gcuspóir agus ár bhfís cé muid féin, cad as ar tháinig muid, ár ról lárnach i gcóras fuinnimh na hÉireann agus cá bhfuil muid ag dul. Is gné lárnach dár straitéis é feidhmiú agus athrú á dhéanamh againn chun uailmhianta dícharbónaithe na hÉireann a bhaint amach. Tá sé rithabhachtach go leanfaimid orainn ag feidhmiú ar son ár gcustaiméirí agus ár

bpáirtithe leasmhara agus ag an am céanna ár líonra a athrú go todhchaí dícharbónaithe. Inár straitéis nua, leagtar amach cén chaoi a leanfaimid orainn ag oibriú, ag cothabháil agus ag infheistiú inár líonra gáis chun soláthairtí sábháilte, iontaofa agus slána a chinntiú agus muid ag ullmhú le haghaidh todhchaí ina n-éascófar le gás líonraithe córas fuinnimh chomhtháite chun carbón glan-nialasach a bhaint amach.

Chun é seo a bhaint amach, ní mór athearraíocht a bhaint as ár líonra chun gáis in-athnuaite, bith-mheatán agus hidrigin a iompar, ar scála mór. Tá ár n-eagraíocht agus a líonra fairsing i suíomh uathúil chun an t-athrú riachtanach a sheachadadh, agus táimid ag obair go dian cheana féin i dtreo na spriocanna sin agus muid ag aistriú go líonra carbóin ghlan-nialasaigh. Tá oidhreacht chruthaithe na héabhlóide againn – ag athrú ó ghás baile go gás nádúrtha, agus cuirfidh ár dtaithe ar ár gcumas é sin a dhéanamh arís, ó ghás nádúrtha go gáis in-athnuaite.

Agus muid ag breathnú ar an todhchaí, úsáidimid ár dtaithe, ár saineolas agus ár gcultúr comhoibrithe agus athraithe chun oibriú i dtreo todhchaí inbhuanaithe. Cinnteoidh na pleananna atá curtha i bhfeidhm againn anois go bhfanfaimid i gcroílár chóras fuinnimh na hÉireann.

Conair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh

Sa bhliain 2024, d'fhoilsíomar ár gConair um Chlaohlú uailmhianach chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh, inar leagadh béim ar an gcaoí a dtacóidh an líonra náisiúnta gáis le haistriú na hÉireann chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050.

Oibríonn aistear inbhuanaitheachta ár líonra i dtreo gréasán gáis athchóirithe, lán-dhícharbónaithe faoi 2045, ag cinntiú soláthar fuinnimh slán agus iontaofa agus ag tacú le spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann.

Trí gháis in-athnuaite amhail bith-mheatán agus hidrigin ghlas a chur in ionad an gháis nádúrtha, táimid ag obair chun líonra carbóin ghlan-nialasaigh a sheachadadh agus chun astaíochtaí a laghdú ar fud na bpríomhearnálacha, lena n-áirítear iad siúd ar deacair iad a dhícharbónú go traidisiúnta, amhail an tionscal ardteasa, giniúint cumhachta, talmhaíocht, agus earnálacha iompair.

Inbhuanaitheacht

Tuigimid i gcónaí ár bhfreagrachtaí inbhuanaitheachta. Imlíonnn ár gConair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh conas a mbeidh baint againn leis an gcomhshaol a chosaint. I dteannta a chéile tacaímid freisin le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na bpobal ina n-oibrímid.

Táimid bródúil as gur ceapadh Líonraí Gáis Éireann sa bhliain 2024 mar chosantóir UNSDG 2024/2025 ag an Aire Comhshaoil, Aeráide, Cumarsáide agus Iompair, Eamon Ryan. Táimid ar cheann den 40 cuideachta in Éirinn freisin a bhfuil an marc BWR acu maidir le cleachtais ghnó atá freagrach agus inbhuanaithe.

Sa bhliain 2024, fuair Líonraí Gáis Éireann cúig dhámhachtain inbhuanaitheachta, rud a léirigh ár dtiomantas aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide, rialachas freagrach a chleachtadh, agus tionchar dearfach a bheith againn ar na pobail ina n-oibrímid.



An Chonair chuig Líonra Neodrachta Carbóin
arna foilsiú sa bhliain 2024

Líonraí Gáis Éireann ceaptha mar Chosantóir **SFINA (Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe na NA) 2024/2025**



**Eurabhanna
€300 milliún**
eisiithe

Molann Bord Líonraí
Gáis Éireann
**díbhinn €62
mhilliún le
haghaidh 2025**

Tá lúcháir orainn lenár líne chabhrach tiomnaithe nua do chustaiméirí scothaosta a bunaíodh sa bhliain 2024. D'fhaomhadh é seo ag Aoisbhá Éireann agus cuireann sé tacaíocht speisialaithe agus inrochtaineacht fheabhsaithe ar sheirbhís ar fáil do dhaoine aonair atá 66 bliain d'aois agus níos sine.

Torthaí airgeadais agus díbhinní scairshealbhóirí

D'fheidhmigh Líonraí Gáis Éireann go láidir sa bhliain 2024, ag seachadadh brabús tar éis cánach de €138m. Tá ár dtorthaí airgeadais don bhliain bunaithe ar fhócas láidir airgeadais mar aon le hioncam iompair níos airde.

Tá cumas airgeadais ina phríomh-chumasóir dár straitéis, go háirithe, ár rátáil chreidmheasa de ghrád infheistíochta a chothabháil. Sa bhliain 2024, choinníomar rátálacha creidmheasa A+ / A2 le gníomhaireachtaí rátála S&P agus Moody. Chonaiceamar gur fhreagair margadh na mbannaí go maith dár bhfís straitéiseach agus ár gconair straitéiseach trí bhanna nua €300m a eisiúint agus trí luathfhuascailt pháirteach dár Eorabhanna 2026.

Forálann beartas díbhinn Líonraí Gáis Éireann mar a comhaontaíodh leis an Rialtas, do dhíbhinní spriocdhírith de 45% de bhrabús coigeartaithe tar éis cánach na bliana roimhe sin. Ag teacht leis an mbeartas seo, molann an Bord íocaíocht díbhinne de €62m i 2025, bunaithe ar fheidhmíocht airgeadais 2024.

Rialachas corparáideach

Ar an 1 Meitheamh 2024, díscaoileadh Ervia leis an Acht Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024 (an 'Acht'). Bhí éifeacht

ag an Acht ar aistriú na sócmhainní, na gceart agus na ndlíteanas go léir a bhí fós ag Ervia chuig Líonraí Gáis Éireann.

Le linn na bliana lean an Bord le tús áite a thabhairt do rialachas corparáideach ar aon dul le dea-chleachtas, rialúchán atá ag teacht chun cinn, beartas rialtais agus trédhearcacht. Tháinig an Bord agus a fho-choistí le chéile go rialta agus bhí cineál agus cáilíocht an ábhair a cuireadh faoi bhráid an Bhoird le linn na bliana eisceachtúil.

Comhlíonann Líonraí Gáis Éireann an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit i ngach slí ábhartha. Déantar athbhreithniú foirmiúil ar rioscaí agus déantar monatóireacht orthu chun maoluithe agus rialuithe cuí a chinntiú. Mar Chathaoirleach, táim sásta go bhfuil na rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm agus go ndéantar bainistiú éifeachtach orthu chun ár riachtanais rialachais a bhaint amach.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hAirí agus leis na hoifigigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide as a dtacaíocht le linn na bliana. Gabhaim mo bhuíochas leis na hoifigigh ag NewERA a mbímid i dteagmháil leo go rialta maidir le cúrsaí rialachais.

Tar éis beagnach 16 bliana seirbhíse, chuaigh tionacht Joe O'Flynn ar an mBord in éag i mí an Mheithimh 2024. Chuaigh tionacht Sean Hogan in éag i mí Eanáir 2025 tar éis beagnach 10 mbliana seirbhíse. Ceapadh John Curran ar an mBord i mí Mheán Fómhair 2024 agus ceapadh Liz Joyce ar an mBord i mí Eanáir 2025. Ba mhaith liom buíochas a

ghabháil le Seosamh agus le Sean as a gcuid oibre, a dtiomantas agus a rannchuidiú luachmhar do Líonraí Gáis Éireann agus fáilte a chur roimh John agus Liz chuig ár mBord.

Tá Cathal Marley, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ag fágáil Líonraí Gáis Éireann chun deis ghairme nua a shaothrú. D'oibrigh Cathal ar fud an ghnó le breis agus ocht mbliana mar Phríomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa agus mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa. Chinntigh Cathal an seachadadh láidir inár sainordú lárnach maidir le gás agus fuinneamh na hÉireann a choinneáil ag gluaiseacht, rinne sé dul chun cinn suntasach maidir lenár gclár oibre um chlaochlú a thiomáint chomh maith le caidrimh a neartú lenár bpríomhpháirtithe leasmhara ar fad. Thar ceann an Bhoird, agus gach duine i Líonraí Gáis Éireann, gabhaim buíochas le Cathal as an gcion suntasach seo agus guímid gach rath air ina ghairm bheatha amach anseo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na daoine go léir a oibríonn le Líonraí Gáis Éireann agus lenár gcomhpháirtithe as a dtiomantas, a bhfeidhmíocht agus a seachadadh iontach. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhbhaill ar an mBord, leis an bhFoireann Feidhmiúcháin agus le foireann uile Líonraí Gáis Éireann as a dtacaíocht le linn na bliana.

Kevin Toland
Cathaoirleach


Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin




Cathal Marley
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Fuinneamh na hÉireann a Bhogadh

Is linn an líonra gás nádúrtha in Éirinn agus oibrímid, tógaimid agus cothaímid é. Áirítear leis seo:



Níos mó ná **14,758km** de phíblínte



2 idirnascaire agus píblíne faoin bhfarraige in Albain, i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann



Is é ár bpríomhghníomhaíocht ná gás nádúrtha a iompar go sábháilte agus go hiontaofa thar ceann **os cionn 720,000 custaiméir** gás gnó agus cónaithe, is cuma cén chuideachta soláthair **gáis nádúrtha** a roghnaíonn siad.



Chomh maith leis sin, soláthraímid **seirbhísí snáthoptaice teileachumarsáide mórdhíola** faoin ainm gnó Aurora Telecom



30%

de bhunriachtanais fuinnimh na hÉireann arna iompar ag Líonraí Gáis Éireann

41%

de leictreachas na hÉireann arna tháirgeadh trí ghás nádúrtha á úsáid arna iompar ag Líonraí Gáis Éireann

Tá an líonra gáis ina shócmhainn ríthábhachtach náisiúnta, ag iompar 30% de phríomhriachtanais fuinnimh na hÉireann. Tá taca á chur fós ag an ngás faoi mheascán fuinnimh na hÉireann, is é is mó a chuireann le soláthairtí leictreachais, agus táirgeann sé 41% de leictreachas na hÉireann ar an meán.

Mar gheall ar éagsúlacht na gcineálacha breosla sa mheascán giniúna leictreachais, go háirithe gaoth agus gréine, tháinig buaicphointe 83% den éileamh ar ghiniúint leictreachais gáis le linn 2024, ag athdhearbhú a thábhachtaí atá sé soláthar gáis solúbtha agus iontaofa a bheith ann.

I mí an Mheithimh, d'fhoilsíomar ár gConair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh faoi 2045. Sonraíonn sé seo an t-aistear bunathraithe i dtreo líonra gáis atá dícharbónaithe go hiomlán faoi 2045, ag cinntiú soláthar iontaofa fuinnimh agus ag tacú le spriocanna aeráide na hÉireann. Tá an chonair ag teacht leis an mbeartas agus na spriocanna fuinnimh reatha agus léiríonn sí riachtanais níos leithne an chórais fuinnimh. Féadfaidh tráthúlacht na conaire athrú de réir mar a éiríonn beartas nua níos soiléire agus de réir mar a théann foinsí agus teicneolaíochtaí nua fuinnimh chun cinn.

Tá tionchar freisin ag macra-threochtaí agus forbairtí sa gheilleagar níos leithne ar an gcaoi a gcuirimid cruthú luachanna inbhuanaithe agus ranníocaíocht eacnamaíoch san fhadtéarma i bhfeidhm. Tá breac-chuntas orthu seo ar leathanach 23. Tá sonraí ar ár bpríomhrioscaí, ár n-éiginnteachtaí agus ár bpríomh-mhaoluithe le fáil ar leathanaigh 32-39.

Feidhmíocht sa bhliain 2024

Sábháilteacht

Leanamar lenár gcuntas teiste maidir le sárfheidhmíocht sábháilteachta sa bhliain 2024. Thugamar faoi athbhreithniú ar ár gclár Ionad Oibre Sábháilte Baile Sábháilte agus reáchtáladh roinnt feachtas cumarsáide sábháilteachta agus feasachta don fhoireann le linn na bliana a chlúdaigh saincheisteanna mar thiomáint, sábháilteacht staighre agus sábháilteacht gheimhridh.

Leanann ár Ráta Comhtháite Teagmhais Ama Chaillte don fhoireann agus do sholáthraithe seirbhíse lárnacha de bheith ag leibhéil cheannais agus léiríonn sé ár bhfócas agus ár gcultúr feidhmíochta sábháilteachta laistigh dár n-eagraíocht. Choinníomar deimhniú dár gCóras Bainistíochta ISO sábháilteachta sa bhliain 2024 agus sheolamar feachtas fógraíochta ilmheán nua Diailigh Sula dTochlaíonn Tú chun an tábhacht a bhaineann le seiceáil le haghaidh píblínte gáis a chur chun cinn sula gcuirfear tús le hobair thochailte.

Cláir Chaipitil, Chothabhála agus Oibriúcháin

Sa bhliain 2024, seachadadh €188m d'infheistíocht chaipitil lena n-áirítear go leor tionscadal casta ar nós tionscadal scoilte stáisiún Bá Brighthouse agus tionscadal athlonnaithe DRI Shráid Hawkins (Suiteáil Rialála Dáilte) chomh maith le cláir oibre leanúnacha chun acmhainneacht líonra, slándáil, cumas agus aistriú go réitigh fuinnimh in-athnuaite a fheabhsú.

Is príomhghné dár straitéis é ár líonra a oibriú agus a chothabháil go leanúnach ar bhealach éifeachtach agus eacnamaíoch. Sa bhliain 2024, sheolamar os cionn 47,156 ordú um obair chothabhála phleanáilte ar na líonraí tarchurtha agus dáileacháin. Cuireadh i gcrích 97% den chothabháil ar fad a bhí beartaithe agus níor sáraíodh aon riachtanas maidir le cáilíocht an gháis. Ghlacamar os cionn 1.8 milliún léamh méadair thar ceann soláthraithe gáis agus d'fhreagair muid do 14,561 éalú gáis a tuairiscíodh go poiblí, 99.9% laistigh de na critéir uair an chloig.



I measc na hinfheistíochta caipitil atá le tabhairt faoi deara i mbliana tá:

Tógadh 4 nasc nua – 1 stáisiún cumhachta agus 3 chustaiméir tionscail eile.

Cuireadh tús le tógáil 4 nasc nua tarchuir eile – 2 stáisiún cumhachta, 2 chustaiméir tionscail.

Tógáil críochnaithe ar thionscadal chun oibriú neamhspleách an dá halla comhbhrúiteora ag Stáisiún Comhbhrúite Bhá Brighthouse a chumasú.

Tógáil curtha i gcrích ar athsholáthar comhlaí Kerotest i gceantar Bhaile na Lobhar i mBaile Átha Cliath.

Ard-oibreacha atreoraithe píblíne ag teastáil do thionscadail i gCorcaigh.

Uasghrádú toillte críochnaithe ag suiteáil os cionn na talún i mBaile an Easaigh.

Críochnaíodh oibreacha cumasúcháin instealladh greille lárnach i mBaile Mhistéala.

Tógadh agus coimisiúnaíodh Flogas Keelings agus stáisiún CNG Acomhal Lidon 14.

Tógadh stáisiún CNG Beauparc na Ceapaí.

Leagadh príomhphíobán treisithe dáileacháin de 3.6 km.

Críochnaíodh trí nasc dáileacháin mhóra ag Edgeconnex, Caisleán na Gráinsí, Baile Átha Cliath, Bulmers, Caisleán na Gráinsí, Baile Átha Cliath agus Epark i gCorcaigh.

Chuir Aurora Telecom feabhas ar a líonraí cathrach i mBaile Átha Cliath, sa tSionainn agus in Inis. Cuimsíonn an líonra aisiompair náisiúnta breis is 1,500 km ar fud 15 chontae anois, ag tairiscint nascacht snáthoptaice an-ard chuig gach cathair agus lárionad uirbeach. Críochnaíodh staidéir féidearthachta ar chonairí aisiompair nua, rud a chuir bonn láidir ar fáil dá rolladh amach a bhfuiltear ag súil leis i 2025.

Is féidir leat athbhreithniú oibriúcháin 2024 a léamh ina iomláine ar leathanaigh 41-59.

Slándáil an tsoláthair

Le linn 2024, bhí cibearshlándáil agus slándáil fhisiciúil fós ina dtosaíochtaí ríthábhachtacha. Coinneoimid cumarsáid agus oiliúint cibearfheasachta go rialta do gach fostaí agus conraitheoir. Leanadh le huasghráduithe cibearshlándála agus fisiceacha ag láithreacha éagsúla i bPoblacht na hÉireann agus in Albain, lena n-áirítear tús a chur le hoibreacha ag Suiteáil Os Cionn Talún Bhaile Locha i bPoblacht na hÉireann agus críochnú ábhartha na n-oibreacha ag stáisiún Bhá Brighthouse in Albain. Mar fhreagra ar theagmhas slándála i Muir Éireann chuireamar suirbhé neamhphleanáilte fomhuirí i gcrích lena chinntiú nach gcuirfí isteach ar phíblíne Idirnascaire 1.

Is comhpháirtí é Líonraí Gáis Éireann sa tionscadal VIGIMARE Fhís na hEorpa ar cuireadh tús leis sa bhliain 2024. Soláthróidh an tionscadal timpeallacht comhroinnte faisnéise d'úinéirí bonneagair ríthábhachtacha chun athléimneacht a chothú in aghaidh bagairtí fisiceacha,



Cuireadh tús le tógáil

na saoráide nua um instealladh san eangach lárnach (IEL) Bhith-mheatáin i mBaile Mhistéala, Co. Chorcaí





**An Rialtas
tiomanta** do
5.7TWh de bith-
mheatán a tháirgtear
in Éirinn a chur ar fáil
faoi 2030

**Méadaíodh an
t-éileamh ar ghás
in-athnuaite
faoi 67%**
san earnáil iompair i
gcomparáid le 2023

cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha ar bhonneagar ríthábhachtach fomhuirí an AE.

D'oibrigh Líonraí Gáis Éireann go dlúth freisin le EirGrid agus an CRF chun soláthar leictreachais níos sláine a chinntiú. Rinneamar trí stáisiún cumhachta flexgen nua a choimisiúnú agus a oibriú, chríochnaíomar tógáil ar an nasc tarchurtha gáis do stáisiún cumhachta ESB na Coirre Duibhe agus chuireamar tús le tógáil ar dhá nasc gáis tarchurtha eile stáisiúin chumhachta, rud a thacaigh leis an méadú ar an gcumas giniúna cumhachta agus rud a sholáthraíonn acmhainneacht don leathnú leanúnach ar ghiniúint leictreachais in-athnuaite.

Bith-mheatán

Gás in-athnuaite atá neodrach ó thaobh carbóin de is ea bith-mheatán ar féidir é a dhéanamh as dramhaíl fheirme agus bhia trí dhíleá anaeróbach. Comhlíonann sé na caighdeáin theicniúla chéanna le gás nádúrtha agus tá sé ag luí go hiomlán leis an líonra gáis. Le linn 2024, bhí 61GWh (39GWh dúchasach agus 22GWh iompórtáilte) de bith-mheatán á iompar ag an líonra gáis, agus conraíodh dhá nasc nua bith-mheatáin le linn na bliana.

I mí na Bealtaine 2024, d'fhoilsigh an Roinn Talmhaíochta, Feirmeoireachta agus Mara (DAFM) agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) Straitéis Náisiúnta Bith-mheatáin na hÉireann. Is í an Straitéis an chéad mhórráiteas beartais in Éirinn maidir le bith-mheatán. Athdhearbhaíonn an Straitéis tiomantas an Rialtais 5.7TWh de

bhith-mheatán a tháirgtear go dúchasach a sheachadadh faoi 2030.

Chun fás an tionscail bhith-mheatáin a chumasú, chuaigh Líonraí Gáis Éireann i dteagmháil le roinnt táirgeoirí bith-mheatáin chun naisc dhíreacha a sholáthar leis an líonra. Chomh maith leis sin shíniomar Meabhrán Tuisceana (MoU) le Nephin Renewable Gas agus chomhaontaíomar ar chomhpháirtíocht le Bia Energy.

I mí Dheireadh Fómhair seo caite, d'iompaigh an Taoiseach Micheál Martin an fód chun tús oifigiúil a chur le tógáil na saoráide nua Instealladh Eangaí Láir (CGI) i mBaile Mhistéala. Is céim bhunathraithe í an tsaoráid seo in aistriú na hÉireann i dtreo fuinnimh in-athnuaite, rud a chuireann ar chumas táirgeoirí iolracha bith-mheatán a instealladh isteach sa líonra náisiúnta gáis.

Hidrigin

Aithnítear sa “Straitéis Náisiúnta Hidrigine” a foilsíodh sa bhliain 2023, an gá fadtéarmach le líonra náisiúnta hidrigine agus aithníonn sí conas is féidir an líonra náisiúnta gáis a threisiú chun freastal ar hidrigin a tháirgtear ó fhuinneamh gaoithe. Le linn 2024, ghlac Líonraí Gáis Éireann páirt ghníomhach i nGrúpa Oibre Idir-Rannach Hidrigine an Rialtais chun tacú le seachadadh na “Straitéise Náisiúnta Hidrigine”.

Le linn 2024, d'oibrigh Líonraí Gáis Éireann le hoibreoirí Eorpacha eile chun Líonra Eorpach na nOibreoirí Líonra um Hidrigin (ENNOH) a fhorbairt, rud a fhorbróidh an creat rialála d'oibreoirí líonraí hidrigine le linn 2025 agus 2026. Toghadh Líonraí Gáis Éireann ar an

mbord réamh-ENNOH i mí na Nollag 2024. Táimid ag plé go gníomhach leis an DECC maidir le hainmniúchán na hÉireann mar ‘Oibreoir Líonra Hidrigine’. Creidimid, mar Oibreoir an Chórais Gháis, go bhfuilimid in áit iontach chun an ról seo a chomhlíonadh.

In oirchill ar theacht chun cinn hidrigin dhúchasach ghlas agus hidrigin trínár n-idirnascairí sa RA, tá Líonraí Gáis Éireann i mbun clár fairsing oibre chun tabhairt isteach céimnithe na hidrigine isteach sa líonra gáis ag ár Lárionad Nuálaíochta Líonra, in Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath a chumasú. Táimid ag obair le hinstitiúidí taighde agus le hacadóirí chun comhoiriúnacht agus feidhmiúlacht hidrigine a thástáil chun lánacmhainneacht hidrigine a thuiscint agus chun a chinntiú go mbeidh an líonra gáis in ann hidrigin chumaisc agus suas le 100% hidrigin a iompar agus a stóráil go sábháilte amach anseo.

Bith-GNC

Sa bhliain 2024, tháinig méadú 67% ar an éileamh ar ghás in-athnuaite san earnáil iompair i gcomparáid le 2023. Cuireann Gás Nádúrtha Comhbhrúite (agus a choibhéis in-athnuaite, Bith-GNC) laghduithe suntasacha ar astuithe ar fáil don earnáil feithiclí earraí troma (HGV). Is féidir le breosla le Bith-GNC astuithe HGV a laghdú suas le 90%, rud a thugann rogha breosla malartach glan do thionscal tarlaithe na hÉireann seachas díosal. Sa bhliain 2024, ba Bith-GNC 89% den GNC a dáileadh.

I mí an Mheithimh, osclaíodh an chéad stáisiún tiomnaithe riamh de chuid

Phoblacht na hÉireann um athbhreoslaithe Bith-GNC go hoifigiúil. Tá sé lonnaithe ag Food Central i dTeampall Mhaighréide Thuaidh, Co. Bhaile Átha Cliath, agus i mí Mheán Fómhair, osclaíodh stáisiún athbhreoslaithe Bith-GNC nua ag Acomhal 14 ar mhótarbhealach an M7 i gCill Dara.

Daoine

Le linn 2024, choinníomar scóir suirbhéireachta rannpháirtíochta fostaithe den scoth agus leanamar ag infheistiú i bhforbairt ár bhfoirne le go leor clár saindeartha lena n-áirítear ár gcláir oiliúna teicniúla agus ár dtacaíochtaí breisoideachais. Bhí lúcháir orainn líon nua printísigh a fheiceáil agus d'earcaíomar freisin dár gclár larchéime 2025.

Réimse fócais leanúnach is ea folláine ár ndaoine. Sa bhliain 2024, sheolamar sraith beartas forásach lena n-áirítear ár mbeartais Meanapás, Babhtáil Saoire agus Tacaíochtaí Cóireála Torthúlachta.

Fuaireamar caighdeáin aitheantais sheachtracha ó IBEC (Marc Keepwell) dár gclár Sláinte agus Folláine agus ó Innealtóirí Éireann (Fostóir CPD na Bliana) dár gClár Forbartha Mná.

Tháinig méadú breise ar ár gclár Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe ibelong sa bhliain 2024, lena n-áirítear bunú Grúpa Acmhainní Fostaithe (ERG), Grúpa NextGen atá anois ar an séú ERG ar fud an ghnó.

Ar deireadh, sa bhliain 2024, tá dul chun cinn dearfach feicthe againn arís inár mBearna

Phá idir na hInscní a bhfuil tionchar ag ár gclár ibelong uirthi, ár bhforbairt ban agus ár gcláir luathoideachais ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Mata) mar aon lenár gcláir luathghairme féin.

Príomhréimse tosaíochta ar fud na heagraíochta is ea fás na gclár seo agus ár straitéis éagsúlachta, cothromais agus cuimsithe.

Inbhuanaitheacht

Mar cheann de na cuideachtaí fóntais is mó, tá an inbhuanaitheacht mar dhlúthchuid dár ról fuinneamh inacmhainne agus glan a sholáthar san am atá le teacht do mhuintir na hÉireann. Leis sin a bhaint amach, caithfidh ár líonra a dhícharbónú agus astaíochtaí a laghdú sna hearnálacha ar fad i sochaí na hÉireann.

Le linn 2024, leanamar ar aghaidh le hinbhuanaitheacht a leabú ar fud ár ngnó, rud a choinníomar ag croílár ár gcinntí agus ár straitéise gnó. Chuireamar tús le hullmhú don Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (TTIC) nua, ag bunú grúpa oibre trasfheidhme chun tacú le seachadadh chlár agus riachtanais TTIC. Is deis luachmhar é seo le machnamh a dhéanamh ar ár straitéisí agus cleachtais inbhuanaitheachta reatha agus le cultúr inbhuanaitheachta agus gníomhaíochtaí feasachta a leabú níos mó inár ngnó.

Tá nuashonrú iomlán ar ár n-inbhuanaitheacht ó thaobh na praiticiúlachta de ar fáil ar leathanaigh 67-78.

Custaiméirí

Le linn 2024, d'fhan ár Scór Sástachta Custaiméirí foriomlán ag scór sármhaith de 94%. Leanamar ag cur lenár seirbhís do chustaiméirí agus sáraíodh ár spriocanna réitithe gearán. Trí chomhoibriú agus caidrimh láidre le páirtithe leasmhara inmheánacha agus lenár gcomhpháirtithe gnó, tá an leibhéal is ísle gearán faighte againn le 10 mbliana, agus titim 31% i gcomparáid le 2023.

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar conas is féidir le gáis in-athnuaite amhail bith-mheatán (sa ghearrthéarma) agus hidrigin ghlas (sa mheántéarma agus san fhadtéarma) cabhrú lenár gcustaiméirí dícharbónú de réir mar a théann siad ar aghaidh i dtreo glan-nialais, bunaíodh foireann réitigh custaiméirí freisin sa bhliain 2024, a théann i ngleic go réamhghníomhach le breis agus 300 dár gcustaiméirí is mó a úsáideann líon ard gáis i dtionscail ardteasa agus in earnálacha ar deacair iad a mhaolú.

Tosaíochtaí straitéiseacha 2025

Mar chaomhnóirí bhonneagar gáis nádúrtha na hÉireann leanfaimid orainn ag soláthar soláthar gáis solúbtha agus iontaofa chun tacú le meascán fuinnimh na hÉireann. Leanfaimid orainn ag soláthar soláthairtí sábháilte agus slán gáis dár gcustaiméirí agus ár bhfócas ar shábháilteacht fós mar a chéile. Táimid tiomanta dár bhfostaithe a chur i gcroílár ár ngnó, seirbhís den scoth a sholáthar do chustaiméirí agus ár gclár oibre inbhuanaitheachta a chur chun cinn.



Laghdú **31%**
ar ghearáin a
cruthaíodh i mbliana,
an ráta is ísle le
10 mbliana

Tá ár
**Scór um
Shástacht
Custaiméirí**
foriomlán de
94%
fós ar leibhéal
sármhaith



Caiteachas
caipitil de
€188m
sa bhliain
2024

Is ardtosaíochtaí fós dár gcuideachta iad na dúshláin maidir le slándáil an tsoláthair a bhainistiú agus an baol go ndéanfaí ionsaí fisiceach/cibirionsaí ar ár líonra. Sa bhliain 2025, déanfaimid infheistíocht chaipitil de bhreis ar €200m chun sábháilteacht, cumas, slándáil agus acmhainneacht an líonra a fheabhsú. Déanfaimid dul chun cinn ar fhorbairt cúltaisce straitéiseach éigeandála gáis, príomhnaisc tarchurtha a theastaíonn chun gníomhachtú saoraidí buaice gáschumhachtaithe a éascú agus tionscadal uasghrádaithe acmhainne suntasach ag na stáisiúin chomhbhrúiteora in Albain. Is príomhriosca i gcónaí an bhagairt go n-éireoidh le cibirionsaí, agus táimid fós ar an airdeall maidir leis an mbagairt atá fíor agus atá ag dul i méid.

Lean an Bord agus an fhoireann bhainistíochta ar aghaidh ag forbairt ár straitéise chun ailíniú lenár sprioc fadtéarmach an líonra gáis a dhícharbónú a chinntiú agus lena chinntiú go bhfuilimid dírithe, go bhfuil acmhainní againn agus go bhfuilimid eagraithe chun é seo a sheachadadh chomh tapa agus is féidir.

Leanfaimid le luach bríoch a chruthú do mhuintir na hÉireann tríd an aistriú go córas fuinnimh ísealcharbóin a chur chun cinn, trí thacú le leathnú an leictreachais in-athnuaite agus trí shlándáil agus éagsúlacht sholáthar fuinnimh na hÉireann a mhéadú. Díreoidimid ar ról na ngás in-athnuaite maidir le tacú le spriocanna dícharbónaithe náisiúnta agus forbairt beartais fuinnimh níos leithne.

Déanfaimid líonra dícharbónaithe go hiomlán a sheachadadh faoi 2045, trí gháis in-athnuaite cosúil le bith-mheatán atá neodrach ó thaobh carbóin de agus hidrigin ghlas a chur in ionad an gháis nádúrtha.

Tógfaimid ár saoraid lárnach insteallta greille ag Baile Mhistéala, agus cuirfimid chun cinn seachadadh na socruithe riachtanacha rialála agus tráchtála. Creidimid go láidir gur féidir an sprioc 2030 de 5.7TWh de bhith-mheatán dúchasach a bhaint amach leis an tacaíocht riachtanach ón Rialtas agus mar sin leanfaimid ag lorg tacaíochta chun Oibleagáid Teasa In-athnuaite (RHO) a bhunú.

Leanfaimid le tuilleadh taighde mionsonraithe a dhéanamh ar an bhféidearthacht hidrigin ghlas a instealladh isteach i líonra gáis na hÉireann, ag treisiú ár líonra gáis 'as greille' ag an Lárionad Nuálaíochta Líonra. Forbróimid ár bplean sábháilteachta hidrigine agus treochlár

teicniúil agus oibreoidimid go gníomhach chun trasuíomh Threoir an AE um Phacáiste Margaidh Gáis Hidrigine agus Dícharbónaithe agus deimhniú Líonraí Gáis Éireann mar Oibreoir an Líonra Hidrigine Náisiúnta a chur chun cinn.

Cinnteoimid go mbainfidh Líonraí Gáis Éireann úsáid as a chumais, a shócmhainní agus a eolas uathúla mar shaineolaí gáis na hÉireann chun an freastal is fearr a dhéanamh ar ár mbeartas aeráide.

Buíochas

Is mian liom aitheantas a thabhairt do sheirbhísí chomhaltaí an Bhoird. Cuireann siad maoirseacht, rialachas agus treoir ríthábhachtach ar fáil agus táim an-bhuíoch as a dtacaíocht. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí na Foirne feidhmiúcháin as a bhfuinneamh, a ngairmiúlacht agus a gceannaireacht le linn na bliana.

Ar deireadh, agus thar aon ní eile, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár bhfoireann go léir agus lenár gcomhpháirtithe seachadta as a n-obair chrua agus a dtiomantas.

Táim bródúil as an dóigh a ndeachamar i ngleic leis na dúshláin agus as an dul chun cinn a rinneamar sa bhliain 2024.

Cathal Marley
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Straitéis, samhail ghnó agus riosca


Creat

Ár gcreat straitéiseach

Tá ár gCuspóir, ár bhFís, ár Luachanna agus ár nUaillmhianta Straitéiseacha mar chuid dár gCreat Straitéiseach. Treoraíonn sé seo ár gcinnteoireacht, soláthraíonn sé treoir agus soiléiríonn sé ár rannchuidiú do pháirtithe leasmhara.

Uaillmhianta straitéiseacha

Díríonn ár straitéis ar fheidhmiú agus í a athrú chun uaillmhianta dícharbónaithe na hÉireann a bhaint amach. Tá sé mar aidhm againn infheistíocht a dhéanamh inár líonra gáis don todhchaí, ag baint amach glan-astaíochtaí carbóin trí chóras fuinnimh comhtháite. Tá sé uaillmhian straitéiseacha aitheanta ag Líonraí Gáis Éireann a sholáthraíonn treochlár soiléir chun ár bhfís a bhaint amach.



Ár gculpóir, ár bhfís agus ár scéal

Ár gculpóir

Fuinneamh na hÉireann a choinneáil ag gluaiseacht

Ár bhfís

Bheith ag croílár thodhchaí fuinnimh na hÉireann

Leagann ár gculpóir agus ár bhfís béim ar cé muid mar chuideachta, cad as ar tháinig muid, ár ról lárnach i gcóras fuinnimh na hÉireann agus cá bhfuilimid ag dul. Is eol dúinn gur gá dúinn leanúint ar aghaidh ag feidhmiú inniu le haghaidh ár gcuid custaiméirí agus páirtithe leasmhara agus ár líonra á bhunathrú le haghaidh todhchaí dícharbónaithe. Le scéal simplí ach cumhachtach ár gcuideachtaí insítear faoi dhaoine díograiseacha, bródúla, ár n-oidhreacht chruthaithe agus ár n-uaillmhian don todhchaí.



Ár ról

Agus muid ag breathnú ar an todhchaí, is cuí ár ról a shainiú; bainfidimid leas as ár dtáithí, ár saineolas agus ár gcultúr comhoibrithe agus athraithe chun oibriú i dtreo thodhchaí inbhuanaithe. Leis na pleananna atá curtha i bhfeidhm againn anois, beidh ról lárnach againn fós ag croílár chóras fuinnimh na hÉireann.

Ár bhfoireann

Tá foireann thiomanta, dhílis, oilte agus bhródúil againn. Coinnítear ár líonra gáis láidir le bearta aonair cúraim agus gairmiúlachta agus béim curtha ar fhreastal ar ár gcuid custaiméirí agus ról a ghlacadh chun riachtanais fhuinnimh na hÉireann a chomhlíonadh. Táimid bródúil as ár n-uaillmhian chun cabhrú le hÉirinn a spreagadh i dtreo thodhchaí inbhuanaithe.

Ár n-oidhreacht

Tá oidhreacht chruthaithe againn mar bheith eolach ar conas forbairt, i dtreo timpeallachta níos glaine i gcónaí. Tá na blianta fada de chomhsheasmhacht agus d'iontaofacht léirithe againn – d'athraigh muid ó ghás baile go gás nádúrtha, cabhróidh ár dtáithí agus ár saineolas linn le hathraithe ó bhonn a dhéanamh arís, ó ghás nádúrtha go gás in-athnuaite. Bainistimid bonneagar nua-aimseartha den chéad scoth agus soláthraímid seirbhísí rithabhachtacha 365 lá in aghaidh na bliana, agus tacaíocht rithabhachtach á tabhairt againn do ghiniúint leictreachais in-athnuaite eadrannach.

Ár n-uaillmhian

Tuigimid go dteastaíonn ceannaireacht, comhpháirtíocht agus athrú ar fud an tionscail chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide. Ní mór athearraíocht a bhaint as ár líonra chun gáis in-athnuaite, bith-mheatán agus hidrigin a iompar, ar scála mór. Chun é sin a chomhlíonadh beidh gá le comhoibriú le comhpháirtithe fuinnimh eile chun glan-nialas carbóin a chinntiú i dtéannta a chéile. Tá cumas uathúil ag ár n-eagraíocht agus a líonra cuimsitheach an t-athrú riachtanach a dhéanamh, agus táimid ag obair go crua i dtreo na spriocanna sin cheana féin.

Ár luachanna

Tá ár n-eagraíocht sainmhínithe ag trí chroíluach a threoraíonn ár ngníomhartha, ár gcinntí agus ár gcumarsáid.

Forbairt ar thaithí

An rud ceart a dhéanamh

Spreagtha chun athraithe

Táimid bródúil as gach a bhfuil bainte amach againn. Tugann blianta de shaineolas iontaofa agus de shíorathrú an mhuinín dúinn bogadh i dtreo thodhchaí níos inbhuanaithe.

Táimid treoraithe ag cúram agus comhbhá. Cuirimid ár seirbhísí ar fáil go sábháilte, go hiontaofa agus caithfimid lenár ndaoine agus lenár gcustaiméirí le meas mór.

Cruthaíonn nuálaíochtaí an lae inniu éabhlóid an lae amárach. Tiocfaidh ár n-aistriú chuig todhchaí fuinnimh níos glaine as ár dtoilteanas chun foghlaim, oiriúnú agus comhoibriú.



Cruthú luachanna

Feidhmíonn Líonraí Gáis Éireann i dtimpeallacht atá ag síorathrú, rud a chruthaíonn dúshlán agus deiseanna. Tá ár gcumas sainaithint agus freagairt ríthábhachtach dár rathúlacht agus lena chinntiú go leanaimid ag cruthú luacha dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara.

	 Slándáil an tsoláthair	 Gníomhú ar son na haeráide	 Seirbhísí inbhuanaithe	 Iomaíochas eacnamaíoch	 Oibríochtaí inbhuanaithe
 Dúshlán	Córas fuinnimh na hÉireann a neartú trí shlándáil an tsoláthair gáis a mhéadú.	Cur le laghdú 50% ar astaíochtaí carbóin in Éirinn faoi 2030 i gcomhréir le spriocanna ábhartha an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus na gníomhaíochtaí sannta.	Gás a chur chun cinn mar rogha fhadtéarmach, inbhuanaithe fuinnimh.	A chinntiú go bhfuil tairiscint gáis líonraithe inbhuanaithe ag Éirinn chun tacú le Pleananna Náisiúnta Eacnamaíochta agus Forbartha.	An comhshaol, acmhainní, fostaithe agus pobail a chosaint trí chleachtais ghnó eiticíúla.
 Deis	Iontaofacht agus solúbthacht an fhuinnimh líonra gáis a chothabháil agus a leathnú do chóras na hÉireann.	Gáis in-athnuaite líonraithe a chur in ionad gáis nádúrtha.	Tairiscintí a fhorbairt chun freastal ar riachtanais agus ionchais athraitheacha na gcustaiméirí.	Líonra gáis iontaofa, inacmhainne agus inbhuanaithe a chur ar fáil.	A chinntiú go bhfuil prionsabail chomhshaoil, shóisialta agus rialachais ag croílár ár gcinntí gnó.
 Luach	Dul i dteagmháil leis an Rialtas chun an pacáiste slándála fuinnimh d'Éirinn a chur chun cinn.	Tacú le forbairt na dtionscal bith-mheatáin agus hidrigine. An líonra a ullmhú le haghaidh hidrigine. Ár n-aistriú go glan-nialas a chur chun cinn chun tacú le spriocanna gníomhaíochta aeráide an Rialtais.	Tairiscintí nua seirbhíse inbhuanaithe a thabhairt isteach chun sásamh an chustaiméara a uasmhéadú agus iarracht an chustaiméara a íoslaghdú.	Infheistiú i mbonneagar agus sa nuálaíocht chun tacú le forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe ar bhonn náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.	Oibriú go hinbhuanaithe agus go heiticiúil, ag íoslaghdú astaíochtaí agus dramhaíola, agus ag cur le bithéagsúlacht chun tacú lenár ndaoine agus lenár bpobail.



Samhail ghnó

Luach a chruthú - mar a dhéanaimidne é

Agus iad ag obair le chéile, tógann agus oibríonn ár ndaoine agus ár gcomhpháirtithe ár líonraí gáis agus snáthoptaice, agus déanann siad cothabháil orthu, chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar dár gcustaiméirí, do phobail agus don gheilleagar.

Gníomhaíochtaí gnó

Caomhnóirí líonra gáis nádúrtha na hÉireann agus líonra teileachumarsáide Aurora



Ár líonraí a chothabháil agus a oibriú

Líonra gáis na hÉireann agus líonra snáthoptaice Aurora a oibriú agus a chothabháil go sábháilte agus go slán



Infheistiú i sócmhainní

Acmhainn nua a fhorbairt agus cinnteacht an tsoláthair a chinntiú chun freastal ar an éileamh reatha agus sa todhchaí



Dícharbónú

Ár n-oibríochtaí féin a dhícharbónú agus aistriú an líonra gháis go glan-nialas a chur chun cinn



Freastal go maith ar ár gcustaiméirí

Dul i dteagmháil lenár gcustaiméirí agus réitigh fhuinnimh atá oiriúnach don fheidhm agus inacmhainne a sholáthar dóibh



Dul i gcomhairle lenár bPáirtithe Leasmhara

Téigh i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara agus lorg tuairim uathu: ár gcustaiméirí, rialtóirí, an rialtas agus infheisteoirí



Pleananna don todhchaí a fhorbairt agus a mhaoiniú

Pleanáil éifeachtach agus beartú tosaíochta infheistíochta a dhéanamh atá dírithe ar ghníomhú aeráide. Ár n-aischur ar mheascán de shócmhainní rialaithe agus neamhrialaithe a bhainistiú

Sócmhainní iomlána

Líonraí Gáis Éireann
€3bn

Aurora Telecom
€36m

Buntáistí dár bPáirtithe Leasmhara

Bonneagar láidir athléimneach agus réitigh agus seirbhísí fuinnimh atá éifeachtach, cost-éifeachtúil agus dírithe ar an gcustaiméir.

Custaiméirí

- Breis agus 720,000 custaiméir gáis nasctha
- Soláthairtí gáis leanúnacha, sábháilte, ar ardchaighdeán
- Seirbhís éifeachtach

Rialtóirí

- Feabhsuithe feidhmíochta airgeadais agus oibriúcháin i gcomparáid le seirbhís shábháilte, ardchaighdeán, éifeachtúil a chomhlíonann nó a sháraíonn caighdeán rialála

Fostaithe

- Deiseanna Foghlama agus Forbartha
- Sláinte agus Folláine
- Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú

Scairshealbhóir

- Fócas ar luach scairshealbhóra
- Díbhinní láidre

Pobail

- Cosaint an Chomhshaoil
- Gníomhú ar son na haeráide agus tacaíocht don bhitheagsúlacht
- Tacaíocht agus rannpháirtíocht pobail áitiúil

Geilleagar

- Ag cumasú forbairt gheilleagrach
- Tacú le fostaíocht
- Infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar



Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

I measc na gcomhlachtaí ionadaíochta tá	Tosaíochtaí	Freagra	Suirbhéanna	Duine le Duine	Ócáidí eolais	Grúpaí oibre	Suíomh Gréasáin	Na meáin shóisialta	Cruinnithe Ilpháirtithe leasmhara
Pobail phoiblí i gcoitinne Daoine aonair, pobail, grúpaí comhshaoil, grúpaí tomhaltóirí, grúpaí sainleasa gnó, forais feirmeoireachta, 7rl.	- Soláthairtí sábháilte, daingeara agus iontaofa gáis nádúrtha agus in-athnuaite a chinntiú - Iomaíochas a chaomhnú - Tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch - Tacú le dícharbónú	- Díriú ar phlé ar leibhéal áitiúil agus pobail do sholáthairtí gáis nádúrtha reatha agus soláthairtí gáis in-athnuaite atá ag teacht chun cinn. - Ár bhfeidhmíocht den scoth a chaomhnú maidir le freagairt phras nuair a thuairiscítear gás éalaithe. - Plé an phobail leis an tsábháilteacht a fheabhsú trí theachtaireachtaí agus fhógraíocht sábháilteachta. - Páirt a ghlacadh i seachtain sábháilteachta tógála tionscail agus imeachtaí sábháilteachta conraitheoirí. - Bóithre a oscailt ar bhealach freagrach le cur isteach íosta. - Bonneagar a chur ar fáil chun fás geilleagrach a éascú. - Feabhas a chur ar rannpháirtíocht an phobail maidir le conairí chuig dícharbónú líonra.							
Páirtithe Comhpháirtithe, lastóirí, soláthraithe agus soláthraithe seirbhíse tríú páirtí.	- Oibriú go héifeachtúil le chéile chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar - Nuálaíocht a spreagadh - An líonra a dhícharbónú	- Dlúthchomhar le lastóirí agus soláthraithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais fhorbartha úsáideoirí gáis. - Oibriú i gcomhpháirt le príomhpháirtithe tionscail chun an céatadán de gháis in-athnuaite ar ár líonra a mhéadú. - Athbhreithnithe feidhmíochta agus plé a dhéanamh ar phleanáil don todhchaí go rialta lenár gcuid comhpháirtithe seirbhíse chun ailíniú a chinntiú maidir le straitéis fuinnimh chomhtháite a chur i gcrích.							

Ag Líonraí Gáis Éireann, tugaimid an-aird ar chineál agus ar cháilíocht ár gcaidrimh lenár bpáirtithe leasmhara. Oibrímid go dlúth lenár bpáirtithe leasmhara chun a dtuairimí agus na riachtanais atá ag teacht chun cinn a thuiscint, tosaíochtaí a chinneadh agus tionscnaimh a sheachadadh i gcomhpháirtíocht.

I measc na gcomhlachtaí ionadaíochta tá	Tosaíochtaí	Freagra	Suirbhéanna	Duine le Duine	Ócáidí eolais	Grúpaí oibre	Suíomh Gréasáin	Na meáin shóisialta	Cruinnithe Ilpháirtithe leasmhara
Rialtóirí An Coimisiún um Rialáil Fóntais (Poblacht na hÉireann), an Rialálaí Fóntais (Tuaisceart Éireann), Oifig na Margaí Gáis agus Leictreachais (RA).	- Tionscnaimh a chur i gcrích chun beartais fhuinnimh agus aeráide a chur i bhfeidhm - Oibriú go héifeachtúil - Ár gcuid gealltanais rialála a chomhlíonadh - Painéal Measúnaithe Páirtithe Leasmhara Líonra Gáis a sheachadadh	- Gealltanais Líonraí Gáis Éireann faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a chomhlíonadh i gcomhar le príomh-rannpháirtithe tionscail. - Infheistiú i dtionscadail bhith-mheatáin, hidrigine agus gáis nádúrtha comhbhrúite. - Oibriú leis na comhlachtaí ábhartha go léir ar shlándáil an tsoláthair gháis agus pleanáil éigeandála. - Oibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil chun ár gcuid gealltanais rialála a chomhlíonadh.							
Páirtithe Leasmhara An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.	- Beartas Rialtais a chur i bhfeidhm - Cabhrú le spriocanna dícharbónaithe an Rialtais a bhaint amach tríd an gcéatadán de gháis in-athnuaite ar an líonra a mhéadú - Cumarsáid a dhéanamh go cruinn trédhearcach agus dul chun cinn maidir le pleananna a léiriú	- Líonra sábháilte, iontaofa agus éifeachtúil a oibriú, a chothabháil, a fhorbairt agus a dhícharbónú. - Pleananna gnó a fhorbairt agus a bhaint amach atá ag teacht le spriocanna dícharbónaithe an Rialtais. - Oibriú lenár gcuid Scairshealbhóirí agus le príomh-rannpháirtithe tionscail eile ar shlándáil an tsoláthair fhuinnimh chun iontaofacht an líonra gháis a fheabhsú tuilleadh. - Tuarascálacha agus nuashonruithe feidhmíochta rialta a eisiúint d'fhorais mhonatóireachta agus mhaoirseachta.							

Athbhreithniú riosca




Forléargas ar an mbainistiú riosca

Tacaíonn bainistíocht riosca le Líonraí Gáis Éireann le dul i ngleic le dúshlán agus deiseanna a thapú chun ár straitéis a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Leanann an tírdhreach bainistíochta riosca don eagraíocht ag forbairt. Tá bainistíocht riosca réamhghníomhach lárnach dár ngníomhaíochtaí, rud a ligeann dúinn breisluach a chruthú dár scairshealbhóirí, dár gcustaiméirí agus don phobal i gcoitinne. Déanann sé foráil maidir le rioscaí a shainaithint, a bhainistiú agus a mhaolú go héifeachtach.

Tá nádúr ár n-oibríochtaí gnó fadtéarmach, agus bíonn roinnt rioscaí leanúnacha ann dá bharr. Féadfaidh tionchar féideartha agus dóchúlacht na rioscaí seo teacht chun cinn mar fhreagra ar fhorbairtí inmheánacha agus seachtracha. Ag an am céanna, leanann rioscaí de bheith ag teacht chun cinn agus spreagtar cultúr cainte. Is tosaíocht do Líonraí Gáis Éireann é riosca sábháilteachta a bhainistiú, agus tá sainaithint agus maolú réamhghníomhach ar siúl.




Tá creat bainistíochta riosca cuimsitheach ag Líonraí Gáis Éireann chun na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar ár gcumas ár gcuspóirí straitéiseacha a sheachadadh a aithint, a bhainistiú, a mhonatóiriú, a thuairisciú agus dúshlán a thabhairt dóibh. Tacaíonn an creat seo le cur chuige comhsheasmhach ar fud na heagraíochta lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an ngnó agus an dóchúlacht go dtarlóidh an riosca.

Rialachas riosca

Tá freagracht deiridh ar Bhord Líonraí Gáis Éireann as bainistíocht riosca, le tacaíocht ón gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca. Trínár struchtúr rialachais um bainistíocht riosca agus próiseas tuairiscithe riosca, tá an Bord cinnte go ndéantar monatóireacht agus dea-bhainistiú ar na príomhrioscaí atá roimh ár ngnó. Socraíonn an Bord inghlacthacht riosca chun cineál agus méid na rioscaí a bhfuilimid sásta glacadh leo chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach a chinneadh. Áiríonn sé ráitis inghlacthachta riosca agus tionscnaimh tacaíochta.

Samhail na dtrí líne

Úsáideann Líonraí Gáis Éireann an tSamhail Trí Líne chun rioscaí a bhainistiú (Féach fíor 1.1). Le linn na bliana, chinntigh rannpháirtíocht leanúnach leis an ngnó sa chéad líne agus comhoibriú i measc na bhfeidhmeanna dara agus tríú líne cur chuige ailínithe maidir le bainistíocht riosca leis an gcreat rialaithe inmheánaigh foriomlán. Chríochnaigh feidhmeanna an dara agus an tríú líne ceardlanna measúnaithe riosca calaoise ar fud an ghnó lena chinntiú go bhfuil cruinne riosca calaoise iomlán ag Líonraí Gáis Éireann agus go bhfuil rialuithe coisctheacha agus braite i bhfeidhm.



Fíor 1.1 Samhail na dtrí líne

Athbhreithniú riosca


Creat bainistíochta riosca

Úsáideann Líonraí Gáis Éireann próiseas ceithre chéim um Bainistíocht Riosca Fiontraíochta (BRF) chun a chinntiú go n-aithnítear, go ndéantar measúnú, freagairt agus faireachán ar bhonn comhsheasmhach maidir le riosca ar fud na heagraíochta (Féach fíor 1.2). Bíonn gníomhaíochtaí bainistíochta riosca ar siúl ag gach leibhéal ar fud na heagraíochta chun bainistíocht réamhghníomhach agus éifeachtach rioscaí ó lá go lá a chinntiú.

Aithníonn agus tuairiscíonn Líonraí Gáis Éireann na príomhrioscaí dár straitéis agus dár gcuspóirí gnó, ó leibhéal feidhme suas go leibhéal an Bhoird.

Tuairiscítear ár bpríomhrioscaí i dtrí chatagóir:

1. Príomhrioscaí ardtosaíochta atá ann cheana féin atá ríthábhachtach chun cuspóirí straitéiseacha Líonraí Gáis Éireann a bhaint amach.
2. Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn & Treochtaí Rioscaí - rioscaí nuafhorbartha nó athraitheacha atá deacair a chainníochtú agus a d'fhéadfadh tionchar mór a bheith acu ar straitéis Líonraí Gáis Éireann mura ndéantar iad a bhainistiú go cúramach.
3. Dóchúlacht Íseal Tionchair Ard - rioscaí a bhféadfadh an tionchar is mó a bheith acu ar an ngnó ach tá caolseans ann go bhféadfadh siad tarlú.



Fíor 1.2 Próiseas 4 Chéim BRF

Déantar rioscaí a mheasúnú bunaithe ar thionchar agus ar dhóchúlacht, ag cur san áireamh an staid bhunúsach, an staid iarmharach agus aon sprioc-cheanglais amach anseo, le gníomhaíochtaí maolaithe agus amlínthe.

Bainistíonn Líonraí Gáis Éireann rioscaí go réamhghníomhach i dtimpeallacht atá ag athrú de shíor, ag nuashonrú agus ag feabhsú faisnéise riosca go leanúnach chun tacú le cinnteoireacht ag gach leibhéal. Treisíonn foireann riosca tiomnaithe agus samhail rialachais riosca timpeallacht bhainistíochta riosca éifeachtach. Soláthraíonn sé seo bealach chun rioscaí a scaipeadh/a ardú, rud a chinntíonn cuntasacht agus freagracht chuí.

Rioscaí atá ag teacht chun cinn

Déanann Líonraí Gáis Éireann monatóireacht ar rioscaí atá ag teacht chun cinn chun a chinntiú go bhfuilimid ar an eolas faoi bhagairtí féideartha nua a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar sheachadadh na gcuspóirí straitéiseacha agus go ngabhfaimid iad. Le linn na bliana, rinneadh athbhreithniú ar thuarascálacha/foilseacháin an tionscail riosca, lena n-áirítear Tuarascáil Riosca Domhanda 2024 an Fhóraithe Eacnamaíoch Domhanda, Measúnú Riosca Náisiúnta 2024 agus Tuarascáil Gartner ar Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn mar chuid den phróiseas scanta don tréimhse atá le teacht chun tuiscint níos fearr a fháil ar an timpeallacht riosca sheachtrach. Déantar rioscaí atá ag teacht chun cinn a bhainistiú i gcomhar le príomhrioscaí na heagraíochta agus tuairiscítear iad don Bhord agus don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca.

Cultúr riosca

Creideann Líonraí Gáis Éireann go bhfuil bainistíocht riosca réamhghníomhach ag brath ar chultúr riosca éifeachtach. Déantar é seo a fhorghnó trí 'cur chuige ón mbar' a shocraíonn an Bord agus an fhoireann Fheidhmiúcháin. Cuireann ár gclár 'An Rud Ceart a Dhéanamh' cultúr 'labhairt amach' chun cinn ina mothaíonn daoine ar a gcompond chun rioscaí a ardú, agus ina ndéileáiltear le hábhair inné go dáiríre, de réir oibleagáidí dlíthiúla. Feabhsaítear ár gcultúr réamhghníomhach um bainistíocht riosca, feachtas riosca agus labhairt amach ag gach leibhéal eagraíochtúil trí oiliúint riosca do bhaill agus bainisteoirí nua, mar aon le rannpháirtíocht rialta, agus plean cumarsáide dírithe ar fud an ghnó.


Na príomhrioscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí agus príomh-mhaoluithe

Forléargas 2024

D'fhan tírdhreach riosca 2024 ardaithe mar gheall ar chorráil gheopholaitiúil leanúnach, agus bhí cleachtaí bainistíochta géarchéime leanúnacha le linn na bliana chun a chinntiú go ndearnamar réiteach le haghaidh/ gur fhreagair muid d'aon fhachtóirí suaite a d'fhéadfadh a bheith ann, agus ar an gcaoi sin chinntíomar slándáil an tsoláthair agus seachadadh seirbhíse.

Trí úsáid leanúnach a bhaint as próiseas sainithe bainistíochta riosca, bhainistigh Líonraí Gáis Éireann rioscaí go gníomhach agus go héifeachtach. Rinneadh dlúthmhonatóireacht ar an timpeallacht sheachtrach maidir le haon drochthionchar ar Líonraí Gáis Éireann amhail bagairt mhéadaithe cibearshlándála agus bagairt fhisiciúil, slándáil an tsoláthair, rioscaí aeráide agus dícharbónaithe.

Tá na rioscaí ailínithe le sé uailmhianta straitéiseacha Líonraí Gáis Éireann.





Sláinte, sábháilteacht, comhshaoil

Slándáil an tsoláthair

Líonra fuinnimh athléimneach



Treocht riosca



Riosca	Comhthéacs	Maolú
Teagmhas mór sláinte agus sábháilteachta nó comhshaoil a mbíonn tionchar agus dochar suntasach d'fhostaí, do chonraitheoir nó don phobal mar thoradh air.	Ní mór cloí leis an reachtaíocht agus na socruithe sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil go léir, chun baill foirne, conraitheoirí, agus an pobal a chosaint ar ghortú nó ar bhás agus chun ionchúisimh ionchasacha, caillteanas airgeadais agus damáiste do chlú a sheachaint.	- Déanann an Bord maoirseacht ar fheidhmíocht Sláinte agus Sábháilteachta. - Deimhnithe do Chóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde ISO45001 agus Córas Bainistíochta Comhshaoil ISO14001. - Gníomhaíocht dearbhaithe inmheánach agus sheachtrach, iniúchtaí, cleachtaí éigeandála oiliúna agus athbhreithnithe.
Braitheann slándáil an tsoláthair gáis nádúrtha in Éirinn ar ár gcumas rochtain a fháil ar allmhairí agus ar acmhainneacht agus ar shláine an bhonneagair soláthair agus dáileacháin. D'fhéadfadh cur isteach suntasach ar sholáthar fuinnimh nó ar bhonneagar fisiciúil lena n-áirítear na hidirnascairí gáis idir Éirinn agus Albain tionchar tromchúiseach a bheith aige ar ghnó Líonraí Gáis Éireann agus ar an ngeilleagar.	Braitheann geilleagar na hÉireann ar sholáthairtí slána leanúnacha gáis nádúrtha, a sholáthraíonn timpeall 30% de phríomhriachtanais fuinnimh na hÉireann. Leag an tírdhreach geopholaitiúil béim ar athléimneacht bhonneagar gáis na hEorpa agus soláthar gáis nádúrtha. Is í an RA príomhfhoinsé soláthair na hÉireann i gcónaí. D'fhéadfadh aon chur isteach ar sholáthar fuinnimh na Ríochta Aontaithe, nó teip/cur isteach ar ár mbonneagar straitéiseach gáis dul i bhfeidhm go mór ar ghnó/oibríochtaí Líonraí Gáis Éireann.	- Treisiúnn píblíne gáis nasctha ar tír mór in Albain cinnteacht soláthair na hÉireann. - Soláthraíonn gáscheantar na Coiribe soláthar dúchasach gáis. - Teagmháil leis an DECC chun togra mionsonraithe a ullmhú le haghaidh Cúltaisce Straitéiseach Éigeandála Gáis in Éirinn (pacáiste Slándála Fuinnimh 2023). - Ball de Ghrúpa Éigeandála Slándála Fuinnimh DECC. - Plean Bainistíochta Éigeandála Gáis a thástáil go rialta. - Meamram Tuisceana Rialtas na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus Thuaisceart Éireann (2023) maidir le comhar le haghaidh shlándáil an tsoláthair gáis nádúrtha. - GNI (UK) Limited agus prótacal deonach Gáis Náisiúnta le haghaidh Éigeandáil Soláthair Gáis. Déanann conradh idir-rialtasach gáis na hÉireann agus na RA (1993) foráil d'fhorbairt creata chun déileáil le briseadh isteach ar sholáthairtí gáis. - Cláir chuimsitheacha iniúchta agus cothabhála sócmhainní. - Samhaltú éilimh, Plean Forbartha Líonra, Plean Bainistíochta Acmhainne Líonra, Plean Infheistíochta Caipitil agus tionscadail. - Tá an Measúnú Riosca Náisiúnta riachtanach faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/1938 (Slándáil an tsoláthair Gháis). D'oibrigh Líonraí Gáis Éireann leis an CRF chun é seo a thabhairt chun críche sa bhliain 2022 –beidh an chéad athbhreithniú eile i 2026.

Seachadadh caipitil

Gáis in-athnuaite - ullmhacht líonra

Athrú aeráide - tionchar ar bhonneagar

Riosca	Comhthéacs	Maolú
Teip freastal ar riachtanais seachadta caipitil lena n-áirítear oibreacha caipitil a bhaineann le naisc do stáisiúin chumhachta nua agus úsáideoirí móra fuinnimh eile.	Tharraing EirGrid agus CRF aird ar an easnamh atá in Éirinn i nginiúint cumhachta teirmeach sa ghearrthéarma/ sa mheántéarma/go fadtéarmach maidir le slándáil an tsoláthair leictreachais. Is suntasach an obair a theastaíonn chun tacú le seachadadh na dtionscadal rithábachtach seo, agus í ag tarlú ag an am céanna le héileamh méadaithe ó earnálacha eile a bhféadfadh tosaíocht a bheith ag teastáil uathu, rud a d'fhéadfadh damáiste airgeadais agus clú a dhéanamh.	- Rannpháirtíocht agus comhoibriú trípháirteach Líonraí Gáis Éireann, EirGrid agus CRF. - Teagmháil le conraitheoir/príomhpháirtithe leasmhara eile maidir leis an bpróiseas seachadta agus toilithe. - Cumarsáid leanúnach leis an stáisiún cumhachta agus le forbróirí móra fuinnimh eile. - Pleanáil acmhainní agus slabhra soláthair chun seachadadh tionscadal a bharrfheabhsú. - Comhpháirtíochtaí malartacha seachadta a fhorbairt laistigh den slabhra soláthair.
Riosca nach bhfuil Líonraí Gáis Éireann réidh ó thaobh líonra de chun gás in-athnuaite a iompar.	Is príomhthosaíochtaí iad hidrigin agus bith-mheatán a fhorbairt chun Comhaontú Glas don Eoraip agus trasdul fuinnimh ghlain a bhaint amach. Chun tacú le clár oibre an Rialtais um athrú aeráide agus inmhharthanacht fhadtéarmach a chinntiú, ní mór do Líonraí Gáis Éireann a chinntiú go bhfuil an cumas agus an inniúlacht líonra aige chun a bheith ina phríomhchumasóir don aistriú fuinnimh.	- Tá formheas rialála ag maoiniú nuálaíochta agus lamháltais chun hidrigin a thástáil agus cumas bith-mheatáin a fhorbairt. - Pleanáil do thionscadal taispeána i gcuid den líonra gáis. - Taighde agus tástáil hidrigine ag ár Lárionad Taighde agus Nuálaíochta i mBaile Átha Cliath. - Feabhas a chur ar oiliúint agus inniúlacht theicniúil. - Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt leis an saol acadúil agus le páirtithe leasmhara eile sa tionscal gáis. - Cásanna sábháilteachta a fhorbairt le haghaidh forbairt hidrigine. - Rannpháirtíocht ghníomhach leis an staidéar cnámh droma maidir le Hidrigin na hEorpa.
Riosca fisiceach go bhféadfadh tionchar a bheith ag adhaimsir nó aimsir neamhghnách ar ár mbonneagar.	D'fhéadfadh méadú ar dhéine na hadhaimsire a bheith ina chúis le mífheidhmeanna nó cur isteach gan choinne ar sheirbhísí. D'fhéadfadh cur isteach fada a bheith ina chúis le cur isteach suntasach sóisialta/eacnamaíoch nuair nach féidir le gnóachtaí agus teaghlaigh rochtain a fháil ar chumhacht nó ar theas.	- Pleananna agus nósanna imeachta láidre práinnfhreagartha a fhorbairt. - Limistéir leochaileacha a shainithint agus sócmhainní a athlonnú. - Pleanáil ullmhachta don gheimhreadh agus cruachan stoirme. - Uirlisí chun monatóireacht/rialú a dhéanamh ar an mbonneagar. - Aghaidh a thabhairt ar rioscaí aitheanta don bhonneagar líonra trí aighneachtaí rialála.





Inacmhainneacht

Todhchaí an gháis

Clú

Seirbhísí fuinnimh inbhuanaithe

 Treocht riosca

Riosca	Comhthéacs	Maolú
Riosca go n-éireoidh gás líonraithe neamhiomaíoch/róchostasach do chustaiméirí.	Mar gheall ar an tionchar a bhíonn ag praghsanna arda mórdhíola gáis nádúrtha nó ag costais iomarcacha líonra úsáideoirí deiridh, tá baol ann go n-éireoidh gás nádúrtha neamhiomaíoch, rud a fhágann go bhféachfaidh custaiméirí/lucht déanta beartas ar réitigh fuinnimh eile.	- Costais líonra a íoslaghdú trí nuálaíocht, barrfheabhsú slabhra soláthair agus bainistíocht costais dea-chleachtais. - Feabhsú shlándáil soláthair na hÉireann a mholadh, lena n-áirítear úsáid mhéadaithe gás in-athnuaite. - Tacaíochtaí do chustaiméirí leochaileacha agus tacaíochtaí eile do chustaiméirí lena n-áirítear infhaighteacht méadar Íoc Mar a Úsáidtear (PAYG), rud a éascaíonn aistriú soláthraithe fuinnimh. - Bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn i measc úsáideoirí deiridh ar fad.
Teip straitéis fáis fhadtéarmach Líonraí Gáis Éireann do ghás nádúrtha agus in-athnuaite a sheachadadh go rathúil i gcóras fuinnimh comhtháite.	Teipeann ar Líonraí Gáis Éireann réitigh a sholáthar chun gás líonraithe a bheith ina fhoinse inmharthana fuinnimh i gcóras fuinnimh dícharbónaithe. D'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar spriocanna an Rialtais um athrú aeráide agus laghdú a dhéanamh ar úsáid an líonra gháis amach anseo, rud a d'fhéadfadh méaduithe taraife agus sócmhainní tréigthe a bheith mar thoradh air.	- Tacú le Straitéis Bith-mheatáin an Rialtais chun suas le 5.7TWh de bhith-mheatán a tháirgtear go dúchasach a sheachadadh faoi 2030. - Bain úsáid as an 'Conair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh' chun tacú le straitéisí Bith-mheatáin agus Hidrigine an Rialtais agus chun an líonra gáis a athrú chun instealladh glas hidrigine agus hidrigin chumaisc amach anseo a éascú. - An Lárionad Insteallta Greille a sheachadadh i mBaile Mhistéala. - Oibriú le custaiméirí/úsáideoirí móra chun réitigh a sholáthar le conair chuig an dícharbónú. - Leanúint le forbairt agus rolladh amach an Líonra BioCNG.
Damáiste mór do chlú Líonraí Gáis Éireann má theipeann air ionchais na bpáirtithe leasmhara a chomhlíonadh, rud a fhágann go gcailltear muinín inár gceadúnas chun oibriú.	Damáiste do chlú Líonraí Gáis Éireann mar gheall ar theagmhás mór nó teip cleachtais shábháilte inár n-oibríochtaí, bainistíocht airgeadais agus rialachas corparáideach a chinntiú.	- Príomhpheananna agus príomhthionscnaimh maidir le gnóthaí poiblí agus le páirtithe leasmhara - Foireann thiomnaithe gnóthaí poiblí. - Creataí riosca, comhlíonta agus rialaithe i bhfeidhm. - Pleananna bainistíochta géarchéime i bhfeidhm.





Beartas fuinnimh

Córas fuinnimh comhtháite

 Treocht riosca

Riosca	Comhthéacs	Maolú
Teip ar ról a bhaint amach don ghás nádúrtha agus do gháis in-athnuaite in aistriú fuinnimh na hÉireann.	Beidh feidhmíocht airgeadais Líonraí Gáis Éireann sa todhchaí nasctha le héileamh na hÉireann ar gháis nádúrtha agus in-athnuaite. Díríonn beartais ghníomhaíochta aeráide fuinnimh an AE agus na hÉireann ar laghdú fadtéarmach ar bhreoslaí iontaise, lena n-áirítear gás nádúrtha. Tá baol ann go dtiocfaidh laghdú ar úsáid an líonra amach anseo mura féidir beartas tacaíochta a dhaingniú do gháis in-athnuaite, rud a d'fhéadfadh méadú ar tharaifí agus sócmhainní tréigthe a bheith mar thoradh air.	- Tacú le forbairt gás in-athnuaite agus hidrigine in Éirinn. - Tá Líonraí Gáis Éireann ar cheann de na baill bhunaidh de Líonra Eorpach na nOibreoirí Líonra um Hidrigin (ENNOH). - Seoladh 'Conair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh' chun a chinntiú go n-aithníonn/go dtuigeann príomhpháirtithe leasmhara ról líonra gáis dícharbónaithe i gcóras fuinnimh na hÉireann sa todhchaí. - Foireann tiomnaithe beartais a théann i dteagmháil le páirtithe leasmhara ar fhorbairt beartais fuinnimh. - Caidrimh chomhoibríocha a fhorbairt le páirtithe leasmhara ar fud an tslabhra luacha ar fad. - Teachtairacht dhícharbónaithe Líonraí Gáis Éireann i gcainteanna poiblí ar an aistriú fuinnimh a chur in iúl.





Slabhra soláthair / soláthraithe rí-thábhachtacha

Oibríochtaí inbhuanaithe

Teip nó sárú ar chibearshlándáil / teicneolaíocht faisnéise

Barr feabhais sna hoibríochtaí



Treocht riosca

Riosca	Comhthéacs	Maolú
Neamhábaltacht Pleananna Infheistíochta Caipitil agus/nó caighdeáin oibriúcháin a sheachadadh, mar gheall ar dhúshláin an tslabhra soláthair m.sh., méaduithe costais, cumas an tionscail tógála, moill ar sheachadadh ábhair nó teip príomhsholáthraí/chonraitheora, as a dtagann teip ar acmhainn líonra a chomhlíonadh nó sláinte sócmhainní a chothú.	D'fhéadfadh méadú ar chostais seirbhísí/ábhar, ganntanas, amanna tionscanta níos faide agus inmharthanacht tionchair na bpríomhsholáthraithe teacht as luaineacht i ngeilleagair an domhain/an timpeallacht gheopholaitiúil. D'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag aighneas le príomhsholáthraí/príomhchonraitheoir ar an ngnó, ar oibríochtaí, ar chlú, ar straitéis nó ar staid airgeadais má theipeann ar phríomhsholáthraí/príomhchonraitheoir dualgais a chomhlíonadh.	- Tá samhail bainistíochta caidrimh i bhfeidhm. - Saineolas inmheánach slabhra soláthair agus caidrimh réamhghníomhacha le príomhsholáthraithe. - Soláthairtí nua tógála agus innealtóireachta ag dul ar aghaidh chun raon éagsúil soláthraithe a chinntiú. - Comhordú agus comhoibriú ar fud na bhfoirne. - Monatóireacht agus athbhreithniú ar sholáthraithe príomhchonarthaí. - Stoic maoláin d'ábhair chriticiúla a chothabháil. - Pleananna teagmhasacha agus leanúnachais gnó a mhaolaíonn riosca teipe príomhsholáthraí, ag soláthar freagra éifeachtach.
Teip ar Líonraí Gáis Éireann a bheith ina phríomhghnó inbhuanaithe in Éirinn.	Chun ionchais an rialtais, na sochaí agus na bpáirtithe leasmhara a chomhlíonadh, ní mór do Líonraí Gáis Éireann astaíochtaí agus dramhaíl a íoslaghdú, bithéagsúlacht a fheabhsú agus tacú lena mhuintir agus lena phobail.	- Straitéis inbhuanaitheachta agus monatóireacht feidhmíochta i bhfeidhm. - Feidhmíocht Thrédhearcach Timpeallachta, Shóisialta agus Rialachais (TSR). - Tiomanta do laghdú 50% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030. - Deimhniú caighdeánach Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach - Tiomanta do phlean laghdaithe astaíochtaí meatáin lena n-áirítear ceanglais faoi Rialachán an AE um Laghdú Astaíochtaí Meatáin. - Leanúint ar aghaidh leis an bhFeachtas Laghdaigh D'Úsáid.
Riosca cibirionsaí, teip shuntasach ar ár dTeicneolaíocht Faisnéise, nó sárú rialaithe mar gheall ar theicneolaíocht nua atá ag teacht chun cinn, as a dtagann caillteanas suntasach ar chórais/seirbhísí, tionchar ar oibríochtaí, sceitheadh sonraí, caillteanas airgeadais agus damáiste do chlú.	Tá méid, castacht agus sofaisticiúlacht na mbagairtí cibearshlándála ag athrú i gcónaí. D'fhéadfadh fionraí gnó féideartha, cur isteach, saincheisteanna sábháilteachta, damáiste do chlú nó fineálacha rialála a bheith mar thoradh ar theagmhas. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag cibear-ionsaí, ag teip shuntasach ar ár dTeicneolaíocht Faisnéise nó ag sárú rialaithe ar chustaiméirí gáis agus leictreachais agus ar gheilleagar na hÉireann.	- Tá beartais, straitéis agus samhail oibriúcháin i bhfeidhm. - Cláir feabhsaithe maidir le cibearfheasacht agus oiliúint úsáideoirí. - Comhoibriú leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. - Monatóireacht leanúnach de réir chaighdeáin na hInstitiúide Náisiúnta um Chaighdeáin agus Teicneolaíocht (NIST). - Infheistíocht mhéadaithe i gcosc agus i rialuithe réamhghníomhacha ar fud chórais ríthábhachtacha. - Socruithe teagmhasacha do leanúnachas gnó forbartha. - Ionad Oibríochtaí Slándála i bhfeidhm (monatóireacht 24*7). - Measúnuithe riosca leanúnacha agus Straitéis TF i bhfeidhm. - Cásanna oibriúcháin agus tástálacha struis ar phróisis chriticiúla.

Slándáil áitribh agus suiteálacha

Paindéim

Dlí / comhlíontacht

Calaois

Riosca	Comhthéacs	Maolú
Caillteanas suntasach ar chórais agus ar sheirbhísí ríthábhachtacha de bharr ionsaí slándála fisiceach ar ár sócmhainní ríthábhachtacha, ár n-áitreabh agus ár suiteálacha, rud a chuir isteach ar shábháilteacht, ar oibríochtaí agus ar chlú.	Tá méadú ag teacht ar bhagairtí slándála fisiciúla de bharr athruithe sa timpeallacht gheopholaitiúil, a bhféadfadh fionraí gnó, cur isteach, saincheisteanna sábháilteachta, damáiste do chlú nó fineálacha rialála a bheith mar thoradh orthu, a mbeadh tionchar acu ar chustaiméirí gáis agus leictreachais agus ar gheilleagar na hÉireann.	- Tionscadal slándála corparáidí agus fisiciúla. - Clár caipitil slándála fisiciúla i mbun feidhme. - Measúnuithe leanúnacha riosca.
Riosca suntasach do shláinte fostaithe nó cur isteach ar ghnó mar gheall ar thionchar féideartha paindéime.	Tinneas fostaithe ar scála mór de bharr eipidéime nó paindéime, a d'fhéadfadh cur isteach ar shláinte fostaithe, ar oibríochtaí, ar sheachadadh seirbhíse agus ar shlabhra an tsoláthair.	- Tá plean freagartha paindéime i bhfeidhm. - Socruithe teagmhasacha do leanúnachas gnó forbartha. - Rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara agus tagarmharcáil fónais piaraí.
Teip maidir le cloí le hoibleagáidí dlíthiúla a fhorchuirtear le dlí, rialachán nó ceadúnas.	Tá gníomhaíochtaí gnó Líonraí Gáis Éireann faoi réir dlíthe agus rialacháin atá ag méadú castachta maidir le gnó a dhéanamh. D'fhéadfadh srianta seachtracha, beartais agus próisis neamhleor a bheith ina gcúis le teip cloí leis na dlíthe agus na rialacháin ábhartha a d'fhéadfadh pionóis agus smachtbhannaí a bheith mar thoradh orthu, a mbeadh drochthionchar acu ar ár dtorthaí oibriúcháin, ár straitéis agus ár staid airgeadais.	- Athbhreithniú comhlíonta maidir le hOibleagáidí an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. - Beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú. - Monatóireacht leanúnach ar fhorbairtí reachtaíochta. - Athbhreithniú débhlíantúil ar Ráiteas Beartais um Chomhlíonadh na Stiúrthóirí. - Rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara seachtracha ábhartha.
Teagmhas tubaisteach calaoise a théann i bhfeidhm ar inmharthanacht agus ar chlú na heagraíochta.	D'fhéadfadh damáiste do chlú, caillteanas airgeadais chomh maith le himpleachtaí cánach do Líonraí Gáis Éireann a bheith mar thoradh ar chalaois a eascraíonn as cliseadh sa timpeallacht rialaithe.	- Oiliúint ar fheasacht beartais agus calaoise. - Cultúr láidir rialaithe agus labhairt amach. - Cláir feasachta calaoise agus oiliúint feasachta Cibearshlándála. - Ceardlanna maidir le Measúnú Riosca Calaoise - Scaradh dualgas.





Daoine fuinniúla



Treocht riosca



Daoine

Riosca

Mainneachtain daoine ag a bhfuil na scileanna agus na cumais chearta chun ár straitéis a sheachadadh a fhorbairt, a choinneáil nó a mhealladh.

Comhthéacs

Braitheann ár gcumas ár straitéis a bhaint amach ar chumais, luachanna, iompraíochtaí agus feidhmíocht na bhfostaithe, agus ar a lúfaireacht agus ar a gcumas oiriúnú don timpeallacht sheachtrach athraitheach agus d'ionchais leanúnacha na bpáirtithe leasmhara.

Maolú

- Pleanáil straitéiseach líon foirne agus dearadh eagraíochtúil.
- Tionscnaimh rannpháirtíochta agus cultúir rialta.
- Clár sláinte agus folláine chun tacú leis an bhfoireann.
- Tionscnaimh Acmhainní Daonna lena n-áirítear éagsúlacht ibelong, clár éagsúlachta, cothromais agus cuimsithe, obair chumaisc agus cláir forbartha.
- Foghlaim agus Forbairt agus Bainistíocht Feidhmíochta.
- Cláir Bhainistíochta Tallainne agus Forbartha Tallainne.
- Monatóireacht leanúnach ar phríomhmhéadracht lucht saothair agus innéacsanna cobhsaíochta.



Staid airgeadais láidir



Treocht riosca



Riosca airgeadais

Riosca

Teip maidir le feidhmíocht airgeadais leordhóthanach a sheachadadh de bharr rioscaí maicreacnamaíocha agus airgeadais – boilsciú, gluaiseacht praghsanna tráchtearraí, creidmheas, leachtacht, rioscaí airgeadra agus rátaí úis.

Comhthéacs

Tá ár gcumas ár straitéis a chur i bhfeidhm go rathúil ag brath ar ár mbainistíocht ar rioscaí airgeadais agus maicreacnamaíocha m.sh., costas méadaitheach maidir le gnó a dhéanamh, riosca éagsúlachta idir costais a tabhaíodh agus costais a cheadaítear faoin tsamhail rialála.

Maolú

- Samhail rialála le taifead ar aisghabháil costas cobhsaí agus trédhearcach.
- Creat docht rialuithe agus nósanna imeachta.
- Teorainneacha riosca sainithe agus monatóireacht ar neamhchosaint.
- Íosléibhéal fiachais ag rátaí seasta, bainistiú neamhchosanta airgeadra eachtraigh, leachtacht íosta a choinneáil.
- Monatóireacht dhlúth agus measúnú tionchair le haghaidh teagmhais mhaicreacnamaíocha.
- Teagmháil le príomhsholáthraithe chun cabhrú le príomhbhrúnna costais a mhaolú.
- Teagmháil leanúnach leis an rialtóir chun a chinntiú go n-aisghabhhtar costais a thabhaítear go héifeachtach ar bhonn tráthúil.

Neart airgeadais

Teip maidir leis an neart airgeadais a chaomhnú chun forbairt amach anseo ar líonra athléimneach agus inbhuanaithe a éascú.

Tá cur i bhfeidhm rathúil straitéis Líonraí Gáis Éireann ag brath ar a chumas maoiniú cuí a aimsiú/a choimeád. Ní mór do Líonraí Gáis Éireann clár comhardaithe láidir a choinneáil chun bainistiú a dhéanamh ar an méadú féideartha ar infheistíochtaí dícharbónaithe agus ar shlándáil táirgí insoláthartha an tsoláthair thar thréimhse ghearr.

- Rátáil láidir gráid infheistíochta.
- Idirphlé leanúnach agus caidrimh láidre le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear an Rialtas, soláthraithe maoinithe agus infheisteoirí ionchasacha.
- Straitéis mhaoinithe a nascadh le straitéis inbhuanaitheachta.

Socraíochtaí rialála

Teip cinneadh agus socrú rialála leordhóthanach agus tráthúil a bhaint amach.

Rialaíonn an CRF ioncam ábhartha Líonraí Gáis Éireann faoi chreat teorainn ioncain. Mura gcomhaontaítear liúntas leordhóthanach le haghaidh caiteachais agus brabúis ar chaipiteal infheistithe, lena n-áirítear tacaíocht do bhith-mheatán agus hidrigin, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar ár gcumas cuspoirí straitéiseacha a bhaint amach agus dul i bhfeidhm ar oibriúcháir, ar ionchais agus ar staid airgeadais.

- Rannpháirtíocht agus comhoibriú gníomhach le húdaráis rialála agus le páirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go n-aithnítear agus go dtuigtear riachtanais ghnó.
- Cinneadh Rialú Praghsanna 5 (PC5) eisithe agus liúntais mhaoinithe i bhfeidhm go dtí 2027.
- Pleanáil Rialú Praghsanna 6 (PC6) ar siúl



Athbhreithniú gnó



Athbhreithniú oibriúcháin



€3 bhilliún
de shócmhainn náisiúnta



720,000
custaiméir nasctha



28,000+
gnólacht ar fud na tíre

An **líonra gáis** a fhreastalaíonn ar riachtanais fhuinnimh na hÉireann

Réamhrá

Is le Líonraí Gáis Éireann an líonra gáis nádúrtha in Éirinn agus déanann Líonraí Gáis Éireann an líonra a fheidhmiú agus a chothabháil. Chomh maith leis sin, soláthraímid seirbhísí snáthoptaice teileachumarsáide mórdhíola faoin ainm gnó Aurora Telecom.

Tá líonra gáis Éireann ar cheann de na cinn is nua-aimseartha san Eoraip agus soláthraíonn sé soláthar fuinnimh atá sábháilte, slán agus iontaoifa. Gach bliain iompraíonn an tsócmhainn náisiúnta c. €3 bhilliún seo beagnach an tríú cuid (30%) den riachtanas náisiúnta fuinnimh príomhúil trí 14,758 km de phíblínte. San iomlán, tá breis agus 720,000 custaiméir gáis ceangailte lenár líonra ar fud na tíre, lena n-áirítear breis agus 28,000 gnó. Faoi láthair tá an líonra comhdhéanta de phríomhlíonra fáinne aonadach ‘tarchurtha’ (náisiúnta, ardbhrú) agus línte spor a thacaíonn le líonraí ‘dáileacháin’ (áitiúla, ísealbhrú).

Is sócmhainn náisiúnta ríthábhachtach é an líonra gáis agus tá ról ríthábhachtach aige i ngeilleagar na hÉireann. Is iad ár n-idirnascairí gáis leis an RA na sócmhainní fuinnimh is tábhachtaí in Éirinn, ag iompórtáil c. 80% d’éileamh

bliantúil an Stáit ar ghás agus cosaint á sholáthar do nádúr eadrannach cineálacha giniúna in-athnuaite sa mhargadh leictreachais, amhail gaoth agus gréine. Sa lá atá inniu ann, is é gás líonraithe an phríomhfhoinsé breosla inseolta i meascán giniúna leictreachais na hÉireann, a bhreoslaíonn 41% den leictreachas ar fad a ghintear gach bliain, agus 83% den leictreachas sna buaicthréimhsí. Freastalaíonn an líonra freisin ar riachtanais an tionscail, go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais ard iontaofachta teasa agus fuinnimh acu, agus ag an am céanna freastalaíonn sé ar riachtanais teasa agus cócaireachta gnólachtaí agus tithe.

Is féidir athearraíocht iomlán a bhaint as an líonra gáis agus é a dhícharbónú go hiomlán amach anseo trí gháis in-athnuaite (bith-mheatán agus hidrigin) a chur in ionad gáis nádúrtha, agus is féidir

leis cabhrú le córas fuinnimh comhtháite glan-nialasaigh a bhaint amach trí gháis in-athnuaite a úsáid go spriocdhírthe ar scála mór. Trí gháis in-athnuaite a chur in ionad gáis nádúrtha, soláthraímid líonra gáis carbóin ghlan-nialasaigh agus laghdóimid astaíochtaí ar fud earnálacha tábhachtacha, lena n-áirítear na hearnálacha a mbíonn sé deacair de ghnáth iad a dhícharbónú, amhail an tionscal ardteasa, giniúint cumhachta, talmhaíocht agus iompar.

Is é ár bhfócas líonra gáis sábháilte agus iontaoifa a oibriú a thacóidh le slándáil agus athléimneacht fuinnimh fhoriomlán, agus ár n-uailmhian inbhuanaitheachta lárnach á cinntiú, is é sin an líonra gáis a ullmhú don todhchaí ina n-éascaítear le gás líonraithe córas fuinnimh comhtháite chun glan-nialasacht a bhaint amach.

Athbhreithniú
oibriúcháin

Timpeallacht oibriúcháin

An t-éileamh ar ghás
2% níos airde
sa bhliain 2024
i gcomparáid
le 2023

**54.3
TWh**
de ghás
iomlán arna
iompar in Éirinn

Giniúint Cumhachta comhionann le **57.9%**
Tionsclaíocht agus Tráchtáil **29.4%**
Cónaitheach **11.4%**
Gás breosla **1.27%**
Iompar **0.08%**

Éileamh agus soláthar

Le linn na bliana, sholáthair gáscheantar na Coiribe 20% de na riachtanais gháis ar fad i bPoblacht na hÉireann, agus d'fhreastail allmhairí ón Ríocht Aontaithe ar 80% den éileamh. Baineadh amach 39 GWh den éileamh ó ghás in-athnuaite agus soláthraíodh é tríd an bpointe insteallta bith-mheatáin i gContae Chill Dara.

Le linn 2024, d'fhill na praghsanna gháis ar chóras níos cobhsaí, i gcomparáid leis an luaineacht a bhí ann sa bhliain 2022 agus sa bhliain 2023. Bhí soláthairtí gháis na hÉireann slán, agus bhain siad leas as nasc iontaofa leis an Ríocht Aontaithe trí chóras idirnascaire nasctha. Cuireadh soláthar maith ar fáil, dá réir sin, do mhargadh na Ríochta Aontaithe ó tháirgeadh dúchasach gháis, táirgeadh gháis na hIorua, saoráidí stórála gháis agus allmhairí gháis nádúrtha leachtaithe (GNL). Le linn 2024, lean an

tAontas Eorpach (AE) lena spleáchas ar sholáthairtí gháis phíobaithe na Rúise a laghdú, agus chuir sé allmhairí GNL ón margadh domhanda, gás na hIorua agus stóráil gháis dhúchasaigh in ionad na méideanna sin. Leag an tAontas spriocanna amach maidir le leibhéil stórála gháis, a raibh ceangal ann go mbeadh sé 90% lán faoin 1 Samhain 2024, rud a chabhraigh go mór leis an margadh dul i ngleic le tréimhse an gheimhridh.

Rialáil

Déanann an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRF) na sócmhainní ar fad ar líonraí gháis Tarchurtha agus Dáileacháin na hÉireann a rialáil, lena n-áirítear na hidirnascairí fomhuirí agus na sócmhainní ar tír mhór in Albain. Rialaíonn an Rialálaí Fóntais píblínte GNI (UK) Limited ar chóras tarchurtha Thuaisceart Éireann. Tá ceadúnas idirnascaire na Ríochta

Aontaithe ó Ofgem ag Líonraí Gáis Éireann agus GNI (UK) Limited maidir leis na hidirnascairí fomhuirí le hAlbain.

Feidhmíonn Líonraí Gáis Éireann na sócmhainní tarchurtha agus dáileacháin in Éirinn agus in Albain faoi chóras rialaithe praghsanna arna chinneadh ag an CRF. Oibríonn GNI (UK) Limited na píblínte tarchurtha i dTuaisceart Éireann faoi chóras rialaithe praghsanna arna chinneadh ag an Rialálaí Fóntais.

Socraíonn gach rialálaí córas nua rialaithe praghsanna gach cúig bliana agus leagtar amach sa phróiseas sin an t-ioncam ceadaithe do Líonraí Gáis Éireann agus GNI (UK) Limited. Tháinig an próiseas athbhreithnithe ar rialú praghsanna GT22 do 2022-2027 chun críche nuair a d'fhoilsigh an Rialálaí Fóntais cinneadh GT22 i mí Mheán Fómhair 2022 agus tháinig an próiseas athbhreithnithe ar rialú praghsanna PC5 do

2022-2027 chun críche nuair a d'fhoilsigh CRF cinneadh PC5 i mí na Nollag 2023.

I gcinneadh PC5 smaoiníodh ar dhreasachtaí feidhmíochta agus ceanglais nua maidir le tuairisciú agus painéal nua páirtithe leasmhara a bhunú, iad ar fad faoi réir comhairliúcháin maidir le cur chun feidhme PC5 sa bhliain 2024. Le inn 2024, d'oibrigh Líonraí Gáis Éireann le CRF maidir le cur chun feidhme na gceanglas nua PC5. Áiríodh leis sin rannpháirtíocht fairsing, agus freagairtí Líonraí Gáis Éireann a chur isteach ar chomhairliúcháin maidir le cur chun feidhme PC5 an CRF.

Ar an 16 Nollaig, d'fhoilsigh CRF an páipéar Cinnidh maidir le Creat Rialála PC5 agus Treoir D'Úsáideoirí maidir le Creat Rialála PC5. Cuirfidh Líonraí Gáis Éireann struchtúr rialachais nua chun feidhme le linn 2025 chun ceanglais maidir le tuairisciú chreat PC5 a chomhordú agus a aontú.

Léirítear leis na taraifí Tarchurtha don bhliain gháis 2024/25 méadú thart ar 2.4% (ainmniúil) i gcomparáid leis an mbliain gháis roimhe sin. Léirítear leis na taraifí Dáileacháin don bhliain gháis 2024/25

méadú thart ar 29.15% (ainmniúil) i gcomparáid leis an mbliain gháis roimhe sin. Bhí na méaduithe sin spreagtha den chuid ba mhó leis an gcoigeartú a rinneadh ar bhearta maolaithe costais roimhe sin a cuireadh chun feidhme i gcomhar le CRF le linn an phróisis socraithe taraifí le linn an dá bhliain gháis roimhe sin.

Pacáiste um margadh hidrigine agus gháis dícharbónaithe an Aontais Eorpaigh

Tháinig pacáiste um margadh hidrigine agus gháis dícharbónaithe an AE i bhfeidhm i mí Lúnasa 2024. Cuimsítear sa Phacáiste athbhreithniú ar Rialachán agus Treoracha an AE maidir le líonraí tarchurtha agus dáileacháin gháis nádúrtha agus hidrigine. I gcomhréir le cuspóirí Phlean REPowerEU, dearadh na rialacha athbhreithnithe chun rochtain níos fearr a thabhairt do gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin (m.sh. hidrigin agus bith-mheatán) ar mhargaí agus ar bhonneagar, rud a éascaíonn athsholáthar méadaithe gháis nádúrtha.

Le linn 2024, lean Líonraí Gáis Éireann le páirt a ghlacadh go gníomhach i meithleacha éagsúlacha de chuid comhlachas gháis an Aontais Eorpaigh san Eoraip lena n-áirítear an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gháis (ENTSOG), Eurogas, Bonneagar Gháis na hEorpa (GIE) and Dáileoirí Gháis le haghaidh Inbhuanaitheachta (GD4S). Díríonn na grúpaí sin ar thacú le forbairt agus cur chun feidhme bheartas fuinnimh agus aeráide an AE. Go háirithe, ba é fócas na gcomhlachais sin le linn 2024 tabhairt i gcrích phacáiste um margadh hidrigine agus gháis dícharbónaithe an AE.


Le linn 2024, rinneadh ball bunaithe de Líonra Eorpach na nOibreoirí Líonraí Hidrigine (ENNOH) de Líonra Gháis Éireann, a fhorbróidh na rialacha agus an creat rialála d'oibreoirí líonra hidrigine le linn 2025 agus 2026. Ghlac Líonraí Gháis Éireann páirt ghníomhach i mbunú ENNOH agus toghadh Edwina Nyhan (Stiúrthóir Straitéise agus Rialála Líonraí Gháis Éireann) ar bhord Réamh-ENNOH i mí na Nollag 2024.



Sásaíodh **61 GWh**
den éileamh le
gás in-athnuaite
sa bhliain 2024
(39GWh arna
tháirgeadh in
Éirinn agus 22GWh
arna iompórtáil)



RMTAC iomlán – fostaithe (>1 lá)#/100k uair



• Úsáidimid an Ráta Minicíochta Teagmhas Ama Chaillte (RMTAC) chun líon na dteagmhas ama chaillte a rianú a tharlaíonn d’fhostaithe in aghaidh gach 100,000 uair an chloig a oibrítear, a mbíonn sé riachtanach don bhall foirne > 1 lá amháin saor a thógáil ón obair mar thoradh air sin.

• Tá sábháilteacht ina bunluach ag Líonraí Gáis Éireann. Tá an clár um chultúr sábháilteachta Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile i bhfeidhm ó 2015 agus táimid ag obair i gcónaí lenár bhfeidhmíocht sábháilteachta a fheabhsú.

Sábháilteacht

Caighdeáin shláinte agus shábháilteachta

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta do na caighdeáin sábháilteachta is airde ar fad agus le linn 2024, leanamar orainn ag bainistiú ghnéithe uile na n-oibríochtaí ar bhealach sábháilte agus freagrach ó thaobh na timpeallachta de.

Cinntíonn ár gCórais chuimsitheacha um Bainistíocht Sábháilteachta, Comhshaoil, Cáilíochta, Fuinnimh agus Sócmhainní, atá deimhnithe go neamhspleách ag ISO 45001, ISO 14001, ISO 9001, ISO 50001 agus ISO 55001, go ndéantar ár ngníomhaíochtaí a bhainistiú de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr. Sa bhliain 2024, d’éirigh le Líonraí Gáis Éireann san iniúchadh faireachais ar na cúig chóras ISO uile a rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI). D’admhaigh an NSAI feidhmíocht láidir Líonraí Gáis Éireann, agus ní bhfuarthas torthaí ar bith i measc ceann ar bith de na cúig chóras bainistíochta. Chomh maith leis sin, thug Aurora Telecom, rannán oibriúcháin de chuid Líonraí Gáis Éireann, faoi iniúchadh creidiúnaithe rathúil a rinne an NSAI lena chur ar raon feidhme chórais bhainistíochta sábháilteachta, comhshaoil agus cáilíochta ISO 45001, ISO 14001 agus ISO 9001 Líonraí Gáis Éireann.

Le linn 2024, lean Líonraí Gáis Éireann lena chuntas teiste maidir le sárfeidhmíocht sábháilteachta. Is léiriú bródúil é Ráta Minicíochta na dTeagmhas Ama Caillte comhcheangailte do bhaill foirne agus do

phríomhsholáthraithe seirbhíse de 0.24 ar ár ndúthracht agus ár n-airdeall maidir lenár gcultúr ‘sábháilteacht ar dtús’.

Le linn 2024, thuairiscigh baill foirne breis agus 900 tuairisc ar ghuaiseacha – beagnach dhá oiread an mhéid a tuairiscíodh sa bhliain 2023. Trí ghuaiseacha a thuairisciú agus a dheisiú, cuidímid le foinsí timpistí a bhaint sula mbeidh seans acu dochar a dhéanamh. Rinneamar corradh le 375 Comhrá Ceannasaíochta Sábháilteachta a thaifeadadh. Thugamar faoi 31 iniúchadh ar chóras bainistíochta inmheánaí. Rinneadh breis agus 900 cigireacht sábháilteachta agus theicniúil – figiúirí atá inchomparáide le 2023.

Le linn 2024, rinne Líonra Gáis Éireann a straitéis cultúir sábháilteachta um Obair Shábháilte Sa Bhaile a athbhreithniú agus a athnuachan, agus aiseolas ó bhreis agus 70 ball foirne á chuimsiú trí shraith grúpaí fócais. D’fhaomh an Bord an straitéis athbhreithnithe go mór i mí na Samhna 2024. Reáchtáladh roinnt feachtas cumarsáide sábháilteachta agus feasachta don fhoireann le linn na bliana inar clúdaíodh saincheisteanna amhail, sábháilteacht tiomána, staighre agus geimhridh. Cuireadh oiliúint do thiománaithe don obair i bhfeidhm do na baill foirne sa bhliain 2024 le clár oiliúna ilghnéitheach inar gcuimsíodh ríomhfhoghlaim, ardoiliúint sa seomra ranga agus ardoiliúint infheithicle ag brath ar chineál na ndualgas tiomána a bhí ag an tiománaí. Rinne os cionn 175 ball foirne an oiliúint ardleibhéil sa seomra ranga nó ardoiliúint infheithicle.

Le linn 2024, fuair Líonraí Gáis Éireann glacadh CRF le hAthruithe Ábhartha ar an gCás Sábháilteachta maidir le trí stáisiún nua GNC. Chomh maith leis sin, bhí gá le Fógra um Athruithe Ábhartha le haghaidh leathnú breise ar Stáisiún GNC Bhaile an Bharbaigh chun an dara haonad dáileora a chur leis, rud a fuarthas freisin sa bhliain 2024.

Ghlac CRF le roinnt athruithe ábhartha eile ar na Cásanna Sábháilteachta freisin. Áirítear leis sin díscaoileadh Ervia, an t-athbhreithniú neamhspleách 5 bliana agus tá athruithe atá beartaithe ar cháilíocht an gháis mar thoradh ar athruithe i Rialacháin Sábháilteachta Gáis (Bainistíocht) na Ríochta Aontaithe a bheidh i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2025.

Ghlac an Fheidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta sa Bhreatain Mhór leis an athbhreithniú trí bliana ar Chás Sábháilteachta ar Tír Mhór in Iardheisceart na hAlban, agus leis na hathruithe gaolmhara air. Cuireadh athbhreithniú trí bliana den chineál céanna ar Chás Sábháilteachta Thuaisceart Éireann isteach sa bhliain 2024 agus tá sé á athbhreithniú faoi láthair ag Feidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann.

Ar feadh na bliana, lean Líonraí Gáis Éireann le feasacht phoiblí ar shábháilteacht a chur chun cinn trí réimse feachtas, lena n-áirítear an tSeirbhís Éigeandála Gáis, Diailigh sula dTosaíonn tú ag Tochailt, Baint do Mhéadair, Úsáid Suiteálaí Cláraithe Gáis i gCónaí agus feachtais Aonocsaíd Charbóin. Le linn 2024, seoladh feachtas fógraíochta

ilmheán nua ‘Diailigh sula dTosaíonn tú ag Tochailt’ chun an tábhacht a bhaineann le píblínte gáis a sheiceáil sula dtosófaí obair thochailte a chur chun cinn. Leis an bhfeachtas fógraíochta, ina raibh broc sách neirbhíseach darbh ainm Keith, buadh duais óir agus duais airgid i gcatagóirí ag Duaiseanna Fógraíochta Siorcanna Chionn tSáile, a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu.

Tá raon imeachtaí agus tacaíochtaí sláinte agus folláine á reáchtáil ag Líonraí Gáis Éireann i 2024, lena n-áirítear roinnt imeachtaí faoin mbratach feasachta meabhairshláinte “Tá sé in Am Labhairt”. Áiríodh orthu sin maidineacha caife na foirne, seisiúin eolais le haochainteoirí, seisiúin bhriceasta don fhoireann allamuigh agus seisiúin rialta do Gharchabhróirí Meabhairshláinte inmheánacha. Cuirtear tacaíochtaí, atá ar fáil don fhoireann chun cinn go rialta agus go forleathan don fhoireann ar fad, lena n-áirítear an Clár Cúnaimh le haghaidh Fostaithe agus Garchabhróirí Meabhairshláinte. Le linn 2024, rinne IBEC iniúchadh creidiúnaithe rathúil ar Líonraí Gáis Éireann dá ngradam folláine san ionad oibre “Marc KeepWell”. Déanfar iar-iniúchadh i 2025. Lena chois sin, sa bhliain 2024, d’fhorbair agus sheol Líonraí Gáis Éireann roinnt tionscnamh nua sláinte agus folláine, lena n-áirítear straitéis sláinte agus folláine, tacaíochtaí do bhaill foirne a bhfuil foréigean baile á dhéanamh orthu, beartas maidir le deochanna meisciúla san ionad oibre agus scagthástáil sláinte saor in aisce ar bhain os cionn 500 ball foirne leas aisti.

Bainistíocht Géarchéime agus Leanúnachas Gnó

Ós sinne an t-oibreoir don líonra gáis in Éirinn, tá nósanna imeachta láidre agus tástáilte ar bun againn chun slándáil an tsoláthair gháis dár gcustaiméirí a choinneáil ar bun agus lena chinntiú go ndéantar folláine ball foirne agus custaiméirí a chosaint.

Ós rud é gurb é Líonraí Gáis Éireann an Bainisteoir Éigeandála Náisiúnta Gáis, bítear ag pleanáil de shíor don Phlean Éigeandála Náisiúnta Gáis i gcomhairle leis an tionscal gáis, an tionscal leictreachais, an Coimisiún um Rialáil Fóntais agus an Rialtas. Mar aon leis na nósanna imeachta láidre atá i bhfeidhm againn chun slándáil an tsoláthair gháis a chothabháil, glacann roinnt foirne laistigh de Líonraí Gáis Éireann, lena n-áirítear na foirne Feidhmiúcháin, Oibríochtaí agus Cumarsáide páirt go rialta i gcleachtaí ionsamhlúcháin chun réimse cásanna géarchéime a d’fhéadfadh a bheith ann a thástáil. Tá na cleachtaí seo ríthábhachtach chun freagairt chomhordaithe a phleanáil ar mhórtheagmhais sa chás annamh go dtarlaíonn siad. Tugann siad deis dúinn éifeachtúlacht na socruithe bainistíochta géarchéime reatha a thástáil freisin, chomh maith le deis dár bhFoireann Bainistíochta Géarchéime agus dár bhfoirne oirbheartaíochta freagartha do ghéarchéim an fhreagairt a chleachtadh agus cabhrú le hathbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna bainistíochta géarchéime agus cumarsáide géarchéime atá ann cheana féin agus iad a nuashonrú. Glacann ionadaithe ó earnáil fóntais fuinnimh na hÉireann agus ón Rialtas, lena n-áirítear EirGrid, Líonraí BSL, CRF páirt freisin nuair is cuí.

Le linn 2024, áiríodh an méid seo a leanas ar na hionsamhlúcháin agus cleachtaí géarchéime:



Cleachtadh bliantúil chun éifeachtúlacht phlean an Bhainisteora Náisiúnta Éigeandála Gáis (NGEM) a thástáil.


Cleachtadh bainistíochta géarchéime chun na socruithe chun freagairt d’agóidí poiblí a thástáil.

Rannpháirtíocht i gcleachtadh bliantúil Tarchurtha Gáis Náisiúnta na Ríochta Aontaithe ina ndéanann siad tástáil ar a ról mar Chomhordaitheoir Éigeandála Líonra (NEC) chun modhanna cumarsáide a thástáil idir Foireann Bhainistíochta Náisiúnta Éigeandála an Líonra Gáis (NEMT) agus gach rannpháirtí ábhartha sa tionscal gáis sa Ríocht Aontaithe.

Roinnt cleachtaí cuimsitheacha éigeandála córais fuinnimh, lena n-áirítear cleachtadh Brigid agus Cathal, ina raibh ranna rialtais agus gníomhaireachtaí áirithe, rialálaithe agus Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais/ Oibreoirí Córais Dáilte páirteach.

Cleachtadh le Manx Utilities chun comhoibriú a thástáil mar fhreagairt ar éigeandáil chibearshlándála a théann i bhfeidhm ar sholáthairtí gáis chuig Oileán Mhanann.

Meánlíon na nóiméad chun freagairt a dhéanamh do thuairiscí ón bpobal maidir le sceitheadh gáis




• Leis an mbeart seo rianaítear cé chomh gasta agus a dhéanaimid freagairt, ar an meán, do sceitheadh gáis arna thuairisciú ag an bpobal.

• Is é an mhéadracht atá socraithe againn leis an CRF ná ráta freagartha 97% laistigh de 1 uair an chloig. Sa bhliain 2024 baineadh ráta comhlíontachta 99.9% amach.

• Méadracht sábháilteachta an-tábhachtach is í sin. Taispeánann sé cé chomh tábhachtach is atá sé dúinn na caighdeáin ardfeidhmíochta sin a choimeád go leanúnach thar am.

Líon carnach orduithe le haghaidh méadair cheangail nua 2014–2024



- Déanaimid an méadú ar úsáid an líonra mar thoradh ar naisc nua a thomhas.
- Cé go bhfuil fás fós le feiceáil againn ar líon na gceangal nua, spreagtar an méid go príomha ag custaiméirí tionscail agus ag gnólachtaí.

Líonra fuinnimh athléimneach

Oibríochtaí agus cothabháil

Príomhghné dár straitéis is ea ár líonra a oibriú agus a chothabháil 24/7 go leanúnach ar feadh na bliana ar bhealach éifeachtach agus eacnamaíoch. Sa bhliain 2024, sheolamar os cionn 47,156 ordú um obair chothabhála phleanáilte ar na líonraí tarchurtha agus dáileacháin. Cuireadh 97% den chothabháil bheartaithe uile i gcrích.

D'iompraíomar 74.23TWh, d'Éirinn, do Thuaisceart Éireann agus d'Oileán Mhanann le linn na bliana. Ní raibh aon neamhchomhréireacht i gcáilíocht an gháis ann. Mar gheall ar bhrú tráchta agus ar acmhainn ag pointe isteach Twynholm, úsáideadh pointe isteach Bhaile Mhic Gormáin chun gás a sholáthar do Thuaisceart Éireann cúig uair éagsúla le linn an éilimh mhóir.

Ghlacamar os cionn 1.8 milliún léamh méadair thar ceann soláthraithe gáis. Freagraíodh do 14,561 éalú gáis a tuairiscíodh go poiblí sa bhliain 2024, agus 99.9% díobh laistigh de chritéir aon uair a chloig. Rinneadh oibreacha feabhais ar 50 foirgneamh iláitithe agus cuireadh suirbhéanna i gcrích ar sceitheadh ar 1,761km de phríomhlíonraí agus seirbhísí. Rinneadh trialacha allamuigh maidir leis na cláir oibre um brath agus deisiú sceití

atá sainordaithe leis na Rialacháin maidir le hAstaíochtaí Meatáin.

D'fhreagair Líonraí Gáis Éireann, i gcomhar le Cabhlach na hÉireann, do theagmhas slándála fomhuirí nuair a braitheadh Soitheach eachtrach ag oibriú ar bharr na píblíne fomhuirí, Idirnascaire 1, i Muir Éireann. Mar thoradh air sin, rinneadh suirbhé fomhuirí nach raibh beartaithe, lena chinntiú nach mbeadh aon chur isteach ar an bpíblíne.

Sa bhliain 2024, rinneadh ceann de na comhpháirtithe bunaithe i dtionscadal VIGIMARE de chuid Fhís Eorpach an AE de Líonraí Gáis Éireann, tionscadal dá

bhfuarthas maoiniú deontais dar luach €4.75m chun ár gcosaint sócmhainní criticiúla fomhuirí a fhorbairt tuilleadh ó chlár taighde agus nuálaíochta Fhís Eorpach an Aontais Eorpaigh. Leis an tionscadal nuálaíochta sin, úsáidtear algartaim intleachta saorga ar fhoinsí sonraí iomadúla chun soitheach atá ag gníomhú go hamhrasach i ngar do bhonneagar fomhuirí a aimsiú agus rabhadh a thabhairt ina leith. D'fhreastail Líonraí Gáis Éireann ar Shiompóisiam an Aigéin Dhigitigh i gceanncheathrú NATO freisin, agus tuilleadh nasc á bhforbairt ar fud réimse cosanta an bhonneagair fhomhuirí.



Rinneamar doiciméid na gceanglas innealtóireachta agus an Lámhleabhar um Dhearadh Innealtóireachta a athbhreithniú agus a nuashonrú. Ba éard a bhí i gceist leis sin ná creat struchtúrtha a chur i bhfeidhm chun teicneolaíochtaí fuinnimh atá ag teacht chun cinn a shainaithint, a mheasúnú agus a rianú, agus sonraí ó thuairiscí tionscail, taighde acadúil, anailís mhargaidh á gcuimsiú agus cur chuige cuimsitheach i leith measúnú teicneolaíochta á chinntiú.

Chuir Líonraí Gáis Éireann tús le tionscnamh taighde comhpháirteach le Líonraí Northern Gas, chun athbhreithniú a dhéanamh ar a indéanta a bhí sé athearraíocht a bhaint as sócmhainní dáileacháin chun meastóireacht mhionsonraithe a dhéanamh ar theicneolaíochtaí téimh ceantair den chúigiú glúin agus hibrídeacha, ag díriú ar a n-acmhainneacht maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, dícharbónú, agus comhtháthú i mbonneagar atá ann cheana féin.

Infheistíocht i mbonneagar

Thugamar faoi chlár caiteachais chaipitil dar luach €188 milliún lena n-áiríodh cláir a bhí ar siúl fós chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus iontaofacht an líonra.



Príomhthionscadail chaipitil

Tógadh 4 nasc nua – 1 stáisiún cumhachta agus 3 chustaiméir thionsclaíocha eile.

Cuireadh tús le tógáil 4 nasc nua eile – 2 stáisiún cumhachta agus 2 chustaiméir thionsclaíocha.

Cuireadh an tógáil i gcrích ar thionscadal chun oibriú neamhspleách an dá halla comhbhrúiteora ag Stáisiún Comhbhrúiteora Bhá Brighthouse a éascú.

Ardoibreacha atreoraithe píblíne do thionscadail i gCorcaigh.

Cuireadh uasghrádú acmhainne ag AGI i mBaile an Easaigh i gcrích.

Cuireadh oibreacha cumasúcháin CGI Bhaile Mhistéala i gcrích.

Tógáil curtha i gcrích ar athsholáthar comhlaí Kerotest i gceantar Bhaile na Lobhar i mBaile Átha Cliath.

Tógadh agus coimisiúnaíodh stáisiún GNC Flogas Keelings agus Lidon Acomhal 14.

Tógadh stáisiún CNG Beuparc na Ceapaí.

Leagadh príomhphíobán treisithe dáileacháin de 3.6 km.

Críochnaíodh trí nasc dáileacháin mhóra ag Edgeconnex, Caisleán na Gráinsí, Baile Átha Cliath, Bulmers, Caisleán na Gráinsí, Baile Átha Cliath agus Epark i gCorcaigh.




Cuireadh 97%
den chothabháil bheartaithe uile i gcrích.

Rinneadh freagairt do **14,561** theagmhas de sceitheadh gáis a thuairiscigh an pobal sa bhliain 2024

Athbhreithniú oibriúcháin

Réiteach céadteagmhála



Déanaimid athbhreithniú ar shampla dár dteagmhálacha le custaiméirí gach mí thar réimse de chineálacha éagsúla glaonna. Déantar suirbhé neamhspleách ar rogha glaonna chun na scóir a bhailíochtú.

Cuirtear in iúl dúinn leis an mbeart sin cé chomh minic a bheimid in ann iarratas an chustaiméara a réiteach ar an gcéad teagmháil sin, gan gá tuilleadh faisnéise a fháil, an t-iarratas a chur chun na hoifige cúil, gearán a chruthú nó an scéal a fhiosrú níos mó.

Custaiméirí

Seirbhís agus réitigh do chustaiméirí

Chuireamar seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil do bhreis agus 720,000 custaiméir cónaithe agus tráchtála sa bhliain 2024. D'éirigh linn: Rinneadh 68,799 coinne custaiméara lenar bhain ráta comhlíontachta 99.5%, os cionn 1.8 milliún léamh méadair, agus láimhseáil ár n-ionad teagmhála 521,472 teagmháil le custaiméirí ar bhealaí isteach agus amach.

Déanaimid ár ndícheall i gcónaí feabhas a chur ar ár seirbhís do chustaiméirí. Sa bhliain 2024, bhí feidhmíocht láidir fós ann in eispéireas do chustaiméirí (CX) agus i meadaracht oibríochta an chustaiméara dár gcuid. Chomhlíonamar ár spriocanna maidir le scór sástachta na gcustaiméirí ar fud na ngníomhaíochtaí go léir a ndearnadh suirbhé orthu.

Sáraíodh spriocanna um réiteach gearán Líonraí Gáis Éireann agus CRF le comhlíonadh de 96.6% maidir leis na gearáin ar fad. Trí chomhoibriú agus caidrimh láidre le páirtithe leasmhara inmheánacha agus lenár gcomhpháirtithe gnó, tháinig laghdú gan fasach de 31% ar na gearáin agus 944 ceann cruthaithe i mbliana, i gcomparáid le 1,375 sa bhliain 2023, an líon is ísle le 10 mbliana. Mar chuid dár dtacaíocht do chustaiméirí a sholáthraíonn ár n-ionad teagmhála, chomhlíonamar ár méadrachtaí freagartha glaonna go léir, idir chinn chonarthacha agus na cinn a shocraíonn CRF. Dhíríomar freisin ar líon na nglanna ó chustaiméirí a bhí ag iarraidh nuashonruithe ar obair a bhí le déanamh a laghdú. Tháinig laghdú 15% ar ghéarú, rud a laghdaigh

líon na nglanna ó chustaiméirí agus rud a d'fheabhsaigh an t-eispéireas a fhaigheann siad. Mar chuid den obair chun feabhas a chur ar an dóigh ar féidir lenár gcustaiméirí teagmháil a dhéanamh linn, thugamar isteach teachtaireachtaí gréasáin trínar féidir lenár gcustaiméirí teagmháil a dhéanamh linn trí chomhrá gréasáin. Chothaíomar caidreamh le hAoisbhá Éireann a chuir oiliúint ar fáil d'ionadaithe seirbhíse do chustaiméirí a láimhseálann ár líne nua Aoisbhá. Rinne Comhairle Daoine Scothaosta na hÉireann rúnsiopadóir ar an tseirbhís, agus mar thoradh air sin, d'fhormhuinigh Aoisbhá Éireann ár seirbhís nua do chustaiméirí os cionn 66 bliain d'aois.

D'óstálar dhá lá CX, inar chualamar go díreach ó chustaiméirí chun tuiscint níos fearr a fháil ar a ndúshláin ar a gconair go Glan-Nialasacht agus conas is fearr is féidir linn tacú leo. Leanamar lenár bhfóiraim ráithiúla CX a dhéanamh agus chuireamar tús le Fóram agus próiseas nua um Léargas a Chur i nGníomh ina n-oibrímid le príomhpháirtithe leasmhara/úinéirí próiseas chun léargas a fhaightear tríd ár gclár CX a chur i ngníomh.

Leanamar lenár gclár Monatóireachta agus Léargais CX a leathnú, trína mbailítear aiseolas ó chustaiméirí a bhí i dteagmháil le Líonraí Gáis Éireann. Leathnaíodh an clár sin sa bhliain 2024 chun léargas a chuimsiú ó oibreoirí flít a bhaineann úsáid/ atá ag smaoineamh ar úsáid a bhaint as bithghás GNC lena dtrucaíl a bhreoslú, agus úsáideadh an léargas sin chun tacú le forbairt straitéise nua GNC. D'iaramar léargas freisin ó chuideachtaí iarfheistithe fuinnimh chun na caidrimh a fheabhsú agus éifeachtúlachtaí a spreagadh san obair atá ar siúl againn chun tacú lena gcláir iarfheistithe.

Leanadh lenár gclár mapála aistear custaiméirí sa bhliain 2024 trí thuiscint á fháil ar ár bpróisis aibí cheangail agus dícheangail baile ó dhearcadh an chustaiméara, chomh maith le hobair leanúnach ar ár bpróiseas athruithe. Mar thoradh air sin, rinneadh go leor tionscnaimh feabhsúcháin a ghabháil agus a sholáthar.

Sa bhliain 2024, gabhadh 96 tionscnamh feabhsúcháin custaiméirí, agus cuireadh 74 díobh sin i gcrích go rathúil. Mar

shampla, leathnaíodh an clár aitheantais 'Above & Beyond' chun gach comhpháirtí gnó agus ball foirne inmheánach a chur san áireamh a chuireann le seirbhís chomhsheasmhach nó eisceachtúil do chustaiméirí a sholáthar, rud a d'fhág go ndearnadh 259 ainmniúchán ar fud na cuideachta.

Lean Líonraí Gáis Éireann ag comhoibriú lenár gcomhpháirtithe carthanachta, Aoisghníomhaíocht, agus bhailigh siad beagnach €14,000 tríd ár gclár Monatóireachta CX. Tacóidh na cistí sin lena gclár Cúraim agus Deisiúcháin. Ina theannta sin, bhailíomar beagnach €4,000 do Chros Dhearg na hÉireann trína n-iarrachtaí léargas a fháil ó shuirbhéanna loingseoirí, soláthraithe, ball foirne allamuigh agus oibreoirí flít.

Leanamar lenár rúnsiopadóireacht do chustaiméirí leochaileacha, i gcás ina ndéanann duine scothaosta, duine ag a bhfuil riachtanais bhreise agus duine nach í an Béarla a c(h)éad teanga teagmháil lenár n-ionad teagmhála le cás saincheaptha agus freagairt ionchais agus a rátálann a n-eispéireas, rud a úsáidtear le haghaidh tuilleadh oiliúna agus léargais.

Cuireadh seirbhís chun cinn i measc custaiméirí leochaileacha, a d'fhéadfadh a bheith buartha faoinár mbaill foirne a ligean isteach ina dtithe le haghaidh oibre nó a bhfuil deacracht acu ár gcártaí ID a léamh. Mar bheart breise, cuirimid an rogha ar fáil anois go ndéanfar pasfhocal slándála a aontú roimh chuairt ónár bhfoireann allamuigh. Anuas air sin, rinne os cionn 70 ball foirne obair dheonach i mbliana chun

roinnt obair gharraíodóireachta éadrom a dhéanamh do chliaint scothaosta de chuid Aoisghníomhaíocht, agus athraíodh gairdíní ó bhonn, rinneadh cosáin inrochtana agus cruthaíodh timpeallacht níos deise do na custaiméirí níos sine sin in am don gheimhreadh.

Bunaíodh Foireann Réiteach do Chustaiméirí sa bhliain 2024, ag plé go réamhghníomhach le breis agus 300 dár gcustaiméirí is mó a idíonn méideanna arda gáis i dtionscail ardteasa agus in earnálacha ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a mhaolú, amhail an tionscal déiríochta, déantúsaíocht, agus cógaisíocht. Trí léargas tábhachtach a ghabháil ón gcóhort custaiméirí sin, is féidir linn tuiscint níos fearr a fháil ar an dóigh a bhféadfadh gáis in-athnuaite, amhail bith-mheatán (sa ghearrthéarma) agus hidrigin (sa mheántéarma go fadtéarmach), cuidiú lenár gcustaiméirí a bheith ag dícharbónú agus iad ag dul i dtreo glan-nialasachta. Chomh maith leis sin, trí thacú le custaiméirí le bheith níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, cumarsáid leanúnach a dhéanamh leo, agus a chinntiú go bhfuil a n-eispéireas "saoil" ar chaighdeán den scoth, cuidítear le caidrimh bhuana a chothú agus muid ag obair le custaiméirí lena gcuid spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach.

Suirbhéanna lastóirí/ soláthraithe

Déanann Líonraí Gáis Éireann suirbhéanna bliantúla chun measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht mar a bhraitheann Lastóirí agus Soláthraithe Gáis í. Tugadh

rátáil ard i leith fheidhmíocht fhoriomlán Líonraí Gáis Éireann sa bhliain 2024, agus tháinig méadú suntasach ar an nGlanscór Tionscnóra go +58 ó +43 sa bhliain 2023. Thug Lastóirí agus Soláthraithe meánscór sástachta de 8.6 maidir le, méadú ar 8.1 i gcomparáid le 2023 Tháinig athrú suntasach ar an dearcadh i leith straitéis Líonraí Gáis Éireann, go háirithe le foilsiú thuarscáil Líonraí Gáis Éireann dar teideal Conair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh agus forbairt gás in-athnuaite. Léirigh páirtithe leasmhara tacaíocht i bhfad níos mó do bith-mheatán i gcomparáid le blianta beaga anuas freisin. Mar gheall ar thuiscint agus ar sholúbthacht bhraite Líonraí Gáis Éireann maidir le déileáil le Lastóirí agus Soláthraithe, thug na príomhpháirtithe leasmhara sin scór ard don eagraíocht. Breathnaíodh ar an tuiscint sin mar an bonn le haghaidh dea-chaidreamh oibre agus cinnteoireachta a théann chun tairbhe an dá pháirtí.

Athrú ó sholáthraí gáis amháin go soláthraí eile

Is féidir le custaiméirí coigilteas suntasach costais a bhaint amach trí athrú ó sholáthraí gáis amháin go soláthraí eile. Déanann CRF cur síos ar athrú mar an dóigh is fearr chun airgead a shábháil ar bhillí gáis agus leictreachais. Chun athrú soláthraithe custaiméirí a éascú, oibríonn Líonraí Gáis Éireann, go sonrach foireann Oifigeach Clárúcháin Pointí Gáis, an próiseas athraithe tionscail. Sa bhliain 2024, phróiseáil Líonraí Gáis Éireann thart ar 128,000 athrú, méadú 30% i gcomparáid le 2023.



Meánscór sástachta de **8.6** maidir le Seoltóirí agus Soláthraithe, **méadú ar 8.1 sa bhliain 2023**

Rinne Líonraí Gáis Éireann 128,000 **athrú soláthraí gáis a phróiseáil sa bhliain 2024**

Athbhreithniú oibriúcháin



I bPlean an Rialtais um **Ghníomhú ar son na hAeráide 2024** leagadh síos sprioc maidir le táirgeadh bith-mheatáin de **10% (5.7TWh)** de riachtanais gháis na tíre faoi 2030

2045

Is é ár bplean chun líonra dírithe ar chuspóir nua, le méid athraithe agus dícharbónaithe ina iomláine a chur i gcrích

Gníomhú ar son na haeráide

Conair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh

I mí an Mheithimh, sheol Líonraí Gáis Éireann a thionscadal uailmhianach ‘Conair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh’, ina leagtar amach conas is féidir leis an líonra gáis náisiúnta gás 100% in-athnuaite a iompar faoi 2045, agus mar sin ról ríthábhachtach a bheith aige maidir le hÉirinn a aistriú go geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de. Tá sé mar aidhm leis an gconair atá beartaithe ag Líonraí Gáis Éireann go mbeidh bith-mheatán i gceist le haon trian den ghás ar an líonra agus go dtiocfaidh an chuid eile ó hidrigin glas. Faoi dheireadh na tréimhse, beidh an líonra gáis náisiúnta atá ann cheana féin roinnte ina dhá líonra gáis in-athnuaite ar leith. I mí Mheán Fómhair, cuireamar i láthair an plean sin maidir le líonra a bheidh a chuspóir agus a mhéid athraithe agus a bheidh dícharbónaithe go hiomlán a bhaint amach faoi 2045 do bhreis agus 100 páirtí leasmhar sinsearach sa tionscal ag imeacht ‘Conair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh’ a tionóladh i mBaile Átha Cliath. Ba chéim ríthábhachtach an t-imeacht sin, toisc gur chuir sé fóram ar fáil do rialtóirí, do lucht déanta beartas, do chustaiméirí agus do chomhpháirtithe tionscail chun bheith rannpháirteach, oibriú le chéile agus caidreamh a cothú lena soláthrófar córas fuinnimh comhtháite níos glaine na hÉireann.

Tá ról ríthábhachtach ag an líonra gáis i dtírdhreach fuinnimh na hÉireann agus tá

sé riachtanach chun spriocanna na hÉireann um ghníomhú ar son na haeráide a bhaint amach. Tríd an líonra gáis a dhícharbónú, tacófar leis an méadú ar leictreachas in-athnuaite, tiocfaidh laghdú ar astaíochtaí i ngach earnáil eacnamaíoch lena n-áirítear na hearnálacha sin ar deacair iad a dhícharbónú go traidisiúnta amhail an tionsclaíocht, an talmhaíocht agus iompar trom, agus méadófar slándáil agus éagsúlacht sholáthar fuinnimh na hÉireann.

Bith-mheatán

Straitéis náisiúnta bhith-mheatáin na hÉireann

Gás in-athnuaite atá neodrach ó thaobh carbóin de is ea bithmheatán agus is féidir é a dhéanamh as dramhaíl feirme agus dramhbhia trí phróiseas ar a dtugtar díleá anaeróbach. Comhlíonann sé na caighdeáin theicniúla chéanna leis an ngás nádúrtha agus tá sé comhoiriúnach go hiomlán leis an líonra gáis, rud a fhágann gur réiteach iontach chun téamh, tionscail, iompar agus giniúint cumhachta a dhícharbónú.

Foilsíodh Straitéis Náisiúnta Bhith-mheatáin an Rialtais i mí na Bealtaine agus tugadh míneolas inti maidir le roinnt gníomhaíochtaí atá deartha chun níos mó infheistíochta sa tionscal bith-mheatáin a spreagadh. I measc na mbeart nua bhí deontais chaipitil do ghnólachtaí chun cuidiú leo íoc as infheistíochtaí i saoráidí díleá anaeróbaigh, agus cruthóidh an rialtas margadh do bhith-mheatán freisin trí oibleagáidí rialála a

thabhairt isteach ar sholáthraithe fuinnimh an gás in-athnuaite a cheannach. Tá tionscal bith-mheatáin na hÉireann fós ag na céimeanna tosaigh i gcomparáid le tíortha eile an Aontais Eorpaigh. Tá breis is 1,500 gléasra bith-mheatáin ar fud na hEorpa agus is bith-mheatán é thart ar 40% d’ídiú gáis na Danmhairge. Cuireadh béim sa Chomhaontú Glas don Eoraip ar bhith-mheatán mar uirlis ríthábhachtach chun córais talmhaíochta agus fuinnimh na hEorpa a dhícharbónú, agus d’aithin an Coimisiún Eorpach Éire mar áit ina bhfuil an acmhainneacht is airde san Eoraip maidir le táirgeadh bith-mheatáin in aghaidh an duine – tá sé sin mar gheall i bpáirt ar earnáil mhór talmhaíochta na hÉireann.

I bPlean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024, tá sprioc táirgthe bith-mheatáin de 10 faoin gcéad (5.7 TWh) de riachtanais gháis na tíre faoi 2030 agus neartaítear leis an Straitéis Náisiúnta Bhith-mheatáin a thábhacht trína shonrú, “Gan bhith-mheatán, ní dócha go gcomhlíonfaidh Éire a spriocanna aeráide atá ceangailteach ó thaobh an dlí de.”

Todhchaí gháis in-athnuaite na hÉireann a chruthú

Ghlac Líonraí Gáis Éireann céim shuntasach do thionscal bith-mheatáin na hÉireann an Deireadh Fómhair seo caite nuair a bhris an Taoiseach Micheál Martin talamh úr nuair a chuir sé tús oifigiúil leis an tógáil don tsaoráid Insteallta (CGI) na Lárghreille i mBaile Mhistéala a chomóradh. Baineann an tsaoráid sin le hinfeistíocht €32m agus

is céim bhunathraitheach í in aistriú na hÉireann i dtreo fuinneamh in-athnuaite, rud a chuireann ar chumas táirgeoirí iomadúla bith-mheatán a instealladh isteach sa líonra gáis náisiúnta. Agus í ag feidhmiú go hiomlán, tá an acmhainn deartha leis an tsaoráid suas le 700 GWh de ghás in-athnuaite a instealladh isteach sa líonra gáis in aghaidh na bliana, rud a dhéanfaidh laghdú thart ar 130,000 tona CO2 in aghaidh na bliana ar astaíochtaí agus 100% de bhith-mheatán á úsáid. Chuideodh sé le 12% de sprioc táirgthe bith-mheatáin Phlean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide, is é sin 5.7 TWh, a bhaint amach faoi 2030. Deis spreagúil is ea an tsaoráid sin dár dtionscal talmhaíochta. Trína chur ar chumas feirmeoirí chun éagsúlú i dtáirgeadh bith-mheatáin, táimid ag oscailt sruthanna ioncaim nua a rachaidh chun tairbhe do phobail tuaithe agus a chuirfidh le spriocanna inbhuanaitheachta níos leithne na hÉireann. Cuideoidh saoráid CGI Bhaile Mhistéala le hacmhainneacht talmhaíochta na hÉireann chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh a threisiú, rud a fheabhsóidh ár slándáil fuinnimh, agus a spreagfaidh an t-aistriú i dtreo geilleagar níos glaise agus níos athléimní. Bhí tosú an tionscadail mar thoradh ar chleachtadh rathúil rannpháirtíochta margaidh, i gcás inar mealladh spéis ó 22 táirgeoir bith-mheatáin ionchasach le hiarratas ar Léirithe Spéise (LS) chun bith-mheatán a sholáthar don tsaoráid nua CGI i mBaile Mhistéala. Ba é 1,862 GWh in aghaidh na bliana an acmhainn táirgthe chomhcheangailte ó na gléasraí sin, rud a thugann chun suntais an acmhainneacht shuntasach atá ag earnáil bhith-mheatáin na hÉireann chun tacú le haistriú fuinnimh na tíre. Táthar ag súil go mbeidh an tsaoráid CGI i

mBaile Mhistéala ar an gcéad cheann i rolladh amach roinnt saoráidí mar a leagadh amach roimhe seo inár gConair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh a foilsíodh le déanaí.

Tacú le táirgeoirí bith-mheatáin na hÉireann

Le linn 2024, instealladh thart ar 61 GWh de bhith-mheatán isteach sa líonra gáis (39 GWh dúchasach, 22 GWh allmhairithe). Chun fás thionscal an bhith-mheatáin a éascú agus a chumasú, tá Líonraí Gáis Éireann ag obair le roinnt táirgeoirí bith-mheatáin chun naisc dhíreacha leis an líonra a sholáthar do tháirgeoirí bith-mheatáin.

Chomhaontaigh Líonraí Gáis Éireann agus Bia Energy comhpháirtíocht shuntasach chun go mbeifear ábalta gás bith-mheatáin in-athnuaite ó shaoráid Bia Energy ag Saoráid Bia Energy i mBaile Átha Cliath a instealladh go díreach isteach sa líonra gáis. Is é a bheidh mar thoradh air sin go leathnófar an líonra gáis atá ann cheana chun an chéad Phointe Iontrála Gáis In-athnuaite díreach i mBaile Átha Cliath a chruthú ag saoráid díleá anaeróbaigh athchumraithe nua Bia Energy. Nuair a bheidh an tsaoráid ag feidhmiú ag a lánacmhainneacht, táthar ag súil go gcuirfidh sí suas le 120 GWh de bhith-mheatán leis an líonra gáis náisiúnta gach bliain, rud a laghdóidh beagnach 25,000 tona d’astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin gach bliain. Chomh maith leis sin, chuir Líonraí Gáis Éireann síniú an Mheabhráin Tuisceana (MT) le Nephin Renewable Gas i gcrích. Tá sé mar aidhm leis sin forbairt agus comhtháthú an táirgthe bith-mheatáin i líonra gáis na hÉireann a luathú, rud a chuirfidh le dícharbónú an líonra gáis

agus a chuirfidh spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide na tíre chun cinn. Chuir Líonraí Gáis Éireann fáilte freisin roimh an bhfógra ó Cycle0 go bhfuil sé beartaithe acu suas le €100m a infheistiú i gceithre ghléasra nua in Éirinn, agus sainaitníodh suíomhanna ar dtús i gCill Dara, i gCabhán, i nGaillimh agus i Luimneach. Meastar go nginfidh na gléasraí bith-mheatáin nua thart ar 40 GWh de bhith-mheatán in aghaidh na bliana agus go gcuirfidh siad borradh faoi dheiseanna eacnamaíocha do phobail feirmeoireachta áitiúla.

BioCNG

Tá an t-éileamh ar ghás in-athnuaite san iompar ag fás i gcónaí

Tá méadú suntasach 67% tagtha ar an éileamh ar ghás in-athnuaite san earnáil iompair ó bhí 2023 ann. Is forbairt spreagúil í an t-éileamh atá ag méadú ar ghás in-athnuaite san earnáil iompair. Cé nach bhfuil i gceist le hiompar tráchtála ach 3% de na feithiclí ar bhóithre na hÉireann, tá sé freagrach as thart ar 20% d’astaíochtaí carbóin na hearnála, rud a chruthaíonn dúshlán suntasach dícharbónaithe. Cé go bhfuil cumhacht leictreach ina rogha inmharthana ar charranna, ní bhíonn sé oiriúnach i gcónaí d’feithiclí earraí troma (HGVanna). Mar sin féin, cuireann Gás Nádúrtha Comhbhrúite (agus a choibhéis in-athnuaite, BioCNG) laghduithe suntasacha ar astaíochtaí ar fáil don earnáil HGV.

Is féidir le breoslú le Bith-GNC laghdú suas le 90% a dhéanamh ar astaíochtaí feithiclí earraí troma, agus mar sin cuireann sé rogha



Is féidir **suas le 90%** de na hastaíochtaí ó fheithicil earraí troma a laghdú trí bhreoslú le Bith-GNC (Bithghás Nádúrtha Comhbhrúite)

Is céim bhunathraitheach í an infheistíocht de **€32 mhilliún** don tsaoráid nua um Instealladh san Eangach Lárnach (IEL) Bhith-mheatáin i mBaile Mhistéala maidir le haistriú na hÉireann i dtreo fuinneamh in-athnuaite

Athbhreithniú oibriúcháin



Osclaíodh an chéad stáisiún athbhreoslaithe Bhith-GNC tiomanta riamh i bPoblacht na hÉireann

I Meán Fómhair, d’oscail Líonraí Gáis Éireann agus an Grúpa Lidon **stáisiún athbhreoslaithe Bhith-GNC nua** ag Acomhal 14 ar an mótarbhealach M7 i gCill Dara.

breosla ghlain seachas díosal ar fáil don tionscal tarlaithe in Éirinn. Sa bhliain 2024, bith-GNC a bhí i 89% den GNC a dáileadh.

Osclaíodh an chéad stáisiún athbhreoslaithe Bith-GNC tiomnaithe riamh in Éirinn

I mí an Mheithimh, d’fhógair Líonraí Gáis Éireann agus Flogas, cuid de DCC plc, oscailt oifigiúil an chéad stáisiúin athbhreoslaithe Bith-GNC tiomnaithe riamh i bPoblacht na hÉireann. Ba fhorbairt shuntasach í sin do ghnólachtaí ar mian leo aistriú chuig breosla níos inbhuanaithe agus níos glaine dá bhfeithiclí earraí troma. Á oibriú ag Certa, comhchuideachta le Flogas, cuirfidh an stáisiún rochtain áisiúil ar Bith-GNC ar

fáil 24 uair sa lá, seacht lá na seachtaine. Tá sé lonnaithe ag Food Central, Bóthar San Maighréad, i dTuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath, agus is féidir suas le 50 HGV a athbhreoslú ag an láithreán 2,900 méadar cearnach in aghaidh an lae ó dháileoír ardluais déthaobhach amháin. Nuair a bheidh an stáisiún á úsáid go hiomlán, laghdófar breis is 9,000 tona d’astaíochtaí CO2 i gcomparáid le feithiclí earraí troma díosal-bhreoslaithe.

I mí Mheán Fómhair, d’fhógair Líonraí Gáis Éireann agus an Grúpa Lidon oscailt stáisiúin athbhreoslaithe Bhith-GNC nua ag Acomhal 14 ar an mótarbhealach M7 i gCill Dara. Ba é James Lawless TD, an tAire Stáit ag an Roinn Iompair agus ag an Roinn



An fód á iompú ag an Tánaiste Micheál Martin agus ag POF Líonraí Gáis Éireann, Cathal Marley, chun tógáil shaoráid um Instealladh san Eangach Lárnach Bhith-mheatáin i mBaile Mhistéala ag Líonraí Gáis Éireann a sheoladh.

Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ag an am a d’oscail an stáisiún nua Bith-GNC sin go hoifigiúil, agus soláthrófar bith-mheatán ann a tháirgtear go háitiúil i gCill Dara, ag baint úsáid as dramhbhia agus dramhaíl feirme áitiúil, rud a thacóidh le gilleagar ciorclach na hÉireann trí dhramhaíl a thiontú ina fuinneamh in-athnuaite. Is é an t-ochtú stáisiún GNC poiblí a cuireadh i gcrích agus an t-aonú stáisiún déag atá ag feidhmiú san iomlán. Tá an stáisiún seo le ceann de na conairí iompair is gnóthaí in Éirinn a athrú go bealach níos glaine agus níos inbhuanaithe d’oibreoírí feithiclí earraí troma agus dá gcustaiméirí tráchtála.

Arna sholáthar ag Líonraí Gáis Éireann agus comhpháirtithe faoi Thionscadal Causeway, tá na stáisiúin suite go straitéiseach chun tacú le bealaí tarlóra suntasacha. Tá an acmhainn ag na stáisiúin phoiblí úrscothacha chun 50 HGV a líonadh, agus ní ghlacann gach líonadh níos mó ná cúig nóiméad. Cuireann na stáisiúin nua seo ar a gcumas do tharlóirí agus oibritheoirí flit sa réigiún tús a chur leis an aistear i dtreo iompair inbhuanaithe trína mbreosla a aistriú ó dhíosal go GNC anois agus, sa deireadh, aistriú go gáis líonraithe in-athnuaite amach anseo, lena n-áirítear bith-mheatán agus hidrigin.

Hidrigin

Córas fuinnimh ghlan-nialasaigh a sholáthar le hidrigin glas

Athdhearbhaítear le Plean na hÉireann um Gníomhú ar son na hAeráide 2024 spriocanna na hÉireann maidir le gaoth amach ón gcósta, mar atá go mbeidh 7 GW ag feidhmiú faoi 2030, lena n-áirítear 2

GW a bheith tiomnaithe do rogha táirgthe hidrigine roghnaithe na hÉireann, is é sin leictrealú. Is é sin nuair a scoilteann leictreachas uisce ina hidrigin agus ocsaigin. Nuair a chumhachtaíonn foinsí fuinnimh in-athnuaite, amhail gaoth nó grian, an próiseas sin, táirgtear hidrigin ghlas. I ndúil le teacht chun cinn na hidrigine glaise dúchasaí agus na hidrigine trínar n-idirnascairí RA, tá Líonraí Gáis Éireann ag tabhairt faoi chlár fairsing oibre chun go mbeifear ábalta hidrigin a thabhairt isteach sa líonra gáis de réir a chéile agus í a chumasc le gás nádúrtha trí idirnascadh agus nasc díreach araon. Admhaítear sa Straitéis Náisiúnta Hidrigine an ról ríthábhachtach a bheidh ag líonra gáis na hÉireann i dteacht chun cinn na hidrigine in-athnuaite amach anseo agus i réimsí sonracha de chóras fuinnimh na hÉireann, lena n-áirítear na hearnálacha ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a mhaolú amhail iompar, téamh tionsclaíoch agus giniúint cumhachta. Sonraítear inti, “I gcás inar féidir, bheadh sé fabhrach cuspóir an bhonneagair píblíne gáis nádúrtha atá ann cheana le haghaidh hidrigine a athrú,” agus “De réir mar a leathnaíonn an táirgeadh, meastar gurb iad píblínte hidrigine an rogha iompair is suntasaí.”

Taighde hidrigine

Lena chinntiú go bhfuil líonra gáis na hÉireann réidh le hidrigin a iompar, tá Líonraí Gáis Éireann ag obair le hinstiúidí taighde agus leis an saol acadúil, agus tá tástáil á déanamh aige ar chomhoiriúnacht agus ar fheidhmiúlacht na hidrigine ag ár Larionad Nuálaíochta Líonra atá lonnaithe in Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath. Bunaíodh an mol nuálaíochta chun

acmhainn iomlán na hidrigine a thuiscint agus chun a chinntiú go bhfuil an líonra gáis in ann hidrigin chumaisc agus suas le 100% hidrigin a iompar agus a stóráil go sábháilte amach anseo.

Chuaigh Líonraí Gáis Éireann agus AMBER, ionad Taighde ar Ardábhair agus ar Bhithinnealtóireacht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, i gcomhpháirtíocht chun taighde tábhachtach a dhéanamh lena fháil amach cé chomh comhoiriúnach is atá na hábhair a chomhdhéanann píblíne gháis na hÉireann le hidrigin ghlas, céim tosaigh thábhachtach in aistear dícharbónaithe líonra gáis na hÉireann. Tá an tionscadal taighde “Ábhair a Thástáil agus a Fhorbairt faoi Chóimheasa Athraitheacha Hidrigine” á dhéanamh ag eolaithe ó AMBER atá lonnaithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, i gcomhar le hinnealtóirí ó Líonraí Gáis Éireann. Le maoiniú tosaigh de €220,000 sa chéad bhliain, d’fhéadfaí an tionscadal maireachtáil ar feadh suas le cúig bliana.

Tá Líonraí Gáis Éireann ag comhoibriú ar thaighde le hInstitiúid Fuinnimh Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath (UCDEI) chomh maith. Diríodh i gcéim a haon den taighde sin go príomha ar fhearaí tí, a ndearnadh tástáil orthu le cumaisc éagsúla hidrigine. Fuarthas sa taighde go bhféadfadh fearaí tí amhail cócaireáin gháis suas le 20% den hidrigin measctha le gás nádúrtha a úsáid gan gá le hiarfheistiú, mionathruithe ná costais bhreise.

Bhain breis agus 300 de na húsáideoirí gáis líonraithe is mó sa tír le céim a dó den taighde. Fuarthas leis sin go bhfuil 90% de threalamh na n-úsáideoirí deiridh comhoiriúnach le cumaisc de 20% hidrigin,

agus go mbeadh gá le measúnú eile a dhéanamh ar an 10% eile de thionscal na hÉireann chun na mionathruithe is gá a dhearbhu. Tá céim a trí den taighde sin, HyGreenNet, faoi bhealach agus díríonn sé ar an líonra dáileacháin, ag scrúdú go háirithe córais mheánbhrú agus ísealbhrú. Tá sé mar aidhm leis an gcéim sin comhtháthú sábháilte agus éifeachtach a chinntiú trí thástálacha sábháilteachta agus sceite, staidéar ar chomhoiriúnacht ábhar, agus anailís feidhmíochta ar choirí tráchtála a dhéanamh. Tá cuma mhaith ar na torthaí tosaigh ó thástáil ar chaire tráchtála, rud a léiríonn gur féidir le cumasc hidrigine de 20% laghdú suas le 16% a dhéanamh ar astaíochtaí CO2. D’fhéadfaí laghdú suas le 53% agus 69% faoi seach a dhéanamh ar leibhéil aonocsaíde carbóin (CO) agus ocsaídí nítrigine (NOx) freisin trí chumasc ina bhfuil 20% hidrigin a úsáid.

Tá Líonraí Gáis Éireann ag obair go dlúth leis an Ionad Innealtóireachta agus Taighde um Shábháilteacht Hidrigine (HySAFER) in Ollscoil Uladh ar thionscadal taighde maidir le sábháilteacht cumasc hidrigine sa líonra gáis, i gcomhar le hoibreoirí líonra gáis i dTuaisceart Éireann. Tá maoiniú faighte ag an tionscadal ó CASE (Ionad um Fhuinneamh Inbhuanaithe Ardleibhéil). Lena chois sin, tá Líonraí Gáis Éireann ar cheann de roinnt páirtithe leasmhara tionscail atá ag maoiniú comhpháirtíocht straitéiseach dar luach €16m le hinstiúidí trí leibhéal Éireannacha a scrúdóidh conas eanáil fuinnimh iomlán na hÉireann a dhícharbónú ar bhealach iomlánaíoch. Á óstáil ag UCDEI, tacaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) le NexSys (Córas Fuinnimh den Chéad Glúin Eile) freisin.



Bunaíodh ár **Lárionad Nuála Líonra** in Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath, chun tuiscint a fháil ar acmhainneacht iomlán hidrigine

Is féidir astaíochtaí CO2 a laghdú faoi **suas le 16%** le cumasc hidrigine 20%

Athbhreithniú oibriúcháin



Nuálaíocht

Bhunaigh Líonraí Gáis Éireann Grúpa Stiúrtha um Nuálaíocht Gháis nua sa bhliain 2023, ina gcuimsítear ionadaíocht ó gach colún gnó laistigh den eagraíocht.

Déanann beirt chomhaltaí stiúrtha neamhspleácha ionadaíocht don Ghrúpa freisin. Feidhmíonn an grúpa stiúrtha mar bhord rialachais maidir le leithdháileadh na gCistí Nuálaíochta Gáis arna sholáthar ag CRF faoin Rialú Praghsanna reatha. Rinne CRF soláthar €5.3m don tréimhse PC5 agus cuimsítear sa mhaoiniú nuálaíochta sin Ciste Nuálaíochta Líonrabhunaithe (NBIF) agus Ciste Nuálaíochta Straitéiseach (SIF). Tháinig an Coiste Stiúrtha le chéile sé huair le linn 2023/24, agus sholáthair siad rialachas, maoirseacht agus faomhadh maidir le Príomhthionscnaimh Nuálaíochta.

Lárionad nuálaíochta líonra (NIC)

Sa bhliain 2024, bhí ról lárnach fós ag an Lárionad Nuálaíochta Líonra atá lonnaithe in Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath maidir le tacú lenár ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta. Díríonn tionscnaimh taighde agus forbartha hidrigine ar hidrigin ghlas a thabhairt isteach sa líonra gáis agus tástáil a dhéanamh ar chumas an líonra agus an úsáideora deiridh hidrigin a úsáid. Sa bhliain 2023, tógadh saoráid líonra gáis faoi thalamh eisghreille chun taighde agus tástáil phleanáilte ar chumaisc hidrigine a éascú, agus le linn 2024, leanadh le hiarrachtaí chun a fheidhmiúlacht a fheabhsú le haghaidh gníomhaíochtaí cumaisc hidrigine.

Cuireadh roinnt beart agus píosáí trealamh leis sa bhliain 2024, lena n-áirítear saoráid chumasctha, trealamh anailíse gáis, agus cuireadh oibreacha sibhialta agus draenála i gcrích, chun tacú le nuálaíocht agus gníomhaíochtaí hidrigine. Tá an líonra eisghreille á oibriú faoi láthair le 100% de ghás nádúrtha nó 20% de chumaisc hidrigine, agus tá measúnú innealtóireachta breise faoi bhealach le haghaidh 100% hidrigin. Coimisiúnaíodh coire de mhéid tráchtála ar an láithreán freisin, chun tacú le riachtanais líonra ualaigh an láithreáin agus chun tacú le tuilleadh tástála ar fhearaí úsáideoirí deiridh. Leanann Líonraí Gáis Éireann lena fhoireann oibriochtúil féin a úsáid agus páirt a thabhairt dóibh i ngach gníomhaíocht oibriochtúil agus cothabhála ar an láithreáin, ag cur le forbairt inniúlachta le haghaidh na dtionscnamh ‘Ról an Gháis Amach Anseo’.

Le tógáil bóithre agus cosán nua ag baint úsáid as comhiomláin athchúrsáilte ag an Lárionad Nuálaíochta Líonra, léirítear ár dtiomantas do phrionsabail inbhuanaitheachta agus nuálaíochta araon. I ndiaidh faomhadh Tionscadail Nuálaíochta, agus iarracht chomhoibriocht lenár gconraitheoir tréimhse GMC, ní hamháin go bhfuilimid ag laghdú ár dtionchair ar an gcomhshaol ach táimid ag réiteach an bhealaigh dár n-iarrachtaí nuálaíochta trí ábhair athchúrsáilte a threisiú. Faightear na comhiomláin athchúrsáilte sin ó ábhair a athghintear ó dhramhaíl tógála agus scartála, lena n-áirítear coincreít, bríci agus asfalt.

Is gníomhaíocht bhunúsach í an nuálaíocht a bhaineann leis an líonra gáis atá ann cheana ag an Lárionad Nuálaíochta Líonra chomh maith. Tacaíonn sé sin le tionscnaimh lena bhfeabhsófar an dóigh a n-oibrímid agus a mbainistímid an bonneagar gáis anois agus amach anseo.



Buaicphointí um maoiniú nuálaíochta

Ciste Nuálaíochta Gáis – NBIF:
Tá breis agus €1.1m den Chiste Nuálaíochta Bunaithe ar Líonra (€3.4m) leithdháilte ag an nGrúpa Stiúrtha Nuálaíochta ar 27 tionscadal nuálaíochta go dtí seo. Tá 7 dtionscadal críochnaithe, agus cuirfear 4 cinn acu ar aghaidh chuig glacadh gnó mar is gnách. Tá na 20 tionscadal eile ag céimeanna éagsúla dul chun cinn. I measc na dtionscadal a ceadaíodh sa bhliain 2024 tá Uirlis Satailít-bhunaithe Monatóireachta agus Cigireachta Ransaithe, a thacaíonn le gníomhaíochtaí sláine dár bpíblínte líonra.

Ciste Nuálaíochta Gáis – SIF:
D’fhaomh Feidhmeannach Líonraí Gáis Éireann na ‘dúshláin’ taighde don Chiste Nuálaíochta Straitéisí i gcomhar le Taighde Éireann.

Ciste Nuálaíochta Gáis – Tuairisciú:
Thángthas ar chomhaontú le CRF maidir le achair ama tuairiscithe bhliantúil PC5 agus an struchtúr atá beartaithe le haghaidh tuairisciú Nuálaíochta, atá le tosú i R1, 2025.



Inbhuanaitheacht

Mar chaomhnóirí bhonneagar gáis nádúrtha na hÉireann, tá sé mar aidhm ag Líonraí Gáis Éireann seirbhísí a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe a chuireann le cosaint an chomhshaoil agus a thacaíonn le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na bpobal ina n-oibrímid, chomh maith leis an ngeilleagar i gcoitinne.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir lenár dtiomantas i leith na hinbhuanaitheachta, féach leathanaigh 68-78.

I mí Mheán Fómhair 2024, d’fhoilsigh agus sheol Líonraí Gáis Éireann Conair bunathraithe uailmhianach ‘Conair chuig o Líonra Carbóin Ghlan-Nialasaigh’. Leis an gconair sin, leagtar béim ar an ról riachtanach a bheidh ag an líonra gáis náisiúnta maidir le hÉirinn a aistriú go geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050. Trí gáis in-athnuaite amhail bith-mheatán agus hidrigin ghlas a chur in ionad gás nádúrtha, sonraítear sa chonair bunathraithe an turas i dtreo líonra gáis a bheidh a chuspóir agus a mhéid athraithe agus a bheidh dícharbónaithe go hiomlán faoi 2045, rud a chinnteoidh soláthar fuinnimh slán agus iontaofa agus a thacóidh le spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann ag an am céanna.

Ina theannta sin, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil deimhniú ag Líonraí Gáis Éireann de réir cúig Chóras Bainistíochta ISO: ISO 14001 (Comhshaol), ISO 50001 (Fuinneamh), ISO9001 (Cáilíocht), ISO 55001 (Bainistíocht Sócmhainní), agus ISO45001 (Sábháilteacht). Soláthraítear leis na córais

bhainistíochta ISO sin creat láidir a thacaíonn leis an ngnólacht chun feabhsú leanúnach a chur chun cinn. Anuas air sin, tá Líonraí Gáis Éireann deimhnithe le Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach freisin, atá ailínithe leis an gcaighdeán maidir le hinbhuanaitheacht shóisialta ISO26000. Sa bhliain 2024, bhain Líonraí Gáis Éireann an Caighdeán Cáilíochta Infheistíochta in Oibrithe Deonacha amach den chéad uair.



Athbhreithniú oibriúcháin



Marc KeepWell
IBEC arna chreidiúnú

Dámhadh an duais **Fostóir FGL na Bliana Innealtóirí Éireann** orainn mar aitheantas dár gClár Forbartha Ban

Daoine

Leas a bhaint as ár dtaithí ón am atá thart chomh maith lenár bhfoireann a spreagadh chun obair ar son thodhchaí ár líonra

Le linn 2024, rinneadh dul chun cinn breise ar ár gcláir agus ar ár straitéis daoine trí leanúint lenár dtionscnaimh straitéiseacha a sholáthar, lena n-áirítear comhtháthú leanúnach ár gclár cultúrtha, cumarsáid agus rannpháirtíocht inmheánach láidir, ceannaireacht fhócasaithe, cláir fheabhsaithe sláinte agus folláine, agus fócas leanúnach ar scileanna agus ar chumas amach anseo.

Tá ár gcláir fós ag forbairt agus ag fás de réir mar a leathnaítear ár mbealaí cumarsáide inmheánacha trínár n-aistriú digiteach san ionad oibre. Áirítear leis sin soláthar ár scáileán digiteach lena chinntiú go mbeidh rochtain ag ár bhfoirne ar fhaisnéis thábhachtach faoin gcuideachta ar bhealach éasca agus tapa, cruinnithe eolais rialta don fhoireann uile, seisiúin chomhchainteanna, fóraim mhíosúla fostaithe agus seisiúin faoi stiúir saineolaithe ar réimsí spéise ar fud an ghnólachta. Tá ár gcur chuige maidir le rannpháirtíocht fostaithe leabaithe ar fud na heagraíochta agus sa bhliain 2024 chonaiceamar dul chun cinn ar leibhéal na heagraíochta agus na foirne áitiúla araon. Áiríodh leis sin torthaí láidre ag deireadh na bliana agus breis agus 75%

den eagraíocht ag freastal ar gach ceann dár nAthbhreithnithe Gnó Ráithiúla, ghlac 86% dár gcomhghleacaithe páirt sa suirbhé rannpháirtíochta deireadh bliana agus bhí scór rannpháirtíochta inbhuanaithe 90% bainte amach againn ag deireadh na bliana. Tá rannpháirtíocht ár bhfostaithe rithábhachtach do rath na heagraíochta mar go dtugtar deis léi faisnéis a roinnt faoi dhul chun cinn na cuideachta agus éascaítear aiseolas ónár bhfoirne go léir lena chinntiú go leanfaimid lenár gclár oibre daoine a fhorbairt, a fheabhsú agus a fhás agus go ndéanfaimid ár straitéis daoine a sheachadadh.

Sa bhliain 2023, chuireamar ár luachanna eagraíochta athbhreithnithe i bhfeidhm, lena n-áirítear, Ag Tógáil ar Thaithí, An Rud Ceart a Dhéanamh agus Spreagtha chun Athraithe. Sa bhliain 2024, leabaíomar na luachanna eagraíochta seo i bpríomhchláir, lena n-áirítear ár gclár Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe (DE&I), ibelong. D'fhás ár gclár DE&I ibelong tuilleadh sa bhliain 2024, lena n-áirítear bunú Grúpa Acmhainní Fostaithe (ERG) nua, an NextGen Group, arb é an séú ERG ar fud an ghnólachta anois é. Tacóidh an grúpa seo lenár gcomhghleacaithe óga agus cuirfidh sé líonra rithábhachtach ar fáil dóibh chun go n-éireoidh leo agus go bhforbróidh siad ar fud an ghnólachta. Lean comhairle DE&I agus ERGanna de bheith ag ceiliúradh imeachtaí suntasacha lena n-áirítear Féile Bhróid, Holí, Eid, Lá Idirnáisiúnta na

mBan agus mí Feasachta na hÉagsúlachta Domhanda gan ach roinnt bheag a lua. Lena chois sin, bhí ról lárnach ag an gcomhairle agus ag na ERGanna i seoladh roinnt beartais eagraíochtúla fhorásacha, lena n-áirítear ár mbeartais maidir le Meanapás, Malartú Saoire agus Tacaíocht do Chóireáil Torthúlachta. Chomh maith leis sin, rinne an chomhairle maoirseacht ar sholáthar, ar fhaomhadh agus ar sheoladh ár straitéise DE&I ibelong chun an creat gníomhaíochta a sholáthar sna blianta atá amach romhainn. Tá sé sin suntasach mar go soláthraíonn sé an clár gníomhaíochta lena chinntiú go ndéanaimid fíorathrú a leabú sa réimse seo sna blianta atá amach romhainn.

Sa bhliain 2024, leanamar lenár gcláir earcaíochta agus luathghairme lena chinntiú go bhfuil agus go mbeidh píblíne scileanna agus cumas ag an ngnólacht anois agus amach anseo. Líonamar os cionn 159 ról le linn na bliana trí mheascán d'earcaíocht inmheánach, earcaíocht sheachtrach le taithí, glacadh le céimithe agus fostaithe ó choláistí agus printiseachtaí. Mar chuid de sin, thosaíomar ag glacadh le printísigh i mí Mheán Fómhair 2024, inar thosaigh ár bprintísigh nua ag teacht isteach san eagraíocht i ndisciplíní pluiméireachta, leictreachais agus meicniúla. Ina theannta sin, chuireamar críoch le hearcaíocht dár gclár larchéime atá le teacht a thosóidh i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Ceann de na réimsí a ndírímid go leantach air is ea folláine ár ndaoine. Le linn 2024,

leanamar le mórán tionscnamh sláinte agus folláine a sholáthar, lena n-áirítear feasacht ar chothú, seisiúin feasachta i leith ailse, cláir chorpacmhainne agus seisiúin aireachais gan ach roinnt bheag a lua. Tugadh aitheantas dár gcur chuige sláinte agus folláine agus le linn na bliana bhaineamar amach an marc Keepwell de chuid IBEC, rud a léirigh an tacaíocht dhearfach don obair atá á déanamh againn fós sa réimse seo. Reáchtáladh ár gclár meabhairshláinte 'Time to Talk' le linn na bliana agus reáchtáladh go leor seisiún feasachta agus tacaíochtaí, lena n-áirítear seisiún spreagúil Lá Domhanda na Meabhairshláinte, lena chinntiú ndíreimid i gcónaí ar fholláine choirp agus mheabhrach araon.

Leanaimid le hinfheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ár bhfoirne agus seachadadh go leor cláir forbartha le linn 2024 lena n-áirítear ár gcláir oiliúna teicniúla, cláir forbartha shaincheaptha éagsúla lena n-áirítear forbairt cheannaireachta agus bainistíochta, clár féincheannaireachta agus ár gcuid tacaíochtaí breisoideachais. Lean ár gclár um Fhorbairt Ban ar aghaidh le linn 2024 agus ghlac grúpa eile dár mban-chomhghleacaithe páirt ann. Chomh maith leis sin, thug Innealtóirí Éireann aitheantas dár gclár um Fhorbairt Ban, agus bronnadh Fostóir CPD na Bliana de chuid Innealtóirí Éireann orainn mar aitheantas ar an gclár. Tá an clár sin tábhachtach don ghnólacht agus muid ag leanúint lenár dtallann a chothú agus ag déanamh feabhsuithe ar ár n-ionadaíocht ban ag gach leibhéal den eagraíocht ag an am céanna.

Ar deireadh, sa bhliain 2024, chonaiceamar dul chun cinn inár mBearna Phá idir na hInscní a raibh tionchar ag ár gcláir ibelong, Forbairt Ban, Luathoideachas ETIM agus ár gcláir Luathghairme féin air, agus leanfar leis an dul chun cinn sna blianta atá amach romhainn. Is príomhréimse tosaíochta í forbairt na gclár sin agus an straitéis leanúnach maidir le hÉagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú ar fud na heagraíochta.

Oiliúint theicniúil

Le linn 2024, cuireadh cláir oiliúna teicniúla agus cláir forbartha inniúlachta teicniúla iomadúla ar fáil go rathúil ar fud eagraíocht Líonraí Gáis Éireann. Cuireadh oiliúint ar fáil trí mheascán d'oiliúint aghaidh ar aghaidh, d'oiliúint fhíorúil ar líne, de mhodúil ríomhfhoghlama, de cheardlanna praiticiúla agus de mheasúnuithe ar an láthair.

Tuairiscíodh pleanáil cúig bliana (2023 - 2027) agus príomhtháscairí feidhmíochta sábháilteachta próisis freisin chun forbairt inniúlachta ar fud róil theicniúla gáis laistigh de Líonraí Gáis Éireann a rianú.

Cuirtear an clár oiliúna teicniúla ar fáil mar thacaíocht d'fhoireann theicniúil de chuid Líonraí Gáis Éireann, do sholáthraithe seirbhíse innealtóireachta agus dár gcomhpháirtithe ar conradh. Tá Ionad Oiliúna Teicniúla Líonraí Gáis Éireann creidiúnaithe ag Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Baile Átha Cliath), áit a gcuireann ár dteagascóirí a bhfuil taithí acu cúrsaí oiliúna creidiúnaithe ar fáil. Bhí nósanna imeachta um bainistíocht sceite, sainoiliúint maidir le líonraí gáis, oiliúint sa

rialú brú agus oiliúint san ionstraimíocht agus cumarsáid leictreachais mar chuid den oiliúint phraiticiúil a cuireadh ar fáil san Ionad Oiliúna Teicniúla. Tá tionchar dearfach maidir le sábháilteacht, éifeachtúlacht agus tionchar timpeallachta ag baint le gach ceann de na cláir oiliúna seo.

Baineadh leas suntasach as Córas Bainistíochta Foghlama (LMS) 'LearnWorks' Líonraí Gáis sa bhliain 2024, rud a chuir leis an gcleachtas is fearr sa tionscal, ag soláthar idirghníomhaíocht níos fearr d'fhostaithe agus do bhainisteoirí agus rochtain ar phacáistí ríomhfhoghlama saincheaptha go himmheánach. Cuireadh na cláir oiliúna i gcórais TF ar fáil freisin, lenar tugadh tacaíocht d'úsáideoirí na gcóras a bhaineann úsáid as feidhmchláir deisce Líonraí Gáis Éireann le haghaidh bainistíocht oibre agus le haghaidh teicneolaíochtaí láimhe ar an láthair, rud a fheabhsaíonn éifeachtúlacht ár bpróiseas gnó. Déantar dlúthbhainistiú ar ár gclár dearbhaithe inniúlachta agus is éard atá ann measúnuithe inniúlachta ar theicneoirí Líonraí Gáis Éireann agus ar theicneoirí ar conradh atá ag obair ar an líonra gáis.

Tá Líonraí Gáis Éireann ag cur 26 printíseach chun cinn trína meantóireacht, oiliúint agus measúnuithe i 2024. Bhí sé sin comhdhéanta de dhá ghrúpa de 13, a thosaigh a bprintíseachtaí sa bhliain 2022 agus sa bhliain 2024. Na cáilíochtaí ceirde atá á bpróiseáil i bPluiméireacht (15), Uathoibriú Meicniúil agus Feisteoir Cothabhála (5) agus Ionstraimíocht Leictreach (6). Rinneadh dul chun cinn an-mhaith maidir leis na cláir do na 26 printíseacht go léir sa bhliain 2024.



Críochnaíodh an earcaíocht
do Chlár larchéime 2025

Tá 26 phrintíseach
ag dul trí mheantóireacht, trí oiliúint agus trí mheasúnuithe de chuid Líonraí Gáis Éireann



Aurora
TELECOM

Sa bhliain 2024

cuireadh feabhas ar líonraí i mBaile Átha Cliath, i Sionainn, agus in Inis, agus cuimsíonn an líonra aisiompair náisiúnta 1,500km ar fud 15 chontae



Aurora

Leathnaigh Aurora Telecom, ceannaire i seirbhísí Snáthoptaice Dhorcha, a líonra náisiúnta sa bhliain 2024, agus sháraigh sé gach sprioc oibríochtúil. Seo an ceathrú bliain as a chéile a bhfuil fás ioncain dhá fhiigiúr bainte amach ag Aurora Telecom. Tacaíonn líonra ardteicneolaíochta agus iontaofa Aurora Telecom le hiompróirí teileachumarsáide, eagraíochtaí corparáideacha agus eintitis rialtais. Lena thiomantas don nuálaíocht trí infheistíochtaí straitéiseacha, cinntítear soláthar seirbhíse agus éifeachtúlacht oibríochtúil den scoth.

Sa bhliain 2024, rinneamar feabhas ar líonraí cathrach i mBaile Átha Cliath, sa tSionainn agus in Inis. Clúdaítear leis an líonra aisiompair náisiúnta breis agus 1500km anois ar fud 15 chontae, rud a chuireann nascacht shnáthoptaice thar a bheith ard ar fáil do gach cathair agus mórionad uirbeach. I measc na n-iarrachtaí pleanála straitéisí cuireadh staidéir féidearthachta i gcrích maidir le roinnt conairí nua aisiompair, rud a sholáthraíonn bonn láidir dá rolladh amach measta i 2025. I ndiaidh bliain fhioscach láidir eile, tá Aurora Telecom réidh chun


nascacht shnáthoptaice uirbeach agus tuaithe a fheabhsú trína bhonneagar líonra a leathnú, a chumais a fheabhsú, agus seirbhísí agus táirgí nua a thabhairt isteach. Lena líonra snáthoptaice dorcha dúntar an bhearna dhigiteach atá in Éirinn, ag soláthar seirbhísí ardacmhainne do réigiúin nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu agus ag cur borradh faoi dheiseanna fostaíochta, fiontraíocht ar líne agus forbairt eacnamaíoch. Tá foireann Aurora Telecom tiomanta do thacaíocht a thabhairt do sholáthar seirbhísí digiteacha den chéad ghlúin eile ar fud na hÉireann, lena n-áirítear bainistíocht tráchta, monatóireacht ar an gcomhshaol, agus córais shábháilteachta phoiblí. De réir mar a mhéadaíonn éilimh dhigiteacha na hÉireann le hintleacht shaorga (IS) agus meaisínfhoghlaím, beidh cumais ardluais, íseal-aga folaigh na snáthoptaice dorcha riachtanach le haghaidh tarchur éasca sonraí. Éascófar leis feidhmchláir amhail feithiclí uathrialacha, cian-mháinliacht, agus monatóireacht fíor-ama ar othair i suíomhanna cúraim shláinte. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí infheistíocht i mbonneagar snáthoptaice dorcha in Éirinn chun freastal ar éilimh ár sochaí digití atá ag méadú agus chun feabhas a chur ar cháilíocht ár saoil i gcoitinne. Treoraíonn Aurora Telecom an tionscal teileachumarsáide trí dhíograis dhílis do shástacht chustaiméirí, nuálaíocht agus barr feabhais, nascacht gan stró agus an fheidhmíocht is fearr a sholáthar dá chustaiméirí.



GNI (UK) Ltd.

Is é croílár agus príomhfheidhm GNI (UK) Ltd. soláthar gáis d'oiléan na hÉireann a chinntiú.

Is fochuideachta faoi lánúinéireacht Líonraí Gáis Éireann é GNI (UK) Ltd., fochuideachta a oibríonn agus atá ina páirtúinéir ar na píblínte ardbhrú a shíneann ó Moffat, in Albain, go hÉirinn agus go hOileán Mhanann, trí phíblínte fomhuirí a chuireann gás ar fáil do Phoblacht na hÉireann, do Thuaisceart Éireann agus d'Oileán Mhanann (déantar soláthar gáis Thuaisceart Éireann a éascú trí bhonneagar GNI (UK), chomh maith le bonneagar ar le dreamanna eile é). Reachtálann GNI (UK) agus is leis dhá phíblíne i dTuaisceart Éireann, an píblíne Theas Thuaidh a théann ó Bhaile Mhic Gormáin, Co. na Mí, go Co. Aontroma agus an píblíne Thuaidh Thiar a théann ó Charraig Fhearghais go stáisiún cumhachta Chúil Caorach. Is é CRF a rialaíonn GNI (UK) Ltd. maidir leis an líonra i bPoblacht na hÉireann, agus is é an Rialálaí Fóntais i dTuaisceart Éireann agus Ofgem a rialaíonn é sa Bhreatain Mhór. Le linn 2024, d'oibrigh GNI (UK) le príomhpháirtithe leasmhara i dTuaisceart Éireann ar an gcreat beartais agus rialála chun tacú leis an aeráid agus leis an bhfuinneamh.



Athbhreithniú
airgeadais



Ronan Galwey
Príomhoifigeach
Airgeadais

Feidhmíocht airgeadais **láidir**

Ghin Líonraí Gáis Éireann brabús i ndiaidh cánach de €138m, rinne siad íocaíocht díbhinne bhliantúil de €44m leis an Stáchtiste agus sholáthair siad €188m in infheistíochtaí criticiúla i mbonneagar gáis le linn na bliana.

Leanann an fheidhmíocht láidir don bhliain torthaí brabúsachta níos ísle sa bhliain 2021 agus sa bhliain 2022, arna dtiomáint go príomha ag praghsanna mórdhíola gáis níos airde agus bearta maolaithe costais do chustaiméirí a cuireadh i bhfeidhm i gcomhar leis an CRF. Bhí tionchar fabhrach ar thorthaí 2024 ag gnóthachain airgeadais aonuaire de thart ar €9m a bhain leis an bhfuascailt pháirteach ar ár n-ús ar Eorabhanna 2026 agus ar thaisci.

I mí Mheán Fómhair 2024, d'éirigh linn eisiúint Banna Corparáideacha €300m a chur chun críche go rathúil ag ráta cúpóin 3.25%. Léiríodh leis sin formhuiniú láidir ón bpobal infheistíochta agus léiríonn sé a muinín leanúnach i Líonraí Gáis Éireann. I mí na Nollag 2024, d'fhuasclaíomar €164m den Eorabhanna €500m 2026.

Choinnigh Líonraí Gáis Éireann a ngrád infheistíochta rátála creidmheasa de A2 le Moody's agus A+ le S&P sa bhliain 2024. Cuireann na rátálacha creidmheasa láidre seo ar chumas Líonraí Gáis Éireann rochtain a fháil ar raon éagsúil foinsí maoinithe ar phraghas iomaíoch.

Leis an toradh airgeadais don bhliain agus ár méadracht airgeadais láidre, cuirfear ar chumas Líonraí Gáis Éireann leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar criticiúil ar ár líonra gáis chun slándáil fuinnimh a neartú agus éascóidh sé soláthar líonra gáis dícharbónaithe chun tacú lenár n-uailmhianta aeráide.

Príomh-
bhuaicphointí
2024

Ioncam

€600m

Brabús tar éis cánach

€138m

Caiteachas caipitiúil

€188m

Díbhinní íoctha

€44m

Glanfhiachas

€699m

Ráiteas achomair ar ioncam

Catagóir	2024 €m	2023 €m
Ioncam	600	527
Costais oibriúcháin	(276)	(254)
TRÚCDA	323	273
Dímheas agus amúchadh	(154)	(147)
Glanchostais airgeadais	(4)	(11)
Brabús roimh cháin ioncaim	165	115
Muirear cánach	(27)	(19)
Brabús tar éis cánach	138	96
Díbhinn a íocadh leis an Státchiste ¹	44	32

D'fhéadfadh difríochtaí slánúcháin a bheith infheidhme nuair a chuirtear iad i gcomparáid le ríomh amhairc ar na hiomláin sna táblaí atá anseo.

¹ Is é Ervia a d'íoc díbhinn 2023 de €32m leis an Státchiste agus maoiníodh í i bpáirt ag díbhinn de €24m arna híoc ó Líonraí Gáis Éireann le Ervia.



Príomh-threochtaí

Ioncam

Tháinig ardú €73m ar an ioncam iomlán de €600m i gcomparáid le 2023. B'ionann ioncam rialaithe de €554m agus 92% den ioncam iomlán agus tháinig méadú €69m air i gcomparáid le 2023, rud a bhí spreagtha go príomha ag taraifí iompair ní b'airde agus éileamh acmhainne beagán ní b'airde. Tháinig méadú €4m bliain ar bhliain ar ioncam neamhrialaithe de €46m, rud a léiríonn go príomha próifíl na gconarthaí iompair agus coimhdeacha neamhrialaithe.

Costais oibriúcháin

Tháinig méadú €22m ar na costais oibriúcháin (glan) de €276m i gcomparáid le 2023. Ba iad costais incriminteacha a bhain le cibearshlándáil agus slándáil fuinnimh, costais incriminteacha atreoraithe píblíne a bhain le custaiméirí (mar aon le hioncam incriminteach), méadú ar rátaí tráchtála agus brúnna ginearálta costais bhoilscithe ba chúis leis sin den chuid is mó. Rinneadh na méaduithe costais sin a fhritháireamh go páirteach trí sholáthar leanúnach éifeachtúlachtaí costais oibriúcháin agus costais gáis féin-úsáide ní b'ísle de €11m, agus bhí na meánphraghsanna gáis 18% ní b'ísle sa bhliain 2024 i gcomparáid le 2023.

Dímheas

Bhí díluacháil agus amúchadh de €154m €7m níos airde i gcomparáid le 2023, go príomha mar gheall ar ár n-infheistíocht chaipitil leanúnach.

Brabús roimh cháin

Bhí an brabús roimh cháin de €165m €50m níos airde i gcomparáid le 2023, rud a léiríonn:

- Ioncaim níos airde de €73m,
- Glanchostais airgeadais níos ísle de €7m mar gheall go príomha ar rátaí úis margaidh atá ag ardú ar thaiscí airgid thirim agus gnóthachan fuascailte ar aisíocaíocht pháirteach luath an fhiachais ar Eorabhanna 2026,
- Fritháirithe ag costais oibriúcháin ní b'airde de €22m agus costais dímheasa agus amúchta ní b'airde de €7m.

Díbhinní

D'íoc Líonraí Gáis Éireann díbhinn bhliantúil €44m sa bhliain 2024. Tá an díbhinn bhliantúil bunaithe ar 45% de bhrabús na bliana roimhe sin roimh mhíreanna eisceachtúla áirithe mar a thuairiscigh Ervia, máthairchuideachta Líonraí Gáis Éireann roimhe seo.

Sócmhainní bonneagair agus caiteachas caipitil

Sholáthair Líonraí Gáis Éireann clár suntasach infheistíochta caipitil dar luach €188m sa bhliain 2024, méadú infheistíochta 27% i gcomparáid le 2023.

Aithnímid an ról ríthábhachtach atá ag an líonra gáis le bheith mar bhonn faoi shlándáil chóras fuinnimh na hÉireann. Táimid fós dírithe ar a chinntiú go leanfaidh ár líonra de sholáthar sábháilte agus iontaofa gáis a sholáthar – bainfear é sin amach trí leanúint le cláir athchóirithe agus uasghrádaithe rollacha, trí phunann nasc mór nua Giniúna Cumhachta a chur chun cinn agus trí roinnt tionscadail straitéiseacha thábhachtacha a chur chun cinn a chuireann taca faoi athléimneacht chóras fuinnimh na hÉireann. Ag an am céanna, táimid fós ag díriú ar ár líonra a athrú ó bhonn chun gáis in-athnuaite amhail bith-mheatán agus hidrigin a iompar ar scála mór.






Glanbharrachas Pinsin

De bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, an 1 Meitheamh 2024, aistríodh na sócmhainní agus na dliteanais uile de chuid chorparáid reachtúil Ervia a bhí fágtha chuig Líonraí Gáis Éireann, mar a leagtar amach i nóta 26 de na ráitis airgeadais, ina gcuimsítear go príomha sócmhainn pinsin IAS 19 de €28m. Ar an 31 Nollaig 2024, bhí barrachas pinsin cuntasafóchta de €23m ag an scéim seo, i gcomparáid le €14m ar an 31 Nollaig 2023. Ba é ba chúis go príomha leis an ngluaiseacht sa ghlanbharrachas pinsin rátaí lascaine margaidh ní b'airde agus rátaí boilscithe intuigthe margaidh ní b'ísle.

Clár comhardaithe achomair

Catagóir	2024 €m	2023 €m
Sócmhainní bonneagair	2,548	2,515
Sócmhainn pinsin (CIC 19)	23	-
Sócmhainní eile	278	347
Sócmhainní iomlána	2,849	2,862
Iasachtaí agus fiachas eile	(860)	(1,024)
Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile	(141)	(149)
Ioncam agus deontais iarchurtha	(253)	(220)
Dlíteanais chánach iarchurtha	(210)	(206)
Dlíteanais eile	(8)	(7)
Dlíteanais iomlána	(1,472)	(1,606)
Glansócmhainní	1,377	1,256
Glanfhiachas	(699)	(836)

D'fhéadfadh difríochtaí slánúcháin a bheith infheidhme nuair a chuirtear iad i gcomparáid le ríomh amhairc ar na hiomláin sna táblaí atá anseo.





Cuireadh eisiúint Bhanna Corparáideach **€300 milliún** ag ráta cúpóin 3.25% i gcrích i Meán Fómhair 2024

Bhí 88%

d'fhiachas Líonraí Gáis Éireann ag rátaí seasta amhail an 31 Nollaig 2024

Glanfhiachas agus sreafaí airgid thirim

Ba é €699m an glanfhiachas ar an 31 Nollaig 2024, i gcomparáid le €836m an bhliain roimhe sin. Go príomha, baineadh úsáid as sreafaí airgid oibriúcháin glan, i ndiaidh sreafaí airgid úis agus cánach, de €354m, mar aon le laghdú ar airgead tirim coinnithe de €42m, mar seo a leanas:

- Baineadh úsáid as €194m chun riachtanais infheistíochta caipitil a mhaoiniú,
- Baineadh úsáid as €44m chun na híocaíochtaí díbhinne leis an Státchiste a mhaoiniú,
- Baineadh úsáid as €161m (glan) chun iasachtaí a íoc.

Acmhainní caipitil agus rialachas cistíochta

Acmhainní caipitiúla

Bhí iasachtaí agus fiachas eile iomlána de €860m ag Líonraí Gáis Éireann an 31 Nollaig 2024 (€1,024m sa bhliain 2023). Bhí saoráidí neamhtharraingthe de €300m agus €160m in airgead tirim nó i gcoibhéisí airgid thirim ar fáil ar an 31 Nollaig 2024.

I mí Mheán Fómhair, chuireamar eisiúint Banna Chorparáidigh rathúil dar luach €300m ag ráta cúpóin 3.25% i gcrích i mí Mheán Fómhair 2024.

Baineadh úsáid as formhór na bhfáltais mar aon le hiarmhéideanna airgid thirim a bhí ann cheana chun an banna €300m a eisíodh i mí na Nollag 2019,

a tháinig in aibíocht i mí na Nollag 2024, a aisíoc. Úsáideadh cuid de ar chleachtadh bainistíochta dliteanais chun €164m den bhanna €500m arna eisiúint i mí na Nollag 2016 a cheannach ar ais, agus a bhí le fuascailt i mí na Nollag 2026. Is formhuiniú suntasach ón bpobal infheistíochta an maoiniú nua agus léiríonn sé a gcuid muiníne i Líonraí Gáis Éireann. Cabhraíonn an cleachtadh bainistíochta dliteanais le riosca athmhaoinithe 2026 a laghdú agus síneann sé meán-aibíocht an fhiachais, rud a fhágann go mbeidh próifíl fiachais fhoriomlán níos fearr ann.

Bhí 88% d'fhiachas Líonraí Gáis Éireann (gan dliteanais léasa a áireamh) socraithe ag rátaí seasta ar an 31 Nollaig 2024 (2023: 90%). Ba é 1.80% (2023: 1.40%) an meánráta úis ualaithe ar phunann

na n-iasachtaí gan íoc agus ba é 5.27 bliain (2023: 4.05 bliain) meánaibíocht a fhiachais. Sa bhliain 2024, choinnigh Líonraí Gáis Éireann a rátáil fhadtéarmach chreidmheasa le Moody's Investors Services ag A2 agus S&P ag A+.

I mí Eanáir 2024, shíneamar an RCF €300m le sindeacáit banc idirnáisiúnta agus intíre, ar feadh bliana, agus is é Eanáir 2029 dáta aibíochta na saoráide cúig bliana anois agus úsáidfear í chun críocha corparáideacha ginearálta.

Rialachas Cistíochta

Feidhmíonn Líonraí Gáis Éireann feidhm cistíochta láraithe. Is é Bord Líonraí Gáis Éireann a bhí freagrach as gníomhaíocht na cistíochta agus a feidhmíocht, agus comhlíon sé a chuid freagrachta trí athbhreithniú rialta. Déanann an

Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca maoirseacht ar an timpeallacht riosca agus rialaithe. Chomhlíon Líonraí Gáis Éireann ceanglais agus coinníollacha an Aire Airgeadais faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992.

Ní dhéantar feidhm chistíochta Líonraí Gáis Éireann a oibriú mar aonad brabúis agus déantar bainistíocht ar staideanna airgid ar bhealach a sheachnaíonn riosca. Tá cúis bhailí bhunúsach ghnó taobh thiar de gach idirbheart cistíochta agus tá diantoirmeasc ar sheasaimh amhantracha. Tá tuilleadh sonraí maidir lenár mbeartais um bainistíocht riosca airgeadais an rialachais chistíochta leagtha amach i nóta 23 sna Ráitis Airgeadais.

Ionchas airgeadais

Leanfaidh Líonraí Gáis Éireann le príomhról a bheith aige san aistriú chuig córas fuinnimh ísealcharbóin. Trí líonra gáis éifeachtúil agus athléimneach agus soláthar gáis sábháilte agus iontaofa a chinntiú, tacaímid go díreach le fás eacnamaíoch, cruthú luachanna agus cuirimid todhchaí fuinnimh inbhuanaithe chun cinn.




Rátálacha Creidmheasa:

A2 ag Moody's Investor Services & A+ ag S&P


Tacaímid go díreach le

fás eacnamaíoch, le cruthú luacha agus cuirimid todhchaí fuinnimh inbhuanaithe chun cinn

€m Conas a úsáideadh airgead tirim sa bhliain 2024



€m Próifíl aibíochta fiachais amhail an 31 Nollaig 2024




Ár n-acmhainní a úsáid ar bhealach inbhuanaithe

Tacú le fás eacnamaíoch agus todhchaí fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn trí sholáthar gáis shlán agus iontaofa a chinntiú do thithe agus do ghnólachtaí.


Cánacha Phoblacht na hÉireann a íocadh	Cánacha a íocadh	Cánacha a bailíodh
€158m	€20m	€138m

Ba é €158m ar an iomlán a bhí i gceist lenár ranníocaíocht i leith cánacha Éireannacha a íocadh agus a bailíodh le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus taispeántar iad mar seo a leanas:

Muirir cánach



Cánacha a Bailíodh



Fáltais don scairshealbhóir:

Íocadh díbhinn €44m le Rialtas na hÉireann sa bhliain 2024. Le cúig bliana anuas, tá os cionn €200m i ndíbhinní dáilte againn dár scairshealbhóir, Rialtas na hÉireann. Tá sé beartaithe díbhinn €62m a íoc le Rialtas na hÉireann i 2025 ó bhrabúis 2024.

Ag tacú le pobail áitiúla:

Déanfaimid ár ndícheall saol daoine aonair agus pobal a fheabhsú agus misneach a thabhairt dóibh trínár gclár freagrachta corparáidí agus sóisialta.

Líon na bhFostaithe	Uaireanta Oibrithe Deonacha	49,128	Tacaíodh le
800	os cionn 799	Uair an Chloig de Thionchar Sóisialta	90 tionscadal pobail

Rátaí Gnó:

Íocadh €31m i rátaí an bhliain fhioscach seo, rud a chuir go mór le geilleagair áitiúla.

Slabhra Soláthair:

Fuarthas luach €269m (72%) d'Earraí agus Seirbhísí ó Sholáthraithe Éireannacha le linn 2024.

Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht



Edwina Nyhan
An Stiúrthóir Straitéise agus Rialála

Tá inbhuanaitheacht i gcroílár ár ngnó


Táimid ag athrú an líonra gháis ó bhonn chun gáis in-athnuaite a iompar.

Mar cheann de na cuideachtaí fóntais is mó, tá an inbhuanaitheacht mar dhlúthchuid dár ról fuinneamh inacmhainne agus glan a sholáthar san am atá le teacht do mhuintir na hÉireann. Leis sin a bhaint amach, caithfimid ár líonra a dhícharbónú agus astaíochtaí a laghdú sna hearnálacha ar fad i sochaí na hÉireann. Tá bród orainn go bhfuilimid ar cheann den 40 cuideachta in Éirinn ag a bhfuil Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach (BWR). Táimid tiomanta dá chinntiú go dtugtar tús áite don inbhuanaitheacht i ngach rud a dhéanaimid agus go gcuideoimid le hÉirinn a hastaíochtaí carbóin a laghdú. I mí an Mheithimh 2024, sheol Líonraí Gáis Éireann a thionscadal uailmhianach 'Conair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh', ina leagtar amach conas is féidir leis an líonra gáis náisiúnta gás in-athnuaite de 100% a iompar faoi 2045, agus mar sin ról ríthábhachtach a bheith aige maidir le cuidiú le hÉirinn a spriocanna aeráide a bhaint amach. Sonraítear leis an gconair sin an turas bunathraitheach i dtreo líonra gáis ag a mbeidh cuspóir agus méid athraithe agus a bheidh dícharbónaithe go hiomlán faoi 2045, rud a chinnteoidh soláthar fuinnimh sábháilte agus iontaofa, agus a thacóidh le spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann ag an am céanna.

I mí an Mheithimh 2024, bhí an-áthas ar Líonraí Gáis Éireann gur cheap an tAire Comhshaoil, Aeráide, Cumarsáide agus Iompair é mar Chosantóir Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) 2024/2025. Leis an aitheantas sin, tarraingítear aird ar ár dtionscnaimh maidir le tacú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus iad a chur chun cinn. Is é Líonraí Gáis Éireann an chéad soláthraí fuinnimh a roghnaíodh mar chosantóir um Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Cuirimid feasacht inbhuanaitheachta chun cinn go gníomhach i measc ár bhfostaithe agus ár bpáirtithe leasmhara trí rannpháirtíocht phobail, cleachtais ghnó, ceardlanna, cumarsáid sheachtrach, comhdhálacha agus seimineáir ghréasáin.

Is é ár bhfócas do 2024/2025 feabhas a chur ar ár gcultúr inbhuanaitheachta agus é a fhorbairt chun go mbeidh ár bhfostaithe ábalta ár n-uailmhian um ghlan-nialasacht a bhaint amach.

Tá ár straitéis inbhuanaitheachta deartha trí úsáid a bhaint as na trí cholún, Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas, agus tá sé ag teacht le sé cinn de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.



Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht



Comhshaol



Cé go bhfreastalaíonn an líonra gáis ar riachtanais fuinnimh na hÉireann sa lá atá inniu ann, tá sé dírithe freisin ar aistriú chuig líonra a bheidh dícharbónaithe go hiomlán agus a iompróidh gáis in-athnuaite. Tá na huaillmhianta sin ag teacht go mór le tacú le dul chun cinn na hÉireann i dtreo Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 7 de chuid na Náisiún Aontaithe (UNSDG 7): Fuinneamh Glan agus Inacmhainne agus Sprioc Forbartha Náisiúnta 13 de chuid na Náisiún Aontaithe: Gníomhú ar son na hAeráide. Sa bhliain 2024, d'fhoilsigh Líonraí Gáis Éireann aistriú uailmhianach, Conair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh, ina leagtar béim ar an ról riachtanach a bheidh ag an líonra gáis náisiúnta i ngeilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de a chur in Éirinn faoi 2050.

Sonraítear leis an gconair bhunathraitheach sin an t-aistear i dtreo líonra gáis ag a mbeidh a

Is é an t-athrú aeráide an dúshlán is práinní atá le sárú ag Éirinn agus ag sochaithe ar fud an domhain faoi láthair. Chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, tá spriocanna uailmhianacha ag Rialtas na hÉireann maidir leis an aeráid agus leis an bhfuinneamh chun aistriú go rathúil chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050.

chuspóir agus a mhéid athraithe agus a bheidh dícharbónaithe go hiomlán faoi 2045, rud a chinnteoidh soláthar fuinnimh sábháilte agus iontaofa, agus a thacóidh le spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann ag an am céanna.

Déanaimid athbhreithniú leanúnach ag Líonraí Gáis Éireann ar ár gcur chuige maidir le tionchar comhshaoil gníomhaíochtaí gnó a laghdú, agus cuireann ár n-infheistíocht i gcórais agus i bpróisis bainistíochta sócmhainní ceannródaíocha le feidhmíocht fheabhsaithe sócmhainní líonra agus éifeachtúlacht fuinnimh.

Rinneamar cuspóirí a fhorbairt i roinnt réimsí lena n-áirítear gníomhú ar son na haeráide, laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT), úsáid fuinnimh, úsáid uisce agus giniúint dramhaíola agus tá siad sin go léir infhíoraithe laistigh dár gCóras Bainistíochta Comhshaoil ISO14001 deimhnithe agus

Córas Bainistíochta Fuinnimh ISO50001 deimhnithe.

Rinneadh ár bhFardal GCT a dhearbhu go neamhspleách de réir sonraíochtaí ISO14064-3:2019, agus treoir i dtaca le Ráitis GCT a bhailíochtú agus a dhearbhu. Rinneamar iniúchadh seachtrach sa bhliain 2024 freisin lenar bailíochtaíodh ár bpróiseas tuairiscithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Cuireann an grúpa oibre fuinnimh inbhuanaitheachta cur chuige comhtháite agus straitéiseach chun cinn i leith na bainistíochta comhshaoil agus fuinnimh ar fud an ghnólachta agus ar fud ár mboinn sócmhainní. Cuidíonn uirlisí deartha intí saincheaptha agus treoir maidir leis an gcomhshaol lenár ndearthóirí, pleanálaithe agus comhghleacaithe oibríochtaí maidir le cur chuige caighdeánaithe a chur i bhfeidhm maidir le bainistíocht chomhshaoil.

Lean an chuideachta leis an Tuarascáil Bhliantúil Inbhuanaitheachta a fhoilsiú i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaitheachta na Náisiún Aontaithe sa bhliain 2024, ina ndéantar achoimre ar an dul chun cinn atá déanta maidir le prionsabail na forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme ar fud gach gné dár n-oibríochtaí.

Sa bhliain 2024, leanamar ag díriú ar réimsí lena n-áirítear an t-athrú aeráide, astaíochtaí gás ceaptha teasa/bainistíocht carbóin, éifeachtúlacht fuinnimh, bainistíocht dramhaíola agus bithéagsúlacht.

Gníomhú ar son na haeráide

Tá an líonra gáis ríthábhachtach do mheascán fuinnimh na hÉireann agus lánriachtanach maidir le spriocanna gníomhaíochta aeráide a bhaint amach. Is é ár bhfis go mbeidh líonra gáis carbóin ghlan-nialasaigh ann faoi 2045, trí gáis in-athnuaite, lena n-áirítear bith-mheatán agus hidrigin glas a chur in ionad gáis nádúrtha. Ach an líonra gáis a dhícharbónú, cuirfear le forbairt leictreachais in-athnuaite, tiocfaidh laghdú ar astaíochtaí i ngach earnáil den gheilleagar lena n-áirítear na hearnálacha sin ar deacair iad a dhícharbónú go traidisiúnta amhail an tionsclaíocht, an talmhaíocht agus iompar trom, agus cuirfear tuilleadh feabhais ar shlándáil agus ar éagsúlacht sholáthar fuinnimh na hÉireann.

Ar leathanach 52 den athbhreithniú oibriúcháin, leagaimid amach go mion ár bpleananna maidir le gníomhú ar son na haeráide.

Gáis in-athnuaite

Bith-mheatán

Tá bith-mheatán beagnach mar an gcéanna le gás nádúrtha; is féidir é a chur in ionad gáis go héasca i gcórais téimh, in iompar, i nginiúint cumhachta agus i bhfearais. Thacódh tionscal gáis in-athnuaite in Éirinn le dícharbónú na hearnála talmhaíochta, sholáthrófaí deiseanna suntasacha leis do phobail thuaithe, éascófaí geilleagair chiorclacha inbhuanaithe, agus chuirfí feabhas suntasach ar shlándáil an tsoláthair.

Hidrigin

Is gás saor ó charbón é hidrigin is féidir a tháirgeadh ó leictreachas in-athnuaite agus a stóráil ar feadh tréimhse éiginnte, rud a fhágann gur rogha mhealltach é chun córais fuinnimh a dhícharbónú agus sampla láidir de conas is féidir le comhtháthú níos fearr idir ár gcórais gháis agus leictreachais todhchái fuinnimh níos glaine a spreagadh d'Éirinn.

Athrú aeráide agus an 'Tionscadal um Nochtadh Carbóin' (CDP)

Nocht Líonraí Gáis Éireann sonraí carbóin d'ardán an Tionscadail um Nochtadh Carbóin (CDP). Tá clú ar phróiseas nochta agus scórála bliantúil CDP mar phríomhchreat domhanda na trédhearcachta comhshaoil corparáidí agus rangáítear leis cuideachtaí ar scála ó A go dtí D-, bunaithe ar cé chomh cuimsitheach agus atá a nochtadh, a leibhéal trédhearcachta, a bhfeasacht agus bainistíocht ar rioscaí agus deiseanna comhshaoil araon; chomh maith le léiriú a ndea-chleachtais agus spriocanna uailmhianacha agus fóinteacha a leagadh

amach. Léirítear leis an nochtadh sin ár dtiomantas do thrédhearcacht agus do chuntasacht inár n-iarrachtaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhainistiú agus a laghdú. Trí pháirt a ghlacadh in CDP, tá sé mar aidhm ag Líonraí Gáis Éireann faisnéis chuimsitheach agus iontaofa a sholáthar do pháirtithe leasmhara maidir lenár dtionchar comhshaoil agus lenár ndul chun cinn i dtreo spriocanna inbhuanaitheachta.

Sa bhliain 2024, bhain Líonraí Gáis Éireann scór B don athrú aeráide amach ó CDP.

Astaíochtaí gás ceaptha teasa agus feidhmíocht ó thaobh carbóin de

Tá áit lárnach ag na prionsabail maidir leis an inbhuanaitheacht agus an dícharbónú sna cinntí straitéiseacha agus gnó a dhéanaimid. Is Sínitheoirí an Ghealltanais Ísealcharbóin muid, is ionann sin agus tionscnamh Ghnó sa Phobal in Éirinn (BITCI) do ghnólachtaí na hÉireann chun am agus acmhainní a infheistiú in oibríocht níos inbhuanaithe a chruthú, trí bheith níos éifeachtúla ó thaobh an fhuinnimh de agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

Sa bhliain 2024, rinneadh fardal Ghás Ceaptha Teasa Líonraí Gáis Éireann a fhíorú go neamhspleách i gcomhréir le Sonraíochtaí ISO 14064-3:2019 le Treoir maidir le Ráitis Gás Ceaptha Teasa a Bhailíochtú agus a Fhíorú.

Tá grúpaí oibre leanúnacha againn, amhail an Coiste Stiúrtha um Gníomhú ar son na hAeráide, an Coiste Stiúrtha um Inbhuanaitheacht agus an Grúpa Oibre um Úsáid a Laghdú, chun cabhrú linn ár spriocanna maidir le gáis ceaptha teasa a




Sa bhliain 2024, bith-GNC a **bhí i 89%** den GNC a dáileadh

Tá an fhéidearthacht ann chun **130,000** tona d'astaíochtaí CO2 in aghaidh na bliana a sheachaint mar thoradh ar an tsaoráid IEL nua

Rinneadh scrúdú críochnúil ar ár straitéisí móra go léir atá dírithe ar ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú. Cinneadh go raibh na straitéisí sin leordhóthanach chun ár sprioc gealltanais ísealcharbóin a bhaint amach (laghdú 50% ar dhéine astaíochtaí faoi 2030 i gcomparáid le 2010). Tá conair faoileoireachta laghdaithe GCT forbartha againn a fhad le 2030. Féach grafaic eolais na conaire faoileoireachta.

Conair Faoileoireachta Laghdaithe Astaíochtaí GCT 2030



laghdú a bhaint amach. Rinneadh scrúdú críochnúil ar ár bpríomhstraitéisí go léir a dhírigh ar ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Cinneadh go raibh na straitéisí seo sásúil chun ár sprioc gealltanais ísealcharbóin a bhaint amach (laghdú 50% ar dhéine astaíochtaí faoi 2030 i gcomparáid le 2010). Forbraíodh conair faoileoireachta agus rinneadh athbhreithniú Boird uirthi sa bhliain 2023.

Laghdú dramhaíola

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta do dhramhaíl a laghdú chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach. Déantar PTFanna míosúla a thaifeadadh agus a thuairisciú, agus tá sé mar sprioc mheántéarmach na cuideachta nach seolfar aon dramhaíl oibríochtúil chuig láithreáin líonta talún faoi 2025. Déanaimid iniúchóireacht ar ár gcleachtais bainistíochta dramhaíola lena ndéantar an cleachtas oibríochtúil a mheas agus lena chinntiú go gcloítear le caighdeáin Líonraí Gáis Éireann. Tuairiscíonn

ar soláthraithe seirbhíse, lena n-áirítear an dá phríomhchonraitheoir atá againn, ar a gcuid PTFanna dramhaíola ar bhonn míosúil freisin, agus féachann siadsan freisin le sprioc Líonraí Gáis Éireann a bhaint amach faoi 2025, nach seolfar aon dramhaíl oibríochtúil chuig láithreáin líonta talún.

Fuinneamh

Is gá úsáid a bhaint as áiseanna comhbhrúite ag Stáisiúin Chomhbhrúiteora Beattock agus Brighthouse Bay chun gás nádúrtha a aistriú tríd an bPointe Isteach Moffat in Albain chun brú an gháis a sholáthraíonn Moffat a ardú le haghaidh iompair ar aghaidh chuig Tuaisceart Éireann, Oileán Mhanann agus Poblacht na hÉireann agus chun brúnna a choinneáil ar fud an chórais. Aistrítear gás trí dhá idirnascaire fhomhuirí, go líonra cois cladaigh Líonraí Gáis Éireann ag Loch Sionnaigh agus Baile Mhic Gormáin. Is ionann 110 bar agus an brú ar na hidirnascairí, agus laghdaíodh an brú seo sula ndeachthas isteach sa líonra

cois cladaigh 65 bar. Is é breosla, gás, agus leictreachas a úsáidtear chun na stáisiúin chomhbhrúiteora agus stáisiúin laghdaithe brú a fheidhmiú an chúis le 98% den fhuinneamh a úsáideann Líonraí Gáis Éireann.


Is rannpháirtí gníomhach muid i dtionscnamh Monatóireachta agus Tuairiscithe san Earnáil Phoiblí (MTEP) de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ). Baineann scóip MTEP lenár nOifig agus le fuinneamh cabhlaigh. Tá roinnt spriocanna maidir leis an earnáil phoiblí le baint amach againn faoi 2030 lena n-áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 50% (i gcomparáid leis an mbonnbhliain 2016 - 2018).

Mar shampla, is mór an tionchar atá ag ár stáisiúin chomhbhrúiteora ar ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus mheasamar an dóigh is fearr le laghdú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ag ár stáisiúin chomhbhrúiteora a thabhairt chun tosaigh.

Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht



Sóisialta



Leanann Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh de bheith ag díriú ar fholláine ár bhfoirne, ár bpobal, agus ár gcustaiméirí. Tá ról ríthábhachtach ag ár bhfostaithe maidir le rath ár ngnólachta. Tá siad ina gceann feadhna ar ár n-éachtaí, agus tá intleacht chruthaitheach agus an-díograis acu.

Trí infheistíocht a dhéanamh inár bhfoireann, is féidir linn an fhoireann is fearr a mhealladh agus a choinneáil. Díríonn ár gclár shóisialta ar Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú a fheabhsú trí Ghrúpaí Acmhainne Fostaithe (GAFanna) agus rannpháirtíocht, tionscnaimh oideachais, maoirseacht chomhshaoil, agus cuimsiú sóisialta. Táimid tiomanta i gcónaí d'ionad oibre a fhorbairt ina bhfáiltítear roimh an éagsúlacht, ina dtugtar cothrom na Féinne do chách, agus ina mbíonn gach fostaí ar a s(h)uaimhneas ceart. Déanaimid ár ndícheall dul i bhfeidhm go dearfach ar bhithéagsúlacht agus ar Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú trínár n-oibríochtaí laethúla - is tábhachtach an bhithéagsúlacht a chosaint agus ligean di a bheith faoi bhláth d'fholláine ár bhfostaithe agus na bpobal ina n-oibrímid. Tá Líonraí Gáis Éireann deimhnithe le Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach, atá ag teacht leis an gcaighdeán maidir le hinbhuanaitheacht shóisialta ISO26000. Bronnann Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI) an deimhniú seo. Is é

an Marc an t-aon chaighdeán Freagrachta Corparáidí agus Inbhuanaitheachta in Éirinn atá iniúchta go neamhspleách. Mar shealbhóirí an Mhairc, táimid inár mbaill den Ghrúpa Ceannairí Inbhuanaitheachta agus den Ghrúpa maidir le Cuimsiú Sóisialta, agus is sínitheoirí den Ghealltanas 'Elevate' agus den Ghealltanas Ísealcharbóin muid. Tacaíonn ár n-oibríocht fhreagrach ar an líonra gáis agus ár bhfócas ar thacaíochtaí dár bhfoireann agus dár bpobail le dul chun cinn na hÉireann maidir le SFI na NA 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach agus SFI na NA 3: Sláinte Mhaith agus Folláine. Déanann fostaithe obair dheonach mar chuid dár straitéis um fhreagracht chorporáideach.

Sa bhliain 2024, bhí bród orainn a bheith ar an gcéad Eagraíocht Gan Saorálaithe i bPoblacht na hÉireann chun an teastas maidir le hinfheistiú i Saorálaithe a fháil - is é sin an caighdeán náisiúnta cáilíochta a bhaineann le dea-chleachtas maidir le bainistiú saorálaithe. Tríd an gcaighdeán seo a bhaint amach, is



799

n-uair an chloig
d'obair dheonach
curtha i bhfeidhm
ag fostaithe



léir an tiomantas atá ag ár bhfostaithe d'obair dheonach, agus léiríonn sé an tiomantas atá againn do mheas a thabhairt dár saorálaithe, tacú le cuimsiú agus a chinntiú go dtugtar rud éigin ar ais do phobail, rud atá an-tábhachtach dár samhail ghnó.

Bronnadh dhá ghradam a bhfuil ardmheas orthu ar Líonraí Gáis Éireann a bhaineann go sonrach lenár gcláir Shóisialta sa bhliain 2024. Ba mhór an onóir dúinn an gradam um Fheabhas sa Phobal a bhuachan ag Gradaim Aitheanta InBusiness de chuid Chambers Ireland in Aibreán, agus thug an painéal moltóireachta faoi deara go raibh réimse leathan dár ngníomhachtaí, a bhfuil “pobail ar fud na tíre iontu, agus a léiríonn cumhacht eagraíochta a bhfuil láithreachta aici atá go smior i saol laethúil in Éirinn.” I mí Mheán Fómhair, bhí an bua againn arís sa chatagóir Seirbhísí Pro Bono agus Saorálaíochta ag Gradaim Tionchair um Ghnó Inbhuanaithe de chuid Chambers Ireland, rud eile a léiríonn tiomantas ár bhfostaithe dár gclár inmheánach maidir le hobair dheonach. Ba mhór an onóir dúinn freisin Gradam na hEarnála Poiblí a bhuachan ag Searmanas Bronnta an Fhórait Chomhshaoil 2024 i gCorcaigh, agus aithníodh ár dtiomantas do bhitheagsúlacht a chosaint agus cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn inár n-oibríochtaí ag suiteáil os cionn talún sa Ghráinseach, Co. Chorcaí.

Áit Oibre

Gealltanais ‘Elevate’

Is tionscnamh é Gealltanais ‘Elevate’ de chuid BITCI a thacaíonn le gnólaigh chun áiteanna oibre níos ionchuimsithí a chruthú.

Mar shínteoir den Ghealltanais ‘Elevate’, táimid ar cheann de na 66 eagraíocht atá tiomanta do chuimsiú a chur chun cinn inár n-áit oibre agus tacaíocht a thabhairt do na luachanna níos leithne maidir le cuimsiú, comhionannas agus deiseanna sa tsochaí. I dTuarascáil Bhliantúil ‘Elevate,’ déantar próifíl éagsúlachta áiteanna oibre na hÉireann a thomhas agus roinntear cuid de na tionscnaimh trínár féidir fíorathrú a dhéanamh.

Grúpaí acmhainne fostaithe

Tá ról ríthábhachtach ag ár nGrúpaí Acmhainne Fostaithe maidir lenár gcur chuige maidir le hÉagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú. Le linn 2024, chuireamar ár líonra NextGen ar bun, agus bhí sé mar aidhm shonrach aige gníomhaíochtaí idirghlúine agus líonraithe a chur ar fáil. Tá an líonra Ban, an líonra Bogha Ceatha, an líonra Teaghlaigh, an líonra Néara-éagsúlachta agus Cumais agus an líonra Cultúir agus Eitneachta i measc ár GAFanna. Is príomhréimse tosaíochta é forbairt na ngrúpaí seo agus an straitéis leanúnach maidir le hÉagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú ar fud na heagraíochta.

Rannpháirtíocht Fostaithe

Bíonn an fhoireann inbhuanaitheachta i dteagmháil leis an bhfoireann go rialta trínár nuachtlitir inmheánach agus trí inlíon cuideachta. Sa bhliain 2024, bhí sé mar aidhm chumarsáide againn feasacht ar ghnéithe iomadúla na hinbhuanaitheachta a chur chun cinn, agus ár bhfoireann a spreagadh chun cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh chucu féin agus athruithe beaga a

dhéanamh dá réir ar a modhanna oibre agus ar a saol pearsanta.

Is ardán í an chumarsáid seo freisin chun an fhoireann a chur ar an eolas faoi dheiseanna obair dheonach. Féadann ár bhfoireann ar fad obair dheonach a dhéanamh le haon cheann dár gcláir scoile agus dár ngníomhaíochtaí um Fhreagracht Shóisialta Chorporáideach (CSR). Rinne fostaithe 799 uair i mbliana i mbun obair dheonach, agus sholáthair ár gcláir 49,128 uair de thionchar sóisialta.

Daonchairdeas

Sa bhliain 2024, leanamar lenár gciste carthanais fostaithe a éascú - is féidir le gach fostaí iarratas a dhéanamh síntiús a fháil uair sa bhliain dá rogha carthanacht fhiúntach. Tríd an gciste seo, thug Líonraí Gáis Éireann tacaíocht do 34 cúis phobail, agus bhronn siad €12,250 thar ceann ár bhfostaithe.

Ghlac ár bhfostaithe páirt i dtionscnaimh tiomsaithe airgid chun tacú le Aware, The Sanctuary Runners, My Canine Companion, This Is Me Neurodiversity, Focus Ireland, Giving for Living Radiothon, LADT Éireann, Outhouse, The Switchboard, Rainbow Club Cork, Little Seeds Arch Club, Movember, Cork Penny Dinners, Clann Shíomóin, Cumann Naomh Uinseann de Pól, agus MS Ireland. Bailíodh €18,803 san iomlán.

Pobal

Oideachas

Soláthraíonn Líonraí Gáis Éireann cláir oideachais éagsúla ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Mata)

le linn na bliana acadúla, agus cuireann sé béim ar leith ar mhná a chur chun cinn i ról ETIM agus innealtóireachta freisin. Déanaimid ár ndícheall oideachas comhshaoil a chur chun cinn freisin trínár gcomhpháirtíocht le Ná Fág Lorg Éireann agus imeachtaí le linn sheachtain na Bithéagsúlachta.

Spreagadh

Sa bhliain 2024, leanamar le hurraíocht a dhéanamh ar chlár oideachais ETIM de chuid Junior Achievement Ireland, ‘Fuinnmhigh’, i mbunscoileanna ar fud na tíre.

Ceapadh an clár ‘Fuinnmhigh’ chun spéis na ndaltaí in ábhair theicniúla a mhúscailt, chun iad a spreagadh leanúint ar aghaidh leis an eolaíocht san oideachas dara leibhéal agus tuilleadh lena chois, agus chun iad a chur ar an eolas faoi na deiseanna gairmiúla a bheidh ar fáil dóibh amach anseo. Tá modúl inbhuanaitheacht sa chlár ‘Fuinnmhigh’, a phléann coincheapa a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe. Ba é 2024 an cúigiú bliain déag dár gcomhpháirtíocht le Junior Achievement Ireland agus bhí níos mó éilimh ná riamh ar an gclár sa bhliain sin, ghlac 4,026 dalta páirt sa chlár ‘Fuinnmhigh’ le linn na bliana acadúla 2023/2024.



Tá comórtas ealaíne ann mar chuid den chlár Fuinnmhigh, rud a spreagann daltaí póstaer sábháilteachta a dheardh agus roghnaítear buaiteoir nua gach téarma. Foghlaimíonn daltaí teachtaireacht thábhachtach faoi fheasacht ar aonocsaíd charbóin trí chruthaitheacht agus ealaín a úsáid mar mhodh gníomhachtaíthe, agus cuireann gach dalta an teachtaireacht sin in iúil dá dteaghlach féin dá bharr sin, rud a thacaíonn le teachtaireacht shábháilteachta Líonraí Gáis Éireann ar aonocsaíd charbóin.

D'oibrigh Líonraí Gáis Éireann i gcomhar le Junior Achievement chun ceardlanna STEAM a sholáthar i mbunscoileanna le linn na bliana. Le linn Sheachtain na nInnealtóirí STEPS i mí an Mhárta, thástáil daltaí ó Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh sa Sruthán Aoibhinn a gcuid scileanna innealtóireachta agus d'fhoghlaim siad faoi fhuinneamh in-athnuaite trí thuirbíní gaoithe a dhéanamh.

Am le Comhaireamh

Is clár BITCI é ‘Am le Comhaireamh’ ina dtugtar deis d'fhoireann Líonraí Gáis Éireann tacaíocht uimhearthachta a thabhairt do pháistí rang a trí ó bhunscoileanna áitiúla DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna). Cuirtear an clár seo i gcrích lenár scoileanna comhpháirtíochta fadtéarmacha Scoil Mother of Divine Grace i bhFionnghlas agus Scoil Aiséirí Chríost i gCorcaigh. Tugann oibrithe deonacha cuairt ar na scoileanna comhpháirtíochta sin gach seachtain mar chuid de chlár 8-12 seachtaine chun cuidiú le scileanna matamaitice na ndaltaí trí chluichí agus gníomhaíochtaí spráíula idirghníomhacha. Tugtar deis iontach do

na páistí turas a dhéanamh ar ár n-oifig atá áitiúil don scoil ag deireadh an chláir; agus tá tóraíocht taisce bithéagsúlachta ann freisin.



Saol na hOibre

Déanann Líonraí Gáis Éireann urraíocht ar sholáthar náisiúnta an chláir BITCI ‘Saol na hOibre’, a chuireann deis ar fáil do dhaltaí meánscoile bualadh le fostaithe ó chuideachta áitiúil chun foghlaim faoin áit oibre agus gairmeacha beatha a mheas, agus áirítear modúl inbhuanaitheachta leis seo. Oibrímid go díreach i gcomhar le dhá scoil chomhpháirtíochta agus ár 18ú bliain á ceiliúradh againn le Coláiste Pobail de Nógla i gCorcaigh agus ár 15ú bliain le Coláiste Bhinn Aoibhinn i bhFionnghlas. Tugann an dá scoil chomhpháirtíochta cuairt ar ár n-oifig le linn an chláir.



Rinne 1 as 6

de na fostaithe
obair dheonach uair
amháin ar a laghad

Bailíodh
€18,803

do charthanachtaí
éagsúla le linn
2024 mar thoradh
ar thionscnaimh
tiomsaithe airgid
ár bhfostaithe

Aithnímid ár ról agus ár bhfreagracht chun freagairt a dhéanamh agus chun beart a dhéanamh d'fhonn bithéagsúlacht na hÉireann a chosaint agus a thabhairt ar ais. Aithnímid freisin go bhfuil an acmhainn ann gnáthóga a thacaíonn le pailneoirí a chruthú ar fud na tíre agus ár n-eolas a roinnt le gnólachtaí eile.

Rinneadh an modúl inbhuanaitheachta nua a chur i bhfeidhm sa bhliain 2023 agus áirítear gné iomaíochta ann, an feachtas um Rannpháirtíocht Óige in Inbhuanaitheacht. Tá fáilte roimh scoileanna rannpháirtíochta tionscadail a chur isteach a cuireadh i bhfeidhm ina scoileanna nó ina bpobail atá dírithe ar bhealaí praiticiúla chun an domhan a dhéanamh níos inbhuanaithe. I gcás iontráil Choláiste Bhinn Aoibhinn a bhuaigh, cruthaíodh luibhghort trí úsáid a bhaint as píopaí gáis a baineadh athearraíocht astu, agus úsáideadh péint sa bhreis ó sheomra na healaíne chun é a mhaisiú. Cuirfidh an tionscadal luibheanna úra ar fáil do cheaintín na scoile, rud a spreagfaidh réim bhia shláintiúil, agus le linn shaoire na scoile, tabharfaidh áitritheoirí an tí altranais aire don ghairdín agus bainfidh siad úsáid as na luibheanna.

Is Mian Liom

Tionscnamh a bhfuil duaiseanna buaite aige is ea 'Is Mian Liom' a spreagann daltaí meánscoile baineanacha chun dul le gairmeacha ETIM. Comhghuaillíocht ar leith idir rialtas áitiúil, earnáil an ardoideachais agus earnáil na tionsclaíochta agus atá faoi stiúir oibríthe deonacha is ea Is Mian Liom agus sprioc chomhchoiteann acu rannpháirtíocht ban in ETIM a fheabhsú trí rannpháirtíocht ardtionchair dhírigh, trí spraoi agus trí rannpháirtíocht spreagúil. Ghlac Líonraí Gáis Éireann páirt in imeacht painéil a dhírigh ar inbhuanaitheacht agus d'éascaigh ár mic léinn bhaineannacha stáinín faisnéise ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath.

Seachtain na Bithéagsúlachta

Chun Seachtain na Bithéagsúlachta a cheiliúradh i mí na Bealtaine, rinne Líonraí Gáis Éireann urraíocht ar shraith siúlóidí bithéagsúlachta treoraithe do dhaltai bunscoile, a d'éascaigh Midlands Science. Glacadh 45 dalta ó Scoil Náisiúnta Choill Uí Dhúlaí, Co. Laois agus Scoil Náisiúnta Naomh Pól, Móinteach Mílíc ar shiúlóidí oideachais treoraithe chun breathnú thart ar thalamh portaigh áitiúil. D'fhoghlaim na daltaí conas flóra agus fána dúchasach a aithint, leis an aidhm iad a spreagadh aire a thabhairt dár mbithéagsúlacht áitiúil agus dár n-éiceachórais.

Caidrimh phobail

I mí an Mheithimh, d'oibrigh na foirne inbhuanaitheachta, talún agus toilithe, agus soláthair tionscadail le chéile chun blitzchomórtas CSR a réachtáil san Iarmhí chun cur le gníomhaíochtaí tógála an phiblíne áitiúil. Bhí roinnt gníomhaíochtaí fiúntacha le linn an lae sin amhail ceardlanna 'Fuinnmhígh' agus tráth na gceist ar bhláthanna fiáine ag Scoil Náisiúnta Chnoc an tSamhraidh, An Droim, agus bhí glantachán pobail agus cleachtas rochtana



Wheelmap i nDroichead Chaisleán Loiste ina dhiaidh sin. Is mór an tionchar a rinneadh trí rannpháirtíocht le 110 dalta, 21kg de dhramhaíl a ghlanadh, agus 15 áit a chur leis an Wheelmap áitiúil.

Ná Fág Lorg

Leanamar lenár gcaidreamh le 'Ná Fág Lorg' sa bhliain 2024. Le linn Sheachtain SFI na hÉireann i mí Mheán Fómhair, d'oibrigh sé linn ar thionscnamh chun tacú le Cumann Phobal an Ghleanntáin agus Cairde Éanlaith Éireann bainistíocht a dhéanamh ar an tearmann éan ag bogaigh Oileán an Harpúraigh i gCorcaigh. Rinne na fostaithe a rinne obair dheonach suirbhé darach ag na Bogaigh chun tacar sonraí a sholáthar a léiríonn bithéagsúlacht luachmhar an cheantair, agus conairí imfháis a ghlanadh chun iad a ullmhú don gheimhreadh.



An Bhithéagsúlacht

Tá réimse leathan bithéagsúlachta in Éirinn, idir orgánaigh bhídeacha a fheabhsaíonn ár n-ithreacha agus a phailníonn ár mbarra agus ainmhithe agus plandaí níos mó a choimeádann srian ar ár lotnaidí, a fheidhmíonn mar linnte carbóin agus a thugann cosaint do bhia. Cuireann siad

go léir seirbhísí luachmhara éiceachórais ar fáil agus is cuid riachtanach den inbhuanaitheacht iad agus tá siad á gcur i mbaol le tionchar ghníomhaíochtaí an duine.

Tá líonra mór bonneagair faoin talamh againn, mar aon le 222 suiteáil os cionn na talún (AGlanna) agus suíomh oifige, agus aithnímid ár ról agus ár bhfreagracht chun freagairt agus gníomhú le bithéagsúlacht na hÉireann a chosaint agus a athchóiriú.

Aithnímid freisin go bhfuil an acmhainn ann gnáthóga a thacaíonn le pailneoirí a chruthú ar fud na tíre agus ár n-eolas a chomhroinnt le gnólachtaí eile.

Tá roinnt gealltanais tábhachtach inár nGealltanais 'Síolta ar son an Dúlra', a síníodh sa bhliain 2019; bainistíocht a dhéanamh ar ár mbonneagar, ár sócmhainní agus ár suíomhanna oifige go léir (in Éirinn agus in Albain araon) chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta, agus chun an cur i bhfeidhm sin a mhéadú agus chun tús áite a thabhairt dó.

Is comhpháirtí gnó muid den Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus den Ghlaon Gníomhaíocht dhomhanda de chuid Business for Nature lena n-éilítear gníomhaíocht uailmhianach agus chomhchoiteann ar an dúlra. Le linn 2024, thug Líonraí Gáis Éireann faoi bhainistíocht oiriúnach do phailneoirí ar fud líonra ár láithreán nuair ba chuí agus cur chun feidhme ár bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht. Leanamar orainn leis na gníomhartha a ghlacadh chun ár n-aidhmeanna a chur i gcrích, eadhon:

- Leanúint le bearta bithéagsúlachta a

fhorbairt agus a leabú inár ngnó;

- Tacú lenár mbaill foirne chun an Plean Gníomhaíochta don Bhithéagsúlacht a sholáthar;
- Leanúint ag oibriú lenár gcomhghleacaithe agus ag oibriú lenár bpobail ar thionscnaimh bhithéagsúlachta;
- Oibriú i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara chun rath bithéagsúlachta níos leithne a bhaint amach;
- Ár ngealltanais bhithéagsúlachta a chomhlíonadh trí dhea-chleachtas bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm, agus
- Féachaint le glanthionchar dearfach a bheith againn ar an mbithéagsúlacht inár n-oibríochtaí agus inár dtionscadail bhonneagair go léir faoi 2025.

D'fhonn feidhmíocht na cuideachta maidir le dea-chleachtas sa bhithéagsúlacht a bhaint amach ag ár láithreáin a thomhas, d'fhorbraíomar freisin modh tomhais bithéagsúlachta eolaíocht-bhunaithe lena ndéantar gnáthóga agus ar n-acmhainneacht bithéagsúlachta a mheasúnú agus a scóráil. Leis an modh sin soláthraítear faisnéis luachmhar chun cuidiú linn ár mbonn sócmhainní bithéagsúlachta a thagarmharcáil agus a fhás sa bhliain 2024 agus ina dhiaidh sin.

Sa bhliain 2024, leanamar lenár bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht a bheachtú ina leagtar amach bearta atá le déanamh ag an ngnólacht chun a Ghealltanais Bhithéagsúlachta a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas samplaí

de bhearta a rinneadh sa bhliain 2024: 17 suirbhé bhunlíne ar bhithéagsúlacht a dhéanamh, 5,437 crann dúchasacha Éireannacha a chur, agus áireamhán tionchair bithéagsúlachta a fhorbairt a ceapadh le húsáid inár dtionscadail thógála, a mheasfaidh an t-athrú ar bhithéagsúlacht ón mbunlíne go hiar-thógáil ó thaobh na cainníochta de, agus tabharfar eolaíocht mar thaca do léargais ar ár n-iarrachtaí bithéagsúlachta a fheabhsú. Sa bhliain 2024, rinneamar tionscadail fheabhsaithe bhithéagsúlachta ag ceithre cinn dár suiteálacha os cionn na talún. Áirítear leis na bearta a rinneadh speicis neamhdhúchasacha agus ionracha a bhaint agus speicis dhúchasacha mheasctha a chur ina n-áit, agus locháin, gnáthóga geimhreachais, cairn lomán agus gnáthóga eile a chruthú do speicis a thángthas orthu ag ár suíomhanna.

Feasacht faoi bhithéagsúlacht a chur chun cinn

Rinneamar iarracht ghníomhach feasacht faoi bhithéagsúlacht a chur chun cinn sa phobal trí thionscnaimh oideachais agus urraíocht foilseachán.



Rinneamar dhá imeacht "Siúlóid Ialtóg" a óstáil ag láithreáin i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh dár mbaill foirne, do theaghligh agus do chairde chun foghlaim faoi ialtóga iontacha a thugann cuairt ar ár AGlanna istoíche agus faoin tábhacht a bhaineann leis na gnáthóga sin a chaomhnú chun daonraí ialtóg na hÉireann a chosaint. I measc tionscnaimh eile bhí siúlóid bhithéagsúlachta i gCorcaigh do pháistí scoile, agus láithreáin neadaithe a mhaoiniú do thionscnaimh caomhnaithe gabhlán gaoithe.



Cuireadh
5,437
gcrann ar fud
ár sócmhainní

Gairdíní déanta
inrochtana agus réidh
don gheimhreadh
do 15 chliant
Aoisghníomhaíocht
Éireann

I mí an Mheithimh, nochtadh an dara sraith de mhúrphictiúir a bhaineann leis an téama bithéagsúlachta ag ár scoil chomhpháirtíochta, Coláiste Pobail de Nóglá i gCorcaigh. Is daltaí ealaíne ón 1ú bliain go dtí an 6ú bliain a rinne an múrphictiúr ilmheánach a dhearadh, a phéinteáil agus a dhealbhú sa scoil, agus is comhartha ómóis é an múrphictiúr seo do bithéagsúlacht agus d'inhuanaitheacht, agus tá an flóra, an fána agus éiceachórais éagsúla na hÉireann ann. Tá an múrphictiúr seo breá feiceálach ón gconair phoiblí in aice leis an scoil, agus feabhsaíonn sé feasacht comhshaoil ní hamháin i measc na ndaltaí, ach sa phobal áitiúil freisin.

Rinneamar óstáil ar dhá imeacht “Siúlóid Ialtóige” ag láithreáin i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh dár mbaill foirne, teaghlaigh agus cairde chun foghlaim faoi ialtóga iontacha a thugann cuairt ar ár suiteálacha os cionn na talún istoíche agus an tábhacht a



bhaineann leis na gnáthóga seo a chaomhnú chun daonraí ialtóige Éireannacha a chosaint.

Tar éis tionscnamh rathúil i gCorcaigh sa bhliain 2023, leanamar ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt do Swift Conservation Ireland, a oibríonn lena chinntiú go bhfuil go leor suíomhanna neadaithe ann do ghabhláin ghaoithe a dhéanann imirce go hÉirinn le linn mhíonna an tsamhraidh. A bhuí leis an maoiniú a fuaireamar don bhliain 2024, agus le tacaíocht Murphy Group a sholáthair an t-innealra cuí, bhíomar in ann boscaí neadaithe a chur ar fáil ag trí scoil i mBaile Átha Cliath. Tacaíonn an feabhsú simplí bithéagsúlachta seo le fiadhúlra áitiúil, cuireann sé feasacht bithéagsúlachta chun cinn, agus tacaíonn sé le tionscnaimh na Scoileanna Glasa.

Sa bhliain 2024, leanamar lenár n-urraíocht bhliantúil i gcomhair fhorlíonadh inhuanaitheachta an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta san Irish Examiner. In ábhar na bliana seo, “Bithéagsúlacht i mBun Gníomhaíochta”, díriodh ar fheasacht a spreagadh ar bithéagsúlacht agus ar ghnáthóga na hÉireann, agus ar an tábhacht a bhaineann le caomhnú agus taifeadadh speiceas.

Áit an Mhargaidh

Inrochtaineacht

Oibríonn Líonraí Gáis Éireann i gcomhar go dlúth hAoisghníomhaíocht Éireann chun ár dtiomantas a chur in iúl do na daoine is leochailí sa tsochaí a chosaint agus do thacaíocht a thabhairt d'inrochtaineacht agus cuimsiú.

Sa bhliain 2024, leanamar lenár mblitzchomórtas garraíodóireachta. Tugann an blitzchomórtas garraíodóireachta tacaíocht do chlár ‘Cúraim is Deisiúcháin’ Aoisghníomhaíocht Éireann, trína gcuirtear ar chumas a gcliant maireachtáil go neamhspleách ina dtithe. Chaith fostaithe ó oifigí Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí araon lá ag obair i dtithe chliaint scothaosta Aoisghníomhaíocht Éireann, thug siad faoi roinnt gharraíodóireachta éadrom agus chuir siad slacht ar ghairdíní a gcliant chun iad a réiteach don gheimhreadh.

Leanamar orainn an t-airgead a bhronnadh ar Aoisghníomhaíocht as na suirbhéanna custaiméara a rinne custaiméirí príobháideacha agus tráchtála araon.

Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

Tuigeann agus leagann Líonraí Gáis Éireann luach ar an ról ríthábhachtach a ghlacann páirtithe leasmhara ina ghnó. Tá plean cuimsitheach rannpháirtíochta páirtithe leasmhara ag an gCuideachta ina nglactar cur chuige iomlánaíoch praiticiúil i leith rannpháirtíocht páirtithe leasmhara bunaithe ar an gCaighdeán Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara (AA1000SES) atá aitheanta go hidirnáisiúnta.

Tuigtear gur tábhachtach seisiúin a réachtáil le páirtithe leasmhara agus tacú leis an bpobal i mbailte áit a bhfuil sé ríthábhachtach go bhfuil an líonra gáis ag forbairt. Oibríonn Líonraí Gáis Éireann le pobail lena chinntiú nach gcuireann tionscadail tógála sa cheantar isteach go rómhór orthu agus tugann siad tuairiscí rialta i nuachtáin áitiúla agus ar stáisiúin raidió áitiúla.

Athbhreithniú ar inhuanaitheacht



Rialachas



Taobh istigh de Líonraí Gáis Éireann, tá rialachas corparáideach den scoth lárnach maidir lenár gcinntí gnó agus tá sé ríthábhachtach maidir lenár straitéis ghnó a bhaint amach. Creidimid gurb é dea-rialachas corparáideach bunchloch an chleachtais eagraíochtúil eiticíúil, lena gcuimsítear prionsabail agus struchtúir atá mar threoir maidir le cinnteoireacht, trédharcacht agus cuntasáíocht laistigh dár n-eagraíocht.

I Líonraí Gáis Éireann, baineann dearbhú eitice le caighdeáin dhlíthiúla a chomhlíonadh, ní hamháin é sin ach cultúr macántachta, cothroime agus freagracht shóisialta a chaomhnú freisin. Creidimid go bhfuil muinín riachtanach le haghaidh caidrimh ghnó inhuanaithe, agus déantar é a chothú trí chomhlíonadh leanúnach na bprionsabal eiticíúil, trí chumarsáid thrédharcach agus trí ghníomhartha freagracha. Ina theannta sin, dlúthchuid lárnach dár n-iompar gnó eiticíúil is ea tús áite a thabhairt do chearta an duine agus troid i gcoinne sclábhaíocht chomhaimseartha trínár slabhra soláthair, rud a léiríonn tiomantas do mheas a thabhairt do dhínt agus d'fholláine daoine laistigh agus lasmuigh d'oibríochtaí na cuideachta araon. Trí thacú leis na luachanna seo, neartaítear ár gclú agus beidh

sochaí níos cothroime agus níos inhuanaithe againn. Chuirimid fáilte roimh an Treoir maidir le Tuairisciú Inhuanaitheachta Corparáideach a thabhairt isteach (TTIC) mar tugann sé deis dúinn ár gcleachtais inhuanaitheachta a athscrúdú. Ní hamháin go spreagann an treoir seo muid machnamh a dhéanamh ar ár straitéisí reatha ach chomh maith leis sin, spreagann sí muid caighdeáin rialachais fheabhsaithe a thabhairt isteach agus cultúr inhuanaitheachta a chur i bhfeidhm tuilleadh inár ngnó. Táimid tiomanta do thrédharcacht, cuntasáíocht, agus feabhsú leanúnach a chothú inár n-iarrachtaí inhuanaitheachta. Tá ár mBord freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ár straitéis ghnó, agus sa bhliain 2024, lean Bord an Choiste Sábháilteachta, Inhuanaitheachta agus Daoine

Tá an Príomhoifigeach Dlí freagrach laistigh de Líonraí Gáis Éireann as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí frithbhreabaireachta. Ceaptar Ceann an Iniúchta Inmheánaigh mar churadh frith-chalaoise na heagraíochta agus faigheann sé/sí tacaíocht ón bPríomhoifigeach Dlí agus ón bhFeidhmeannach atá i gceannas ar thionscnaimh fhrith-chalaoise laistigh dá gcolún féin. Tá Stiúrthóir Daoine Líonraí Gáis Éireann freagrach as ár mbeartas frithbhreabaireachta a chur in iúl don fhoireann nua uile le linn an ionductúcháin. Ní mór don fhoireann uile dul faoi oiliúint éigeantach ar ghníomhaíochtaí frith-chalaoise, frithbhreabaireachta agus frith-éillithe ar bhonn bliantúil.

Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh le maoirseacht a dhéanamh ar ár gcleachtais inbhuanaitheachta óna bhunús sa bhliain 2023.

Eitic agus ionracas

Tá ár gclú agus an mhuinín atá ag ár gcustaiméirí, páirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne asainn bunriachtanach maidir lenár rathúlacht. Tá ionracas ríthábhachtach chun an mhuinín sin a chothú. Tá clár darb ainm “An Rud Ceart a Dhéanamh” cruthaithe againn chun cabhrú le fostaithe tábhacht an ionracais a thuiscint agus a aithint.

Cuirtear oiliúint ar fhostaithe lena gcinntítear go bhfuil aon chinneadh gnó a dhéantar:

1. Dlíthiúil
2. I gcomhréir le luachanna na cuideachta
3. I gcomhréir le beartas na cuideachta
4. Ina rud ceart le déanamh

Mar chuid den tionscnamh, eisítear treoirleabhair d’fhostaithe maidir le príomhbheartais a bhaineann le heitic mar aon le nuashonraithe oiliúna bliantúla agus comhráite ráithiúla i dtaobh ionracas foirne.

Trédhearcacht

Mar comhlacht tráchtála stáit, is eagraíocht oscailte muid a dhéanann sáriarracht a bheith cuntasach agus trédhearcach os comhair an phobail. Táimid tiomanta do thuiscint an phobail a fheabhsú maidir leis an mbealach a bhfeidhmíonn an eagraíocht agus

maidir lenár ról ó thaobh bonneagar tábhachtach náisiúnta a sholáthar de agus seirbhísí tábhachtacha náisiúnta d’fhonn tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann.

Measúnacht maidir lenár gCur Chuige

Tá rialaithe i bhfeidhm lena gcinntítear go bhfuil ár n-oibleagáidí ar fad á mbaint amach, lena n-áirítear nósanna imeachta airgeadais sonracha, buiséid, sreafaí oibre córas airgeadais uathoibrithe, próiseas iniúcháireachta sheachtraigh, próiseas iniúcháireachta inmheánaigh agus maoirseacht an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca i dtaobh ráitis airgeadais.

Cosaint sonraí agus príobháideachas an chustaiméara

Táimid tiomanta dár n-oibleagáidí um chosaint sonraí a bhaint amach agus a sháru. Déantar sonraí na gcustaiméirí uile a stóráil ar chórais chriptithe a bhfuil scaradh dualgas cuí acu. Tá slándáil sraithe aistritheach i bhfeidhm againn ina bhfuil díoltóirí ag plé le custaiméirí, rud a dhéanann gach ríomhphost a chriptiú. Tá rialaithe slándála inmheánacha láidre againn freisin, maidir le ballaí dóiteáin, paisteáil, cosaint frithvíreas srl, agus táimid i gcomhréir le ISO27001. Tá oiliúint an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ar líne déanta ag gach ball foirne agus conraitheoir. Níl aon ábhar imní suntasach léirithe ag Oifigeach um Chosaint Sonraí Líonraí Gáis

Éireann maidir le neamhchomhlíonadh i ndáil le riachtanais reachtacha faoi RGCS le linn 2024.

Frith-Éilliú agus Frithbhreabaireacht

Cuirimid cultúr chun cinn go gníomhach ina bhfuil calaois, breabaireacht agus éilliú do-ghlactha i gcónaí. Is iad boird, feidhmeannach agus foireann shinsearach ceannaireachta sínte de chuid boird Líonraí Gáis Éireann a chuireann an cultúr seo chun cinn agus a dhéanann é a threorú. Ní cheadaítear d’aon duine taobh istigh de Líonraí Gáis Éireann nó aon duine ag feidhmiú ar son na cuideachta sin, breab nó dreasacht a thabhairt ná glacadh le breab nó dreasacht ar aon bhealach go díreach nó go hindíreach nó breab a iarraidh, go díreach nó go hindíreach. Sampla d’iompar nach ceadáitear sa chomhthéacs seo ná bronnantais iomarcacha nó aíocht a thabhairt ná glacadh leo nó bronnantais nó aíocht a fháil mar chúiteamh ar fhaisnéis. An rud ceart a dhéanamh is ea príomhluach amháin atá ag Líonraí Gáis Éireann. Leagann an luach seo amach cineál na heagraíochta, treoraíonn sé ár mbearta agus ár gcinntí agus soláthraíonn sé creat don dóigh a dtéimid i dteagmháil le comhghleacaithe, custaiméirí agus páirtithe leasmhara. Ní mór do gach duine a oibríonn do Líonraí Gáis Éireann nó ar a shon na caighdeáin eiticiúla is airde a choinneáil agus amhras faoi éagóir ar bith a rinneadh a thuairisciú. Ní mór do chaighdeáin eiticiúla a bheith

mar bhonn faoin dóigh a ndéanaimid gnó ar bhonn laethúil. Treisíonn na hiarmhairtí a bhaineann le gníomh calaoise, breabaireachta nó éillithe a dhéanamh an gá le nósanna imeachta láidre a bheith i bhfeidhm. Tá Beartas Frith-Chalaoise, Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe Líonraí Gáis Éireann ar cheann de bheartais éagsúla a cuireadh i bhfeidhm chun iompar eiticiúil a bhfuiltear ag súil leis ó fhoireann, conraitheoirí agus gníomhairí uile Líonraí Gáis Éireann a dhéanann gnó ar son Líonraí Gáis Éireann a leagan amach. Cuireann an beartas treoir ar fáil maidir le calaois, breabaireacht agus éilliú a aithint sna bealaí éagsúla ina dtarlaíonn siad agus leagann sé amach cad a bhfuiltear ag súil leis uathu siúd lena mbaineann an beartas maidir le gníomhartha calaoise, breabaireachta nó éillithe a chosc agus a thuairisciú.

Tá an Príomhoifigeach Dlí freagrach laistigh de Líonraí Gáis Éireann as maoirseacht a dhéanamh ar gach gníomh frithbhreabaireachta. Ceaptar Ceann an Iniúchta Inmheánaigh mar chosantóir frith-chalaoise na heagraíochta agus faigheann sé/sí tacaíocht ón bPríomhoifigeach Dlí agus ón bhFeidhmeannach atá i gceannas ar thionscnaimh fhrith-chalaoise laistigh dá gcolún féin. Tá Stiúrthóir na Foirne freagrach as ár mbeartas frithbhreabaireachta a chur in iúl don fhoireann nua uile le linn an ionductúcháin. Ní mór don fhoireann uile dul faoi oiliúint éigeantach ar ghníomhaíochtaí frith-chalaoise,

frithbhreabaireachta agus frith-éillithe ar bhonn bliantúil.

Spreagann Beartas um Nochtadh Cosanta Líonraí Gáis Éireann gach ball foirne ábhair imní maidir le gníomhaíocht ar bith a d’fhéadfadh a bheith ina cás éagóra a thuairisciú dá bhainisteoir líne, don Phríomhoifigeach Dlí nó don Cheann Iniúchta Inmheánaigh gan mhoill. Is féidir leis an bhfoireann éagóir amhrasach a thuairisciú do sheoladh ríomhphoist nó líne fóin faoi rún. Ceanglaítear ar bhainisteoirí oiliúint éigeantach a dhéanamh ar nochtaí cosanta ar a laghad gach dara bliain agus spreagtar baill foirne ábhair imní a léiriú gan eagla go ndéanfar íospairt dóibh, agus go gcoinneofar é seo go huile agus go hiomlán faoi rún.

Nochtaí cosanta agus cúiseanna imní a léiriú

Tá meicníocht ann ar féidir le fostaithe agus bainisteoirí Líonraí Gáis Éireann í a úsáid chun ábhair imní a léiriú, nó chun nochtaí a dhéanamh ar mhaithe leis an bpobal, de réir an Achta um Nochtadh Cosanta 2014 (arna leasú), agus tá an mheicníocht seo sonraithe i mBeartas um Nochtadh Cosanta Líonraí Gáis Éireann. Tá treoir don lucht bainistíochta agus d’fhostaithe maidir le hábhair imní a léiriú leagtha amach sa Chód Iompair Ghnó, sa Bheartas Frith-Chalaoise agus sa Bheartas Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe. Éilítear le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú) go bhfoilsíonn Líonraí Gáis Éireann Tuarascáil Bhliantúil, lena soláthraítear

sonraí maidir le haon nochtadh cosanta a rinneadh faoin Acht sa bhliain féilire roimhe sin. De réir an cheanglais sin, dhearbhaigh Líonraí Gáis Éireann, sa bhliain dár críoch 31 Nollaig 2024, go ndearnadh dhá nochtadh cosanta le Líonraí Gáis Éireann faoin Acht. Mar thoradh air sin, rinneadh fiosrúcháin sa bhliain 2024 agus tá siad curtha i gcrích anois, rinneadh gach beart ba ghá nó tá siad ar siúl go fóill.

Brústocaireacht a rialáil

Tá Líonraí Gáis Éireann, cláraithe ar an gclár brústocaireachta a hoinníonn an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus rinne sé na haighneachtaí riachtanacha do na tréimhsí tuairisceáin sa bhliain 2024, i gcomhréir le riachtanais an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015.

Cearta an duine agus sclábhaíocht chomhaimseartha

Tá cur chuige na neamhfhulaingthe againn i leith sclábhaíocht comhaimseartha. Táimid geallta chun gníomhú go heiticiúil agus le hionracas inár gcuid plé agus caidreamh gnó go léir agus chun córais agus rialuithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú le cinntiú nach dtarlaíonn sclábhaíocht chomhaimseartha ar bith inár ngnó féin ná inár gcuid slabhraí soláthair. Táimid tiomanta a chinntiú go mbíonn trédhearcacht inár ngnó féin agus inár gcur chuige i dtreo déileáil le sclábhaíocht comhaimseartha ar fud ár gcuid slabhraí soláthair agus bímid ag súil leis na caighdeáin arda chéanna ónár



Tríd an gclár um an **Rud Ceart a Dhéanamh** cinntítear go ndéanann gach duine a oibríonn thar ceann Líonraí Gáis Éireann a c(h)uid oibre le macántacht agus ar bhealach eiticiúil.



gcuid conraitheoirí, soláthraithe agus páirtithe gnó eile.

Is iad seo a leanas na céimeanna a ghlactar chun gníomhartha a bhaineann le sclábhaíocht agus gáinneáil ar dhaoine a chosc taobh istigh dár ngnó agus slabhraí soláthair:

- Féachaimid chuige chun dlí fostaíochta a chomhlíonadh atá iomchuí do na dlínsí ina bhfeidhmímid agus cuirimid socruithe conarthacha i bhfeidhm le soláthraithe bhall foirne gníomhaireachta lena n-éilítear go mbaineann siadsan amach an leibhéal comhlíonta céanna.
- Tá prionsabail den Acht um Sclábhaíocht Chomhaimseartha 2015 de chuid na Ríochta Aontaithe cumhdaithe sa Chód Iompair Ghnó (ar fáil ag www.gasnetworks.ie) agus déantar athbhreithniú maidir leis seo ar bhonn bliantúil. Déantar é seo a aibhsiú agus tacaítear leis seo leis an gclár a chuirtear i bhfeidhm ar fud an ghrúpa “An Rud Ceart a Dhéanamh” a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go bhfuil an gnó a chuirtear i gcrích ar son Líonraí Gáis Éireann á dhéanamh le hionracas agus ar bhealach eiticiúil.
- Tá ceanglais frithsclábhaíochta agus gáinneáil ar dhaoine forbartha againn le cuimsiú inár bpróisis soláthair agus socruithe conarthacha le conraitheoirí, soláthraithe agus tríú páirtithe eile.

- Tá measúnacht sclábhaíochta comhaimseartha chonraitheoirí agus soláthraithe tríú páirtí curtha i gcrích againn chun measúnacht a dhéanamh maidir le haon ardriosca a bhaineann le gníomhartha sclábhaíochta / gáinneáil ar dhaoine. Mar chuid den mheasúnacht seo, bhí ceardlanna le soláthraithe ardtosaíochta agus athbhreithniú maidir lena mbeartais agus nósanna imeachta sclábhaíochta comhaimseartha.
- Déanaimid oiliúint a sholáthar d’fhostaithe ábhartha, go háirithe iad siúd atá bainteach le próisis sholáthair, maidir leis an mbaol go dtarlódh sclábhaíocht agus gáinneáil ar dhaoine.
- Déanaimid córas a sholáthar d’fhostaithe, agus daoine eile, chun tuairisciú a dhéanamh ar theagmhais amhrasta iompraíocht neamhdhleathach, lena n-áirítear sclábhaíocht agus gáinneáil ar dhaoine.
- Leanamar ar aghaidh leis na 40 soláthraí chriticiúla is fearr a athbhreithniú, lena n-áirítear tuarascálacha riosca ar gach soláthraí a ullmhú, ina ndéantar trácht ar gháinneáil ar dhaoine agus ar sclábhaíocht chomhaimseartha.

Soláthar inbhuanaithe

Cinntíonn Líonraí Gáis Éireann go bhfuil ceanglais a bhaineann leis an

gcomhshaol agus inbhuanaitheacht leabaithe sa phróiseas soláthair ag gach céim go dtí seachadadh ár gconarthaí go léir. Soláthraímid méid suntasach seirbhísí agus ábhar chun tacú le tógáil, cothabháil, agus soláthar an líonra iompair gáis. Tá an cleachtas is fearr agus feabhsuithe próisis á nglacadh againn i gcomhréir le ISO 20400, an Caighdeán Treorach um Sholáthar Inbhuanaithe. Tá an caighdeán seo ar thús cadhnaíochta go hidirnáisiúnta sa réimse seo.

Úsáid soláthraithe nó ábhair “glasa”

Tá ceanglais a bhaineann leis an gcomhshaol agus inbhuanaitheacht leabaithe sa phróiseas soláthair ag gach céim go dtí seachadadh an chonartha. Rinneadh ár bpríomhchonarthaí tríú páirtí a dhearadh chun dea-chleachtas inbhuanaitheachta agus comhshaoil a sholáthair le linn shaolré an tionscadail.

Tá beartas soláthair inbhuanaitheachta bunaithe ag an bhfoireann soláthair. Mar chuid den tionscnamh leanúnach seo, rinne an fhoireann slabhra soláthair cleachtas tagarmharcála chuimsithigh a chuireann ár nósanna imeachta i gcomparáid le nósanna imeachta príomhchuideachtaí fuinnimh. Ina theannta sin, rinneadh suirbhé soláthair inbhuanaithe ar ár bpríomhsholáthraithe. An cuspóir atá againn i gcónaí ná a bheith aitheanta mar cheannaire i réimse an tsoláthair inbhuanaithe.

Cuid 2

Rialachas corparáideach

An Bord	84
Tuarascáil an Bhoird	87
Tuarascáil an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca	102
Tuarascáil an Stiúrthóra	105



An Bord



Kevin Toland

Cathaoirleach



John Curran

Ball boird



Fiona Egan

Ball boird



Saoirse Fahey

Ball boird



Keith Harris

Ball boird



Liz Joyce

Ball boird

An dáta ar ceapadh ar Bhord Líonraí Gáis Éireann é/í:

Próifíl, scileanna agus taithí:

Aibreán 2023

Ceapadh ar Bhord Ervia é roimhe sin i mí Eanáir 2023.

Meán Fómhair 2024

Aibreán 2023

Ceapadh ar Bhord Ervia í roimhe sin i mí Iúil 2022.

Aibreán 2023

Ceapadh ar Bhord Ervia í roimhe sin i mí Eanáir 2023.

Aibreán 2023

Ceapadh ar Bhord Ervia i mí Iúil 2016 é agus athcheapadh i mí Iúil 2019 agus i mí Iúil 2023 é.

Eanáir 2025

Tá breis agus 30 bliain de thaithí ag Kevin agus tá saineolas POF agus bainistíochta ar leith aige san earnáil bhia, cothaithe, dí, eitíochta, agus miondíola ar fud an domhain. Tá sé léirithe arís is arís eile ag Kevin go bhfuil sé in ann foirne a fhorbairt agus a threorú a spreagann fás agus luach an ghnó go rathúil. Bhí sé ina chathaoirleach agus POF do chuid mhór cuideachtaí rathúla:

Reatha

- Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus Cathaoirleach an Choiste um Iniúchóireachta le haghaidh Dole cpt
- Cathaoirleach Vasorum

Roimhe Seo

- POF Aryzta AG (2017 – 2020)
- Cathaoirleach Identigen
- POF DAA cpt, an grúpa seirbhísí aerfoirt
- Glanbia 1999 – 2012: POF, Uachtarán Chomhlachtaí Cothaithe Domhanda agus Cáise na SA, Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar an mBord cpt

Is Comhalta d'Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta é Kevin agus tá Dioplóma san Airgeadas Feidhmeach aige ó Fhoras Bainistíochta na hÉireann (FBÉ).

Tá John ina bhall den Choiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Daoine.

Tá breis agus 20 bliain de thaithí ag John mar cheannaire sinsearach agus mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin san earnáil Inbhuanaitheachta agus TSR, agus is eisean a bhí chun tosaigh maidir le tionscnaimh straitéiseacha mhórsála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud earnálacha gnó éagsúla.

Reatha

- Stiúrthóir Bainistíochta Blue Planet Consulting Limited
- Oibríonn sé go dlúth le boird agus ceannairí gnó sinsearach agus tugann sé sainléargas, comhairle agus treoir theicniúil chun tacú lena n-inbhuanaitheacht agus le haistriú TSR.

Roimhe Seo

- Bhí sé ina Cheann Inbhuanaitheachta ag Musgrave agus bhí sé ina bhall de bhord stiúrthóirí Repak Limited agus Scéim Éarlaíse agus Aisíoca na hÉireann CLG.

- Bhí ról shinsearach éagsúla aige le linn a 25 bliana san earnáil ola agus gáis.

Is Máistir Mairnéalaigh é John agus tá MSC aige san Eolaíocht Comhshaoil, Teicneolaíocht agus Innealtóireacht. Tá sé ina bhall d'Institiúid na Stiúrthóirí agus d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann.

Is ball den Choiste Luacha Saothair, den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca, agus den Choiste Airgeadais agus Infheistíochta í Fiona.

Is Stiúrthóir Bainistíochta í a bhfuil go leor taithí aici agus breis agus 20 bliain caite aici ag obair mar POF, mar Bhaincér Corparáideach agus Infheistíochta agus mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin i roinnt ról ceannaireachta, forghníomhaithe agus rialachais.

Ina theannta sin, bhí na ról seo a leanas aici roimhe seo:

Reatha

- Stiúrthóir Bainistíochta Rabobank Ireland

Roimhe Seo

- Airgeadas Corparáideach Goodbody

- Ball boird den Ghrúpa Nuachta an Iarthuaiscirt 2011 – 2018

Tráchtáil agus cuntasaoíocht. (*Céim Baitsiléara Tráchtála ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Dioplóma sa Chuntasaoíocht Ghairmiúil aici ó Scoil Ghnó Michael Smurfit, Cuntasóir Cairte Cáilithe le KPMG*)

Tá Saoirse ina ball den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus den Choiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Daoine. Tá Saoirse ina POF um Dhíolacháin, Margaíocht agus Réigiúin Stripe.

Tá breis agus 20 bliain de thaithí aici i ról cheannaireachta idirnáisiúnta i gcuideachtaí seirbhísí airgeadais agus teicneolaíochta agus tá neart taithí aici ar fhoirne a threorú i dtimpeallachtaí ardfháis leanúnacha.

Roimhe Seo

- Ceann Airgeadais (d'Eintreas Rialáilte Stripe de chuid an Aontais Eorpaigh)

- Phorest Salon Software (Príomhoifigeach Airgeadais/Príomhoifigeach Oibriúcháin) - Baile Átha Cliath

- Microsoft (ról cheannaireachta maidir le hAirgeadas, Margaíocht, Díolacháin agus Oibriúchtaí) - Baile Átha Cliath, Idirnáisiúnta, Maidrid

- PricewaterhouseCoopers (Iniúchadh, Cáin) - Baile Átha Cliath, San Francisco

Céimí Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (B Innealtóireacht Leictreach) agus iarchéimí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (Dioplóma Gairmiúil sa Chuntasaoíocht). Is Cuntasóir Cairte cáilithe í Saoirse freisin (cuireadh oiliúint uirthi in PwC).

Tá Keith ina Chathaoirleach ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus tá sé ina bhall den Choiste Airgeadais agus Infheistíochta. Tá breis agus 20 bliain de thaithí aige ag obair i ról cheannaireachta shinsearach, lena n-áirítear;

Reatha

- Ball boird 2016 – faoi láthair

- Stiúrthóir Boird South Staffordshire cpt

- Comhpháirtí Tionscail AIP Asset Management

- Comhpháirtí OXERA LLP

- Úinéir, Lorraine House (is gnólacht comhairligh um bonneagar príobháideach é seo a bhaineann go sonrach le hinfeistíochtaí sa ghiniúint fuinnimh agus sa dáileachán)

Roimhe Seo

- Ceann Domhanda Rialacháin, ENRON/ AZURIX

- Príomhoifigeach Airgeadais agus Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Wessex Water Plc

Infheistíochtaí i gceannaireacht, i gcomhairliúcháin, i nginiúint fuinnimh agus sa dáileachán.

Is ball den Choiste Luach Saothair í Liz Joyce.

Is comhairleoir forbartha eagraíochta, oide ceannaireachta/feidhmiúcháin agus éascaitheoir í Liz (BA, MBS, CDir, FCIPD) agus tá sé léirithe arís agus arís aici go bhfuil sí an-chumasach maidir le ceannaireacht foirne agus cultúir, forbairt agus forghníomhú straitéise, bainistíocht athruithe agus rialachas.

Reatha

- Stiúrthóir Neamhspleách le bord Spórt Éireann

- Stiúrthóir Cairte le hInstitiúid na Stiúrthóirí

- Comhalta d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann (FCIPD)

Roimhe Seo

- Bhí ról neamhfheidhmiúcháin éagsúla aici roimhe sin, lena n-áirítear Ervia, Uisce Éireann, Aware agus Concern International.

- Bhí ról fheidhmiúcháin shinsearach aici i gcuid mhór eagraíochtaí ar fud na n-earnálacha príobháideacha, poiblí agus deonacha lena n-áirítear Banc Ceannais na hÉireann, Diageo, Pioneer Investments, Greenstar, agus Concern International.

Taithí fhorleathan maidir le hathrú a threorú agus teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara i dtimpeallachtaí idirnáisiúnta agus casta.

Céimí Choláiste na hOllscoile, Gaillimh (BA Onórach sa tSíceolaíocht) agus iarchéimí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (MBS i Straitéisí AD) agus tá dioplómaí aici sa Chóitseáil (Scoil Ghnó Michael Smurfit COBÁC) agus san Airgeadas Gnó (IMI).

An Bord



Geraldine Kelly

Ball boird



Cathal Marley

Ball boird



Keara Robins

Ball boird

An dáta ar ceapadh ar Bhord Líonraí Gáis Éireann é/í:

Próifíl, scileanna agus taithí:

Aibreán 2023

Ceapadh ar Bhord Ervia í i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus athcheapadh ar Bhord Líonraí Gáis Éireann í i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Is Cathaoirleach an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta í Geraldine, agus tá sí ina ball den Choiste um Inniúcháir agus Riosca.

Tá breis agus 25 bliain de thaithí aici ag cur le cuideachtaí idirnáisiúnta rathúla in earnálacha na Teicneolaíochta, an Fhuinnimh agus na Teicneolaíochta Glaine, agus tá an cumas inti straitéisí teicneolaíochta agus digiteacha a bharrfheabhsú d'fhonn réitigh ghnó inbhuanaithe a fhorbairt.

Áirítear lena cuid oibre:

Reatha

- Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin Kinore Limited

Roimhe Seo

- Cathaoirleach Plan Ireland

- Cathaoirleach Microfinance Ireland

- Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin de Bhanc Morgáiste Bhanc na hÉireann

- Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin Cenergise Energy Trading Limited

- Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin Gaelectric Limited

- Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin Institiúid Náisiúnta Tyndall

Mata, eacnamaíocht, réitigh ghnó inbhuanaithe. Is céimí Choláiste na hOllscoile, Gaillimh í Geraldine (Matamaitic agus Eacnamaíocht), agus tá iarchéim aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (MA san Eacnamaíocht). Tá sí ina Stiúrthóir Cairte le hInstitiúid na Stiúrthóirí agus ina Stiúrthóir Bainc Deimhnithe le hInstitiúid na Baincéireachta.

Aibreán 2023

Ceapadh ar Bhord Ervia é roimhe sin i Lúnasa 2020.

Is ball den Choiste Airgeadais agus Infheistíochta é Cathal.

Tá breis agus 20 bliain de thaithí ag Cathal ag obair san earnáil fónais agus bonneagair agus bhí ról shinsearach aige ar fud na n-earnálacha leictreachais, uisce agus gáis.

Áirítear lena thaithí:

Reatha

- POF Ervia/LGÉ 2016-2025

- Ball d'Údarás Ceannais OCBÁC

- Ball boird IMI

- Cathaoirleach de Chumann Snámha na hÉireann

Roimhe Seo

- Príomhoifigeach Airgeadais Ervia 2016 - 2020

- EY Baile Átha Cliath agus Oirthear na hEorpa

Cuntasaíocht, fónais agus bonneagar.

Tá MBA ó Scoil Ghnó Michael Smurfit, COBÁC ag Cathal, agus is Comhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte é.

Aibreán 2023

Ceapadh ar Bhord Ervia í roimhe sin i mí Eanáir 2023.

Is Cathaoirleach an Choiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Foireann í Keara, agus tá sí ina ball den Choiste Airgeadais agus Infheistíochta.

Tá taithí shuntasach neamhfheidhmiúcháin aici ar bhoird san earnáil stáit, ar chistí infheistíochta fuinnimh rialáilte agus san earnáil dheonach. Thacaigh sí le Rialtais, cuideachtaí ola neamhspleácha, Fondúireachtaí agus na Náisiúin Aontaithe trí dhúshláin fhuinnimh éagsúla a phlé.

Ina theannta sin, bhí na ról seo a leanas aici roimhe seo:

Reatha

- Stiúrthóir Neamhspleách 4D Global Energy Funds

Roimhe Seo

- Ball boird den Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA)

- Innealtóir peitiriliam, innealtóir conarthaí agus innealtóir tionscadail shinsearaigh le Shell International

Innealtóireacht, an t-aistriú glas agus dícharbónú fuinnimh.

Tá céim san innealtóireacht (BA BAI) ag Keara ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Tuarascáil an Bhoird



Déanaimid **athbhreithniú agus nuashonrú rialta** ar ár mbeartais agus ar ár nósanna imeachta d'fhonn cloí le **dea-chleachtas**.



Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar **idirchaidreamh díreach** idir Bord Líonraí Gáis Éireann agus an lucht bainistíochta.

Ráiteas faoi rialachas

Rialachas

Tá Bord Líonraí Gáis Éireann ("an Bord") freagrach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ("an tAire") as feidhmíocht fhoriomlán an Ghrúpa agus as a chinntiú go bhfuil dea-rialachas i bhfeidhm.

Sa tuarascáil seo, tugtar cuntas ar an gcaoi ar chuir Líonraí Gáis Éireann na prionsabail sin i bhfeidhm agus ar chloígh sé leis na forálacha infheidhme sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód"). Aithníonn Líonraí Gáis Éireann go bhfuil rialachas maith corparáideach rithabhachtach chun go n-éireodh leis agus chuige sin, déanaimid athbhreithniú agus uasghrádú leanúnach ar ár mbeartais agus ar ár nósanna imeachta d'fhonn cloí le dea-chleachtas. Tá an Bord sásta gur chloígh Líonraí Gáis Éireann le riachtanais infheidhme an Chóid ar gach slí ábhartha le linn na bliana atá faoi athbhreithniú.

Ról agus freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as gníomhaíochtaí a threorú agus a stiúradh, gníomhaíochtaí a chuirtear i bhfeidhm laistigh de chreat rialúcháin stuama agus éifeachtaigh a cheadaíonn measúnacht agus bainistíocht riosca. Déanann an Bord na cinntí suntasacha straitéiseacha ar fad, agus is fúthusan amháin atá rialú iomlán éifeachtach ar ghníomhaíochtaí eagraíochta an Ghrúpa, agus fágann siad

an ghnáthhbainistíocht laethúil faoin bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus a Fhoireann Feidhmiúcháin.

Tá ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an bhFoireann Feidhmiúcháin an treo straitéiseach a leagann an Bord síos a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag an mBord ar na príomhghníomhaíochtaí, na príomhchinntí agus na príomhthorthaí feidhmíochta, chomh maith le haon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus an lucht bainistíochta.

Chuir an Bord struchtúr rialachais chorparáidigh i bhfeidhm a tharmligeann údarás dá Choistí le tascanna ar leith a chur i gcrích ar a shon, ionas gur féidir leis an leibhéal ceart airde agus breithnithe a thabhairt ar na hábhair sin agus ábhair eile. Tá tuilleadh eolais faoi Choistí Boird ar fáil ar leathanach 93.

Pleanáiltear gníomhaíocht an Bhoird agus a chuid Coistí gach bliain chun a chinntiú go ndéantar gnó an Ghrúpa a mhaoirsiú agus a rialú go héifeachtach. Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird sa Chreat Rialachais. Áirítear leis an gcreat chomh maith ábhair atá forchoimeáda go sonrach don Bhord le cinneadh a dhéanamh, de réir mar a dhéantar achoimre orthu thíos.

I measc na míreanna a phléann an Bord ag gach cruinniú tá:

- Fógra maidir le haon choimhlint leasa.
- Tuarascálacha ó Choistí.
- Tuairisciú airgeadais
- Tuarascáil an Phríomhfheidhmeanaigh.
- Tuarascáil sábháilteachta



Tuarascáil an Bhoird

Tá an Bord freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú mar aon leis na Ráitis Airgeadais a ghabhann léi, a thugann, de réir an Bhoird, léargas fírinneach cóir ar staid cúrsaí agus ar bhrabús Líonraí Gáis Éireann don bhliain.

Sceideal foirmiúil ábhair atá forchoimeádta do Bhord Líonraí Gáis Éireann

Áirítear leis an Sceideal Foirmiúil Ábhair a ndéileálann an Bord amháin leis, de réir mar atá leagtha amach sa Chreat Rialachais, i leith gach eintiteas grúpa, faomhadh na nithe seo a leanas:

- Beartas sábháilteachta.
- Buiséid bhliantúla.
- Pleananna gnó ilbhlianta.
- Na conarthaí agus an caiteachas go léir a bhfuil luach os cionn €10 milliún acu.
- Tuarascálacha Bliantúla agus Ráitis Airgeadais Bhliantúla.
- Ceapadh/baint iniúcháirí.
- Ábhair chistíochta.
- Athruithe suntasacha ar scéimeanna pinsin.
- Téarmaí fostaíochta na hardbhainistíochta.
- Cód Iompair Ghnó.
- Beartas um Bainistíocht Riosca Fiontair, Beartas Frith-Chalaoise, Beartas um Nochtaí Cosanta, agus Beartas Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe.
- Eisiúint a fhaomhadh le haghaidh comhairliúcháin i gcás príomhdhoiciméid bheartais a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo.

Ábhair a phléigh an Bord sa bhliain 2024

Straitéis

- Treo Straitéiseach Líonraí Gáis Éireann.
- Comhtháthú Ervia isteach go Líonraí Gáis Éireann.
- Slándáil an tsoláthair.
- Cúltaisce Straitéiseach Éigeandála Gáis.
- Conair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh.
- Scórchártaí Comhordaithe 2024.
- Plé leanúnach le scairshealbhóir Líonraí Gáis Éireann maidir le ceisteanna straitéiseacha.
- Nuashonruithe ar an bPlean Gníomhaíochta Aeráide.
- Creatlach maidir le Gníomhú ar son na hAeráide.
- Straitéis Chorporáideach.
- Straitéis chustaiméara.
- Straitéis Chumarsáide.
- Rialú Praghsanna.
- Bith-mheatán.
- Hidrigin.
- Straitéis Inbhuanaitheachta.

Sábháilteacht

- Méadracht mhíosúil maidir le sláinte agus sábháilteacht.
- Tionscnamh maidir le feasacht mheabhairshláinte a chur i bhfeidhm.
- Scrúduithe cuimsitheacha leathbhliantúla sábháilteachta.

Oibríochtaí

- Tuarascáil Oibriúcháin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta.
- Measúnuithe ar infheistíocht chaipitil.
- Tionscadail chriticiúla a sholáthar go sábháilte.
- Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.
- Nuálaíocht.

Rialachas corparáideach

- Meastóireacht bhliantúil an bhoird.
- Athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Bhoird agus Choiste an Bhoird.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Ceapadh Stiúrthóirí.
- Bunreacht Athbhreithnithe do Líonraí Gáis Éireann.
- Beartas um Nochtaí Cosanta agus Beartas Frith-Chalaoise, Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe.
- Athbhreithniú ar chreat Rialachais agus beartais ghaolmhara le hullmhú do chomhtháthú Ervia isteach go Líonraí Gáis Éireann.

Airgeadas

- Torthaí bliantúla foilsithe.
- Torthaí míosúla trádála, lena n-áirítear feidhmiúchán i gcomparáid le buiséid agus réamhaisnéis.
- Buiséad bliantúil agus maoiniú.
- Réamhaisnéis a dhéanamh arís go ráithiúil.
- Díbhinní.
- Pleananna Gnó.
- Eisíodh Banna Corparáideach €300m.

Riosca

- Monatóireacht riosca leanúnach.
- Leagadh amach inghlacthacht riosca.
- Athbhreithniú rialta an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca agus an Bhoird Cibearshláindála.

Ráiteas freagrachtaí Boird don tuarascáil bhliantúil agus do ráitis airgeadais

Tá an Bord freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú mar aon leis na Ráitis Airgeadais a ghabhann léi, a thugann, de réir an Bhoird, léargas fírinneach cóir ar staid cúrsaí agus ar bhrabús Líonraí Gáis Éireann don bhliain. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus ionracas faisnéise corparáidí agus airgeadais áirithe ar shuíomh gréasáin [na heagraíochta, http://www.gasnetworks.ie](http://www.gasnetworks.ie). D'fhéadfaí nach ionann an reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh Ráiteas Airgeadais agus an reachtaíocht i ndlínsí eile. D'ullmhaigh an Bord na Ráitis Airgeadais de réir an dlí is infheidhme de chuid na hÉireann agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais arna nglacadh ag an Aontas Eorpach. Coinníonn an Bord taifid chuntasaíochta chuif de réir na n-oibleagáidí a leagtar síos san Acht Gáis 1976 (arna leasú) agus in Achtanna na gCuideachtaí.

Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht an chórais rialúcháin inmheánaigh, lena n-áirítear rialúcháin airgeadais, oibriúcháin, chomhlíonta agus bainistíochta riosca agus as sin a thuairisciú don Aire. Ar deireadh,

tá an Bord freagrach as cosaint sócmhainní uile Líonraí Gáis Éireann agus as gníomhú mar is cuí le calaois agus neamhrialtachtaí eile a sheachaint agus a bhrath.

Agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú, tá na Stiúrthóirí sásta:

- Gur roghnaíodh beartais chuntasaíochta oiriúnacha agus gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad.
- Go n-úsáidtear breithiúnais agus meastacháin atá stuama agus réasúnta.
- Go bhfuil ullmhúchán na Ráiteas Airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh oiriúnach.
- Tugann na Ráitis Airgeadais léargas fírinneach cóir ar staid airgeadais Líonraí Gáis Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024.

Tugann na Ráitis Airgeadais léargas fírinneach cóir ar staid airgeadais Líonraí Gáis Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024.

Tuarascáil
an Bhoird

An Bord

Tá sonraí comhaltaí Boird reatha ar leathanaigh 84-86.

Comhdhéanamh an Bhoird

Is faoin Rialtas a fhaigheann comhairle ón Aire atá ceist chomhdhéanamh an Bhoird. Déanann an tAire cinntí maidir le comhaltaí Boird a cheapadh agus a athcheapadh ar aon dul leis na Treoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Téann an Cathaoirleach i dteagmháil leis an Aire roimh cheapacháin ar an mBord maidir le haird a tharraingt ar na scileanna sonracha agus an taithí a theastaíonn ar an mBord.

Tá an meascán scileanna agus taithí agus an cumas riachtanach ag comhaltaí boird le tacú le cinnteoireacht éifeachtach.

Is é an Cathaoirleach, Kevin Toland, atá i gceannas ar an mBord, agus is eisean atá freagrach as a éifeachtacht maidir le gnéithe uile a róil a chinntiú. Tá Rúnaí na Cuideachta, Liam O’Riordan, freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird agus as comhairle a chur ar an mBord, tríd an gCathaoirleach, faoi chúrsaí rialachais i gcoitinne.

Ionduchtú agus forbairt chomhaltaí nua an Bhoird

Ar cheapadh dóibh, cuirtear doiciméid mhionsonraithe eolais a bhaineann le rialachas, cúrsaí airgeadais agus cúrsaí oibríochtaí ar fáil do chomhaltaí boird, agus tugtar deis dóibh eolas a fháil ón bhFoireann feidhmiúcháin ar ghnéithe éagsúla de ghnó an Ghrúpa.

Tá rochtain ag comhaltaí boird ar chlár oiliúna agus déantar athbhreithniú ar a riachtanais forbartha leanúnacha.

Neamhspleáchas

Tá an Bord sásta go bhfuil a chuid comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird neamhspleách ar an lucht bainistíochta, ó thaobh carachtair agus breithiúnais de, agus saor ó chaidrimh nó ó chúinsí a d’fhéadfadh tionchar a bheith acu, nó a d’fhéadfadh go ndealródh sé go bhfuil tionchar acu, ar a mbreithiúnas agus a gcumas chun dul i ngleic le riachtanais an róil. Tugann gach comhalta Boird a bhreithiúnas neamhspleách féin ar shaincheisteanna straitéise, feidhmiúcháin, acmhainní agus caighdeáin iompraíochta. Ní mór do chomhaltaí Boird aon leas nó caidreamh a fhógairt a d’fhéadfadh go mbeadh tionchar aige ar fheidhmiú a mbreithiúnais neamhspleáigh. Is mír bhuan ar an gclár do gach cruinniú Boird agus Coiste é dearbhú maidir le haon choinbhleachtaí leasa.

Luach saothair, costais agus tinreamh comhaltaí Boird

Is é an tAire a shocraíonn na táillí atá iníoctha le comhaltaí Boird. Leagtar sceideal tinrimh ag na cruinnithe Boird agus Coiste don bhliain 2024 amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a bhain le gach comhalta sa bhliain 2024. Tá táillí, costais agus freastal na gcruinnithe sa bhliain 2024 sa tábla.

Ball Boird	Luach saothair (€)	Speansais (€)	Bord (a d’fhreastail air/ incháilithe)	Iníúcháireacht agus Riosca (a d’fhreastail air/ incháilithe)	Luach saothair (a d’fhreastail air/ incháilithe)	Airgeadas agus infheistíocht (a d’fhreastail air/ incháilithe)	Sábháilteacht, inbhuanaitheacht agus daoine (a d’fhreastail air/ incháilithe)
Kevin Toland (Cathaoirleach Boird agus Cathaoirleach an Choiste um Luach Saothair)	31,500	38	11/11	-	6/6	-	-
Fiona Egan	15,750	124	11/11	4/4	6/6	9/9	-
Geraldine Kelly (Cathaoirleach an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta)	15,750	124	10/11	4/4	-	9/9	-
*Joe O’Flynn	7,547	584	6/7	-	3/3	-	2/2
Keith Harris (Cathaoirleach an Choiste um Iníúcháireacht agus Riosca))	15,750	223	8/11	3/4	-	8/9	-
Keara Robins	15,750	3,074	9/11	-	-	9/9	3/3
Saoirse Fahey	15,750	-	11/11	4/4	-	-	3/3
Sean Hogan ((Cathaoirleach an Choiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Daoine)	15,750	706	10/11	-	6/6	-	3/3
John Curran	3,938	116	2/2	-			
**Cathal Marley (POF)	Note 2	-	11/11	-	-	9/9	-

* Nóta 1 - D’éirigh Joe O’Flynn as Bord Líonraí Gáis Éireann an 21 Meitheamh 2024, agus dá bhrí sin tá difríocht idir a incháilitheacht le haghaidh cruinnithe agus incháilitheacht chomhaltaí eile an Bhoird.

** Nóta 2 – Ní bhfuarthas táille Boird de réir na dTreoirlínte maidir le Conarthaí, Luach Saothair agus Coinníollacha Eile do Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Lucht Bainistíochta Sinsearaí Comhlachtaí Tráchtála Stáit.



Tá meascán scileanna agus taithí agus an cumas riachtanach ag Comhaltaí Boird chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach.

Tuarascáil an Bhoird

Déanann an Bord measúnú bliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a Choistí. Is mar seo a leanas na modheolaíochtaí measúnaithe a chuireann an Bord i bhfeidhm chun a éifeachtacht a chinneadh: Measúnú Inmheánach, Measúnú Seachtrach agus Measúnú ar Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Bhoird

Éifeachtacht agus measúnú an Bhoird agus an Choiste

Déanann an Bord measúnú bliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a Choistí. Baineann an measúnú le feidhmíocht an Bhoird agus na gCoistí ina n-iomláine. Is mar seo a leanas na modheolaíochtaí measúnaithe a chuireann an Bord i bhfeidhm chun a éifeachtacht a shocrú:

Measúnú inmheánach

Scaiptear an ceistneoir féinmheasúnaithe Boird, mar a cuireadh ar fáil sa Chód, ar an mBord. Sa cheistneoir, déantar anailís ar an meascán ar an mBord idir inscne, éagsúlacht agus scileanna, bunaithe ar an Aguisín leis an gCód maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú. Sna ceistneoirí comhlánaithe, tá tuairimí maidir le feidhmíocht agus moltaí maidir le feabhsúchán. Déanann an Bord cinneadh foirmiúil maidir lena fheidhmíocht féin, le feidhmíocht na gCoistí, agus le feidhmíocht an Chathaoirligh, an POF agus Rúnaí na Cuideachta.

Measúnú seachtrach

D’fhone forálacha an Chóid a chomhlíonadh, tugtar faoi mheastóireacht sheachtrach feidhmíochta ar an mBord agus a Choistí gach 3 bliana. Déanfar an chéad mheastóireacht sheachtrach feidhmíochta eile i 2025.

Measúnú ar Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Bhoird

Déanann comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird measúnú feidhmíochta ar an gCathaoirleach, ag cur tuairimí an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin san áireamh.

Coistí an Bhoird

Tá struchtúr éifeachtach Coiste i bhfeidhm ag an mBord d’fhonn cabhrú lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Le linn na bliana 2024, thug ceithre Choiste de chuid an Bhoird cabhair lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh agus chuir an Bord freagrachtaí ar leith orthu mar a leagadh amach ina dTearmaí Tagartha.

An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Déantar cur síos ar a ndearna an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca sa bhliain 2024

i dTuarascáil an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca ar leathanaigh 104 - 106. Bhí 4 chruinniú ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca le linn na bliana.

An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta

Leagtar freagrachtaí an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta amach ina Théarmaí Tagartha atá ar fáil ar www.gasnetworks.ie. Bhí 9 gcruinniú ag an gCoiste Airgeadais agus Infheistíochta le linn na bliana.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí ar thug an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta fúthu sa bhliain 2024, bhí:

- Measúnú ar thionscadal caipitil agus ar chur chuige pleanála infheistíochta.
- Nuashonruithe maidir le tionscadail chaipitil agus meastacháin ar chostais lena mbaineann.
- Gach moladh caiteachais chaipitil a sháraíonn €10 milliún.
- An t-eolas is déanaí ar Rialú Praghsanna Líonraí Gáis Éireann.
- An t-eolas is déanaí ar naisc tarchurtha.
- An t-eolas is déanaí ar Bith-GNC i dtaca le hiompar.
- An t-eolas is déanaí ar rialáil beartais náisiúnta agus AE.
- Athbhreithnithe iarthionscadal.

An Coiste um Luach Saothair

Bhí freagrachtaí an Choiste um Luach Saothair leagtha amach ina Théarmaí Tagartha, atá ar fáil ar ár suíomh [gréasáin: www.gasnetworks.ie](http://www.gasnetworks.ie). Bhí 6 chruinniú ag an gCoiste um Luach Saothair le linn na bliana.

I measc phríomhghníomhaíochtaí an Choiste um Luach Saothair sa bhliain 2024, bhí:

- Athbhreithniú ar fheidhmíocht an Fheidhmeannaigh le haghaidh 2023.
- Athbhreithniú ar luach saothair Feidhmiúcháin.
- Téarmaí luacha saothair le haghaidh ceapacháin feidhmiúcháin nua.
- Pleanáil tallainne agus comharbais.
- Forléargas eagraíochta.
- Feidhmíocht a shocrú agus a athbhreithniú de réir scórchártaí Comhardaithe 2024.
- An Bhearna Phá idir na hInscní

An Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Daoine

Leagtar freagrachtaí an Choiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Daoine amach sna Téarmaí Tagartha atá ar fáil ar www.gasnetworks.ie. Bhí 3 chruinniú ag an gCoiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Daoine le linn na bliana.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí a rinne an Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Daoine sa bhliain 2024, bhí:

- Athbhreithniú ar Ráiteas ar Sclábhaíocht Chomhaimseartha do Líonraí Gáis Éireann agus GNI (UK) Teoranta.
- Straitéis Inbhuanaitheachta.
- Straitéis Páirtithe Leasmhara.
- Feidhmíocht custaiméirí.
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht sábháilteachta agus pleananna gníomhaíochta sábháilteachta.
- Rannpháirtíocht fostaithe.
- Sláinte agus sábháilteacht cheirde.

Nochtaí atá riachtanach de réir an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid comhlíonta ag Líonraí Gáis Éireann. Éilíonn an Cód na nochtaí seo a leanas:

Anailís ar shochair fhostaithe

Tá sonraí ar líon na bhfostaithe a bhfuil a sochair fostaí iomlán (gan costais pinsin fostóra agus sochair scoir a chur san áireamh) don bhliain airgeadais do gach banna de €25,000 ó €50,000 in airde leagtha amach sa tábla seo a leanas.

	2024	2023
€50,000-€75,000	257	256
€75,001-€100,000	213	217
€100,001-€125,000	130	106
€125,001-€150,000	59	40
€150,001-€175,000	24	23
€175,001-€200,000	18	12
€200,001-€225,000	5	6
€225,001-€250,000	5	1
€250,001-€275,000	2	2

Nóta 1: Áirítear sa nochtadh thuas gach sochar fostaithe gearrthéarma maidir le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe. Féach Nóta 5 de na Ráitis Airgeadais le haghaidh anailís bhreise ar na sochair éagsúla atá ináirithe.

Tuarascáil an Bhoird

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta do thuiscint an phobail a fheabhsú maidir leis an mbealach a fheidhmíonn an eagraíocht agus maidir lenár ról i mbonneagar tábhachtach náisiúnta agus seirbhísí a sholáthar d’fhonn tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann.

Costais shainchomhairleoireachta

Áirítear le costais shainchomhairleoireachta an costas a thabhaítear go díreach ó chomhairle sheachtrach. Sainmhínítear costais shainchomhairleoireachta mar cheapacháin a sholáthróidh seirbhísí intleachtúla nó seirbhísí atá bunaithe ar shaineolas (m.sh. anailís agus comhairle ó shaineolaithe) trí thuarascálacha, staidéir, measúnuithe, moltaí, tograí, srl., a chabhróidh le cinnteoireacht nó ceapadh beartas, agus é seo ar feadh tréimhse theoranta chun tasc ar leith a chur i gcrích. Ní áirítear leo gnáthfheidhmeanna oibre atá á seachfhoinsiú.

	2024 €'000	2023 €'000
Comhairle Dlí	769	582
Comhairle airgeadais	243	339
Fógraíocht, margaíocht agus caidreamh poiblí/Margaíocht	155	267
Feabhsú/athrú gnó	3,593	1414
Eile	182	289
Costais iomlána shainchomhairleoireachta	4,942	2,891
Caipitlithe	-	-
Ráiteas ioncaim	4,942	2,891
Costais iomlána shainchomhairleoireachta	4,942	2,891

Laistigh de na catagóirí thuas fuarthas sainchomhairle maidir leis na nithe seo a leanas; Slándáil an tSoláthair (€1.8m), Athrú Aeráide, Bithéagsúlacht agus Gáis In-athnuaite (€1.3m), Pleanáil ar Rialú Praghsanna agus Athstruchtúrú Corparáideach (€0.6m), Cuntasaíocht/Cáin/Pinsean/AD (€0.4m), TF agus Cibearshlándáil (€0.4m), agus Fógraíocht, Margaíocht agus Caidreamh Poiblí (€0.2m).

Costais dlí agus socruithe

Tá miondealú sa tábla thíos de na méideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socruithe agus imeachtaí réitigh agus eadrána. Ní áirítear sa tábla caiteachas a bhain le comhairle ghinearálta dlí, toisc go n-áirítear é sna costais chomhairliúcháin thuas.

	2024 €'000	2023 €'000
Táillí agus costais dhlíthiúla	298	668
Socraíochtaí	267	622
Iomlán	565	1,290
Líon cásanna dlí	4	6

Nóta 1: Baineann líon na gcásanna le himeachtaí dlí ar chuir Líonraí Gáis Éireann féin tús leo nó le himeachtaí dlí a tionscnaíodh ina aghaidh, agus níl imeachtaí árachais san áireamh.

Le linn 2024, bhí 20% den fhógraíocht uile trí mheán na Gaeilge.

Caiteachas taistil agus cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

	2024 €'000	2023 €'000
Intíre		
Bord *	13	-
Fostaí	2,031	1,710
Idirnáisiúnta		
Bord	-	-
Fostaí	286	227
Iomlán	2,330	1,937

* B'ionann caiteachas taistil agus cothabhála Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann sa bhliain 2024 agus €13k (2023: €nialas). Tá caiteachas taistil agus cothabhála a thabhaigh Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann sa bhliain 2024 le bheith tabhaithe ag a gcumas mar bhaill de Bhord Ervia suas go dtí an 1 Meitheamh 2024 nuair a lánscoireadh Ervia agus ina dhiaidh sin sa bhliain 2024 mar Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann.

Fáilteachas

Cuimsíonn an ráiteas ioncaim an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2024 €'000	2023 €'000
Fáilteachas na foirne	215	203
Fáilteachas na gcliant	98	70
Iomlán	313	273

Trédhearcacht

Eagraíocht oscailte is ea an comhlacht tráchtála stáit Líonraí Gáis Éireann, a bhfuil sé mar aidhm aige a bheith freagrach agus trédhearcach os comhair an phobail agus tá sé tiomanta do thuiscint an phobail a fheabhsú maidir leis an dóigh a bhfeidhmíonn an eagraíocht agus maidir lenár ról i mbonneagar tábhachtach náisiúnta agus seirbhísí a sholáthar d’fhonn tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann.

Nochtaí cosanta agus cúiseanna imní a léiriú

Cuirtear síos ar an gcóras is féidir le fostaithe agus lucht bainistíochta a úsáid chun ábhair imní a léiriú, nó chun nochtadh a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, de réir an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, i mBeartas um Nochtadh Cosanta. Tá tuilleadh treorach don lucht bainistíochta agus do na fostaithe maidir le hábhair imní a léiriú leagtha amach sa Chód Iompair Ghnó, sa Bheartas Frith-Chalaoise agus sa Bheartas Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe. Éilítear le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú) go bhfoilsíonn Líonraí Gáis Éireann Tuarascáil Bhliantúil, lena soláthraítear sonraí maidir le haon nochtadh cosanta a rinneadh faoin Acht sa bhliain féilire roimhe sin. De réir an cheanglais seo, dhearbhaigh Líonraí Gáis Éireann, sa bhliain dár críoch 31 Nollaig 2024, gur tuairiscíodh dhá éagóir fhéideartha le Líonraí Gáis Éireann. Mar thoradh air sin, rinneadh fiosrúcháin sa bhliain 2024 agus tá siad curtha i gcrích anois, rinneadh gach beart ba ghá nó tá siad ar siúl go fóill.

Brústocaireacht a rialáil

Tá Líonraí Gáis Éireann, cláraithe ar an gclár brústocaireachta a choinníonn an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus rinne sé na haighneachtaí riachtanacha do na tréimhsí tuairisceáin sa bhliain 2024, i gcomhréir le riachtanais an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015.

Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021)

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta dá oibleagáidí uile faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021) a chomhlíonadh. Tá an Ceann Cúraim Custaiméirí agus Cumarsáide ceaptha chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus tuairisciú ar a dhualgais faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021).

Le linn 2024, chomhlíon Líonraí Gáis Éireann na ceanglais nua faoi alt 10A (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) ina gceanglaítear ar a laghad 20% den fhógraíocht ar fad a bheith trí mheán na Gaeilge (10A. (1) (b)). Bhí Líonraí Gáis Éireann gar do chomhlíonadh iomlán leis an gceanglas de 5% d’fhógraíocht bhliantúil a chaitheamh ar mheán na Gaeilge mar a fhorordaítear faoi alt 10A (1)(b) agus déanfaidh sé iarracht comhlíonadh iomlán a bhaint amach don bhliain 2025.

Íocaíochtaí prasa

Shínigh Líonraí Gáis Éireann an Cód um Íoc Pras, a sheol an Rialtas sa bhliain 2015, agus de bhun a fhorálacha, geallann sé soláthraithe a íoc in am, treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe maidir le nósanna imeachta íocaíochta agus na

soláthraithe sin a spreagadh chun glacadh leis an gcód laistigh dá slabhraí soláthair féin. Tá próisis chuí inmheánacha um rialú airgeadais i bhfeidhm i Líonraí Gáis Éireann chun a chinntiú go gcomhlíontar forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2012-2016. Íocadh gach sonrasc nach raibh aighneas ina leith a fuarthas sa bhliain 2024 laistigh de thréimhsí íocaíochta comhaontaithe. Nuair a dhéanann Líonraí Gáis Éireann iarratas ar íocaíocht dhéanach ó sholáthraí a bhailíochtú, tá sé mar bheartas ag Líonraí Gáis Éireann ús atá dlite ar íocaíochtaí déanacha den sórt sin a íoc. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí úis dá leithéid maidir le híocaíochtaí déanacha le linn na bliana 2024.

Scéimeanna foilseacháin eiseamláireacha

De réir Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, ní mór do Líonraí Gáis Éireann, cloí leis an scéim foilseacháin eiseamláirí arna foilsíú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe. De réir na scéime, foilsíonn Líonraí Gáis Éireann an oiread eolais agus is féidir ar bhealach oscailte agus inrochtana lasmuigh d'íarratais Saorála Faisnéise, agus aird á tabhairt do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta a leagtar amach san Acht.

Tá an Scéim Foilseacháin foilsithe ar an suíomh gréasáin ag Scéim Foilseacháin Eiseamláireach (gasnetworks.ie). Déanann

Líonraí Gáis Éireann iarracht prionsabal na trédhearcachta a chur i bhfeidhm agus cloíonn sé leis an scéim foilseacháin eiseamláireach tríd an bhfaisnéis ábhartha is déanaí a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin, [Líonraí Gáis Éireann](#).

Cothromaíocht inscne, éagsúlacht, cothromas agus cuimsiú

Tá an eagraíocht tiomanta d'áit oibre a fhorbairt a chuimsíonn éagsúlacht, mar a dtugtar cothrom na Féinne do chách, agus ina bhfuil gach duine ar a s(h)uaimhneas ceart agus ba léir an tiomantas sin le linn 2024. Le linn 2024, chomhaontaigh ár bhFoireann Feidhmiúcháin, i gcomhar lenár gComhairle um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú, ár bplean um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú a aithníonn ár bpríomhghníomhaíochtaí agus ár bpríomhchuspóirí maidir le hÉagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú sna 3 bliana atá amach romhainn agus tá súil againn go dtacófar le tuilleadh éagsúlachta agus ionadaíochta inár gcuideachta.

Tá ról ríthábhachtach ag ár nGrúpaí Acmhainne Fostaithe (GAFanna) i gcónaí maidir lenár gcur chuige maidir le hÉagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú. Le linn 2024, chuireamar ár líonra NextGen ar bun, agus bhí sé mar aidhm shonrach aige gníomhaíochtaí idirghlúine agus líonraithe a chur ar fáil. Leanann ár GAFanna le léargas luachmhar a thabhairt dúinn agus is mór an ról a bhí acu maidir le beartais fhorchéimnitheacha éagsúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le linn 2024

amhail ár mbeartais maidir le Meanapás, Neamhthorthúlacht, Foréigean Baile agus Saoire Chultúrtha. Le linn 2024, rinne ár gcuideachta agus ár nGrúpaí Acmhainní Fostaithe roinnt príomhimeachtaí a éascú amhail ceiliúradh BRÓD, feacht torthúlachta agus Ceiliúradh Lá Idirnáisiúnta na mBan. Chuireamar tús le comhpháirtíocht le clár rochtana ollscoile tríú leibhéal agus beidh deiseanna intéirneachta á dtairiscint againn le linn 2025.

Leanamar orainn ag díriú ar ionadaíocht na mban inár gcuideachta agus tá áthas orainn gur tháinig feabhas réasúnta ar an scéal. Leanann ár gClár Forbartha do Mhná a bhfuil an-tóir air ag tacú lenár gcomhghleacaithe bainearna agus cuireann sé boinn láidre ar fáil dá ndul chun cinn gairme amach anseo. Táimid an-bhródúil go molann agus go n-aithníonn Innealtóirí Éireann an clár seo mar an tairiscint foghlama is fearr laistigh den Earnáil Innealtóireacht chun ionadaíocht ban níos mó a éascú san earnáil.

Le linn 2025, leanfaimid ar aghaidh lenár gcur chuige maidir le hoiliúint um cheannaireacht chuimsitheach, earcaíocht foirne agus forbairt ghairmiúil a aibiú.



Sa bhliain 2024

rinne ár gcuideachta agus ár nGrúpaí Acmhainní Fostaithe (GAFanna) roinnt imeachtaí a éascú amhail ceiliúradh BRÓD, feacht torthúlachta agus Ceiliúradh Lá Idirnáisiúnta na mBan



Ráiteas faoin gcóras rialaithe inmheánaigh

Raon feidhme na freagrachta

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air a chinntiú go gcoinneofaí agus go ndéanfaí córas éifeachtach rialaithe inmheánach a chur i bhfeidhm.

Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha le riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal réasúnta seachas fáil réidh leis. Níl ann, mar sin, ach cinnteacht réasúnta seachas dearbhú iomlán go gcosnaítear sócmhainní, go bhfuil idirbhearta údaráithe agus go gcoimeádtar cuntas ceart díobh agus go n-aithnítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go stoptar iad ar bhealach tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir na treorach a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, i bhfeidhm i Líonraí Gáis Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus go dtí dáta faofa na Ráiteas Airgeadais.

Bainistíocht riosca agus timpeallacht rialaithe

Tá gach fostaí freagrach as riosca a bhainistiú go héifeachtach agus áirítear

leis sin córais rialaithe inmheánaigh a dhearadh, a oibriú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an feidhmeannach freagrach ar a bhfuil an fhreagracht deiridh. Tarmligeann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ról shoiléire agus freagrachtaí soiléire ar a Fhoireann Feidhmiúcháin agus ar na daoine atá faoina stiúir siúd maidir leis an mbainistíocht éifeachtach ar riosca agus maidir lena chinntiú go bhfuil na córais rialaithe inmheánaigh ag feidhmiú go héifeachtach.

Timpeallacht riosca agus rialaithe

Déanann an Bord a chinntiú go bhfuil córais chuí an rialaithe inmheánaigh agus na bainistíochta riosca ar bun. Chun é sin a bhaint amach, baintear feidhm as na struchtúir agus córais seo a leanas:

Tá Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca (an "CIR") ag Líonraí Gáis Éireann ar a bhfuil 4 chomhalta neamhfheidhmiúcháin Boird a bhfuil an saineolas riachtanach acu don ról. Déanann an CIR maoirseacht ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann an Bhoird, agus tá sé freagrach as cabhrú leis an mBord a fhreagrachtaí a chomhlíonadh de réir mar a bhaineann siad leis an réimse sin. Gach ráithe, déanann an CIR athbhreithniú

substainteach ar an bpróifíl riosca arna ullmhú ag an lucht bainistíochta, rud a chinntíonn go ndéantar maoirseacht ar na príomhrioscaí agus na rioscaí atá ag teacht chun cinn agus go ndéantar athbhreithniú ar éifeachtúlacht fhreagairt an lucht bhainistíochta do na príomh-neamhchosaintí riosca.

Déanann an CIR athbhreithniú freisin ar iontaofacht fhoriomlán an chórais bhainistíochta riosca, lena n-áirítear éifeachtúlacht na bhfeidhmeanna riosca agus iniúcháireachta inmheánaí.

Fóram Dearbhaithe Comhtháite

Tá freagracht ar Líonraí Gáis Éireann faoin gCód as a chinntiú go ndéantar córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh a oibriú agus go leantar ar aghaidh leo. Tá measúnú ar éifeachtacht na rialuithe sin de dhíth gach bliain. Chun aghaidh a thabhairt ar an gceanglas sin, d'fhorbair an Grúpa an Fóram Dearbhaithe Comhtháite ("FDC").

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus iad siúd atá freagrach dó ina mbaill den fhóram sin. Tagann an FDC le chéile gach ráithe lena dheimhniú go gcomhordaítear gníomhaíochtaí dearbhaithe agus aontaithe riachtanacha, agus go dtugtar fianaise maidir leo, ar bhealach struchtúrtha. Cuirtear an CIR ar an eolas faoi thorthaí an

FDC ar bhonn ráithiúil.

Tugann an FDC dearbhú don Bhord maidir le héifeachtúlacht na rialuithe ag deireadh na bliana. Tugann an próiseas FDC, chomh maith le roinnt gníomhaíochtaí eile rialachais, riosca agus rialaithe ar fud an Ghrúpa, tacaíocht don Bhord agus an Ráiteas ar an gCód Rialaithe Inmheánaigh á chomhaontú.

Iniúchadh inmheánach

Tá feidhm sheanbhunaithe iniúchta inmheánaigh ag Líonraí Gáis Éireann a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a thugann faoi chlár oibre a shocraítear leis an CIR. Tuairiscíonn Ceann an Iniúchta Inmheánaigh don CIR agus don Phríomhoifigeach Airgeadais.

Soláthraíonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh cur chuige córasach agus rialaithe chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach Líonraí Gáis Éireann agus feabhas a chur air sin.

Feidhm an iniúchta inmheánaigh:

- Déanann sí meastóireacht ar neamhchosaint ar riosca i ndáil le spriocanna straitéiseacha Líonraí Gáis Éireann a bhaint amach.
- Measúnú ar na córais a cuireadh ar bun chun comhlíonadh na mbeartas,



Tagann Coiste Bainistíochta Riosca Líonraí Gáis Éireann **le cheile gach ráithe**



Cultúr labhartha amach um bainistíochta riosca cuí faoi cheannas tuinfeasachta ar riosca ón mbarr anuas agus próiseas tuairiscithe ón mbun aníos.

pleananna, nósanna imeachta, dlíthe agus rialachán a chinntiú.

- Measúnú ar na modhanna atá ann chun sócmhainní a chosaint.
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca agus na próisis sin a mheas.
- Oibríochtaí sonracha a mheas ar iarratas ón mBord nó ón bhfoireann bainistíochta, de réir mar is cuí. Cuireann sí seirbhísí comhairleacha ar fáil maidir le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú de réir mar is cuí.

Feidhm na bainistíochta riosca

Tá feidhm bainistíochta riosca seanbhunaithe i Líonraí Gáis Éireann freisin, a bhfuil na hacmhainní leordhóthanacha faoina lámh agus atá freagrach as dearadh agus cur i bhfeidhm Creata um Bainistiú Riosca Fiontair, agus as a chinntiú go bhfuil eolas, taithí agus scileanna bainistíochta riosca leordhóthanacha ar fáil ar fud Líonraí Gáis Éireann.

Tuairiscíonn Ceann na Bainistíochta Riosca don Phríomhoifigeach Airgeadais chomh maith le freastal ar chruinnithe CIR. Ina theannta sin, bíonn cruinnithe ráithiúla ag an gCoiste Bainistíochta Riosca, agus bíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina chathaoirleach orthu.

Déanann an fheidhm Bainistíochta Riosca na rudaí seo a leanas go háirithe:

- A chinntiú go mbíonn próisis agus maoirseacht leordhóthanach, chomhsheasmhach i bhfeidhm leis na

rioscaí atá ann do Líonraí Gáis Éireann a aithint, a thomhas, a bhainistiú, a cheistiú, a thuairisciú agus le monatóireacht a dhéanamh orthu.

- A chinntiú go gcoinneofar maoirseacht ar agus go ndéanfar measúnú ar an bpróifíl riosca, lena n-áirítear príomhrioscaí, rioscaí atá ag teacht chun cinn agus rioscaí forleathana, rioscaí ardtionchair agus rioscaí lena mbaineann dóchúlacht íseal, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin, úinéireacht shoiléir agus na bearta cuí maolaithe.
- Cultúr labhartha amach um bainistíocht riosca cuí a chur i bhfeidhm faoi cheannas meon feasachta ar riosca ón mbarr anuas agus próiseas tuairiscithe ón mbun aníos gach ráithe.

Gnéithe den timpeallacht rialaithe

Chomh maith leis na príomhstruchtúir a bhfuil tagairt dóibh thuas, dearbhaíonn an Bord go bhfuil timpeallacht rialaithe, a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm:

- Freagracht ar bhainistíocht ag gach leibhéal i Líonraí Gáis Éireann as rialú inmheánach agus bainistíocht riosca;
- Creat um Rialachas Corparáideach a chuimsíonn rialú airgeadais agus measúnú riosca. Déanann Feidhmeannach Líonra Gáis Éireann agus feidhmeanna iniúchta inmheánaigh agus riosca Líonraí Gáis Éireann monatóireacht air sin;
- Struchtúr eagraíochta atá sainithe go soiléir, ina bhfuil teorainneacha sainithe údaráithe agus córais um thuairisciú

chuig leibhéal níos airde den lucht bainistíochta agus den Bhord;

- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, caiteachas caipitil san áireamh. Teastaíonn faomhadh an Bhoird le haghaidh tionscadal mór caipitil, agus déanann an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta dlúthmhonatóireacht orthu ar bhonn leanúnach;
- Próisis sheanbhunaithe chun cineál, fairsinge agus impleacht na rioscaí gnó, lena n-áirítear riosca airgeadais, a bhí os comhair na heagraíochta a shainaithint agus a mheasúnú, lena n-áirítear fairsinge agus catagóirí a cheapann sé a bheith inghlactha. Próisis eile chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta agus measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta na rioscaí a thagann chun cinn a bhainistiú agus a mhaolú trí phleananna agus straitéisí gaolmhara um maolú;
- Dealú cuí dualgas agus taifeadadh próiseas agus rialuithe atá dírithe ar chalaíochas a chosc agus a bhrath;
- Córas buiséadaithe cuimsitheach agus buiséad bliantúil ann arna athbhreithniú agus arna aontú ag an mBord;
- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais;
- Déantar sraith chuimsitheach táscairí ar fhaisnéis na bainistíochta agus táscairí feidhmíochta gach ráithe a cheadaíonn monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun

cinn de réir cuspóirí fadtéarmacha agus buiséad bliantúil;

- Beartais inmheánacha a cheanglaíonn ar gach fostaí cloí go hionraic leis na caighdeáin eitice is airde. Ar na beartais sin, tá: an Cód Iompraíochta, an Beartas Frith-Chalaoise, an Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe, an Beartas chun Stocaireacht a Rialú agus an Beartas um Nochtuithe Cosanta;
- Clár cuimsitheach frithchalaoise a chuimsíonn Beartas Frithchalaoise, Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe, oiliúint agus cumarsáid agus plean um fhreagairt do chalaois;
- Athbhreithnithe córasacha ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus oibriúcháin trí iniúchadh inmheánach. Sna hathbhreithnithe sin, leagtar béim ar na réimsí is mó ina bhfuil riosca de réir mar a aithnítear ag measúnú riosca; agus
- Measúnú ar an gcreat rialaithe inmheánaigh ina dtugtar faoi mheasúnú riosca leathan, ina ndéantar athbhreithniú ar oibriú agus éifeachtúlacht na bpríomhbheartas agus príomhphróiseas rialaithe, ina ndéantar tuairisciú féinmheasúnaithe maidir le rialú inmheánach agus ina ndéantar tuairisciú ar fheidhmíocht, le tacaíocht gníomhaíochtaí dearbhaithe an Riosca, an Iniúchta Inmheánaigh agus an Iniúchta Sheachtraigh.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá creat láidir ag Líonraí Gáis Éireann d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar

leorgacht na rialuithe inmheánacha agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí agus atá siad, lena n-áirítear na rialuithe airgeadais, oibriúcháin, comhlíontachta agus próisis bainistíochta riosca.

Tá an Bord sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm oiriúnach don ghnó. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh i ndáil le Líonraí Gáis Éireann, is é atá mar bhonn agus taca aige ná obair na mbainisteoirí sa Chuideachta atá freagrach as forbairt agus cothú an chreata rialaithe inmheánaigh. Cuireann an CIR leis sin, a dhéanann maoirseacht ar obair fheidhmeanna riosca agus rialachais, ar obair iniúcháireachta inmheánaí agus ar na ráitis a rinne an t-iniúcháir seachtrach ina litir do bhainisteoirí agus/nó i dtuairiscí eile. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí, go pras.

Áiríodh leis an monatóireacht leanúnach a dhéanann an bhainistíocht an méid seo a leanas:

- Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar an gclár um iniúchadh inmheánach agus breithniú ar a thuarascálacha agus torthaí. Déanann an CIR athbhreithniú freisin ar an gclár iniúcháireachta inmheánaí.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairisciú rialta ón iniúcháireacht inmheánach maidir le stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh agus stádas na saincheisteanna a ardaíodh roimhe sin ina dtuarascálacha féin. Déanann an CIR

athbhreithniú ar thuarascálacha freisin.

- Rannpháirtíocht san Fhóram Dearbhaithe Chomhtháite.
- Rannpháirtíocht sa Choiste um Bainistiú Riosca.
- Cruinnithe míosúla a d'fhéadfadh cúrsaí airgeadais, riosca, iniúcháireachta inmheánaí agus oibriúcháin i dtaca le Líonraí Gáis Éireann a chuimsiú.

Áirítear leis an monatóireacht leanúnach a dhéanann an Bord an méid seo a leanas;

Athbhreithniú ar an bpróifíl riosca.

Athbhreithniú agus plé ar an tuarascáil ó Chathaoirleach Líonraí Gáis Éireann maidir le héifeachtúlacht oibriú na gcóras rialaithe inmheánaigh, idir airgeadas agus oibriúcháin.

Athbhreithniú ar thuarascálacha ón iniúcháir seachtrach, ina bhfuil sonraí faoi aon saincheist ábhartha maidir le rialú airgeadais.

Áirítear leis an monatóireacht leanúnach a dhéanann an ARC;

- Athbhreithniú ar thuarascálacha an Fhórait Dearbhaithe Chomhtháite maidir leis an gcóras um rialú inmheánach ar bhonn ráithiúil.
- Athbhreithniú ar an bpróifíl riosca ar bhonn ráithiúil.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ó fheidhm na hiniúcháireachta inmheánaí ina bhfuil mionsonraí ar shaincheisteanna rialaithe agus nuashonruithe ar stádas ar chlabhsúir maidir le moltaí oscailte iniúcháireachta inmheánaí.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ón iniúcháir seachtrach, ina bhfuil sonraí



In athbhreithnithe córasacha, leagtar béim **ar na réimsí is mó riosca** de réir mar a aithnítear é sin leis an measúnú riosca.

Déantar an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú

ar chóras Líonraí Gáis Éireann a threorú ag obair na mbainisteoirí laistigh de Líonraí Gáis Éireann a bhfuil freagracht acu as forbairt agus as coimeád an chreata rialaithe inmheánaigh.

faoi aon saincheisteanna ábhartha maidir le rialú airgeadais inmheánach.

- Athbhreithniú agus breithniú ar an tuarascáil ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar a éifeachtaí is a bhí na córais rialaithe inmheánaigh, idir rialú airgeadais agus oibriúcháin.

Caiteachas caipitil agus oibríochtúil

Tá córais láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm lena chinntiú, de réir mar is cuí, go gcloítear leis na prionsabail agus riachtanais ábhartha maidir leis na Treoirlínte Bonneagair a foilsíodh le deireanas (rud atá ann in ionad sraith treoirlínte um Chód Caiteachais Phoiblí 2019).

Tugtar i bPolasaí Soláthair (PD02) na nósanna imeachta a leanfaidh an Grúpa chun tacú le riachtanais soláthair san eagraíocht. Trí PD02 a chur i bhfeidhm déantar cinnte go bhfaightear luach ar airgead i gcleachtais soláthair, go gcloítear le dlíthe AE agus Éireannacha maidir le soláthar poiblí, go ndéantar próisis tairisceana a bhainistiú go cuí agus go gcoimeádtar forbhreathnú rialachais agus bainistíochta ar an bpróiseas soláthair ar fud an Ghrúpa.

Sa pholasaí maidir le Caiteachas agus Faomhadh Conarthaí (PD03), leagtar amach an creat maidir le caiteachas airgeadais agus rialachas na gconarthaí, lena n-áirítear an próiseas údaraithe agus leibhéil údaráis le haghaidh caiteachas caipitil agus oibríochta i Líonraí Gáis Éireann agus i ngach ceann dá bhfochuideachtaí. Caithfidh gach faomhadh caiteachais

agus conartha cloí le ceanglais an Chreata Rialachais agus PD03.

Tá an creat um chaiteachas airgeadais agus rialachas conarthaí ag teacht leis na critéir maidir le luach ar airgead sna Treoirlínte Bonneagair uasdátaithe, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar a bhí, i mí na Nollag 2023.

Anuas ar cheanglais soláthair náisiúnta agus AE, ní mór don chaiteachas caipitil cloí le haon riachtanais a d'fhéadfadh an Coimisiún um Rialáil Fóntais a leagan síos, riachtanais a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an bpleanáil agus tosaíochtaí bonneagair náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Úsáidtear modhanna cuí measúnaithe infheistíochta i dtaca le tionscadail chaipitil agus cláir chaipitil ionas gur féidir cinntí a dhéanamh go héifeachtach. Déantar measúnú ar thionscadail chaipitil agus ar chláir chaipitil agus déantar iad a sheachadadh le próiseas faofa láidir 5 chéim.

Feidhmíonn an próiseas gealltanais caipitil ar an mbonn go n-iarrann an chuideachta na ceadanna ábhartha ón Aire roimh ré i gcomhair imchlúdach iomlán gealltanais caipitil le tabhairt fúthu le linn na bliana airgeadais dár gcionn.

Iarrann Líonraí Gáis Éireann ceadanna Aire ar leithligh sula dtugtar gealltanais do thionscadal caipitil aonair ar bith nó do chlár caipitil nua ar chostas €40m nó níos mó i gcás caiteachais rialáilte agus €15m i gcás caiteachais neamhrialáilte. Cuirtear ceadanna Aire faoi bhráid na Máthair-roinne agus ranna rialtais ábhartha eile atá

rannpháirteach sa phróiseas ceadaithe don iarratas sonrach. Lena chois sin, cuirtear iarratais ar fhaomhadh ón Aire faoi bhráid NewERA, a chuireann comhairle shonrach ar chúrsaí airgeadais agus tráchtála ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a sula dtugann an tAire cead.

Cuirtear infheistíochtaí caipitil, lena n-áirítear conarthaí a bhfuil luach os cionn €3.5 milliún ag baint leo, faoi bhráid Choiste Faofa Conarthaí (CFC) an Ghrúpa lena n-athbhreithniú agus lena bhfaomhadh. Tá faomhadh ón mBord ag teastáil le haghaidh gach caiteachas caipitil a bhfuil luach os cionn 10m air.

Tugtar an t-eolas is déanaí don Bhord maidir le stádas tionscadal agus cláir chaipitil de réir mar a théann siad ar aghaidh, lena n-áirítear an t-eolas is déanaí maidir leis an gcur i bhfeidhm i gcomparáid leis an bplean, leis na sceidil agus le cáilíocht. Cuirtear tuairisciú buiséid agus difríochta i láthair don Bhord chomh maith. Bíonn cuspóirí ar leith ag gach tionscadal agus déantar iad a mheas i leith na gcuspóirí sin. Tá diancheanglais seachadta agus príomhtháscairí feidhmíochta mar chuid de thairiscintí agus de conarthaí a eascraíonn astú, agus úsáidtear iad chun feidhmíocht a thomhas le linn thréimhse an tionscadail. Cuirtear athbhreithnithe iar-thionscadail agus tuarascálacha dúnta airgeadais i láthair CFC, an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta agus an Bhoird chun meastóireacht a dhéanamh orthu ag brath ar luach an tionscadail nó an chláir. I gcruinnithe deiridh tionscadal agus athbhreithnithe bliantúla ar chláir,

éascaítear cur chuige ‘ceachtanna a foghlaimíodh’ a ndéantar iad a mheasúnú, a rianú agus a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin mar chuid de thionscadail atá ann cheana féin agus a bheidh ann amach anseo ar fud na heagraíochta de réir mar is cuí.

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Níl aon ábhar imní suntasach léirithe ag an Oifigeach um Chosaint Sonraí maidir le neamhchomhlíonadh i ndáil le ceanglais reachtach faoi RGCS.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh go dtí dáta faofa na Ráiteas Airgeadais, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta agus córais bhainistíochta riosca don bhliain 2024 agus cinnteoidh sé go ndéanfar athbhreithniú den chineál céanna sa bhliain 2025. Rinne an CIR athbhreithniú mionsonraithe, agus thuairiscigh siad a gcuid torthaí do Bhord Líonraí Gáis Éireann.

Fadhbanna maidir le rialú inmheánach

Níor aithníodh aon laigí ábhartha i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2024 a bhfuil foráil ag teastáil uathu sna ráitis airgeadais.

Tátail

Gnóthas leantach

Agus na réamh-mheastacháin airgeadais reatha, na hacmhainní airgeadais atá ar fáil agus na saoráidí creidmheasa á gcur san áireamh acu, tá muinín ag na Stiúrthóirí go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta agus ag an nGrúpa ina iomláine chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go ceann i bhfad. Mar sin, ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Tugtar tuilleadh mionsonraí faoin measúnú gnóthais leantaigh sin i nótaí 1 agus 23 faoi seach de na Ráitis Airgeadais seo.

Bainistíocht riosca

Rinne an Bord measúnú forleathan ar na príomhrioscaí a bheadh ann don eagraíocht le linn na bliana 2024. Leagtar amach na rioscaí agus na rialuithe maolaithe nó gníomhaíochtaí seo ar leathanaigh 38-45.

Caidreamh leis an scairshealbhóir

Tá Líonraí Gáis Éireann ag feidhmiú go neamhspleách óna Mháthair-Roinn (an Roinn Tithíochta, Pleanála, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht), ach bíonn sé gníomhach i mbun comhairliúcháin ar bhonn leanúnach in éineacht lena Mháthair-Roinn de réir mar a éilítear sa reachtaíocht agus sa Chód.

Leasanna chomhaltaí an bhoird

Ní raibh aon leas ag na Comhaltaí Boird i Líonraí Gáis Éireann ná ina fhochuideachtaí le linn na bliana. Tá an Bord sásta go bhfuil a chuid comhaltaí saor ó aon chaidrimh ghnó nó eile a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ábhartha acu, nó a d'fhéadfadh go mba chosúil go mbeadh tionchar ábhartha acu, ar chleachtadh a mbreithiúnais neamhspleách.

Féadfaidh comhaltaí Boird stiúrthóireachtaí nó poist feidhmiúcháin a bheith acu nó spéis a bheith acu i gcuideachtaí tríú páirtí, lena n-áirítear bainc agus institiúidí airgeadais, ar féidir go ndéanfadh cuid acu sin (nó a bhfochuideachtaí), mar chuid de ghnáthchúrsaí gnó, idirbhearta le Líonraí Gáis Éireann ar bhonn neamhspleách. Déanann na comhaltaí Boird go léir aon leas a nochtadh agus déanann siad iad féin a scaoileadh ó phlé agus cinntí Boird sa chás go mbíonn siad faoi choimhlint nó go mbíonn leas díreach nó indéreach de réir an Chóid acu. I gcásanna mar sin, coimeádtar taifead ar leithligh (nach bhfuil rochtain ag an gComhalta Boird air).

Measúnú feidhmiúcháin

Faomhann an Bord buiséad bliantúil a thacaíonn leis na pleananna corparáideacha. Déantar measúnú bliantúil ar fheidhmiú iarbhir i gcomparáid leis an

bplean agus buiséad. Tugtar breithniú cuimsitheach sna hAthbhreithnithe Oibriúcháin agus Airgeadais ar leathanaigh 41 agus 60.

Taifid chuntasaíochta

Creideann na comhaltaí Boird gur chuir siad córais agus acmhainní iomchuí ar fáil, lena n-áirítear pearsanra oiriúnach cáilithe cuntasaíochta a cheapadh ag a bhfuil taithí oiriúnach, chun cuntais chuí chuntasaíochta a choinneáil ar fud na heagraíochta d'fhonn oibleagáid Líonraí Gáis Éireann a chomhlíonadh maidir le taifid chuntasaíochta a choinneál. Tá leabhair cuntais Líonraí Gáis Éireann á gcoinneáil ag Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh.

Iniúchóir seachtrach


Fuarthas cead ón Aire, tar éis próiseas tairisceana a chur i gcrích, KPMG a cheapadh mar iniúchóir do Líonraí Gáis Éireann sna blianta airgeadais 2024, 2025 agus 2026 agus tá an rogha ann síneadh ama suas le dhá bhliain eile a chur leis an téarma ceapacháin seo (2027 agus 2028).

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:



Kevin Toland

Cathaoirleach



Keith Harris

Comhalta den Bhord

Dáta: 25 Márta 2025

Tuarascáil
Dheireadh
na Bliana
2024



Tuarascáil an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca

“Mar Chathaoirleach ar an gCoiste um Iniúcháireacht agus Riosca Líonraí Gáis Éireann, tá áthas orm Tuarascáil an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 a chur faoi bhur mbráid.”

Tá an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca (“an Coiste”) bunaithe ar leibhéal Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann agus gníomhaíonn sé i leith Líonraí Gáis Éireann agus a fhochuideachtaí (“an Grúpa”). Tugann an tuarascáil seo léargas ar obair an Choiste le 12 mhí anuas agus tugann sí eolas ar an mbealach ar chomhlíon an Coiste a fhreagrachtaí faoina Théarmaí Tagartha agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“An Cód”).

Tá go leor ama caite ag an gCoiste le linn na bliana ar a phríomhfhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh. Bhí an Coiste i dteagmháil ar bhonn rialta leis an mbainistíocht shinsearach, le lucht na hiniúcháireachta inmheánaí, le lucht na bainistíochta riosca agus le hiniúcháir reachtúil an Ghrúpa. Anuas air sin, thug an Coiste faoi chlár iomlán athbhreithnithe ina chruinnithe i rith na bliana lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach. Agus a phríomhfhreagrachtaí maoirseachta á chomhlíonadh aige, bíonn cruinnithe ar leith ar bhonn rialta ag Cathaoirleach an Choiste leis an ardbhainistíocht, le lucht na hiniúcháireachta inmheánaí, le lucht na bainistíochta riosca agus le hiniúcháir reachtúil an Ghrúpa.

Keith Harris
Cathaoirleach, an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca

Ról agus freagrachtaí an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca

Is é ról an Choiste ná tacú le Líonraí Gáis Éireann i ndáil lena fhreagrachtaí i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Tuairisciú airgeadais
- Bainistíocht riosca
- Rialuithe Inmheánacha
- Iniúchadh inmheánach
- Iniúchadh seachtrach
- Gníomhaíochtaí gaolmhara eile, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta maidir le nochtaí cosanta, frithchalois, frithbhreabaireacht agus frithéilliú.

Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste do Bhord Líonraí Gáis Éireann maidir le hábhair a phléitear ag gach cruinniú Coiste, agus faigheann an Bord miontuairiscí agus páipéir go léir an Choiste le haghaidh cruinnithe an Choiste. Leagtar amach go mion i dTéarmaí Tagartha an Choiste róil agus freagrachtaí an Choiste agus tá fáil orthu ar shuíomh gréasáin Líonraí Gáis Éireann www.gasnetworks.ie. Déantar athbhreithniú orthu sin go bliantúil.

Comhaltaí

Tá ceathrar Comhaltaí neamhspleácha Neamhfheidhmiúcháin de chuid Bhord Líonraí Gáis Éireann ar an gCoiste. Is é Bord Líonraí Gáis Éireann, i gcomhairle le Cathaoirleach an Choiste, a dhéanann Comhaltaí an Choiste a cheapadh. Féach Tuarascáil an Bhoird ar leathanach 93 do shonraí maidir le ballraíocht agus le tinreamh ag cruinnithe sa bhliain 2024. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta an Ghrúpa.

Tuairisciú airgeadais

Tá an Coiste freagrach, ar son Bhord Líonraí Gáis Éireann, as monatóireacht a dhéanamh ar ionracas phróiseas ullmhúcháin Ráiteas Airgeadais an Ghrúpa agus as athbhreithniú a dhéanamh ar na breithiúnais tuairiscithe airgeadais atá iontu. Ullmhaíonn foireann airgeadais a bhfuil na cáilíochtaí agus an saineolas cuí aici na Ráitis Airgeadais thar ceann an Bhoird.

Le linn na bliana, rinne an Coiste athbhreithniú ar na dréacht-ráitis airgeadais sular mhol siad go ndéanadh Bord Líonraí Gáis Éireann iad a fhaomhadh. Rinne an Coiste oiriúnacht na mbeartas agus na gcaighdeán suntasach cuntasáíochta, na meastachán agus na mbreithiúnas a úsáideadh agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú, mar aon le soiléireacht agus críochnúlacht na nochtuithe sa Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a mheas. Rinne an Coiste plé ar na nithe sin leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach Airgeadais agus iniúcháir seachtrach.

Bainistíocht riosca

Tá an Coiste freagrach, ar son Bhord Líonraí Gáis Éireann, as monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca an Ghrúpa, ar fhorbairtí ó thaobh príomhrioscaí de agus ar dhul chun cinn ar sholáthar na próifíle riosca sprice, a chuireann ar chumas Bhord Líonraí Gáis Éireann a dheimhniú gach bliain go bhfuil measúnú déanta aige ar phríomhrioscaí an Ghrúpa.

Le linn na bliana, rinne an Coiste athbhreithniú, i gcomhar leis an mbainistíocht shinsearach, ar an bpróifíl riosca, ar bheartais bhainistíochta riosca, ar neamhchosaintí ardtionchair/dóchúlachta íseal agus ar an inghlacthacht riosca agus ar an bpróifíl sprice lena bhfaomhadh ag Bord Líonraí Gáis Éireann. Rinne an Coiste athbhreithniú ar chuir i láthair ar shampla de rioscaí príomha, agus rinne sé plé leis an mbainistíocht shinsearach ar na rialuithe inmheánacha ábhartha atá ann cheana leis na rioscaí sin a laghdú.

Rialuithe Inmheánacha

Tá an Coiste freagrach, thar ceann Bhord Líonraí Gáis Éireann, as athbhreithniú a dhéanamh ar a oiriúnaí agus ar a iomláine agus atá córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa, agus as athbhreithniú a dhéanamh le fáil amach an raibh an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm go héifeachtach le linn na tréimhse tuairiscithe agus an dtugann an córas sin réamhrabhadh cuí maidir le haon chlistí agus rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Tá Líonraí Gáis Éireann freagrach faoin

gCód as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Déanann Líonraí Gáis Éireann an fhreagracht seo a shaothrú tríd an ardbhainistíocht agus tríd “an Fóram Dearbhaithe Comhtháite”, ar grúpa bainistíochta é sin a bhailíonn fianaise ó na gníomhaíochtaí éagsúla rialaithe a dhéantar ar fud an Ghrúpa d’fhonn íomhá chuimsitheach a chruthú de rialú inmheánach agus riosca. Tugann an Fóram Dearbhaithe Comhtháite tuiscint níos fearr ar na gníomhaíochtaí dearbhaithe atá i bhfeidhm agus déanann sé moltaí maidir le feabhas a chur orthu, chun riosca a mhaolú agus maoirseacht rialachais a uasmhéadú, ag cuidiú freisin le haon bhearnaí sa dearbhú a shainithint agus a réiteach.

Iniúchadh inmheánach

Tá an Coiste, thar ceann an Bhoird, freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht agus scóip na feidhme iniúchta inmheánaigh, lena n-áirítear a phleananna, gníomhaíochtaí agus acmhainní d’fhonn a chinntiú gur féidir leis athbhreithniú éifeachtach a dhéanamh ar oibriúchán rialuithe an Ghrúpa maidir le rioscaí suntasacha laistigh de chomhlacht an Ghrúpa.

Le linn 2024, rinne an Coiste athbhreithniú ar an bplean agus ar an obair a rinne foireann iniúcháireachta inmheánaí Líonraí Gáis Éireann agus ar na gníomhaíochtaí dá bharr atá le déanamh ag an lucht bainistíochta. Chuir Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí Líonraí Gáis Éireann ar an eolas go minic maidir le torthaí athbhreithnithe na



hiniúchóireachta inmheánaí. Chomh maith leis sin, bhreithnigh an Coiste dul chun cinn na bainistíochta maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna ábhartha, lena n-áirítear cineál, réim agus tráthúlacht a cuid freagraí. Rinne an Coiste athbhreithniú ar phlean bliantúil bunaithe ar riosca um iniúchadh inmheánach don bhliain 2025 agus ghlac sé leis, plan a chuimsíonn na hacmhainní a theastaíonn, agus rinne sé measúnú ar fhócas an iniúchta inmheánaigh a ailíniú leis na réimsí riosca is mó.

Le linn na bliana 2024, lean an eagraíocht ar aghaidh leis an ionracas a chur chun cinn agus béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le hiompar eiticíúil ar fud na heagraíochta tríd an bhfeachtas ‘An rud ceart a dhéanamh’ a chur i bhfeidhm.

Is éard atá san fheachtas roinnt tionscnamh, lena n-áirítear an t-eolas is déanaí ar shraith beartais chorparáideacha a bhaineann le heitic, trí oiliúint a chur ar fáil, trí chultúr ‘labhairt amach’ agus comhráite ráithiúla sláine a dhíríonn ar ábhair a bhaineann le sláine na huaire a chur chun cinn.

Iniúchadh seachtrach

Tá an Coiste freagrach, thar ceann Bhord Líonraí Gáis Éireann, as monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas iniúchóireachta seachtraigh. Rinne an Coiste monatóireacht ar iomláine ráitis airgeadais an Ghrúpa agus rinne sé athbhreithniú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta agus ar na saincheisteanna tuairiscithe airgeadais iontu, agus aird á tabhairt ar ábhair a chuireann an t-iniúchóir seachtrach in iúl dó. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar phleananna, tuairiscí agus torthaí an iniúcháir sheachtraigh maidir leis an iniúchadh, agus phléigh sé iad leis an iniúchóir seachtrach. Rinne an Coiste athbhreithniú ar

litir an iniúcháir sheachtraigh chuig an lucht bainistíochta tar éis an iniúchta agus ar na freagraí a thug an lucht bainistíochta.

Tá an Coiste freagrach freisin, thar ceann Bhord Líonraí Gáis Éireann, as na tairiscintí iniúchóireachta a thionscnamh agus as an bpróiseas roghnúcháin don iniúchóir seachtrach agus ansin as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus luach saothair an iniúcháir sheachtraigh. Déanann an Coiste bearta cuí lena chinntiú go gcoimeádtar caidreamh oibiachtúil gairmiúil leis an iniúchóir seachtrach.

Le linn na bliana, rinne an Coiste measúnú ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an iniúcháir, agus mar chuid de sin rinneadh athbhreithniú ar:

- cineál agus fairsinge na seirbhísí a sholáthraítear, agus na táillí a thuilltear, as obair iniúchóireachta agus obair neamh-iniúchóireachta a dhéanann an t-iniúchóir seachtrach.
- beartas an Ghrúpa a rialaíonn soláthar sheirbhísí neamh-iniúchóireachta don Ghrúpa a chomhlíonadh trína bhfuil rialacha agus teorannacha soiléire i bhfeidhm, a cheadaíonn seirbhísí neamh-iniúchóireachta nach bhfuil aon choimhlint leasa ag baint leo.
- dearbhuithe soláthartha ag an iniúchóir seachtrach maidir leis sin.

Leagtar amach táillí seirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad i Nóta 4 de na Ráitis Airgeadais. Níor tharla sé gur fostaíodh an t-iniúchóir chun seirbhísí a chur ar fáil a measadh go dtiocfadh coimhlint leasa dá mbarr i rith na bliana. Rinne an Coiste monatóireacht freisin ar chomhlíonadh an iniúcháir sheachtraigh leis an treoir ábhartha

rialála, eitice agus ghairmiúil. Tá an Coiste sásta go bhfuil KPMG neamhspleách agus oibiachtúil.

Déantar éifeachtacht an iniúcháir sheachtraigh a athbhreithniú gach bliain. Dirítear sa mheasúnú ar réimsí amhail chomh stóinseach agus atá an próiseas iniúchóireachta, an fhoireann iniúchóireachta, cumarsáid agus rialachas. Bhí an t-athbhreithniú sásúil ar an iomlán. Le linn na bliana, bhuail na hiniúchóirí seachtracha go príobháideach leis an gCoiste gan aon chomhaltaí bainistíochta i láthair.

Cloíonn an Coiste go beacht leis an teorainn táille 70% do sheirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad a leagtar síos in Alt 4 de Rialachán (AE) Uimhir 537/2014.

Éifeachtacht an choiste um iniúchóireacht agus riosca

Déanann an Coiste athbhreithniú bliantúil ar a éifeachtacht féin. Rinneadh an t-athbhreithniú go hinmheánach trí cheistneoirí féinmheasúnaithe don bhliain 2024 a chríochnú agus bhí an t-athbhreithniú go hiomlán sásúil.

Thar ceann an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca:




Keith Harris
Cathaoirleach,
Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca
25 Márta 2025

Dáta: 25 Márta 2025

Arna fhaomhadh ag an mBord agus arna shíniú thar a cheann:



Kevin Toland
Cathaoirleach



Keith Harris
Comhalta an Bhoird



Tuarascáil na stiúrthóirí

Cuireann na Stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa agus na Cuideachta i láthair don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024. Tá an Grúpa comhdhéanta den Mháthairchuideachta agus dá fochuideachtaí atá nochta i Nóta 25.

Príomhghníomhaíochtaí

Corpraíodh Líonraí Gáis Éireann (“an Chuideachta”) ar an 13 Eanáir 2015 mar fhochuideachta de chuid Ervia faoi úinéireacht 100% agus thosaigh an chuideachta ag trádáil ar an 1 Lúnasa 2015. Is fochuideachtaí de chuid na Cuideachta iad GNI (UK) Limited, Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC agus Aistriú Sheirbhísí Líonra DAC agus tá siad ina gcuid de Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann (“an Grúpa”).

Sa bhliain 2018, d’fhógair an Rialtas go ndéanfaí dhá fhóntas tráchtála rialáilte ar leith faoi úinéireacht phoiblí de Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann sa bhliain 2023. Bunaíodh Uisce Éireann mar fhóntas rialáilte neamhspleách faoi úinéireacht phoiblí ar an 1 Eanáir 2023 agus d’fhan Líonraí Gáis Éireann mar an t-aon fhochuideachta dhíreach de chuid Ervia. Comhtháthaíodh Ervia i Líonraí Gáis Éireann an 1 Meitheamh 2024 de bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, a mhéid is gur aistríodh feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanais uile Ervia ar an dáta sin chuig Líonraí Gáis Éireann agus gur díscaoileadh Ervia.

Fóntas Líonra rialáilte atá sa Chuideachta, agus í á rialáil ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (“CRF”) in Éirinn. Rialaíonn an Rialálaí Fóntas píblínte GNI (UK) Limited i gcóras tarchurtha Thuaisceart Éireann. Is é is príomhchuspóir don Chuideachta feidhmiú, cothabháil, forbairt agus dícharbónú an líonra gháis in Éirinn ar bhonn sábháilte, iontaofa agus éifeachtúil.

Is leis an gCuideachta an líonra gáis nádúrtha in Éirinn agus déanann sí é a oibriú agus a chothabháil. Tá ár líonra gáis ar cheann de na líonraí is nua-aimseartha agus is sábháilte ar domhan agus cuimsítear ann 14,758 km de phíblínte gáis lena n-áirítear dhá idirnascaire fomhuirí agus píblínte fomhuirí in Albain, i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann. Gníomhaíonn Aurora Telecom, gnó de chuid na Cuideachta, mar sholáthraí seirbhíse mórdhíola, rochtana oscailte d’oibreoirí teileachumarsáide agus do chustaiméirí gnó, agus é ag soláthar seirbhísí snáithín dhorcha agus bandaleithid bainistithe.

Tá an chuideachta go hiomlán tiomanta do bheith ag obair i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (“DHLGH”), leis an Roinn Aeráide, Comhshaoil, Fuinnimh agus Iompair (DCEET), agus leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais chun an leas is mó is féidir a bhaint as an líonra gáis agus chun a chinntiú go mbíonn slándáil soláthair ann san aistriú go dtí córas fuinnimh ísealcharbóin.

Torthaí agus athbhreithniú ar an ngnó

Tá sonraí faoi thorthaí airgeadais an Ghrúpa leagtha amach i Ráiteas loncaim an Ghrúpa ar leathanach 116 agus sna nótaí gaolmhara ar leathanach 122.

Is í an tréimhse reatha atá á tuairisciú ná an bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024. Baineann na

figiúirí comparáideacha leis an mbliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023.

Tá tráchttaireachtaí ar fheidhmíocht le linn na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024, lena n-áirítear faisnéis faoi imeachtaí le déanaí agus forbairtí amach anseo, le fáil i dTuarascáil an Chathaoirligh, in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, agus san Athbhreithniú Airgeadais.

Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha

Pléitear achoimre ar na príomhrioscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí atá roimh an nGrúpa sa tuarascáil ar leathanaigh 32 go 39. Áirítear i nóta 23 anailís iomlán ar spriocanna, beartais agus neamhchosaint na Cuideachta maidir le bainistiú riosca airgeadais.

Díbhinní

D’íoc an Chuideachta díbhinn bhliantúil de €44.018m leis an Státhchiste le linn na bliana airgeadais 2024. Ar an 25 Márta 2025, mhol an Bord go n-íocfaí díbhinn de €62.075m don bhliain airgeadais 2025.

Na stiúrthóirí agus an rúnaí agus a gcuid leasanna

Is iad Stiúrthóirí na Cuideachta Kevin Toland, Fiona Egan, Geraldine Kelly, Keith Harris, Keara Robins agus Saoirse Fahey a ceapadh go léir le héifeacht ón 19 Aibreán 2023, John Curran a ceapadh le héifeacht ón 18 Meán Fómhair 2024, Liz Joyce a

ceapadh le héifeacht ón 20 Eanáir 2025 agus Cathal Marley a ceapadh le héifeacht ón 5 Aibreán 2019. Tháinig deireadh le téarma oifige Joe O’ Flynn ar an 21 Meitheamh 2024 agus tháinig deireadh le téarma oifige Sean Hogan ar an 19 Eanáir 2025. Is é Kevin Toland Cathaoirleach na Cuideachta. Is é Liam O’Riordan Rúnaí na Cuideachta. Tá leasanna na Stiúrthóirí agus an Rúnaí nochta i nóta 26 de na ráitis airgeadais.

Síntiúis pholaitíochta

Níor tugadh aon síntiúis pholaitíochta i gcaitheamh na bliana airgeadais (2023: nialas).

Gnóthas leantach

Tá ionchas réasúnach ag na Stiúrthóirí go leanfaidh an Grúpa agus an Chuideachta ag freastal ar a ndliteanais mar a thagann siad go ceann i bhfad agus dá réir sin ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn ghnóthais leantaigh. Tá luach €300m de shaoráidí bainc tiomanta neamhtharraingthe ar fáil don Ghrúpa (2023: €312m) agus tuartar go mbeidh brabús láidir ann sa bhliain 2025 agus ina dhiaidh sin, chun dliteanais a ghlanadh de réir mar a bhíonn siad dlite. Dá réir sin, tá na Stiúrthóirí fós ag dul i muinín bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le hullmhú na ráiteas airgeadais sin. Tugtar tuilleadh mionsonraí faoin measúnú gnóthais leantaigh sin agus faoi staid leachtachta an Ghrúpa i nótaí 1, faoi seach, de na Ráitis Airgeadais seo.

Taifid chuntasaíochta

Is iad na bearta atá glactha ag na Stiúrthóirí chun a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais Ailt 281 go 285 d’Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chuntasaíochta a choinneáil ná fostú pearsanra cuntasaíochta atá cáilithe go cuí agus úsáid córas agus nósanna imeachta cuntasaíochta oiriúnacha.

Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh.

Teagmhais iarchláir chomhardaithe

Níor tharla eachtraí suntasacha a chuir as don Ghrúpa ó bhí deireadh na bliana airgeadais ann, seachas mar atá luaite i nóta 27 de na ráiteas airgeadais.

Iniúcháirí

Fuarthas cead ón Aire, tar éis próiseas tairisceana a chur i gcrích, KPMG a cheapadh mar iniúcháir do Líonraí Gáis Éireann sna blianta airgeadais 2024, 2025 agus 2026 agus tá an rogha ann síneadh ama suas le dhá bhliain eile a chur leis an téarma ceapacháin seo (2027 agus 2028).

Nochtadh Faisnéise d’Iniúcháirí

A mhéid is eol do gach Stiúrthóir atá i seilbh oifige ar dháta formheasa na ráiteas airgeadais:

- Níl aon fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha ann nach bhfuil iniúcháirí na Cuideachta ar an eolas fúithi; agus

- Tá na Stiúrthóirí tar éis gach beart ba chóir dóibh a bheith déanta acu mar Stiúrthóirí a dhéanamh chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha agus chun a dheimhniú go bhfuil iniúcháirí na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Ráiteas comhlíonta na stiúrthóirí

Chun críocha alt 225 d’Acht na gCuideachtaí 2014 (an ‘Acht’), déanaimid, na Stiúrthóirí, an méid seo a leanas:

- A admháil go bhfuilimid freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfaidh an Chuideachta a hoibleagáidí ábhartha mar a shainmhínítear in alt 225 (1) den Acht (na ‘hoibleagáidí ábhartha’); agus
- A dheimhniú go bhfuil gach ceann díobh seo a leanas déanta:

Tá ráiteas comhlíontachta curtha le chéile (mar a shainmhínítear in alt 225(3)(a) den Acht) ina leagtar amach beartais na Cuideachta (atá, dar linne, oiriúnach don Chuideachta) maidir le comhlíonadh a hoibleagáidí ábhartha ag an gCuideachta;

Tá socruithe nó struchtúir iomchuí curtha i bhfeidhm, atá, dar linne, deartha chun comhlíonadh ábhartha oibleagáidí ábhartha na Cuideachta a áirithiú; agus

Le linn na bliana airgeadais lena mbaineann an tuarascáil seo, rinneadh athbhreithniú ar na socruithe nó ar na struchtúir dá dtagraítear i mír (ii) thuas.

Leis na pleananna atá curtha i bhfeidhm againn anois, beidh ról lárnach againn fós ag croílár chóras fuinnimh na hÉireann.



Cuid 3

Ráitis airgeadais

Tuarascáil an Iniúcháora Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann	108
Ráiteas faoi ioncam an ghrúpa	115
Ráiteas an ghrúpa faoi ioncam cuimsitheach eile	116
Clár comhardaithe an ghrúpa	117
Ráiteas an ghrúpa faoi athruithe sa chothromas	118
Ráiteas an ghrúpa faoi shreafaí airgid	119
Nótaí le ráitis airgeadais an ghrúpa	121
Clár comhardaithe na cuideachta	167
Ráiteas na cuideachta ar athruithe ar an gcothromas	168
Ráiteas na cuideachta ar shreafaí airgid	169
Nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais na cuideachta	170

Tuarascáil an Iniúchára Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann

Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

Tuairim

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Líonraí Gáis Éireann ('an Chuideachta') agus a gnóthais chomhdhlúite ('an Grúpa') don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 atá leagtha amach ar leathanaigh 115 go 183, lena gcuimsítear:

- Ráiteas faoi Ioncam Grúpa;
- Ráiteas Grúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile;
- Clár Comhardaithe an Ghrúpa;
- Ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe ar Ghnáthscaireanna;
- Ráiteas an Ghrúpa ar Shreafaí Airgid;
- Clár Comhardaithe na Cuideachta;
- Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe sa Chothromas;
- Ráiteas na Cuideachta ar Shreafaí Airgid;
- agus nótaí lena mbaineann, lena n-áirítear na beartais chuntasaíochta ábhartha atá leagtha amach i nóta 1.

Is é Dlí na hÉireann agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) mar a ghlac an tAontas Eorpach leo an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú.

Is é ár dtuairim:

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain airgeadais dar críoch sin;
- gur ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa i gceart i gcomhréir le IFRS mar atá glactha ag an Aontas Eorpach;
- gur ullmhaíodh ráitis airgeadais na Cuideachta i gceart i gcomhréir le IFRS mar atá glactha ag an Aontas Eorpach, mar atá curtha i bhfeidhm de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart i gcomhréir le ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

Bonn leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúcháireacht i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) agus leis an dlí is infheidhme. Déantar tuilleadh cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa mhír “Freagrachtaí an Iniúchára maidir le hiniúchadh na ráiteas airgeadais” dár dtuarascáil. Chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí eiticíúla faoi, agus d’fhanamar neamhspleách ar an nGrúpa i gcomhréir le ceanglais eiticíúla atá ábhartha dár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), mar a chuirtear i bhfeidhm é ar eintitis liostaithe.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte againn ina bunús leordhóthanach agus iomchuí dár dtuairim. Tá ár dtuairim iniúcháireachta ag teacht lenár dtuarascáil chuig an gcoiste um iniúcháireacht.

Tátail a bhaineann le gnóthas leantach

Agus iniúchadh á dhéanamh againn ar na ráitis airgeadais, chinneamar gurb iomchuí do na stiúrthóirí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid chun na ráitis airgeadais a ullmhú. Chuimsigh ár meastóireacht ar mheasúnú na stiúrthóirí ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh ag glacadh le bunús an ghnóthais leantaigh don chuntasaíocht.

Fuaireamar tuiscint maidir leis an bpróiseas a thug na stiúrthóirí faoi agus gnóthas leantach á mheas acu.

Mheasamar oiriúnacht an mhodha arna úsáid ag na stiúrthóirí agus measúnú an ghnóthais leantaigh á dhéanamh i gcomhthéacs an chreat tuairiscithe airgeadais is infheidhme. Rinneamar measúnú ar ábharthacht agus iontaofacht na sonraí bunúsacha agus ar oiriúnacht na dtoimhdí a d’úsáid na stiúrthóirí agus an measúnú á dhéanamh agus cheistíomar an méid céanna.

Chuireamar measúnú i gcrích ar na réamhaisnéisí todhchaíocha agus cheistíomar iad trí mheasúnú a dhéanamh ar bhuiséad FY25 agus ar shreafaí airgid níos fadtéarmaí, arna n-ullmhú ag an nGrúpa, chomh maith le réamh-mheastacháin ioncaim agus costais.

Rinneamar athbhreithniú sonrach ar shaoráidí maoinithe an Ghrúpa agus na Cuideachta lenar áiríodh; athbhreithniú ar sheasamh airgid thirim an Ghrúpa agus na Cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais, na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don Ghrúpa agus don Chuideachta agus béim curtha ar an bpróifíl um aisíocaíocht fiachais.

Bhreithníomar an dtugann an nochtadh maidir le gnóthas leantach i nóta 1 leis na ráitis airgeadais cur síos iomchuí agus leordhóthanach ar mheasúnú na stiúrthóirí ar ghnóthas leantach, lena n-áirítear na rioscaí agus na spleáchais a sainaitníodh.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor aithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha maidir le himeachtaí nó dálaí a d’fhéadfadh amhras a chaitheamh, ina n-aonar nó le chéile, ar chumas an Ghrúpa ná na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach go ceann tréimhse de dhá mhí déag ar a laghad ón uair a dhéantar na ráitis airgeadais a údarú lena n-eisiúint.

Tá cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí i leith an ghnóthais leantaigh le fáil sna ranna ábhartha den tuarascáil seo.

Neamhrialtachtaí lena n-áirítear calaois a bhrath

D’aithníomar na réimsí dlíthe agus na rialacháin a bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh tionchar ábhartha acu ar na ráitis airgeadais agus ar rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois, ag baint úsáide as ár dtuiscint ar thionscal an eintitis, ar an timpeallacht rialála agus ar fhachtóirí seachtracha eile agus fiosrúcháin leis na stiúrthóirí. Ina theannta sin, áiríodh ar ár nósanna imeachta measúnaithe riosca:

- Fiosrúcháin a dhéanamh leis na stiúrthóirí agus leis an mbainistíocht eile maidir le beartais agus nósanna imeachta an Ghrúpa maidir le comhlíonadh dlíthe agus rialachán, ag sainaithint, ag meastóireacht agus ag cur cuntas ar dhlíthíocht agus éilimh, chomh maith le cibé acu an bhfuil eolas acu ar neamhchomhlíonadh nó ar chásanna dlíthíochta nó éileamh.
- Fiosrúcháin a dhéanamh ar stiúrthóirí, ar an gcoiste iniúcháireachta, ar an iniúcháireacht inmheánach agus ar an mbainistíocht maidir le beartais agus nósanna imeachta an Ghrúpa chun calaois a chosc agus a bhrath, chomh maith le cibé acu an bhfuil eolas acu ar aon chalaois iarbhair, amhrasta nó líomhnaithe.
- Fiosrúcháin a dhéanamh ar stiúrthóirí, ar an gcoiste um iniúcháireacht, ar an iniúcháireacht inmheánach agus ar an mbainistíocht maidir lena measúnú ar an riosca go bhféadfadh na ráitis airgeadais a bheith míshonraithe go hábhartha mar gheall ar neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois.
- Comhfhreagras rialála agus dlíthiúil an Ghrúpa a iniúchadh.
- Miontuairiscí cruinnithe an Bhoird agus an fhochoiste a léamh.
- Scéimeanna dreasachta luach saothair agus spriocanna feidhmíochta a bhreithniú.
- Nósanna imeachta anailíseacha pleanála a dhéanamh chun aon ghnáthchaidrimh nó aon chaidrimh gan choinne a shainaithint.

Phléamar dlíthe agus rialacháin a sainaitníodh, fachtóirí riosca calaoise agus an gá atá le fanacht airdeallach i measc na foirne iniúcháireachta.

Ar an gcéad dul síos, tá an Grúpa agus an Chuideachta faoi réir dlíthe agus rialachán a mbíonn tionchar díreach acu ar na ráitis airgeadais, lena n-áirítear reachtaíocht maidir le cuideachtaí agus tuairisciú airgeadais, reachtaíocht cánachais agus reachtaíocht maidir le brabúis indáilte. Rinneamar measúnú ar an méid comhlíontachta leis na dlíthe agus leis na rialacháin seo mar chuid dár nósanna imeachta maidir leis na míreanna ráitis airgeadais gaolmhara, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar nochtaí an ráitis airgeadais agus iad a chomhaontú le doiciméid thacaíochta nuair is gá.

Ar an dara dul síos, tá an Grúpa agus an Chuideachta faoi réir go leor dlíthe agus rialachán eile ina bhféadfadh iarmhairtí neamhchomhlíonta tionchar ábhartha a imirt ar mhéideanna nó ar nochtaí sna ráitis airgeadais, mar shampla trí fhíneálacha nó trí chás dlíthíochta a ghearradh nó trí

theadúnas oibriúcháin an Ghrúpa a chailleadh. D’aithníomar na réimsí seo a leanas mar na réimsí is dóichí a mbeadh tionchar den sórt sin acu: sláinte agus sábháilteacht, frith-bhreabaireacht, dlí fostaíochta, dlí comhshaoil, an tAcht Gáis 1976, Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992, agus cineál rialáilte ghníomhaíochtaí an Ghrúpa á shainaithint againn.

Le caighdeáin iniúcháireachta, tá na nósanna imeachta iniúcháireachta is gá chun neamhchomhlíonadh na ndlíthe agus na rialachán neamhdhíreach seo a aithint teoranta ag fiosrúcháin a dhéanamh ar na stiúrthóirí agus ar an mbainistíocht agus ag cigireacht a dhéanamh ar chomhfhreagras rialála agus dlíthiúil, más ann dóibh. Níor aithin na nósanna imeachta teoranta sin neamhchomhlíonadh iarbhair ná amhrasta.

Rinneamar measúnú ar imeachtaí nó ar dhálaí a d’fhéadfadh dreasacht nó brú a léiriú chun calaois a dhéanamh nó a d’fhéadfadh deis a sholáthar chun calaois a dhéanamh. Mar a cheanglaítear leis na caighdeáin iniúcháireachta, chuireamar nósanna imeachta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an riosca go sáróidh an bhainistíocht rialuithe. Ar an iniúchadh seo ní chreidimid go bhfuil riosca calaoise ann a bhaineann le haithint ioncaim, seachas an riosca a bhaineann le sárú bainistíochta ar rialuithe. Ina theannta sin, níor aithníomar aon riosca calaoise breise eile.

Mar fhreagra ar na rioscaí calaoise, rinneamar nósanna imeachta lena n-áirítear:

- Iontrálacha irisleabhair agus coigeartuithe eile a shainaithint le haghaidh tástála bunaithe ar chritéir riosca agus na hiontrálacha sainaitheanta a chur i gcomparáid le doiciméid thacaíochta.
- Measúnú a dhéanamh ar chuspóir gnó idirbhearta neamhghnácha suntasacha.
- Measúnú a dhéanamh ar mheastacháin chuntasaíochta suntasacha le haghaidh claontachta.
- Measúnú a dhéanamh ar na nochtaí sna ráitis airgeadais le haghaidh claontachta.

Ós rud é go bhfuil an Grúpa agus an Chuideachta rialáilte, bhain ár measúnú rioscaí le tuiscint a fháil ar an gcreat dlíthiúil agus rialála ina bhfeidhmíonn an Grúpa agus an Chuideachta agus tuiscint a fháil ar an timpeallacht rialaithe, lena n-áirítear nósanna imeachta an eintitis chun cloí le ceanglais rialála.

Mar gheall ar theorainneacha dúchasacha iniúchta, tá riosca dosheachanta ann nach mbeadh roinnt míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais braite againn, cé gur phleanáil agus gur fheidhmigh muid ár n-iniúchadh i gceart de réir na gcaighdeán iniúcháireachta. Mar shampla, dá mhéad a bhaintear neamhchomhlíonadh dlíthe agus rialachán (neamhrialtachtaí) as na himeachtaí agus na hidirbhearta a léirítear sna ráitis airgeadais, is ea is lú an seans go n-aithneofaí é leis na nósanna imeachta atá teoranta ann féin a cheanglaítear le caighdeáin iniúcháireachta.

Ina theannta sin, mar atá le haon iniúchadh, tá riosca níos airde ann fós nach mbraithfear neamhrialtachtaí, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh

d’aon ghnó, bréagléirithe, nó sárú rialuithe inmheánacha a bheith i gceist. Nílimid freagrach as neamhchomhlíonadh a chosc agus ní féidir a bheith ag súil go mbraithfimid neamhchomhlíonadh gach dlí agus rialacháin.

Príomhábhair iniúcháireachta: ár measúnú ar rioscaí míshonrú ábhartha

Is ionann príomhábhair iniúcháireachta agus na hábhair úd, inár mbreithiúnas gairmiúil, ba mhó tábhachta san iniúchadh ar na ráitis airgeadais agus áirítear leo na rioscaí measta is suntasaí maidir le míshonrú ábhartha (cibé acu go raibh

nó nach raibh siad de thoradh na calaoise) a d’aithníomar, lenar áiríodh iad siúd is mó a raibh éifeacht acu ar: an straitéis iomlán iniúcháireachta, leithdháileadh acmhainní san iniúchadh; agus iarrachtaí na foirne rannpháirtíochta a dhíriú. Tugadh aghaidh ar na hábhair sin i gcomhthéacs ár n-iniúchta ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine, agus i dteacht ar thuairim ina leith, agus ní thugaimid tuairim ar leithligh maidir leis na hábhair sin.

Agus muid ag teacht ar ár dtuairim iniúcháireachta thuas, ba iad seo a leanas na príomhábhair iniúcháireachta, in ord íslitheach suntasachta iniúcháireachta, i leith an Ghrúpa agus na Cuideachta araon:

Caipitliú caiteachais mar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh: €177.4m (Grúpa) (2023: €142.1m) agus €140.2m (Cuideachta) (2023: €126.8m).

Féach leathanach 122 (beartas cuntasaíochta) agus leathanaigh 136 go 137 (nochtaí airgeadais)

An príomhábhar iniúcháireachta

Príomhréimse béim don Ghrúpa agus don Chuideachta atá in infheistíocht líonra. Tá an chuid is mó de bhonn sócmhainní an Ghrúpa agus na Cuideachta comhdhéanta de réadmhaoin, gléasra agus trealamh (‘PPE’) agus is cuid mhór de chaiteachas bliantúil an Ghrúpa iad. Ba é méid iomlán an chaiteachais caipitlithe a aithníodh sa bhliain airgeadais don Ghrúpa maidir le PPE ná €177.4 milliún (Cuideachta: €140.2m).

Ag brath ar a chineál, d’fhéadfadh go ndéanfaí caiteachas a chaipitliú nó a chlárú mar chaiteachas sa bhliain ina dtabhaítear an costas. Agus an cinneadh sin á dhéanamh, ní mór don Ghrúpa agus don Chuideachta a mheas cibé acu an nginfear tairbhí eacnamaíochta amach anseo leis an gcaiteachas, agus an gcomhlíonann sé na critéir um chaipitliú i gcomhréir leis an mbeartas cuntasaíochta. Go sonrach, tá leibhéal suntasach breithiúnais ann maidir le caipitliú caiteachais athchóirithe. B’ionann caiteachas athchóirithe a caipitlíodh sa bhliain airgeadais don Ghrúpa agus €78.0m (Cuideachta: €53.8m).

Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, chinn an fhoireann rannpháirtíochta gur ábhar iniúcháireachta ríthábhachtach é seo.

Conas a tugadh aghaidh ar an ábhar inár n-iniúchadh

Áiríodh na nithe seo a leanas ar ár nósanna imeachta iniúcháireachta:

Fuaireamar agus rinneamar iniúchadh ar bheartas caipitlithe PPE an Ghrúpa agus na Cuideachta agus mheasamar go bhfuil sé i gcomhréir le IAS 16.

Rinneamar iniúchadh ar an bpróiseas caipitlithe sócmhainní agus rinneamar meastóireacht ar dhearadh agus ar chur i bhfeidhm an phríomhrialaithe ábhartha.

Fuaireamar liosta de na sócmhainní a caipitlíodh agus d’aontaíomar iad leis an mórleabhar ginearálta.

Roghnaíomar sampla de bhreiseáin le haghaidh tástála ag baint úsáide as uirlis samplála staitistiúil agus i gcás na samplaí uile a roghnaíodh, úsáideadh ár mbreithiúnas sna nithe seo a leanas:

- rinneamar measúnú go gcomhlíonann gach ceann acu na critéir maidir le caipitliú faoi IAS 16 agus gur taifeadadh iad sa tréimhse cheart;
- rinneamar iniúchadh ar chonarthaí agus/nó ar shonraisc bhunúsacha chun a mheas an bhfuil na costais taifeadta go cruinn agus aicmithe go cuí mar chostais caipitlithe; agus
- rinneamar iniúchadh ar mhiontuairiscí chruinnithe Choiste um Fhaomhadh Infheistíochta an Ghrúpa mar fhianaise go bhfuair na breiseáin chaipitil an faomhadh cuí.

Rinneamar measúnú ar leordhóthanacht na nochtaí sna ráitis airgeadais.

Bunaithe ar na nósanna imeachta iniúcháireachta a rinneadh agus ar an bhfianaise a fuarthas, níor aithníomar aon mhíshonrú ábhartha a bhaineann le caipitliú na gcostas PPE.

Cruinneas aitheantais ioncaim a bhaineann le hioncaim rialáilte tarchuir agus dáileacháin: €553.4m (Grúpa) (2023: €485.2m) agus €516.9m (Cuideachta) (2023: €454.3m).

Féach leathanach 124 (beartas cuntasaíochta) agus leathanach 130 (nochtaí airgeadais)

An príomhábhar iniúcháireachta

Is ó sheirbhísí iompair gáis, i margaí rialaithe agus neamhrialaithe araon, a thagann ioncam an Ghrúpa.

Tagann an t-ioncam rialaithe ó phróiseas um rialú praghsanna arna bhainistiú ag an rialaitheoir ábhartha, go príomha an Coimisiún um Rialáil Fóntais, trína ndéanann an rialaitheoir athbhreithniú ar na hioncaim a bhfuil sé ceadaithe ag an nGrúpa a aisghabháil trí tharaifí gáis as oibriú agus cothabháil leanúnach an líonra gháis.

B’ionann an t-ioncam rialaithe don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus €553.4m (2023: €485.2m).

I bhfianaise mhéid an ioncaim rialaithe i gcoibhneas le hábharthacht, chinn an fhoireann rannpháirtíochta gur príomhábhar iniúcháireachta é seo.

Conas a tugadh aghaidh ar an ábhar inár n-iniúchadh

Áiríodh na nithe seo a leanas ar ár nósanna imeachta iniúcháireachta:

Fuaireamar agus rinneamar iniúchadh ar bheartas rialaithe aitheantais ioncaim an Ghrúpa agus na Cuideachta agus d’fheidhmíomar breithiúnas agus measúnú á dhéanamh againn an bhfuil sé i gcomhréir le IFRS 15.

Fuaireamar tuiscint ar na socruithe ioncaim rialaithe atá i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa agus na Cuideachta, trí iniúchadh a dhéanamh ar an bpróiseas aitheanta ioncaim rialaithe.

Le haghaidh ioncaim rialáilte, ar bhonn samplach, rianaíomar an t-ioncam atá aitheanta go méideanna a gearradh i sonraisc do chustaiméirí agus fáil na híocaíochta ó na custaiméirí sin ina dhiaidh sin. Rinneamar tástáil freisin ar an méid gáis a bhí á ghearradh agus mheasamar an raibh na muirir sin i gcomhréir leis na taraifí praghais rialála, chomh maith le hathríomh a dhéanamh ar chruinneas na méideanna a bhilleáiltear do chustaiméirí.

Rinneamar tástáil ar ioncam billeáilte agus neamhbhilleáilte a taifeadadh laistigh d’ínfháiltais ag deireadh na bliana ar bhonn samplach, trí chomhaontú a dhéanamh ar mhéideanna a taifeadadh do thaifid iompair/dáileacháin, do shonraisc tar éis dheireadh na bliana agus d’fháiltais le haghaidh íocaíochtaí.

Rinneamar measúnú ar leordhóthanacht na nochtaí sna ráitis airgeadais.

Bunaithe ar na nósanna imeachta iniúcháireachta a rinneadh agus ar an bhfianaise a fuarthas, níor shainaithníomar aon mhíshonrú ábhartha a bhaineann le haitheantas ioncaim rialaithe.

Scéimeanna pinsin shochair shainithe a thomhas: Grúpa agus Cuideachta - €23.1m (2023: €Nialas)

Féach leathanach 125 (beartas cuntasaíochta) agus leathanaigh 147 go 151 (nochtaí airgeadais)

An príomhábhar iniúchóireachta

Ar an 31 Nollaig 2024, bhí barrachas glan de €23.1m aitheanta ar chlár comhardaithe an Ghrúpa agus na Cuideachta i leith scéim pinsin shochair shainithe an Ghrúpa – lena gcuimsítear oibleagáid shochair shainithe chomhlán de €512.9m agus sócmhainní plean de €536.0m.

Ar an 1 Meitheamh 2024, aistríodh an scéim pinsin shochair shainithe chuig Líonraí Gáis Éireann mar chuid de chomhtháthú Ervia. Athainmníodh an scéim Scéim Aoisliúntais Líonraí Gáis Éireann.

D’fhostaigh an Grúpa saineolaí achtúireach tríú páirtí seachtrach chun luacháil achtúireach a dhéanamh ar dhliteanais na scéime amhail dáta an chláir comhardaithe.

Tá riosca ann go n-úsáidtear toimhdí míchuí agus luacháil á déanamh ar dhliteanais phinsin a d’fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar aithint an tseasaimh ghlan sócmhainne/dlitéanais fhoriomláin.

Baineann tomhas dliteanais pinsin shochair shainithe le roghnú na bpríomhthoimhdí lena n-áirítear breithiúnais agus éiginnteacht bhunúsach, go háirithe maidir le roghnú an ráta lascaine a úsáidtear.

Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, chinn an fhoireann rannpháirtíochta gur ábhar iniúchóireachta rithábhachtach é seo.

Conas a tugadh aghaidh ar an ábhar inár n-iniúchadh

Áiríodh na nithe seo a leanas ar ár nósanna imeachta iniúchóireachta:

Rinneamar fiosrúcháin chun tuiscint a fháil ar an bpróiseas a cuireadh i bhfeidhm maidir le roghnú na bpríomhthoimhdí a úsáideadh agus an dliteanas sochair shainithe á ríomh.

Rinneamar measúnú agus doiciméadú ar cháilíochtaí chomh maith le neamhspleáchas agus oibiachtúlacht

an achtúire a fostaíodh chun na ríomhanna achtúireacha a dhéanamh ar oibleagáidí sochar sainithe an Ghrúpa agus na Cuideachta.

Bhaineamar úsáid as breithiúnas agus muid ag fostú ár speisialtóirí achtúireacha inmheánacha KPMG chun na measúnuithe luachála a iniúchadh, chun oiriúnacht na modheolaíochta a chuirtear i bhfeidhm a mheas agus chun réasúntacht na bpríomhthoimhdí a chuirtear i bhfeidhm agus luacháil na ndlíteanas sochar sainithe á measúnú a mheas – go háirithe an toimhde ráta lascaine, rátaí mortlaíochta agus rátaí boilscithe. Áiríodh sa mheasúnú sin comparáid idir na toimhdí seo agus tagarmharcanna atá ar fáil go seachtrach.

Dheimhníomar go neamhspleách luach shócmhainní an phlean ar an 31 Nollaig 2024 le bainisteoir infheistíochta na scéime pinsin.

Rinneamar measúnú ar shonraí rannpháirtithe na scéime a chuir Líonraí Gáis Éireann ar fáil d’achtúire an phlean le haghaidh iomláine agus cruinnis trí shonraí rannpháirtithe a chur i gcomparáid le taifid phárolla agus le fianaise tacaíochta eile.

Rinneamar measúnú ar oiriúnacht aithint an bharrachais ghlan sa scéim mar shócmhainn ar chlár comhardaithe an Ghrúpa agus na Cuideachta agus tagairt á déanamh againn do rialacha na scéime.

Bhreithníomar leordhóthanacht nochtaí an Ghrúpa sna ráitis airgeadais i gcomhthéacs cheanglais IAS 19, lena n-áirítear i ndáil le híogaireacht an dliteanais i leith athruithe ar phríomhthoimhdí.

Bunaithe ar na nósanna imeachta iniúchóireachta a rinneadh agus ar an bhfianaise a fuarthas, níor aithníomar aon mhíshonrú ábhartha a bhaineann le tomhas scéimeanna pinsin shochair shainithe.

Ár gcur i bhfeidhm ábharthachta agus forléargas ar raon feidhme ár n-iniúchta

Socraíodh ábharthacht do ráitis airgeadais an Ghrúpa agus do ráitis airgeadais na Cuideachta ina n-iomláine ag €14.5m agus €11.6m faoi seach, a cinneadh agus tagairt á déanamh do thagarmharc de ghlansócmhainní don Ghrúpa agus don Chuideachta araon (a léiríonn 1.1% de sin faoi seach).

Socraíodh ábharthacht feidhmíochta do ráitis airgeadais an Ghrúpa agus do ráitis airgeadais na Cuideachta ina n-iomláine ag €9.4m agus €7.5m faoi seach, arb ionann é agus 65% d’ábharthacht an Ghrúpa agus na Cuideachta faoi seach.

Meastar dúinn gurb iad na glansócmhainní an tagarmharc cuí don Ghrúpa agus don Chuideachta araon toisc gur gnó bonneagair é Líonraí Gáis Éireann agus go measfadh úsáideoirí na ráiteas airgeadais gur príomhmhéadrach é luach glansócmhainní agus feidhmíocht á measúnú.

Thuaireascíomar don Choiste um Iniúchóireacht aon mhíshonrú aitheanta, ceartaithe nó neamhcheartaithe, a sháraigh €0.7m (Grúpa) agus €0.58m (Cuideachta), chomh maith le míshonrú eile aitheanta a raibh tuairisciú ag teastáil ina leith ar fhorais cháilíochtúla.

Agus ár mbreithiúnas á chur i bhfeidhm againn maidir leis an gcéatadán a chinneadh atá le cur i bhfeidhm ar an tagarmharc (chun ábharthacht a bhunú do ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta) agus atá le cur i bhfeidhm ar ábharthacht (chun ábharthacht feidhmíochta a bhunú do ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta), mheasamar gur gnó aibí agus cobhsaí é Líonraí Gáis Éireann, go bhfuil comhsheasmhacht ann sa phríomhphearsanra bainistíochta agus tuairiscithe airgeadais, go n-oibríonn an Grúpa i dtimpeallacht rialaithe agus go bhfuil socruithe fiachais aige, agus gurb í seo ár gcéad bhliain mar iniúchóir.

Socraíodh raon feidhme ár n-iniúchóireacht ag ár measúnú ar rioscaí an mhíraitis ábhartha, ár socrú ar ábharthacht agus cur i bhfeidhm na hábharthachta sin againn. Shocraíomar raon feidhme ár n-iniúchta trí thuiscint a fháil ar an nGrúpa agus ar a thimpeallacht, lena n-áirítear rialuithe ar fud an Ghrúpa, agus trí mheasúnú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha ag leibhéal an Ghrúpa chomh maith le tábhacht airgeadais agus na rioscaí ar leith a bhaineann le cuideachtaí aonair laistigh den Ghrúpa.

Dhíríomar raon feidhme ár n-iniúchóireacht Grúpa ar iniúchóireacht ar na trí chuideachta trádála dlíthiúla a dhéanann suas an Grúpa. Is ionann na cuideachtaí (comhpháirteanna) sin agus na príomhaonaid ghnó go léir agus is ionann iad agus 100% d’ioncam agus de shócmhainní an Ghrúpa. Cuireadh ár gcuid oibre iniúchóireachta do gach comhpháirt i bhfeidhm ag leibhéal níos ísle ná ábharthacht an Ghrúpa a bhí infheidhme i leith gach comhpháirt aonair sa réimse idir €1.5m agus €11.6m. Rinne foireann rannpháirtíochta aonair in Éirinn iniúchadh lárnach ar gach comhpháirt den Ghrúpa.

Eolas eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile a chuirtear i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil mar aon leis na ráitis airgeadais. Is éard atá san fhaisnéis eile ná faisnéis a áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil mar aon leis na ráitis airgeadais, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra orthu. Níl na ráitis airgeadais ná tuairisc an iniúchóra orthu ina gcuid den fhaisnéis eile. Ní chlúdaítear inár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, dá réir sin, ní chuirimid tuairim iniúchóireachta in iúl nó, seachas mar a shonraítear go sainráite thíos, ní chuirimid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith in iúl.

Is í an fhreagracht atá orainne an fhaisnéis eile a léamh agus, agus é sin á dhéanamh againn, a mheas, bunaithe ar ár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais, an bhfuil an fhaisnéis atá ann míshonraithe go hábhartha nó ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó lenár bhfaisnéis iniúchóireachta. Bunaithe ar an obair sin amháin, níor aithníomar aon mhíríteas ábhartha san fhaisnéis eile.

Bunaithe go hiomlán ar ár gcuid oibre ar an bhfaisnéis eile a rinneadh le linn an iniúchta, tuairiscímid an méid seo a leanas:

- nár aithníomar aon mhíshonrú ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí;
- go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais, dar linne, agus
- gur ullmhaíodh, dar linne, na codanna sin de thuarascáil na stiúrthóirí atá sonraithe dár n-athbhreithniú, nach n-áirítear tuairisciú inbhuanaitheachta nuair a cheanglaítear é le Cuid 28 d’Acht na gCuideachtaí 2014, i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Tá ár dtuairimí ar ábhair eile arna bhforordú ag Acht na gCuideachtaí 2014 gan mhodhnú

An fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn a mheasaimid go bhfuil siad riachtanach chun críocha an iniúchta againn.

Dar linne, ba leor taifid chuntasaíochta na Cuideachta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Nithe ar gá dúinn a thuairisciú de réir eisceachta

Ceanglaítear orainn faoi Acht na gCuideachtaí 2014 tuairisc a thabhairt duit mura ndéantar, dar linne, na nochtaí ar luach saothair agus ar idirbhearta stiúrthóirí a cheanglaítear le hait 305 go 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), ceanglaítear orainn a thuairisciú duit mura léirítear sa ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód ar leathanaigh 97 go 100 go bhfuil an Grúpa ag cloí le mír 1.9 (iv) den Chód nó mura bhfuil an

Dáta: 07 Aibreán 2025

ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn mar thoradh ar ár n-obair iniúcháireachta ar na ráitis airgeadais, agus tuairiscimid é mura bhfuil. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Freagrachtaí agus srianta úsáide faoi seach

Freagrachtaí na stiúirthóirí as na ráitis airgeadais

Mar a mhínítear níos iomláine i ráiteas freagrachtaí na stiúirthóirí atá leagtha amach ar leathanach 89, tá na stiúirthóirí freagrach as an méid seo a leanas: ullmhú na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear bheith sásta go dtugtar léargas fírinneach cothrom iontu; cibé rialú inmheánach a cheapann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a ullmhú, cibé acu de bharr calaoise nó earráide; measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar is cuí, nithe a bhaineann le gnóthas leantach; agus bonn cuntasáiochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé beartaithe acu an Grúpa nó an Chuideachta a leachtú nó scor dá gcuid oibríochtaí, nó mura bhfuil rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

Freagrachtaí na n-iniúcháirí as iniúchadh na ráiteas airgeadais


Is iad ár gcuispóirí ná dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha, mar gheall ar chalaois nó ar earráid, agus tuarascáil iniúchára a eisiúint lenár dtuairim san áireamh. Leibhéal ard dearbhaithe atá sa dearbhú réasúnta, ach ní deimhniú é i gcónaí go n-aimseoidh iniúcháireacht a dhéantar i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) míráiteas ábharach nuair is ann do cheann. D'fhéadfadh míthuairiscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí

eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos níos iomláine ar ár bhfreagrachtaí ar fáil ar [shuíomh gréasáin IAASA: https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements/](https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements/).

Cuspóir ár gcuid oibre iniúcháireachta agus cé dó a bhfuilimid freagrach

Déantar an tuarascáil do bhaill na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, i gcomhréir le hAlt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár gcuid oibre iniúcháireachta ionas gur féidir linn a chur in iúl do bhaill na Cuideachta na cúrsaí sin is gá dúinn a chur in iúl dóibh i dtuarascáil iniúchára agus don chúis sin amháin. Go dtí an méid is mó atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid freagracht as aon duine seachas an Chuideachta agus baill den Chuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúcháireachta, don tuarascáil seo, nó do na tuairimí atá againn.



Brian MacSweeney
ar son agus thar ceann KPMG

Ráiteas ioncaim an ghrúpa don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €'000	2023 €'000
Oibríochtaí leanúnacha			
Ioncam	3	599,501	527,069
Glanhostais oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh)	4	(276,209)	(253,674)
Brabús oibriúcháin roimh dhímheas agus amúchadh (TRÚCDA)	-	323,292	273,395
Dímheas agus amúchadh	6	(153,639)	(147,132)
Brabús oibriúcháin	-	169,653	126,263
Ioncam airgeadais	7	13,397	4,065
Costais airgeadais	7	(17,845)	(15,297)
Glanhostais airgeadais	7	(4,448)	(11,232)
Brabús roimh cháin ioncaim	-	165,205	115,031
Cáin ioncaim	8	(26,914)	(18,533)
Brabús don bhliain	-	138,291	96,498
Brabús inchurtha i leith:			
Úinéirí na Cuideachta		138,291	96,498
Brabús don bhliain	-	138,291	96,498

Ráiteas an ghrúpa maidir le hioncam cuimsitheach eile don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2024

		2024	2023
	Nótaí	€'000	€'000
Brabús don bhliain		138,291	96,498
Ioncam Cuimsitheach eile			
Míreanna nach ndéanfar a athaicmiú mar bhrabús ná caillteanas:			
Caillteanais achtúireacha an phlean sochair sainithe	18	(3,805)	-
Atomhas sócmhainní pinsin eile	18	162	
Cáin iarchurtha a bhaineann le caillteanais achtúireacha an phlean sochair sainithe	8	455	-
Iomlán na nithe nach ndéanfar iad a athaicmiú níos déanaí mar bhrabús nó caillteanas		(3,188)	-
Earraí a d'fhéadfadh a bheith athaicmithe mar bhrabús nó caillteanas ina dhiaidh sin:			
Difríochtaí aistrithe nuair a dhéantar fochuideachtaí eachtracha a chomhdhlúthú		2,991	1,120
Iomlán na nithe ar féidir iad a athaicmiú níos déanaí mar bhrabús nó caillteanas		2,991	1,120
Iomlán an ioncaim chuimsithigh eile don bhliain		(197)	1,120
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain			
		138,094	97,618
Ioncam cuimsitheach iomlán curtha i leith:			
Úinéirí na Cuideachta		138,094	97,618
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		138,094	97,618

Dáta faofa
Dáta: 25 Márta 2025



Kevin Toland

Kevin Toland
Cathaoirleach



Keith Harris

Keith Harris
Comhalta an Bhoird

Clár comhardaithe an ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2024

		2024	2023
	Nótaí	€'000	€'000
Sócmhainní			
Sócmhainní neamhreatha			
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh	9	2,511,608	2,482,227
Réadmhaoín infheistíochta	10	6,896	7,325
Sócmhainní doláimhsithe	12	28,614	25,796
Acmhainn sochair scoir	18	23,069	-
Ionstraimí airgeadais díorthacha	23	59	-
Iomlán na sócmhainní neamhreatha		2,570,246	2,515,348
Sócmhainní reatha			
Infháltais trádála agus infháltais eile	13	92,297	113,597
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa	14	160,297	188,405
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta	14	21,339	35,341
Ionstraimí airgeadais díorthacha	23	333	218
Sócmhainní cánach reatha	8	3,371	8,887
Fardail	16	743	656
Sócmhainní reatha iomlána		278,380	347,104
Sócmhainní iomlána			
		2,848,626	2,862,452
Cothromas agus dlíteanais			
Cothromas			
Scairchaipiteal agus scairbhiseach		(318,353)	(318,353)
Ranníocaíocht chaipitil		(396,824)	(369,947)
Tuilleamh coinnithe		(656,898)	(565,813)
Cúlchiste aistrithe		(5,050)	(2,059)
Cothromas iomlán		(1,377,125)	(1,256,172)
Dlíteanais			
Dlíteanais neamhreatha			
Iasachtaí agus fiachas eile	17	(859,422)	(724,584)
Ioncam iarchurtha	19	(182,788)	(148,293)
Deontais	20	(45,963)	(52,401)
Forálacha	21	(5,263)	(5,072)
Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile	22	(5,905)	(6,911)
Dlíteanais chánach iarchurtha	8	(209,954)	(206,057)
Dlíteanais neamhreatha iomlána		(1,309,295)	(1,143,318)
Dlíteanais reatha			
Iasachtaí agus fiachas eile	17	(231)	(299,360)
Ioncam iarchurtha	19	(18,017)	(12,958)
Deontais	20	(6,719)	(6,585)
Forálacha	21	(1,754)	(1,691)
Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile	22	(134,637)	(142,096)
Ionstraimí airgeadais díorthacha	23	(51)	(272)
Dlíteanais chánach reatha	8	(797)	-
Dlíteanais reatha iomlána		(162,206)	(462,962)
Dlíteanais iomlána			
		(1,471,501)	(1,606,280)
Cothromas agus dlíteanais iomlána			
		(2,848,626)	(2,862,452)

Ráiteas an ghrúpa ar athruithe ar an gcothromas don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2024

		Scairchaipiteal agus scairbhiseach	Ranníocaíocht chaipitil	Tuilleamh Coinnithe	Cúlchiste Aistrithe	Iomlán
		€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Ar an 1 Eanáir 2023		(318,353)	(369,947)	(488,184)	(939)	(1,177,423)
Brabús don bhliain		-	-	(96,498)	-	(96,498)
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain		-	-	-	(1,120)	(1,120)
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		-	-	(96,498)	(1,120)	(97,618)
Díbhinní	26	-	-	18,869	-	18,869
Amhail an 31 Nollaig 2023		(318,353)	(369,947)	(565,813)	(2,059)	(1,256,172)
Brabús don bhliain		-	-	(138,291)	-	(138,291)
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain		-	-	3,188	(2,991)	197
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		-	-	(135,103)	(2,991)	(138,094)
Aistriú ó Ervia faoi rialú comhchoiteann	26	-	(26,877)	-	-	(26,877)
Díbhinní	26	-	-	44,018	-	44,018
Amhail an 31 Nollaig 2024		(318,353)	(396,824)	(656,898)	(5,050)	(1,377,125)

É go léir inchurtha i leith úinéirí na Cuideachta

Ráiteas an ghrúpa faoi shreafaí airgid don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2024

		2024	2023
	Nótaí	€'000	€'000
Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	15	354,199	214,228
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí as réadmhaoín, gléasra agus trealamh		(183,897)	(133,594)
Íocaíochtaí as sócmhainní doláimhsithe		(10,265)	(6,629)
Deontas a fuarthas	20	-	762
Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta		(194,162)	(139,461)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Fáltais ó iasachtaí	17	298,287	-
Aisíocaíocht iasachtaí	17	(459,520)	-
Ranníocaíocht chaipitil a fuarthas	26	2,492	-
Aisíoc dliteanais léasa	11	(244)	(239)
Díbhinní íoctha	26	(44,018)	(23,969)
Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin		(203,003)	(24,208)
(Laghdú) / méadú glan ar airgead tirim agus coibhéisí airgid	14	(42,966)	50,559
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir	14	223,746	172,632
Éifeacht luaineachtaí sa ráta malairte ar airgead tirim atá á choinneáil	14	856	555
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig	14	181,636	223,746

Nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais an ghrúpa

1. Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta

Bunús an ullmhúcháin

Cuideachta gníomhaíochta sainithe is ea Líonra Gáis Éireann ('an Chuideachta'), atá faoi theorainn scaireanna, agus a corpraíodh in Éirinn, ar an 13 Eanáir 2015. Is é seoladh a hoifige cláraithe ná Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh, Éire. Is í uimhir chlárúcháin na cuideachta ná 555744. I ráitis airgeadais an Ghrúpa cuirtear le chéile ráitis airgeadais na Cuideachta agus a cuid fochomhlachtaí (mar a leagtar amach i nóta 25) (a dtagraítear dóibh i dteannta a chéile mar 'an Grúpa'), suas go dtí an 31 Nollaig gach bliain. Ba é Ervia a rialaigh an Chuideachta agus a fochuideachtaí roimhe seo. Díscaoileadh Ervia, corparáid reachtúil a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976 agus a bhí lonnaithe in Éirinn, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2024, de bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, ina ndearnadh foráil maidir le feidhmeanna, sócmhainní, agus dliteanais chorparáid reachtúil Ervia go léir a aistriú ar an dáta sin. Féach nóta 26(a) le haghaidh sonraí faoi na sócmhainní agus na dliteanais a aistríodh chuig Líonraí Gáis Éireann.

Bhain an Chuideachta leas as an díolúine in alt 304(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014 gan a ráiteas ioncain aonair, a ráiteas ar ioncam cuimsitheach agus na nótaí bainteacha a chur i láthair.

Ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus cinntí clár oibre Choiste Léirmhínithe IFRS (IFRIC), le héifeacht do thréimhsí cuntasaíochta dar tosach an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh, agus Acht na gCuideachtaí 2014. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro, slánaítear iad go dtí an míle is gaire agus ullmhaítear iad ar bhonn an chostais stairiúil, ach amháin i gcás ionstraimí airgeadais díorthacha áirithe a thomhaistear ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas. Is é an sainmhíniú a thugtar ar luach cóir ná an praghas a gheofaí as sócmhainn a dhíol nó a d'íocfaí chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh ar dháta an tomhais.

Cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhleanúnach sna blianta ar fad a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo, ach amháin nuair a glacadh le caighdeán nua (mar atá leagtha amach thíos). Agus na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm, ní mór breithiúnais agus meastacháin a úsáid a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais. Leagtar amach thíos sonraí ar na breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta is suntasaí a chuirtear i bhfeidhm.

Gnóthas leantach

Ar bhonn an ghnóthais leantaigh a ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta.

Tá neart acmhainní airgeadais ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta agus creideann na Stiúrthóirí go bhfuil an Grúpa i suíomh maith chun a chuid rioscaí a bhainistiú go rathúil. Tá acmhainní suntasacha ar fáil ag an nGrúpa, lena n-áirítear airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim dar luach €160m atá ar fáil don ghrúpa ar an 31 Nollaig 2024 (2023: €188m) agus saoráidí bainc neamhtharraingthe geallta de €300m ar an 31 Nollaig 2024 (2023: €312 milliún), agus tá réamhaisnéisí láidre maidir le brabúsacht agus sreabhadh airgid thirim oibriúcháin le haghaidh 2025 agus ina dhiaidh sin. Tá níos mó sonraí faoi shuíomh leachtachta an Ghrúpa curtha ar fáil i nóta 23 (ii) leis na ráitis airgeadais sin.

Agus an measúnú gnóthais leantaigh á chur i gcrích, chuir na Stiúrthóirí na príomhrioscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí maidir le gnó Líonraí Gáis Éireann san áireamh, lena n-áirítear imeachtaí geopholaitiúla agus tionchair an athraithe aeráide.

Tá ionchas réasúnta ag na Stiúrthóirí go bhfuil neart acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh ag oibriú ar feadh dhá mhí déag ar a laghad ón dáta ar ar faomhadh na ráitis airgeadais.

Caighdeán chuntasaíochta nua IFRS i bhfeidhm don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

Rinne an Grúpa na leasuithe caighdeán seo a leanas a ghlacadh, leasuithe nach bhfuil aon tionchar ábhartha ag baint leo ar thorthaí ná ar nochtuithe ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Leasuithe ar IAS 7 Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus ar IFRS Ionstraimí Airgeadais 7: Nochtadh: Socruithe Airgeadais Soláthraithe.
- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais IAS 1: Dlíteanais neamhreacha le Cúnaint
- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais IAS 1: Dlíteanais a aicmiú mar Dhlíteanais Reatha nó Neamhreacha
- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais IAS 1: Dlíteanais a aicmiú mar Dhlíteanais Reatha nó Neamhreacha – Cur siar an dáta éifeachtaigh
- Leasuithe ar Léasanna IFRS 16 Léasanna - Dlíteanas Léasa i nDíolachán agus Aisléasú

Nótaí le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa

1. Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta
2. Eolas deighilteach
3. Ioncam
4. Glanchostais oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh)
5. Sochair fostaithe
6. Dímheas agus amúchadh
7. Glanchostais airgeadais
8. Cáin
9. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh
10. Réadmhaoin infheistíochta
11. Sócmhainní agus dliteanais léasa
12. Sócmhainní doláimhsithe
13. Infháltais trádála agus infháltais eile
14. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

15. Airgead tirim faighte ó oibríochtaí
16. Fardal
17. Iasachtaí agus fiachas eile
18. Oibleagáidí sochair scoir
19. Ioncam iarchurtha
20. Deontais
21. Forálacha, teagmhais agus dliteanais chaipítíl
22. Trádáil agus Suimeanna Infíochta Eile
23. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais
24. Tomhas luacha chóir
25. Fochuideachtaí
26. Páirtithe gaolmhara
27. Teagmhais ina dhiaidh sin
28. Faomhadh na ráiteas airgeadais

1. Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta (ar lean)

Caighdeáin agus léirmhínithe cuntasaíochta IFRS nua nár glacadh leo fós

Rinneadh na caighdeáin chuntasaíochta nua seo a leanas agus na leasuithe ar chaighdeáin atá ann cheana a eisiúint, ach níl siad in éifeacht go fóill don tréimhse chuntasaíochta seo nó níl tacaíocht ón Aontas Eorpach ina leith go fóill:

- Fochuideachtaí IFRS 19 gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtadh
- Cur i Láthair agus Nochtadh IFRS 18 i Ráitis Airgeadais
- Leasuithe ar IFRS 9 agus IFRS 7: Conarthaí a Thagraíonn do Leictreachas atá ag Brath ar an Dúlra
- Feabhsúcháin Bhliantúla Imleabhar 11
- Leasuithe ar IFRS 9 agus IFRS 7: Aicmiú agus Tomhas Ionstraimí Airgeadais.
- Leasuithe ar IAS 21 Éifeacht na Rátaí Malairte: Easpa Inmhalartachta

Cuirfear IFRS 18 Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais in ionad IAS 1 Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais do thréimhsí tuairiscithe bliantúla ag tosú ar an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin. Tugann an caighdeán nua ceanglais nua cur i láthair isteach a bhaineann leis an ráiteas brabúis nó caillteanais agus treoir fheabhsaithe maidir le comhiomlánú agus dí-chomhiomlánú faisnéise i ráitis airgeadais. Tá an Grúpa ag obair faoi láthair chun gach tionchar a bheidh ag an gcaighdeán nua a shainaithint.

Meastar nach mbeidh tionchar suntasach ag cur i bhfeidhm na leasuithe agus na bhfeabhsuithe bliantúla IFRS eile, ar eisiúint an 31 Nollaig 2024 ach gan éifeacht leo go fóill, ar ráitis airgeadais an Ghrúpa.

Faisnéis faoi bheartas cuntasaíochta ábhartha

a) Bunús an chomhdhlúthaithe Fochuideachtaí

Is ionann fochuideachtaí agus eintitis atá rialaithe ag an nGrúpa. Tá smacht ann nuair atá an Grúpa neamhchosanta ar thorthaí inathraitheacha an eintitis de bharr an bhaint atá aige leis agus a bhfuil sé de chumas aige dul i bhfeidhm ar na tuairisceáin sin trína chumhacht thar an eintiteas, nó nuair atá cearta ag an nGrúpa chun na torthaí inathraitheacha sin. Cuimsítear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí i ráitis airgeadais an Ghrúpa ón dáta ar a dtosaítear smacht go dtí an dáta ar a dtagann deireadh le smacht. I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, cuirtear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ar aghaidh mar chostas lúide aon mhuirir bhearnúcháin.

Idirbhearta a chuirtear as an áireamh i ndiaidh chomhdhlúthaithe

Faightear réidh le hiarmhéideanna agus idirbhearta inghrúpa agus ioncam/costais neamhréadaithe ar bith ó idirbhearta inghrúpa in ullmhú ráitis airgeadais an Ghrúpa. Faightear réidh le gnóthachain néamhréadaithe a thagann chun cinn ó idirbhearta le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu i gcomparáid leis an infheistíocht sa mhéid agus atá leas ag an nGrúpa san institiúid infheistiúcháin. Déantar caillteanais neamhréadaithe a dhíbirt ar an gcaoi chéanna le gnóthachain neamhréadaithe, ag díreach sa mhéid is nach bhfuil aon fhianaise ar bhearnú.

Aistriú sócmhainní agus dliteanas ó eintiteas faoi rialú comhchoiteann

Nuair a aistrítear sócmhainní agus dliteanais idir eintitis atá faoi rialú comhchoiteann ag dáta an aistrithe, ní dhéantar na sócmhainní agus na dliteanais a thomhas ag a luachanna córa agus ina áit sin, déantar iad a thomhas bunaithe ar na luachanna anonn. Áirítear leis na difríochtaí idir an chomaoin a íocadh agus luach anonn scartha na sócmhainní agus dliteanais (amhail dáta an idirbhirt) a fuarthas i gcothromas mar ranníocaíocht chaipitil.

b) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh Aithint

Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a thomhas ag a gcostas lúide a ndímheas carntha agus a gcaillteanas carntha de bharr an bhearnúcháin. Cuimsítear i gcostais costais dhíreacha (lena n-áirítear costais atá inchurtha go díreach i leith saothair agus forchostais), costais dhíchoimisiúnaithe nó athchóirithe agus ús arna thabhú chun tógáil na sócmhainne a mhaoiniú nuair a ghlacann an tógáil sin tréimhse ama nach beag le críochnú. Is ionann sócmhainní arna dtógáil agus an costas as réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach, a thógáil agus a shuiteáil sula mbaintear úsáid tháirgiúil astu.

Caiteachas ina dhiaidh sin

Aithnítear caiteachas ina dhiaidh sin, mar shampla, an costas as cuid nó mír de réadmhaoin, fearas agus trealamh a athsholáthar, i suim ghlanluacha na míre más dócha go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bheidh ag baint leis an mír san am atá le teacht chuig an nGrúpa, agus más féidir an costas a thomhas go hiontaofa. Déantar suim ghlanluacha na coda athsholáthraithe a dhí-aithint. Aithnítear na costais as seirbhísiú laethúil ar réadmhaoin, fearas agus trealamh sa chuntas brabúis nó caillteanais de réir mar a aithnítear iad.

Dímheas

Dímheasann míreanna réadmhaoine, gléasra agus trealaimh ón uair a bhíonn siad ar fáil lena n-úsáid.

Píblínte dáileacháin	60 bliain
Píblínte tarchurtha (arna rialú i dTuaisceart Éireann)	25 bliain

Píblínte tarchurtha (arna rialú i bPoblacht na hÉireann)	40 bliain
Stáisiúin chomhbhrúiteora	20 bliain
Méadair	15 bliain
Os Cionn na Talún Suiteálacha(AGIanna)	25 nó 40 bliain
Foirgnimh	40 bliain

Ní ghearrtar dímheas ar thalamh ná sócmhainní atá á dtógáil. Déantar athbhreithniú ar an modh dímheasa, ar shaolréanna fóinteacha agus ar luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a choigeartú más cuí.

Costais iasachta

Déantar costais iasachta a chaipitliú mar chostas sócmhainne má tá siad inchurtha go díreach i leith éadáil, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithí. Is é atá i sócmhainn cháilitheach ná sócmhainn nach mór cuid mhór ama a chaitheamh ar a hullmhú lena húsáid bheartaithe nó lena díol. Tagann deireadh le caipitliú úis nuair a dhéantar an tsócmhainn a choimisiúnú nó nuair a cuireadh isteach ar fhorbairt ghníomhach ar feadh tréimhse fhada ama.

c) Réadmhaoin infheistíochta

Áirítear le Réadmhaoin Infheistíochta foirgneamh oifige agus láithreáin oibreacha gáis toraidh nach bhfuil in úsáid ag an nGrúpa. Iompraítear réadmhaoin infheistíochta ag costas stairiúil lúide a ndímheas carntha agus bearnúcháin. Ní dhéantar aistrithe chuig (nó ó) réadmhaoin infheistíochta ach amháin nuair atá athrú in úsáid. Cuirtear aistrithe go (nó ó) réadmhaoin infheistíochta ó (nó go) réadmhaoin faoi úinéireacht san áireamh ag costas stairiúil lúide a ndímheas carntha agus bearnúcháin. Déantar ionaid réadmhaoine infheistíochta a dhí-aithint nuair a fhaightear réidh leo nó nuair a bhaintear iad go buan ó úsáid agus níltear ag súil le leas eacnamaíoch amach anseo óna ndíúscairt.

d) Sócmhainní doláimhsithe Bogearraí agus bogearraí arna bhforbairt

Áirítear le costais bogearraí sócmhainní a fhorbraítear go hinmheánach agus sócmhainní a cheannaítear go seachtrach araon.

Tagraíonn bogearraí a fhorbraítear go hinmheánach a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí inaitheanta agus uathúla bogearraí atá rialaithe ag an nGrúpa. Aithnítear sócmhainní doláimhsithe nuair a chomhlíonann siad sainmhíniú sócmhainn doláimhsithe IAS 38 alt 8 agus na critéir aitheanta in IAS 38 alt 21-23. Cuimsíonn an caiteachas a dhéantar a chaipitliú an costas as ábhair, saothar díreach, forchostais atá inchurtha go díreach i leith ullmhú na sócmhainne dá n-úsáid bheartaithe, agus costais iasachta ar shócmhainní cáilitheacha.

Déantar ceadúnais bogearraí ríomhaire a fuarthas a chaipitliú ar bhonn na gcostas a tabhaíodh chun na sócmhainní sonracha a fháil agus úsáid a bhaint astu, ar

chuntas go gcomhlíonann na costais na critéir in IAS 38 i gcomhair caipitliú.

Amúchadh sócmhainní doláimhsithe

Déantar sócmhainní doláimhsithe a amúchadh de réir méid chothroim sa chuntas brabúis nó caillteanais thar a saol fóinteach measta, ón dáta a bhfuil siad ar fáil lena n-úsáid. Ní dhéantar amúchadh a mhuirearú ar shócmhainní forbartha nach bhfuil ar fáil le húsáid fós. Déantar bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile a amúchadh, de réir méid chothroim, thar a saolré fóinteach measta suas le seacht mbliana.

Déantar athbhreithniú ar mhodhanna amúchta, saolréanna fóinteacha agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar coigeartú orthu más cuí.

Costais iasachta

Féach beartas cuntasaíochta b) thuas.

e) Bearnú sócmhainní Sócmhainní nach bhfuil faoi réir amúchta

Déantar sócmhainní doláimhsithe nach bhfuil réidh le húsáid go fóill a thástáil go bliantúil le haghaidh bearnúcháin.

Sócmhainní nach bhfuil faoi réir dímheasa/amúchta

Déantar athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní sin ar gach dáta tuairiscithe chun socrú cibé acu an bhfuil aon chomhartha bearnúcháin orthu. Má tá comhartha ann go bhfuil bearnú i gceist, déantar méid in-aisghabhála na sócmhainne a mheas.

Cailteanas bearnúcháin a aithint

Chun críocha bearnúchán a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpa ar na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid ann ar féidir a aithint astu féin (aonaid ghiniúna airgid nó AGAnna). Aithnítear caillteanas bearnúcháin le haghaidh na méide ag a sáraíonn suim ghlanluacha sócmhainne a méid in-aisghabhála. Is é atá sa mhéid in-aisghabhála ná luach cóir sócmhainne lúide costas as díúscairt nó luach úsáide sócmhainne, cibé acu is airde. Aithnítear caillteanais bhearnúcháin sa chuntas brabúis nó caillteanais. Déantar caillteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtaobh AGAnna a leithdháileadh ar dtús chun an tsuim ghlanluacha d'aon dea-thoil dáilte ar AGA a laghdú, agus ina dhiaidh sin leithdháiltear iad chun laghdú a dhéanamh ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní eile in AGA ar bhonn pro rata.

Cailteanas bearnúcháin a aithint

Ní dhéantar caillteanas bearnúcháin a fhreaschur maidir le dea-thoil. I dtaobh sócmhainní eile, déantar caillteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtréimhsí roimhe sin a mheasúnú ar gach dáta tuairiscithe le haghaidh aon chomharthaí gur tháinig laghdú ar an gcaillteanas nó nach ann dó a thuilleadh. Ní aisiompaítear caillteanas bearnúcháin ach sa mhéid nach sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne an tsuim ghlanluacha, glan ó dhímheas ná amúchadh, murar aithníodh aon chailteanas bearnúcháin.

1. Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta (ar lean)

Déantar aisiompú caillteanais bearnúcháin le haghaidh AGA a leithdháileadh ar shócmhainní an aonaid, seachas cáilmheas, ar bhonn pro rata le suimeanna glanluacha na sócmhainní sin. Aithnítear an t-aisiompú láithreach i mbrabús nó i gcaillteanas. Agus úsáid á baint as suim ghlanluacha athbhreithnithe na sócmhainne, déantar soláthar do dhímheas/amúchadh de réir méid chothroim thar an saolré fhóinteach a mheastar a bheith fágtha ag an tsócmhainn.

f) Airgeadra eachtrach

Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair in euro, arb é airgeadra feidhmiúil na Máthairchuideachta agus airgeadra chur i láthair an Ghrúpa agus na Mátharchuideachta chomh maith.

Déantar idirbhearta in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh ag an ráta atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Aistríodh sócmhainní agus dliteanais airgid arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha chuig an airgeadra feidhmiúil ag na rátaí a bhí i bhfeidhm ag dáta an tuairiscithe. Aithnítear sa chuntas brabúis nó caillteanais an gnóthachan nó caillteanas airgeadra eachtraigh a thagann chun cinn tar éis an aistrithe a dhéanamh. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadaíochta in airgeadra eachtrach a dhéantar a thomhas ar chostas stairiúil agus úsáid á baint as an ráta malairte ar dháta an idirbhirt, agus ní aistrítear arís iad ina dhiaidh sin.

Aistrítear go euro, ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe, sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha, ag cur san áireamh dea-thoil agus coigeartuithe luacha chóir mar thoradh ar éadail. Déantar torthaí oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na meánrátaí malairte don tréimhse, nuair a fhreagraíonn siad do mheastachán réasúnta de na fíor-rátaí a tabhaíodh. Aithnítear difríochtaí malairte tar éis athaistriú na nglansócmhainní oscailte agus na torthaí in ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de chothromas (cúlchiste aistrithe).

g) Ioncam

Is ó sheirbhísí iompair gáis go príomha, i margaí rialáilte agus neamhrialáilte araon, a thagann ioncam an Ghrúpa. Forbraíonn, oibríonn agus déanann an Grúpa cothabháil ar na líonraí tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha in Éirinn agus cuireann an Grúpa seirbhísí iompair gáis ar fáil do sholáthraithe agus lastóirí. Chomh maith leis sin, oibríonn an Grúpa agus tá sé ina úinéir ar an dá phíblíne idirnascaire gáis idir Albain agus Éire agus tá sócmhainní bonneagair líonra aige i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann. Cuimsítear ioncam ó léasa oibriúcháin le hioncam an Ghrúpa freisin, a aithnítear i gcomhréir le IFRS 16 (féach pointe h thíos).

Déantar ioncam a thomhas bunaithe ar an gcomaoin a measann an Grúpa go mbeidh sé ina teideal i gconradh le

custaiméir, agus ní áirítear méideanna a bhailítear ar son tríú páirtithe. Aithníonn an Grúpa ioncam nuair a chomhlíontar na hoibleagáidí feidhmíochta, mar a leagtar amach iad sa chonradh, nó de réir mar a chomhlíontar iad. Aithnítear ioncam ó acmhainn iompair (billeáilte agus neamhbilleáilte) thar am de réir mar a chomhlíontar an oibleagáid feidhmíochta arb é acmhainn líonra a sholáthar, agus aithnítear aon ioncam a bhaineann le tráchtearraí ar bhonn an tréchuir don tréimhse le haghaidh gach custaiméara.

Aithnítear ranníocaíochtaí custaiméara i ndáil le ceangail leis an líonra gáis in ioncam iarchurtha nuair a fhaightear iad, agus scaoiltear chuig an ráiteas ioncaim iad thar shaolré an cheangail.

Tá breithiúnas ag teastáil chun a chinneadh cibé acu an bhfuil críochnú na seirbhísí ceangail difriúil ó sholáthar seirbhísí iompair líonra amach anseo.

Bhain an Grúpa de tháta as nach seirbhísí ar leith iad na ceangail agus na seirbhísí iompair agus, dá bhrí sin, aithnítear ranníocaíochtaí ceangail custaiméara mar ioncam thar am de thairbhe go soláthraimid rochtain ar an líonra gáis.

Scaoiltear ioncam ó cheangail chórais tarchurtha chuig an ráiteas ioncaim thar thréimhse cúig bliana déag agus scaoiltear ioncam ó cheangail chórais dáileacháin chuig an ráiteas ioncaim thar thréimhse seacht mbliana.

Ranníocaíochtaí a fhaightear i dtreo an chostais a bhaineann le heilimintí den líonra gáis a atreorú nó a athlonnú, déantar iad a thaifeadadh ar dtús mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear chuig an ráiteas ioncaim iad le linn chur i gcrích na n-oibreacha.

Má mheastar nach gcomhlíontar na critéir um aithint ioncaim le haghaidh conartha, cuirtear moill le haithint ioncaim go measfar an inbhailitheacht mar a bheith dóchúil. I gcás inar gá, déantar méid geallta na comaoine a lascainiú chun gné mhaoinithe an idirbhirt a léiriú agus cuirtear an foirceannadh úis i láthair go bliantúil mar chreidmheas don ráiteas ioncaim.

Braitheann roinnt foinsí ioncaim de chuid an Ghrúpa ar fhaomhadh a fháil ón rialaitheoir tionscail, an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRF). In imthosca áirithe, d'fhéadfadh an t-ioncam rialaithe “ceadaithe” a bheith róghnóthaithe nó tearcghnóthaithe sa bhliain. Mar shampla, mar chuid dár gcomhaontú rialála, tá an Grúpa i dteideal aon tearcghnóthú costas faoi bhealach a aisghnóthú amhail crapadh an chórais gáis trí choigeartuithe taraife ioncaim amach anseo. Dá bhrí sin, is féidir aon róghnóthú nó tearcghnóthú ioncaim “cheadaithe” a chuimsiú, laistigh de pharaiméadair áirithe, agus an t-ioncam rialála le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin á ríomh. Mar sin féin, ní dhéantar aon choigeartú um róghnóthú nó tearcghnóthú sa bhliain ina dtagann siad chun cinn mar bíonn na gnóthachtálacha faoi réir athruithe taraife amach anseo a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí iompair amach anseo, agus dá bhrí sin níl coigeartuithe den sórt sin i dteideal aitheantais mar shócmhainní ná mar dhliteanais ar an dáta tuairiscithe.

h) Léasanna

An Grúpa mar Léasaí

Aithnítear léasanna mar shócmhainn a bhfuil ceart úsáide ag baint léi agus mar dhliteanas comhfhreagrach ar an dáta a bhíonn an tsócmhainn léasaithe ar fáil lena húsáid ag an nGrúpa. Tráth tionscanta conartha léasa, measann an grúpa cibé acu an léas é conradh nó a chuimsítear léas leis. Má thugtar leis an gconradh an ceart chun úsáid sócmhainne a rialú ar feadh tréimhse ama mar chúiteamh ar chomaoin, aithnítear mar léas é.

Cuireann an Grúpa na nithe seo a leanas san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar an gceart chun sócmhainn a rialú:

- an bhfuil sócmhainní inaitheanta sa chonradh
- an bhfuil an ceart ag an nGrúpa leasanna eacnamaíocha go léir na sócmhainne a fháil go substainteach
- an bhfuil an ceart ag an nGrúpa an tsócmhainn a oibriú ar fud thréimhse an chonartha.

Déantar an dliteanas léasa (a chuirtear i láthair in ‘lasachtaí agus fiachas eile’) a thomhas ar dtús ag glanluach reatha na n-íocaíochtaí léasa. Cuimsítear freisin sa tomhas ar an dliteanas íocaíochtaí léasa a dhéanfar faoi roghanna sínté atá réasúnta cinnte. Déantar na híocaíochtaí léasa a lascainiú leis an ráta úis is intuigthe sa léas. Más rud é nach féidir an ráta sin a chinneadh go héasca, rud a tharlaíonn go hiondúil le haghaidh léasanna sa Ghrúpa, úsáidtear ráta iasachtaithe incriminteach an léasaí, arb é atá sa ráta sin an ráta a bheadh le híoc ag an léasaí aonair chun iasacht a fháil de na cistí is gá chun sócmhainn ar luach cosúil leis an tsócmhainn a bhfuil ceart úsáide ag baint léi i dtimpeallacht eacnamaíoch chosúil lena mbaineann téarmaí, slándáil agus coinníollacha cosúla.

Leithdháiltear íocaíochtaí léasa idir príomhchostas agus costas airgeadais. Déantar an costas airgeadais a mhuirearú le brabús nó le caillteanas thar an tréimhse léasa chun ráta úis tréimhsiúil seasta a tháirgeadh ar fhuilleach an dliteanais le haghaidh gach tréimhse.

Maidir le sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo (a chuirtear i láthair in ‘Réadmhaoin, gléasra agus trealamh’), déantar iad a thomhas ar aitheantas tosaigh ar a gcostas lena gcuimsítear iad seo a leanas:

- méid thomhas tosaigh an dliteanais léasa
- íocaíochtaí léasa a rinneadh ag an dáta tosaigh nó roimhe sin lúide aon dreasachtaí léasa a fuarthas
- aon dírchostais tosaigh, agus
- costais athchóirithe.

Déantar sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo a thomhas ina dhiaidh sin ag costas lúide caillteanais fhabhraithe dímheasa agus bearnúcháin. Cuirtear IAS 36 i bhfeidhm lena dhearbhu an bhfuil sócmhainn ceart úsáide bearnaithe agus cuntais an Ghrúpa d’aon chaillteanas bearnúcháin aitheanta mar a dhéantar cur síos air i mbeartas e) Bearnúchán sócmhainní.

Go hiondúil, dímheastar sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo thar shaol úsáideach na sócmhainne agus an téarma léasa de réir méid chothroim, cibé acu is giorra. Má tá an Grúpa réasúnta cinnte rogha ar cheannach a fheidhmiú, déantar an tsócmhainn a bhfuil ceart úsáide ag baint léi a dhímheas thar shaolré fhóinteach na sócmhainne bunúsaí.

I dtaobh léasanna atá gearrthéarmach (is lú an téarma léasa agus 12 mhí) agus ar luach íseal (is lú ná €5,000 luach na sócmhainne nuair atá an tsócmhainn nua), aithníonn an Grúpa na híocaíochtaí léasa mar chaiteachas oibriúcháin de réir méid chothroim thar théarma an léasa, ach amháin más rud é go bhfreagraíonn bonn córasach eile níos fearr don phatrún ama ina mbaintear leas as an sochar eacnamaíoch a fhaightear ó na sócmhainní léasaithe. Ní raibh aon léas den sórt sin ag an nGrúpa le linn na tréimhse tuairiscithe ná le linn tréimhsí comparáideacha.

An Grúpa mar Léasóir

Déantar léasanna a bhfuil an Grúpa ina léasóir ina leith a aicmiú mar léasanna airgeadais nó oibriúcháin. Aon uair a dhéanann téarmaí an léasa na rioscaí agus sochair a bhaineann le húinéireacht a aistriú den chuid is mó chuig an léasaí, déantar an conradh a aicmiú mar léas airgeadais. Déantar gach léas eile a aicmiú mar léas oibriúcháin.

Déanann an Grúpa comhaontuithe léasa agus é ina léasóir i dtaca le cuid dá réadmhaoine infheistíochta agus dá phíblínte, agus déantar na léasanna sin a aicmiú mar léasanna oibriúcháin. Déantar ioncam cíosa ó léasanna oibriúcháin píblíne a aithint mar ioncam de réir an mhéid chothroim thar théarma an léasa chuí, ach amháin más rud é go bhfreagraíonn bonn córasach eile níos fearr don phatrún ama ina mbaintear leas as an sochar eacnamaíoch a fhaightear ó na sócmhainní léasaithe. Aithnítear ioncam cíosa ó réadmhaoine infheistíochta in “ioncam eile” de réir an mhéid chothroim. Déantar costais dhíreacha thosaigh, a thabhaítear i rith an phróisis idirbheartaíochta agus socraithe don léas oibriúcháin, a chur le méid anonn na sócmhainne léasaithe agus déantar iad a aithint de réir an mhéid chothroim thar téarma an léasa.

Déantar na méideanna atá inioctha ag léasaithe faoi léasanna airgeadais a aithint mar infháltais ag méid atá comhionann leis an nglaninfheistíocht a rinne an Grúpa sna léasanna. Déantar ioncam ó léasanna airgeadais a leithdháileadh ar thréimhsí cuntasaíochta ionas go bhfreagróidh siad do ráta fáltais tréimhsiúil buan ar ghlaninfheistíocht amuigh an Ghrúpa i dtaca leis na léasanna sin.

Nuair a chuimsíonn conradh gnéithe léasa agus neamhléasa, cuireann an Grúpa i bhfeidhm IFRS 15 chun an chomaoin faoin chonradh a leithdháileadh ar gach gné.

i) Oibleagáidí sochair scoir

Scéim pinsin sochair sainithe

Scéim sochair iarfhostaíochta is ea scéim sochair shainithe seachas scéim ranníocaíochta sainithe, a dtugtar eolas ina leith thíos.

1. Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta (ar lean)

I gcás scéimeanna a bhfuil sochar sainithe ag baint leo, úsáidtear Modh na n-Aonad Réamh-mheasta Creidmheasa leis an gcostas as sochair a chur ar fáil a mheas. Cuirtear athbhreithnithe achtúireacha i gcrích ar gach lá tuairiscithe. Déantar gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a shainaithint ina n-iomlán sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn. Sainaithnítear lasmuigh den chuntas brabúis nó caillteanais iad agus cuirtear i láthair iad in ioncam cuimsitheach eile.

Aithnítear an costas iar-sheirbhíse láithreach. Déantar an costas seirbhíse reatha agus gnóthachain agus caillteanais ar réitigh agus ciorrúcháin a mhuirearú ar chostais oibriúcháin, nó ar sholáthairtí i gcásanna ina ndearnadh soláthar ar dtús i gcomhar na gcostas gaolmhar mar chuid de sholáthar athstruchtúraithe a aithint. Ríomhtar an glanchostas úis pinsin tríd an ráta lascaine ag tús na tréimhse a chur i bhfeidhm ar an nglan dliteanas nó ar an nglansócmhainn sainithe.

Is ionann an tsócmhainn sochair scoir arna haithint sa chlár comhardaithe agus luach reatha na hoibleagáide sochair sainithe le haghaidh na scéime agus luach cóir shócmhainní na scéime.

Aithnítear luach cóir na gceart aisíocaíochta nuair atá an Grúpa i dteideal an costas a bhaineann le seirbhís inphinsin roimhe a fháil ar ais ó chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí nuair a dhéanann fostaithe incháilithe a dteidlíochtaí a bhaineann le seirbhís inphinsin – a thagann as seirbhís i gcomhlachtaí eile san earnáil phoiblí – a aistriú chuig scéim Líonraí Gáis Éireann, i gcomhréir le Líonra Aistrithe don Earnáil Phoiblí, atá faoi rialú ag Alt 4 den Acht Aois-Liúntas agus Pinsean, 1963.

Scéimeanna pinsin ranníocaíochta sainithe

Is ionann scéim ranníocaíochta sainithe agus scéim iarfhostaíochta faoina n-íocann eintiteas ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leithligh, agus ní bheidh aon oibleagáid dlí ná inchiallaithe ar bith air méideanna breise a íoc. Déantar na ranníocaíochtaí atá iníoctha faoi na scéimeanna ranníocaíochta sainithe a mhuirearú ar bhrabús nó chaillteanas sna tréimhsí a gcuireann fostaithe seirbhísí ar fáil lena linn.

j) Deontais

Aithnítear deontas mar dhliteanas sa chlár comhardaithe ar dtús nuair atá ráthaíocht réasúnta ann go bhfaighfear é agus go gcomhlíonfaidh an Grúpa na coinníollacha a bhaineann leis. Aithnítear na deontais ioncaim atá mar chúiteamh don Ghrúpa as speansais arna dtabhú sa ráiteas ioncaim ar bhonn córasach sa tréimhse chéanna ina dtabhaítear na speansais. Déantar deontais a chúitíonn an Grúpa as costas sócmhainne a amúchadh don ráiteas ioncaim ar bhonn córasach thar shaolré fhóinteach na sócmhainne chun an muirear dímhheasa a mheaitseáil.

k) Soláthairtí agus dliteanais theagmhasacha

Déanann an Grúpa meastóireacht ar nochtuithe ar dhliteanais theagmhasacha a bhaineann le dlíthíocht atá le teacht nó éilimh eile gan réiteach atá faoi réir réitigh chaibidlithe, idirghabhála, eadrána nó rialú Rialtais. Aithnítear soláthar nuair is dóchúil gurb ann d'oibleagáid ar féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ina leith tar éis anailís chúramach a dhéanamh ar an ábhar aonair. Cuimsíonn anailís measúnú ar an dóchúlacht go n-éireoidh le héileamh gan réiteach, nó go dtiocfaidh dliteanas chun cinn, agus an pointe aitheantais don dliteanas gaolmhar.

Aithnítear mar dhliteanais theagmhasacha ábhair ar oibleagáidí féideartha iad nó nach gcomhlíonann na critéir aitheantais i gcomhair soláthair, ach amháin más beag an fhéidearthacht go n-aistreofar tairbhí eacnamaíochta.

B'fhéidir go n-athródh soláthair amach anseo de bharr forbairtí nua agus de réir mar a bhíonn faisnéis nua ar fáil. D'fhéadfadh go mbeadh costais iarbhir difriúil leis an soláthar measta mar gheall ar an éiginnteacht nádúrtha sa phróiseas meastóireachta sin. Tá sonraí faoi sholáthairtí nochta i nóta 21.

I) Fardail

Déantar fardail a thomhas agus úsáid á baint as costas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle, agus úsáid á baint as an bhfoirmle costais is túisce isteach is túisce amach (FIFO) i gcomhréir le Fardail IAS 2. Tá costas déanta suas de phraghas ceannaigh agus gach costas díreach a tabhaíodh agus na fardail á dtabhairt chuig a n-ionad reatha agus a riocht reatha. Is ionann glanluach inréadaithe agus an praghas díola iarbhir nó measta lúide na costais go léir atá le tabhú roimh an díolachán. Déantar soláthar sonrach le haghaidh nithe a bhfuil dochar déanta dóibh, atá imithe as feidhm nó nach féidir a úsáid, nuair is cuí sin.

m) Sócmhainní agus dliteanais airgeadais lonstraimí airgeadais díorthacha

Is iad conarthaí réamhcheaptha airgeadra eachtraigh an t-aon ionstraim airgeadais dhíorthach a bhíonn in úsáid ag an nGrúpa chun a nochtadh ar rioscaí malairte eachtraí a bhainistiú. Déantar tuilleadh sonraí faoi ionstraimí airgeadais díorthacha a nochtadh i nóta 23.

Aithnítear díorthaigh ar dtús ag luach cóir ar an dáta a ndéantar Conradh díorthach agus déantar iad a atomhas ina dhiaidh sin go dtí a luach cóir ar gach dáta tuairiscithe. Déantar gnóthachain nó caillteanais a aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais láithreach, ach amháin más ionstraim fhálaithe shainithe agus éifeachtach iad. Sa chás sin, braitheann uainiú an aitheantais sa chuntas brabúis nó caillteanais ar nádúr na gaolmhaireachta fálaithe.

Cé go ndéantar díorthach a bhfuil luach cóir dearfach aige a aithint mar shócmhainn airgeadais, déantar díorthach a bhfuil luach cóir diúltach aige a aithint mar dhliteanas airgeadais. Ní dhéantar díorthaigh a fhritháireamh sna ráitis airgeadais ach amháin má bhíonn an ceart agus cuspóir dlíthiúil reatha ag an nGrúpa é sin a dhéanamh. Déantar

díorthach a chur i láthair mar shócmhainn neamhreatha nó mar dhliteanas neamhreatha más amhlaidh go bhfuil aibíocht na hionstraime atá fágtha níos mó ná 12 mhí agus mura bhfuiltear ag súil leis go ndéanfar é a réadú nó a shocrú laistigh de 12 mhí.

Iasachtaí

Aithnítear iasachtaí ar dtús ag luach cóir lúide costais atá inchurtha i leith idirbhirt. Tar éis aitheantas tosaigh, luaitear iasachtaí ag costas amúchta ag baint úsáid as modh an ráta úis éifeachtaigh.

Infháltais trádála agus infháltais eile

Aithnítear trádáil agus infháltais eile ar dtús ag an bpraghas idirbhirt atá infhála agus, ina dhiaidh sin, iompraítear iad ag an luach sin, toisc nach bhfuil aon chomhpháirt shuntasach mhaoinithe ann, lúide liúntas cuí le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha. Déantar foráil maidir le caillteanais bhearnúcháin le samhail le haghaidh caillteanas creidmheasa ionchasach thar shaolré na sócmhainne, agus aithnítear an bearnúchán ionchasach mar chostas sna costais oibriúcháin. Nuair is gá, ríomhtar méid na gcaillteanas creidmheasa ionchasach trí rátaí caillteanais ionchasaigh a chur i bhfeidhm, bunaithe ar an bhfeidhmíocht iarbhir bailiúcháin airgid stairiúil, chuig próifíl an fhiachais aoise le tosca maicreacnamaíocha amach anseo agus tosca a bhaineann go sonrach leis na féichiúnaithe san áireamh.

Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa

Cuimsítear le hairgead tirim airgead ar láimh agus taiscí prapéilimh. Is infheistíochtaí gearrthéarmacha an-leachtach iad coibhéisí airgid thirim ar féidir iad a thiontú go héasca go méideanna aitheanta airgid thirim agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach athruithe ar luach agus a shealbhaítear iad chun gealltanais airgid thirim a chomhlíonadh seachas chun críche infheistíochta nó chun críocha eile. I gcás inarb ann do na coinníollacha agus don rún maidir le fritháireamh, déantar iarmhéideanna airgid thirim a chomhcheangal le comharduithe rótharraingthe agus cuirtear an comh-iarmhéid sin i láthair ar an gclár comhardaithe.

- taiscí srianta

Airgead tríú páirtí atá i gceist le taiscí srianta, a sealbhaítear iad faoi shocruithe sláine nó rialála airgeadais, agus nach bhfuil ar fáil chun críocha oibriúcháin faoi Chód Oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann, ná nach sealbhaítear iad ach an oiread chun gealltanais airgid thirim ghearrthéarmacha a chomhlíonadh. Coinnítear an t-airgead i gcuntais taisce le bainc, comhlíonann an t-airgead an sainmhíniú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.

Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile

Déantar suimeanna iníoctha trádála agus eile a thaifeadadh ar luach cóir i dtosach, ar gnách gurb é méid tosaigh an tsonraisc móide aon chostais idirbhirt atá inchurtha go díreach ina leith é, agus tugtar anonn iad ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus úsáid á baint as modh an ghlanráta úis.

Iasachtaí agus iarmhéideanna le cuideachtaí Grúpa (Cuideachta)

Tá iasachtaí agus iarmhéideanna le cuideachtaí Grúpa ina sócmhainní nó ina ndliteanais airgeadais neamhdhíorthacha nach bhfuil luaite i margadh gníomhach. Cuirtear san áireamh iad in infháltais reatha trádála agus eile agus i suimeanna iníoctha eile i gclár comhardaithe na Cuideachta, ach amháin iad siúd lena ngabhann ionchas um bailiú níos faide ná dhá mhí dhéag tar éis dháta an chláir chomhardaithe, a chuirtear san áireamh in infháltais neamhreatha trádála agus eile nó i suimeanna iníoctha neamhreatha trádála agus eile. Déantar iasachtaí atá dlite do chuideachtaí an Ghrúpa a thaifeadadh ar dtús ag luach cóir. Tugtar cuntas ina dhiaidh sin d'iasachtaí agus iarmhéideanna infhála ag cuideachtaí an Ghrúpa ar chostas amúchta lúide caillteanas creidmheasa ionchais.

Dliteanais conartha dearbhaithe airgeadais

Is ionann Conradh dearbhaithe airgeadais agus Conradh ina bhfuil gá ag an eisitheoir íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh chun an sealbhóir a aisíoc le haghaidh caillteanas a thabhaíonn sé toisc go dteipeann air fhéichiúnaí íocaíochtaí a dhéanamh nuair atá siad le híoc de réir téarmaí ionstraim fiachais.

Déantar dliteanais conartha dearbhaithe airgeadais a thomhas ar dtús ag a luachanna córa agus, mura bhfuil siad ainmnithe mar FVTPL agus mura dtagann siad ó aistriú sócmhainne, déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin an méid níos airde dóibh seo a leanas:

- An méid lamháltais caillteanais arna socrú de réir IFRS 9 (féach sócmhainní airgeadais thuas).
- An méid a sainaithníodh ar dtús lúide, más cuí, amúchadh carnach a sainaithníodh i gcomhréir leis na beartais aitheantais ioncaim atá leagtha amach thuas.

n) Glanioncam/glanchostais airgeadais

Cuimsítear le costais airgeadais ús éifeachtach ar iasachtaí, muirear maoinithe ar sholáthair (a aithnítear má mheastar go bhfuil siad ábhartha), agus gluaiseachtaí luacha chóir ar shócmhainní airgeadais a aicmítear mar luach cóir tríd an gcuntas brabúis nó caillteanais.

Úsáidtear modh an úis ghlain le costais iasachtaíochta nach bhfuil inchurtha go díreach i leith ceannach, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithe a aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais.

Cuimsítear le hioncam airgeadais gluaiseachtaí luacha chóir ar ionstraimí airgeadais atá aicmithe mar luach cóir tríd an gcuntas brabúis nó caillteanais, aon ioncam úis ar chistí infheistithe agus díbhinní a fuarthas. Déantar ioncam úis a aithint de réir mar a bhfabhraíonn sé i mbrabús nó caillteanas, ag baint úsáid as modh an úis ghlain.

Cuirtear i láthair coigeartuithe luacha chóir ar ionstraimí maoinithe atá ainmnithe ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas mar ioncam airgeadais nó mar chostais airgeadais, mar is cuí.

1. Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta (ar lean)

o) Cáin ioncaim

Cuimsíonn speansas cánach ioncaim cáin reatha agus iarchurtha. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim ach amháin sa mhéid a bhaineann sé le míreanna atá aitheanta go díreach i ngnáthscaireanna nó in ioncam cuimsitheach eile.

Is é atá sa cháin reatha ná an cháin iníoctha nó infhála mheasta ar an ioncam nó caillteanas inchánach don bhliain, agus úsáid á baint as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon choigeartú ar cháin iníoctha i dtaobh na mblianta roimhe sin. Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach reatha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Aithnítear cáin iarchurtha i dtaca le difríochtaí sealadacha idir méideanna anonn sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánach. Déantar cáin iarchurtha a thomhas ag na rátaí cánach a bhfuil súil leo a bheidh i bhfeidhm sna tréimhsí ina bhfuiltear ag súil leis go n-iompóidh difríochtaí sealadacha, bunaithe ar rátaí cánacha agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh den chuid is mó roimh an dáta tuairiscithe.

Meastar go bhfuil sócmhainn chánach iarchurtha in-aisghabhála agus mar sin ní aithnítear í go dtí, ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil, gur dóchuíl go mbeidh brabúis inchánach oiriúnacha sna blianta beaga atá amach romhainn, óna mbeifear in ann aisiompú na ndifríochtaí sealadacha bunúsacha a dhéaduchtú.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Aithnítear foráil le haghaidh na nithe sin dá bhfuil an socrú cánach éiginnte, ach meastar gur dócha go mbeidh eis-sreabhadh cistí chuig údarás cánach ann amach anseo. Déantar na forálacha a thomhas ag an meastachán is fearr den mhéid a bhfuiltear ag súil lena éirí iníoctha. Tá an measúnú bunaithe ar bhreithiúnas gairmithe cánach sa Ghrúpa, á thacú ag taithí roimhe maidir le gníomhaíochtaí mar sin agus, i gcásanna áirithe, bunaithe ar chomhairle neamhspleách chánach.

p) Brabús oibriúcháin

Luaitear an brabús oibriúcháin roimh na glanchostais airgeadais agus cánachas.

q) Bearta neamh-GAAP

Sainítear TRÚCDA mar thuillimh roimh ús, cánacha, dímhéas agus amúchadh. Sainítear glanfhiachas mar iasachtaí iomlána agus fiachais eile coigeartaithe i gcomhair tionchar fálaithe luacha chóir lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá ar fáil don ghrúpa. Baineann an Grúpa úsáid as na bearta neamh-GAAP sin chun eolas úsáideach faoi fheidhmíocht agus mhaoiniú a chur ar fáil don lucht bainistíochta, do stocshealbhóirí agus pháirtithe leasmhara seachtracha.

Breithiúnais agus meastacháin chriticiúla cuntasaíochta

Agus na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm aige, éilítear ar an nGrúpa meastacháin (méideanna airgeadaíochta sna ráitis airgeadais atá faoi réir neamhchinnteacht tomhais), boinn tuisceana agus breithiúnais áirithe a dhéanamh a gcreideann sé iad a bheith réasúnach bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil. Déantar iad sin a mheasúnú agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Ina theannta sin, bhreithnigh an Grúpa impleachtaí an athraithe aeráide ar a oibríochtaí agus ar a ghníomhaíochtaí, agus tá sonraí breise air sin le fáil thíos.

Bíonn tionchar ag na meastacháin, boinn tuisceana agus breithiúnais sin ar na méideanna sócmhainní agus dliteanais atá ann ar dháta na ráiteas airgeadais agus ar na méideanna ioncaim agus costais a aithnítear i rith na dtréimhsí tuairiscithe a chuirtear i láthair. D’fhéadfadh éifeacht ábhartha a bheith ag athruithe ar na meastacháin sin ar na ráitis airgeadais.

Ar bhonn leanúnach, úsáideann an Grúpa modhanna éagsúla lena mheastacháin a mheasúnú: taithí stairiúil, comhairliúchán le saineolaithe agus modhanna eile ar meastar iad a bheith réasúnach sna tosca áirithe atá ann. D’fhéadfadh na torthaí iarbhir a bheith éagsúil ó na meastacháin seo, agus déantar a dtionchar siúd a aithint sa tréimhse ina dtagann na fíricí is cúis leis an athbhreithniú chun solais.

(i) Breithiúnais chriticiúla le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm

Is iad seo a leanas na breithiúnais chriticiúla seachas iad sin a bhaineann le meastacháin (a ndéileáiltear leo astu féin thíos) atá déanta ag an nGrúpa agus na beartais chuntasaíochta sin á gcur i bhfeidhm agus a bhfuil an éifeacht is mó acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

(a) Rangú ar chostas idir caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitil

D’fhéadfadh breithiúnais shuntasacha a bheith ag teastáil maidir le caiteachas a rangú mar chaiteachas caipitil nó oibriúcháin, go háirithe i gcásanna a mbíonn eilimintí de ghníomhaíochtaí feabhsúcháin (caipiteal) agus cothabhála (oibriúchán) araon ann. Tá beartais, rialúcháin agus nósanna

imeachta cuí i bhfeidhm ag an nGrúpa chun na rioscaí a mhaolú go ndéanfaí caiteachas neamh-incháilithe a chaipitliú.

(b) Seirbhísí ceangail agus seirbhísí iompair líonra

Is gá breithiúnas a thabhairt i bhfeidhmiú bheartas cuntasaíochta ioncaim an Ghrúpa maidir le ranníocaíochtaí custaiméirí ceangail líonra, chun a chinneadh an bhfuil críochnú na n-oibreacha ceangail ina oibleagáid feidhmíochta ar leith ó sheirbhísí iompair líonra amach anseo. Tugann an Grúpa faoi deara go ndearnadh an réimse breithiúnais chuntasaíochta seo a bhreithniú laistigh den ghairm chuntasaíochta, agus tá dhá scoil smaointeoireachta ann maidir le cibé acu an bhfuil na hoibreacha ceangail ina n-oibleagáid feidhmíochta ar leith, ag brath ar an measúnú maidir le cibé acu an bhfuil seirbhísí líonra amach anseo “ar fáil go héasca” i gcomhréir le IFRS 15. Is é an dearcadh eile atá ann ná nach bhfuil seirbhísí líonra amach anseo “ar fáil go héasca” i gcomhréir le IFRS 15, bunaithe ar an measúnú go bhfuil oibreacha ceangail nasctha go dlúth le soláthar seirbhísí iompair líonra amach anseo. Bhain an Grúpa de thátal as nach oibleagáid feidhmíochta ar leith iad oibreacha ceangail agus, dá bhrí sin, aithnítear ranníocaíochtaí custaiméirí ceangail líonra mar ioncam thar shaolré mheasta an cheangail de réir mar a chuirtear seirbhísí líonra ar fáil.

(ii) Neamhchinnteacht sna meastacháin

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí maidir leis an am atá le teacht agus maidir leis na príomhfhoinsí eile as a dtagann neamhchinnteacht meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, a bhféadfadh riosca suntasach a bheith ag baint leo maidir le coigeartú ábhartha a dhéanamh ar na suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas taobh istigh den bhliain seo chugainn.

(a) Sócmhainní bonneagar agus na sócmhainní a úsáidimid inár ngnó

Amhail an 31 Nollaig 2024, ba é €2,547.1m comhiomlán shócmhainní réadmhaoine, ghléasra agus threalamh, réadmhaoin infheistíochta agus shócmhainní doláimhsithe an Ghrúpa (2023: €2,515.3m), arbh ionann é agus formhór shócmhainní an Ghrúpa. Dá bhrí sin, tá na meastacháin agus na boinn tuisceana a rinneadh leis an luach anonn a dheimhniú ríthábhachtach sna ráitis airgeadais mar gheall go bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith ag in-aisghabhálacht na méideanna, nó a heasnamh sin, ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an Ghrúpa amach anseo. Aithníonn an Grúpa muirir dhímheasa agus amúchta go bliantúil (2024: €153.6 milliún agus 2023: €147.1 milliún) a ríomhtar go príomha chun costas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe a laghdú thar a saolré eacnamaíoch fóna (UEL).

I gcás réadmhaoine, gléasra agus trealaimh go háirithe, tá gá le breithiúnas suntasach chun saolréanna fóinteacha measta le haghaidh sócmhainní a shocrú, atá bunaithe ar

thaithí, ionchas don am atá le teacht agus fachtóirí eile. Leagtar amach sna polasaithe cuntasaíochta seo an tsaolré fhóinteach mheasta le haghaidh aicmithe sócmhainní móra. Déanann an Grúpa athbhreithniú ar shaolré fhóinteach sócmhainní go bliantúil agus déantar aon athrú atá ag teastáil a choigeartú go hionchasach.

Beidh tionchar ag sprioc na hÉireann maidir le Gníomhú ar son na hAeráide chun glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2050 ar an gcaoi a n-úsáideann custaiméirí agus tomhaltóirí deiridh breoslaí iontaise agus beidh tionchar aige sin ar an gcaoi a n-úsáidtear ár líonra gáis amach anseo. Creidimid go bhfuil ról soiléir againn maidir le haghaidh a thabhairt ar spriocanna glan-nialasacha an athraithe aeráide trí aistriú éifeachtúil fuinnimh a éascú, trí dhícharbónú an líonra gháis, trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí malartacha lena n-áirítear hidrigin agus bith-mheatán. D’fhoilsíomar ‘Conair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh’, ina dtugtar mionsonraí ar ár n-uaillmhianta bunathraithe i dtreo líonra gáis a bhfuil a chuspóir agus a mhéid athraithe agus atá dícharbónaithe go hiomlán faoi 2045. Cé go n-aithnímid go bhfuil réimse cásanna féideartha ann maidir leis an gcaoi a n-úsáidfear ár líonra amach anseo, táimid sásta, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoi láthair, go bhfuil saolréanna fóna sócmhainní fós iomchuí.

Mar gheall ar a thábhachtaí agus atá an infheistíocht sócmhainní don Ghrúpa, d’fhéadfadh éagsúlachtaí idir an tsaolré fhóinteach eacnamaíoch iarbhir agus mheasta tionchar a imirt ar thorthaí san am atá le teacht, ar bhealach dearfach nó diúltach. Féach nóta 9 le haghaidh anailís íogaireachta ar an tionchar dá nglacfaí leis go mbeadh saolré fhóinteach eacnamaíoch níos giorra i gceist le haghaidh ghléasra, phíblíne agus innealra an Ghrúpa.

(b) An t-athrú aeráide

Leanann an Grúpa dá mheasúnú ar thionchair fhadtéarmacha fhéideartha an athraithe aeráide ar shócmhainní agus ar dhliteanais ina ráitis airgeadais a fhorbairt agus a fheabhsú. Breithníodh tionchar an athraithe aeráide i roinnt réimsí agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, go háirithe maidir le luacháil na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh atá ag an nGrúpa, mar a thuairiscítear in (a) thuas.

2. Eolas deighilteach

Tá Deighleoga Oibriúcháin IFRS 8 glactha ag an nGrúpa sna ráitis airgeadais. Ceanglaítear de réir IFRS 8 go n-aithneofaí deighleoga oibriúcháin ar bhonn tuairiscí inmheánacha faoi ghnéithe den Ghrúpa a ndéanann an Príomhchinnteoir Oibriúcháin athbhreithniú orthu go rialta chun acmhainní a leithdháileadh don deighleog agus chun a feidhmíocht a mheas. I gcás an Ghrúpa, tá an Príomhchinnteoir Oibriúcháin aitheanta mar Bhord Líonraí Gáis Éireann.

Mar sin is iad deighleoga oibriúcháin an Ghrúpa na cinn a úsáideann Bord Líonraí Gáis Éireann go hinmheánach chun an gnó a rith agus chun cinntí straitéiseacha a dhéanamh. Cuirtear faisnéis ar fáil do Bhord Líonraí Gáis Éireann i dtaobh an Ghrúpa ar bhonn deighleoige singile chun críoch feidhmíocht a mheasúnú agus acmhainní a leithdháileadh. Déanann Bord Líonraí Gáis Éireann athbhreithniú ar thorthaí oibriúcháin ar leibhéal Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann. I bhfianaise an mhéid sin, tá deighleog shingil ag an nGrúpa chun críocha an tuairiscithe airgeadais. Dá bharr sin, is iad na brabúis deighleoige agus na sócmhainní agus na dliteanais deighleoige mar a thuairiscítear don phríomhchinnteoir oibriúcháin ná iad siúd atá leagtha amach i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa agus i gClár Comhardaithe an Ghrúpa faoi seach agus mar sin ní chuirtear aon fhaisnéis deighleoige bhreise ar fáil sa nóta seo.

(a) Ioncam de réir suíomh geografach 2024 2023

	2024	2023
	€'000	€'000
Éire	559,980	488,037
An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh)	39,521	39,032
Iomlán	599,501	527,069

San áireamh in ioncam iomlán an Ghrúpa tá ioncam €156.1m (2023: €143.9m), €111.3m (2023: €95.7m) agus €80.4m (2023: €61.5m) a tháinig chun cinn ó dhíolacháin leis na trí chustaiméir is mó de chuid an Ghrúpa. Sháraigh ioncam ó chustaiméir amháin eile 10% den ioncam iomlán (€64.2m). Féach nóta 3 le haghaidh anailís ar ioncam ó chustaiméirí seachtracha de réir cineáil.

(b) Sócmhainní neamhreatha de réir ionaid gheografaigh

	2024	2023
	€'000	€'000
Éire	2,172,426	2,156,715
An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh)	374,692	358,633
Iomlán	2,547,118	2,515,348

Cuimsíonn sócmhainní neamhreatha chun críocha an nochta seo réadmhaoín, gléasra, trealamh, réadmhaoín infheistíochta agus sócmhainní doláimhsithe.

3. Ioncam

	2024	2023
	€'000	€'000
Rialaithe	553,405	485,172
Neamhrialáilte – conarthaí iompair	12,999	21,333
Neamhrialáilte – conarthaí nua nasc	9,502	7,874
Neamhrialaithe – eile	23,595	12,690
Iomlán	599,501	527,069

Is éard atá in ioncam rialaithe ná ioncam a thuilltear ó ioncam earraí agus acmhainne. Is iad an Coimisiún um Rialáil Fóntais (“CRF”) agus an Rialálaí Fóntais (UR) a dhéanann ioncam rialaithe a rialáil. Is éard is conarthaí iompair neamhrialáilte ann ná comhaontuithe le haghaidh iompar gáis nach ndéanann CRF ná UR maoirseacht orthu. Déantar na conarthaí sin a shocrú go díreach idir Líonraí Gáis Éireann agus lastóirí nó soláthraithe gáis. Neamhrialaithe - baineann conarthaí nua ceangail le ranníocaíochtaí ceangail custaiméirí tarchurtha agus dáileacháin, a aithnítear mar ioncam le himeacht ama de réir mar a sholáthraimid rochtain ar an líonra gáis. Neamhrialaithe - áirítear le hioncaim eile ranníocaíochtaí i dtreo chostas na n-atreoruithe agus na n-athruithe líonra, ioncaim ó ghnó teil eachumarsáide Aurora agus ioncaim ó sheirbhísí oibríochtúla atá coimhdeach le húsáid an chórais iompair gáis.

Féach nóta 1 le haghaidh sonraí ar bheartas cuntasaióchta ioncaim agus ar shreafaí ioncaim an Ghrúpa. Féach nóta 13 le haghaidh sonraí ar infháltais trádála an Ghrúpa ó na sreafaí ioncaim sin.

4. Glanchostais oibriúcháin

(gan dímh eas agus amúchadh a áireamh)

		2024	2023
	Nótaí	€'000	€'000
Costas sochair fostaí	5	(77,220)	(67,672)
Seirbhísí fruilithe agus ar conradh		(15,031)	(10,364)
Costais ábhar, cothabhála agus fochonraitheora		(85,771)	(72,052)
Rátaí agus saoráidí		(39,328)	(36,814)
Crapadh an chórais gáis agus cailteanais gháis		(26,655)	(36,295)
Costais lársheirbhísí idirbhirt agus tacaíochta	26	-	(169)
Speansais oibriúcháin eile		(33,510)	(31,630)
Ioncam oibriúcháin eile		1,306	1,322
Iomlán		(276,209)	(253,674)

4. Glanchostais oibriúcháin (ar lean)

Sonraítear costais oibriúcháin tar éis go ngearrtar muirir:

(a) Luach saothair an iniúcháora

	2024	2023
	€'000	€'000
Iniúchadh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa*	(325)	(164)
Seirbhísí árachais eile	(89)	(31)
Seirbhísí comhairleacha cánach	-	-
Seirbhísí neamhiniúcháireachta eile	(176)	(22)
Iomlán	(590)	(217)

* Cuimsítear an t-iniúchadh ar fhochuideachtaí leis an iniúchadh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa.

(b) Luach saothair an stiúrthóra*

	2024	2023
	€'000	€'000
Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin - Táillí **	(137)	(142)
Luach saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin ***	(266)	(269)
Luach saothair Stiúrthóirí Feidhmiúcháin eile ****	-	(264)
Iomlán	(403)	(675)

* De réir na nAirteagal Comhlachais, níl an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ná stiúrthóirí feidhmiúcháin eile i dteideal táillí Stiúrthóirí a fháil.

** Ceapadh comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Bhord Ervia mar Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann an 19 Aibreán 2023. Tugadh luach saothair dóibh as a mballraíocht ar Bhord Ervia suas go dtí comhtháthú Ervia i Líonraí Gáis Éireann an 1 Meitheamh 2024. Ón 1 Meitheamh 2024 ar aghaidh, tugadh luach saothair dóibh mar Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann.

Áirítear sa nochtadh thuas leithdháileadh an luacha saothair uile a thuilltear mar chomhaltaí Boird de Ervia, bunaithe ar sheirbhísí a soláthraíodh do Líonraí Gáis Éireann.

*** Léiríonn an nochtadh thuas an comhluch saothair a tuilleadh ina cháil mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Ervia agus Líonraí Gáis Éireann.

Leithdháileadh an luach saothair ar fad ar Líonraí Gáis Éireann, bunaithe ar sheirbhísí a soláthraíodh.

**** Le linn na tréimhse sa bhliain 2023, sular ceapadh comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin Ervia mar Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann, bhí 4 Stiúrthóirí Feidhmiúcháin eile ina Stiúrthóirí ar Líonraí Gáis Éireann. Léiríonn an nochtadh thuas luach saothair a thuill na stiúrthóirí feidhmiúcháin, ina gcáil mar fhostaithe tuarastail de chuid Líonraí Gáis Éireann. Le linn 2023, d'fhabhraigh beirt stiúrthóirí ranníocaíochtaí pinsin le sochar sainithe (€10,000) agus d'fhabhraigh beirt stiúrthóirí ranníocaíochtaí pinsin le ranníocaíocht shainithe (€14,000).

(c) Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tá sonraí an chostais agus gach rud san áireamh de chuid phacáiste luacha saothair Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann mar seo a leanas:

	2024	2023
	€'000	€'000
Buntuarastal	(225)	(225)
Sochair ghearrthéarmacha eile le haghaidh fostaithe	(11)	(13)
Sochair iarfhostaíochta - ranníocaíochtaí pinsin	(30)	(31)
Iomlán	(266)	(269)

5. Sochair fostaithe

(i) Sochair chomhiomlána fostaithe

	2024	2023
	€'000	€'000
Sochair ghearrthéarmacha le haghaidh baill foirne	(74,142)	(67,877)
Sochair iarfhostaíochta - scéim sochair sainithe *	(6,008)	(3,173)
Sochair iarfhostaíochta - scéim ranníocaíochtaí sainithe	(3,146)	(2,661)
Costais árachais sóisialta	(8,216)	(7,476)
	(91,512)	(81,187)
Párolla caipitlithe	14,292	13,515
Costas sochair fostaithe arna mhuirearú ar an gcuntas brabúis nó cailteanais	(77,220)	(67,672)

*Ghlac Líonraí Gáis Éireann páirt i scéim Aoisliúntais Ervia go dtí an 1 Meitheamh 2024. Áirítear €2.130m sa chostas a nochtar thuas (2023: €3.173m) arna thabhnú sna tréimhsí roimh an 1 Meitheamh 2024, ar cuireadh san áireamh iad mar Phlean Grúpa i gcomhréir le IAS 19 - féach nóta 18 chun tuilleadh sonraí a fháil.

(ii) Sochair ghearrthéarmacha foirne

	2024	2023
	€'000	€'000
Pá agus tuarastail	(70,057)	(64,049)
Ragobair	(1,430)	(1,382)
Liúntais	(1,111)	(944)
Eile **	(1,544)	(1,502)
Iomlán	(74,142)	(67,877)

** Áirítear go príomha le sochair ghearrthéarmacha fostaithe eile sochair bhuana árachais sláinte is saoil agus liúntais inchánach taistil.

Ba é meánlíon míosúil na bhfostaithe a sholáthair seirbhísí don Ghrúpa agus don Chuideachta le haghaidh na bliana ná 848 (2023: 813)

6. Dímheas agus amúchadh

		2024	2023
	Nótaí	€'000	€'000
Dímheas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh	9	(144,653)	(144,025)
Bearnú réadmhaoine, gléasra agus trealaimh	9	(6,916)	(1,864)
Dímheas réadmhaoine infheistíochta	10	(429)	(438)
Dímheas ar shócmhainní a bhfuil ceart úsáide baint leo	11	(402)	(414)
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	12	(7,904)	(6,972)
Amúchadh deontas	20	6,665	6,581
Iomlán		(153,639)	(147,132)

7. Glanchostais airgeadais

	Nótaí	2024 €'000	2023 €'000
Roimh atomhais			
Costais úis agus airgeadais		(18,923)	(15,656)
Ioncam úis ar thaiscí gearrthéarmacha		8,713	4,002
Gnóthachan ar dhí-aithint dliteanais airgeadais *		4,104	-
Ús caipitlithe		1,154	440
Muirear airgeadais um dhliteanas léasa	11	(76)	(81)
Glanús ar an nglansócmhainn sochair shainithe	18	58	-
Ús ar shócmhainní pinsin eile	18	127	-
Iomlán roimh atomhais		(4,843)	(11,295)
Atomhais			
Glanathruithe ar luach cóir díorthach		395	63
Atomhais ina n-iomláine		395	63
Iomlán			
Ioncam airgeadais		13,397	4,065
Costais airgeadais		(17,845)	(15,297)
Glanchoistais airgeadais		(4,448)	(11,232)

* I Meán Fómhair 2024, d'eisigh Líonraí Gáis Éireann Banna Corparáideach €300m ag ráta cúpóin 3.25%. Ina dhiaidh sin, chríochnaigh Líonraí Gáis Éireann cleachtadh Bainistíochta Dliteanais €164m ar an mbanna cúpóin €500m 1.375%, a bhí le haibiú i mí na Nollag 2026. Bhí an méid is iníoctha chun an banna a fhuascailt go páirteach €4.49m faoi bhun a pharluacha, lúide táillí a bhaineann le haischeannach €0.387m, a raibh gnóthachan €4.104m mar thoradh air, a thuairiscítear faoi ioncam airgeadais thuas.

8. Cáin

Cáin ioncain

	2024 €'000	2023 €'000
Cáin reatha		
Cáin reatha	(28,955)	(14,857)
Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo *	2,060	58
	(26,895)	(14,799)
Cáin iarchurtha		
Údarú agus freaschur difríochtaí sealadacha *	2,145	(3,417)
Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo	(2,164)	(317)
	(19)	(3,734)
Cáin ioncain iomlán	(26,914)	(18,533)

* Baineann coigeartuithe i leith muirir chánach reatha agus iarchurtha na mblianta roimhe sin go príomha le teidlíochtaí luathaithe liúntas caipitil ag fochuideachta an Ghrúpa sa Ríocht Aontaithe.

Sócmhainní agus dliteanais chánach reatha

	2024 €'000	2023 €'000
Sócmhainn cánach reatha *	3,371	8,887
Dliteanais chánach reatha	(797)	-

* D'eascair sócmhainn cánach reatha na bliana roimhe sin go príomha mar gheall ar thionchair chánach na bliana roimhe sin ar an athrú ar bheartas cuntasaióchta mar a thuairiscítear i nóta 1 a ghabhann le Ráitis Airgeadais Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann 2023. D'eascair sócmhainn chánach na bliana reatha go príomha mar gheall ar theidlíochtaí liúntais chaipitil luathaithe Fhochuideachta na Ríochta Aontaithe de chuid an Ghrúpa.

An ráta cánach éifeachtach a idir-réiteach

	2024 €'000	2023 €'000
Brabús roimh cháin ioncain	165,205	115,031
Cáin gearrtha ar 12.5% (2023: 12.5%)	(20,651)	(14,379)
Dímheas ar chaiteachas caipitiúil nach bhfuil in-asbhainte chun críoch cánach	(2,392)	(2,041)
Speansais eile nach bhfuil in-asbhainte chun críoch cánach	367	193
Ioncam nach bhfuil inchánach	503	499
Brabús ó fhochuideachta sa Ríocht Aontaithe ar gearradh cáin orthu ar rátaí níos airde	(4,795)	(2,521)
Éifeacht an athraithe ar an ráta cánach	-	(49)
Coigeartú malartaithe	158	24
Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo	(104)	(259)
	(26,914)	(18,533)

Féach ráiteas an Ghrúpa maidir le hioncam cuimsitheach eile le mionsonraí a fháil faoin tionchar cánach ansin.

8. Cáin (ar lean)

Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha

	Pinsean	Dímheas luathaithe cánach	Muirir úis iníoctha	Eile *	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Ar an 1 Eanáir 2023	-	(208,415)	1,732	4,744	(201,939)
Aitheanta sa ráiteas ioncaim	-	2,660	(1,453)	(4,941)	(3,734)
Coigeartú malartaithe	-	(365)	(19)	-	(384)
Amhail an 31 Nollaig 2023	-	(206,120)	260	(197)	(206,057)
Aistrithe faoi idirbheart rialaithe chomhchoitinn	(3,465)	-	-	-	(3,465)
Aitheanta sa ráiteas ioncaim	140	(156)	(23)	20	(19)
Aitheanta i gcothromas	455	-	-	-	455
Coigeartú malartaithe	-	(868)	-	-	(868)
Amhail an 31 Nollaig 2024	(2,870)	(207,144)	237	(177)	(209,954)

* Áirítear leis sin sócmhainn chánach iarchurtha de €0.3m maidir le dliteanais léasa (2023 €0.3m). Is ionann an dliteanas cánach iarchurtha maidir le sócmhainní ceart úsáide agus €0.5m, (2023 €0.5m).

Ní dhearnadh foráil i leith cáin iarchurtha maidir le cúlchistí neamhaistírithe fhochuideachta thar lear an Ghrúpa, arbh iad €215.4 milliún ag 31 Nollaig 2024 (2023: €189.7 milliún).

9. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

	Nótaí	2024 €'000	2023 €'000
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht		2,507,713	2,478,051
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh – sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo	11	3,895	4,176
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - arna gcur i láthair ar an gclár comhardaithe		2,511,608	2,482,227

Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht

	Talamh agus Foirgnimh	Gléasra, píblíne agus innealra	Sócmhainní atá á dtógáil	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas				
Ar an 1 Eanáir 2023	69,581	4,708,644	75,096	4,853,321
Breiseanna	395	11,284	130,420	142,099
Diúscairtí	-	(3,892)	-	(3,892)
Aistrithe	3,513	92,785	(96,298)	-
Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte	-	5,108	65	5,173
Amhail an 31 Nollaig 2023	73,489	4,813,929	109,283	4,996,701
Breiseanna	-	7,582	169,810	177,392
Diúscairtí	-	(5,257)	-	(5,257)
Aistrithe	2,229	133,121	(135,350)	-
Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte	-	12,004	332	12,336
Amhail an 31 Nollaig 2024	75,718	4,961,379	144,075	5,181,172
Caillteanais fhabhraithe dímheasa agus bearnúcháin				
Ar an 1 Eanáir 2023	(29,718)	(2,342,108)	(1,062)	(2,372,888)
Muirear dímheasa	(1,931)	(142,094)	-	(144,025)
Muirear bearnúcháin	-	(1,864)	-	(1,864)
Diúscairt	-	3,892	-	3,892
Athraithe chuig Réadmhaoine infheistíochta 10	(314)	(86)	-	(400)
Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte	-	(3,365)	-	(3,365)
Amhail an 31 Nollaig 2023	(31,963)	(2,485,625)	(1,062)	(2,518,650)
Muirear dímheasa	(1,541)	(143,112)	-	(144,653)
Muirear bearnúcháin	-	(6,916)	-	(6,916)
Diúscairtí	-	5,257	-	5,257
Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte	-	(8,497)	-	(8,497)
Amhail an 31 Nollaig 2024	(33,504)	(2,638,893)	(1,062)	(2,673,459)
Suimeanna glanluacha				
Amhail an 31 Nollaig 2023	41,526	2,328,304	108,221	2,478,051
Amhail an 31 Nollaig 2024	42,214	2,322,486	143,013	2,507,713

9. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (ar lean)

B’ionann caillteanais bhearnúcháin a aithníodh maidir le gléasra agus innealra sa bhliain agus €6.9m, (2023 €1.9m). Tá na caillteanais sin inchurtha i leith caithimh agus cuimilte níos mó ná a bhíothas ag súil agus díluacháil cistí atá ar fáil. Baineann an caillteanas bearnúcháin a tugadh chun cinn maidir le sócmhainní atá á dtógáil le tionscadail forbartha.

Áirítear le suim ghlanluacha na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh sócmhainní atá faoi réir socruithe léasa oibriúcháin mar atá curtha síos orthu i nóta 11 ‘An Grúpa mar Léasóir’. Ba é suim ghlanluacha na sócmhainní sin ar an 31 Nollaig 2024 ná €35m (31 Nollaig 2023: €45m) agus áirítear é sa ghléasra, píblíne agus innealra.

Le linn na bliana, rinne an Grúpa €1.2 milliún a chaipitliú (2023: €0.4 milliún) i gcostais iasachtaithe. Ba é 1.65% an ráta caipitlithe (2023: 1.45%).

Íogaireacht dímheasa

Ar an ábhar gur réimse atá ann ina bhfuil neamhchinnteacht maidir le meastachán, mar a thuairiscítear i nóta 1, tugaimid anailís íogaireachta thíos maidir leis an méadú ar an muirear dímheasa dá nglacfaí leis go mbeadh saolré fhóinteach eacnamaíoch (UEL) ní ba ghairide ann:

	2024	2023
	€’000	€’000
UEL teoranta do 2050	15,161	14,113
UEL teoranta do 2060	4,158	3,811
UEL teoranta do 2070	877	757

10. Réadmhaoin infheistíochta

Iomlán	
€’000	
Costas	
Amhail an 31 Nollaig 2023	23,151
Amhail an 31 Nollaig 2024	23,151
Caillteanais fhabhraithe dímheasa agus bearnúcháin	
Ar an 1 Eanáir 2023	(15,788)
Athraithe ó Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 9)	400
Muirear dímheasa	(438)
Amhail an 31 Nollaig 2023	(15,826)
Muirear dímheasa	(429)
Amhail an 31 Nollaig 2024	(16,255)
Suimeanna glanluacha	
Amhail an 31 Nollaig 2023	7,325
Amhail an 31 Nollaig 2024	6,896

Is éard atá i réadmhaoin infheistíochta an Ghrúpa go príomha ná foirgneamh oifige, lena n-áirítear freisin láithreáin oibreacha gáis leagáide, a bhfuil ceann amháin acu ar léas le tríú páirtí. B’ionann luach cóir na réadmhaoine infheistíochta amhail an 31 Nollaig 2024 agus €11.7m (2023 €14.2m). Amhail an 31 Nollaig 2024 agus 2023, tá luachanna córa na réadmhaoine bunaithe ar luachálacha arna ndéanamh ag Avison Young, luachálaí neamhspleách creidiúnaithe a bhfuil taithí aige ar shuíomh agus ar chatagóir na réadmaoine atá á luacháil. Ullmhaíodh an luacháil de réir Chaighdeáin Dhomhanda Luachála RICS (lena n-ionchorpraítear Caighdeáin Luachála Idirnáisiúnta IVSC.) Rinneadh tomhas luach cóir do gach réadmhaoin infheistíochta a chatagóiriú mar Leibhéal 3 luach chóir bunaithe ar na hionchuir ar an teicníc luachála a úsáideadh (féach nóta 24).

B’ionann ioncam cíosa a aithníonn an Grúpa le linn 2024 agus €1.3m (2023 €1.3m) agus áiríodh é sin in “ioncam oibriúcháin eile” (féach nóta 4).

11. Sócmhainní agus dliteanais léasa

An Grúpa mar Léasaí

Tá socruithe léasa éagsúla déanta ag an nGrúpa a bhaineann go ginearálta le foirgnimh, talamh agus sócmhainní teileachumarsáide ar cíós. Ní dhéantar aon srianta suntasacha nó neamhghnácha a cur i bhfeidhm de réir théarmaí na léasanna seo. Is ar bhonn neamhthuilleamaí atá na socruithe léasa go léir.

Suimeanna arna n-aithint ar an gclár comhardaithe

	Talamh agus Foirgnimh	Gléasra, píblíne agus innealra	Iomlán
Sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo	€'000	€'000	€'000
Ar an 1 Eanáir 2023	410	5,536	5,946
Breiseanna	82	-	82
Amhail an 31 Nollaig 2023	492	5,536	6,028
Breiseanna	121	-	121
Amhail an 31 Nollaig 2024	613	5,536	6,149

Caillteanais fhabhraithe dímheasa agus bearnúcháin

Ar an 1 Eanáir 2023	(312)	(1,126)	(1,438)
Muirear dímheasa	(89)	(325)	(414)
Amhail an 31 Nollaig 2023	(401)	(1,451)	(1,852)
Muirear dímheasa	(76)	(326)	(402)
Amhail an 31 Nollaig 2024	(477)	(1,777)	(2,254)

Suimeanna glanluacha

Amhail an 31 Nollaig 2023	91	4,085	4,176
Amhail an 31 Nollaig 2024	136	3,759	3,895

Dliteanais léasa

Ar an 1 Eanáir 2023	(90)	(2,648)	(2,738)
Breis	(82)	-	(82)
Costas úis	(1)	(80)	(81)
Íocaíochtaí léasa	80	240	320
Amhail an 31 Nollaig 2023	(93)	(2,488)	(2,581)
Breis	(121)	-	(121)
Costas úis	(1)	(75)	(76)
Íocaíochtaí léasa	80	240	320
Amhail an 31 Nollaig 2024	(135)	(2,323)	(2,458)

Anailísithe mar seo a leanas:

	2024	2023
	€'000	€'000
Neamhreatha	(2,227)	(2,346)
Reatha	(231)	(235)
Iomlán	(2,458)	(2,581)

Déantar monatóireacht ar dhliteanais léasa laistigh de na feidhmeanna gnó ábhartha. Níl an Grúpa ag déileáil le riosca leachtach suntasach maidir lena dhliteanais léasa. Féach nóta 17 le haghaidh anailís aibíochta ar dhliteanais léasa.

An Grúpa mar Léasóir

Chuaigh an Grúpa isteach i léasanna oibriúcháin ar a réadmhaoin infheistíochta (féach Nóta 10). Is ionann ioncam cíosa a aithníonn an Grúpa in ioncam oibriúcháin eile (féach Nóta 4) le linn na bliana agus €1.3m (2023 €1.3m).

Déanann an Grúpa socruithe léasa oibriúcháin le cead a thabhairt do thríú páirtithe codanna den chóras Iompair Líonra Gáis a úsáid. I gcomhréir le beartas cuntasáíochta an Ghrúpa, meastar gach fáltas ó na socruithe sin a bheith tuillte mar chuid d'oibriúcháin lárnacha an Ghrúpa agus dá réir sin aithnítear an t-ioncam léasa sin mar ioncam sa ráiteas ioncaim. Le linn 2024, aithníodh ioncam léasa €8.3m i leith an chórais iompair (2023: €18.1m). Leagtar amach thíos próifíl d'ioncam léasa oibriúcháin neamh-inchealaithe neamhlascainithe a bheidh le haithint mar ioncam agus ioncam oibriúcháin eile sna blianta amach romhainn. Idir bliain amháin agus 3 bliana atá sna téarmaí léasa neamhchaite (2023: bliain amháin go 4 bliana).

Anailís ar aibíocht

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€'000	€'000
Bliain 1	6,919	9,579
Bliain 2	3,899	6,829
Bliain 3	502	3,899
Bliain 4	-	502
Iomlán	11,320	20,809

12. Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí agus eile	Bogearraí i mbun forbartha	Iomlán
	€'000	€'000	€'000
Costas			
Ar an 1 Eanáir 2023	173,081	4,068	177,149
Breiseanna (forbartha go himmheánach san áireamh)	-	5,735	5,735
Aistrithe	3,614	(3,614)	-
Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte	44	1	45
Amhail an 31 Nollaig 2023	176,739	6,190	182,929
Breiseanna (forbartha go himmheánach san áireamh)	-	10,702	10,702
Aistrithe	11,109	(11,109)	-
Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte	118	3	121
Amhail an 31 Nollaig 2024	187,966	5,786	193,752
Amúchadh carntha			
Ar an 1 Eanáir 2023	(150,121)	-	(150,121)
Muirear amúchta	(6,972)	-	(6,972)
Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte	(40)	-	(40)
Amhail an 31 Nollaig 2023	(157,133)	-	(157,133)
Muirear amúchta	(7,904)	-	(7,904)
Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte	(101)	-	(101)
Amhail an 31 Nollaig 2024	(165,138)	-	(165,138)
Suimeanna glanluacha			
Amhail an 31 Nollaig 2023	19,606	6,190	25,796
Amhail an 31 Nollaig 2024	22,828	5,786	28,614

13. Infháltais trádála agus infháltais eile

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€'000	€'000
Úsáid infháltas córais - billeáilte	7,394	50,403
Úsáid infháltas córais - neamhbhilleáilte	54,850	47,579
Infháltais trádála eile - billeáilte	7,519	1,278
Infháltais trádála eile - neamhbhilleáilte	9,036	4,572
Infháltais eile	4,978	486
Fo-iomlán	83,777	104,318
Réamhíocaíochtaí	8,520	9,279
Iomlán	92,297	113,597
Anailísithe mar seo a leanas:		
Neamhreatha	-	-
Reatha	92,297	113,597
Iomlán	92,297	113,597

Is éard a léirítear in infháltais trádála is mó ná úsáid infháltas córais le haghaidh líonra píblíne gáis an Ghrúpa i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Is éard a léirítear in infháltais trádála eile is mó ná infháltais neamhrialáilte ó chonarthaí custaiméara agus infháltais choimhdeacha neamhrialáilte ó chonarthaí custaiméara.

Ní aithníonn an Grúpa aon lamháltais cailteanas creidmheasa ábhartha a bhfuil súil leo agus níl an Grúpa ag súil leis go mbeidh aon chaillteanais shuntasacha infháltas ann nach ndearnadh foráil ina leith cheana.

Úsáid infháltas an chórais:

Poblacht na hÉireann:

Poblacht na hÉireann:Cuimsítear le húsáid ioncaim córais in Éirinn ioncam ó Úsáid Dáileacháin Córais (DUoS) agus ioncam ó Úsáid Tarchuir Córais (TUoS). Is iad na téarmaí creidmheasa do DUoS agus TUoS araon ná deich lá ghnó agus bhí fiche a hocht lastóir eachtrach ann faoi dheireadh na bliana. Déanann an Grúpa ioncam TUoS agus DUoS a bhilleáil agus a bhailiú. Tá sonrasc le tabhairt do na lastóirí as an ioncam ceadaithe ar bhonn míosúil, dhá lá gnó dhéag tar éis dheireadh na míosa agus íocaíocht dlite dhá lá dhéag tar éis dháta na heisiúna nó faoin dara lá gnó deiridh den mhí (cibé acu is déanaí). Faoi Chód Oibriúcháin an Líonra gháis, d'fhéadfaí go n-iarrfaí ar lastóirí sláine airgeadais a chur ar fáil chun an Grúpa a chosaint in aghaidh neamhíocaíocht sonrasc ar iompar gáis. Coinnítear cistí a fuarthas agus a bhaineann leis ar éarlais agus cuimsítear iad laistigh den iarmhéid éarlaise teoranta (nóta 14). Níor aithin an Grúpa aon chaillteanas bearnúcháin ábhair sa tréimhse reatha nó sa tréimhse thuairiscithe roimhe seo.

Tuaisceart Éireann:

Cuimsíonn ioncam ó úsáid an chórais i dTuaisceart Éireann ioncam ó Úsáid an Chórais Leithdháilte (DUoS). Déanann an riarthóir na sonraisc a eisiúint agus gearrtar ráta úis laethúil ar shonraisc neamhíoctha. Is féidir a iarraidh ar lastóirí sláine airgeadais a chur ar fáil chun an Grúpa a chosaint ar neamhíocaíocht sonrasc as iompar gáis. Coinnítear cistí a fuarthas agus a bhaineann leis ar éarlais agus cuimsítear iad laistigh den iarmhéid éarlaise teoranta (nóta 14). Níor aithin an Grúpa aon chaillteanas bearnúcháin sa tréimhse reatha nó sa tréimhse thuairiscithe roimhe seo.

13. Infháltais trádála agus infháltais eile (ar lean)

Infháltais trádála eile agus infháltais eile:

Cuimsíonn infháltais trádála eile infháltais ó chonarthaí custaiméara neamhrialaithe, infháltais ó dhamáistí tríú páirtí, infháltais ó Aurora Telecom agus infháltais ó chonarthaí custaiméara rialaithe atá coimhdeach i dtaca le húsáid chórais DUoS agus TUoS. Déantar íocaíochtaí i dtaobh ceangal nua nó athruithe sula ndéantar an obair. Déantar riosca creidmheasa ar gach infháltas eile a bhainistiú trí mhonatóireacht agus bainistíocht réamhghníomhach ar iarmhéideanna agus grinnscrúdú creidmheasa (más infheidhme).

Is é €83.8m neamhchosaint uasta an Ghrúpa ar infháltais thrádála agus earraí infháltais eile ar riosca creidmheasa ar an dáta tuairiscithe (2023: €104.3m). Fágтар réamhíocaíochtaí as an áireamh mar ní thagann aon neamhchosaint creidmheasa chun cinn.

Is mar seo a leanas an neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa le haghaidh na trádála agus infháltais eile ar an dáta tuairiscithe de réir réigiún geografach:

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€'000	€'000
Poblacht na hÉireann	73,237	96,589
An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh)	10,540	7,729
Iomlán	83,777	104,318

Bailítear tromlach d'infháltais trádála agus d'infháltais eile an Ghrúpa taobh istigh de 30 lá ó dháta an tsonraisc. I bhfianaise acmhainneacht creidmheasa agus infháltais eile an Ghrúpa, ní úsáideann an Grúpa mairtís soláthair. Meastar nach bhfuil gá le coigeartú i leith toska maicreacnamaíocha óir ní bheadh tionchar ábhartha ag an gcoigeartú ar na caillteanais chreidmheasa ionchasacha (ECL) a aithnítear. Déantar measúnú ar ECL i gcás féichiúnaithe aonair. Mar a luadh thuas, ní aithníonn an Grúpa aon lamháltais caillteanas creidmheasa ábhartha a bhfuil súil leo agus níl an Grúpa ag súil leis go mbeidh aon chaillteanais shuntasacha infháltas ann nach ndearnadh foráil ina leith cheana. Díscríobhann an Grúpa trádáil agus infháltais eile nuair atá faisnéis ann a thugann le fios go bhfuil deacracht mhór airgeadais ag an bhféichiúnaí agus nach dócha go réasúnach gur féidir aisghabháil a bheith ann m.sh. nuair atá an féichiúnaí curtha faoi leachtú nó nuair atá siad tar éis dul isteach in imeachtaí féimheachta. Ní ábhartha na hinfháltais trádála a díscríobhadh, i mblíana agus sa bhliain roimhe seo.

Léirítear sa tábla seo a leanas an ghluaiseacht sa lamháltas ionchasach caillteanais creidmheasa a aithníodh le haghaidh na trádála agus infháltais eile i gcomhréir leis an gcur chuige simplithe a leagtar amach in IFRS 9 (measúnú aonair).

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€'000	€'000
Ar an 1 Eanáir	(894)	(593)
Caillteanais laige ar shócmhainní airgeadais	(102)	(301)
Liúntas a úsáideadh	318	-
Ar an 31 Nollaig	(678)	(894)

Seo a leanas mar a aosaítear infháltas trádála agus eile, glan ar chaillteanais chreidmheasa ionchais:

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€'000	€'000
Nach bhfuil thar an dáta dlite	80,754	98,489
1-30 lá thar téarma	1,106	3,421
31-120 lá thar téarma	1,088	1,891
> 120 lá thar am	829	517
Iomlán	83,777	104,318

14. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Ar fáil don ghrúpa

Coinnítear airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim chun gealltanais ghearrthéarmacha airgid thirim a chomhlíonadh.

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€'000	€'000
Taiscí bainc gearrthéarmacha	126,097	160,000
Airgead tirim ag an mbanc	34,200	28,405
Iomlán	160,297	188,405

Is éard atá in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ná iarmhéideanna airgid thirim agus taiscí bainc gearrthéarmacha a bhfuil aibíocht bunaidh níos lú ná trí mhí ag baint leo. Tugann suim ghlanluacha na sócmhainní sin neasluach dá luach cóir. Féach nóta 23 le haghaidh nochtáí riosca creidmheasa a bhaineann leis an gcistíocht.

Taiscí srianta

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€'000	€'000
Airgead tirim ag an mbanc	21,339	35,341
Iomlán	21,339	35,341

Comhlíonann na taiscí srianta uile atá i seilbh an Ghrúpa an sainmhíniú ar “Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim” faoi IAS 7 “Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid”. Áirítear le taiscí srianta méideanna arna gcoinneáil i dtaobh taiscí urrúis de chuid lastóirí líonra gáis (nóta 13) agus comhaontuithe áirithe ceangail (nóta 19). Déantar measúnú rialta ar an leibhéal d'urrús lastóra atá i bhfeidhm, agus déantar taiscí nó aisíocaíochtaí breise más gá, i gcomhréir le Cód Oibríochtaí Líonraí Gáis Éireann. Coimeádtar urrúis slándála i gcomhair chomhaontuithe ceangail chun an costas caipitil as tionscadail mhóra ceangail a mhaoiniú (fillte ar an gcustaiméir ar bhonn céimnithe thar 2-3 bliana) agus chun íocaíochtaí acmhainne a mhaoiniú (fillte ar an gcustaiméir thar thréimhse de suas le 7 mblíana). Tá sé de rogha ag custaiméirí cineálacha eile urrús airgeadais a chur in ionad taiscí urrúis atá ann cheana féin ag am ar bith. Rinneadh taifead de na suimeanna iníoctha dlite do gach iarmhéid airgid a taifeadadh mar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim. Féach ar an Nóta le haghaidh sonraí. Féach nóta 23 le haghaidh nochtáí riosca creidmheasa a bhaineann leis an gcistíocht.

Áirítear le gníomhaíochtaí airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim tríd an ráiteas ar shreafaí airgid gníomhaíochtaí iarmhéideanna taisce srianta.

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€'000	€'000
Ar an 1 Eanáir	223,746	172,632
(Laghdú)/méadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim sa ráiteas faoi shreafaí airgid	(42,966)	50,559
Éifeacht luaineachtaí sa ráta malairte ar airgead tirim atá á choinneáil	856	555
Ar an 31 Nollaig	181,636	223,746

15. Airgead tirim faighte ó oibríochtaí

	Nótaí	2024 €'000	2023 €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Brabús don bhliain		138,291	96,498
Coigeartuithe le haghaidh:			
Dímheas agus amúchadh	6	153,639	147,132
Costas sochair scoir		1,451	-
Glanhostais airgeadais	7	4,448	11,232
Costas cáin ioncaim	8	26,914	18,533
		324,743	273,395
Athruithe ar chaipiteal oibre:			
Athruithe ar infháltais trádála agus eile		24,951	(37,823)
Athrú sa trádáil agus suimeanna iníoctha eile		(7,174)	(14,046)
Athrú ar ioncam iarchurtha		39,387	36,721
Athrú ar sholáthairtí		254	(653)
Athrú ar fhardail		(87)	(88)
Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		382,074	257,506
Ús íoctha *		(7,213)	(18,445)
Cáin ioncaim a íocadh		(20,662)	(24,833)
Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		354,199	214,228

* Áirítear le hús a íocadh sa bhliain 2023 €7.4m d'ús a íocadh leis an máthairghnóthas deiridh.

Is ionann an t-ús a íocadh agus glan-mhéid an ioncaim úis éarlaise ar éarlaisí gearrthéarmacha de €8.7m (2023 €4.0m).

16. Fardal

	31-Noll-24 €'000	31-Noll-23 €'000
Stoic agus ábhair	743	656

Níor gealladh aon fhardal mar urrús.

Níor díscríobhadh aon fhardail chuig glanluach inréadaithe sa bhliain 2024 (2023: €nialas).

Sa bhliain 2024, b'ionann an luach ar fhardal a aithníodh mar chostais chothabhála agus €3.3m (2023 €2.9m).

17. Iasachtaí agus fiachas eile

Sa nóta seo tugtar eolas faoi théarmaí conarthacha na n-iasachtaí úsmhara de chuid an Ghrúpa. Féach ar nóta 23 chun níos mó eolais a fháil faoi nochtadh an Ghrúpa do ráta úis, ráta malairte agus riosca leachtachta.

	2024 €'000	2023 €'000
Nótaí		
Bannaí	(757,695)	(922,103)
Iasachtaí ó institiúidí airgeadais	(99,500)	(99,260)
Dliteanais léasa	(2,458)	(2,581)
Iomlán	(859,653)	(1,023,944)
Anailísithe mar seo a leanas:		
Neamhreatha	(859,422)	(724,584)
Reatha	(231)	(299,360)
Iomlán	(859,653)	(1,023,944)
Níos lú ná aon bhliain amháin	(231)	(299,360)
Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana	(334,101)	(498,915)
Níos mó ná cúig bliana	(525,321)	(225,669)
Iomlán	(859,653)	(1,023,944)

Tá gach iasacht in-aisíoctha ar bhealach eile seachas i dtráthchodanna.

Glanfhiachas

	2024 €'000	2023 €'000
Nótaí		
Iomlán iasachtaí agus fiachas eile	(859,653)	(1,023,944)
Lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don Ghrúpa	14	160,297
Glanfhiachas *	(699,356)	(835,539)

* Ní áirítear ach airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus glanfhiachas, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim á ríomh - tá méideanna teoranta as an áireamh.

17. Iasachtaí agus fiachas eile (ar lean)

Athruithe ar dhliteanais ag eascairt ó ghníomhaíochtaí maoinithe

		Iasachtaí ó institiúidí airgeadais	Dlíteanais léasa	Fo-iomlán	An máthairghnóthas deiridh	Iomlán
	Nótaí	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Ar an 1 Eanáir 2023		(921,156)	(99,020)	(2,738)	(1,022,914)	(5,270) (1,028,184)
Dlíteanais Léasa	11	-	-	239	239	- 239
Díbhinn coinnithe siar a íoc		-	-	-	-	5,100 5,100
Ús a íoc ar dhíbhinn a coinníodh siar		-	-	-	-	205 205
Neamhairgead		(947)	(240)	(82)	(1,269)	(35) (1,304)
Amhail an 31 Nollaig 2023		(922,103)	(99,260)	(2,581)	(1,023,944)	- (1,023,944)
Dlíteanais Léasa	11	-	-	244	244	- 244
Fáltais ó Iasachtaí		(298,287)	-	-	(298,287)	- (298,287)
Aisíocaíocht Iasachtaí		459,520	-	-	459,520	- 459,520
Neamhairgead		3,175	(240)	(121)	2,814	- 2,814
Amhail an 31 Nollaig 2024		(757,695)	(99,500)	(2,458)	(859,653)	- (859,653)

18. Oibleagáidí leasa scoir

Oibríonn an Grúpa scéim sochair sainithe agus scéim ranníocaíochta sainithe.

Scéim sochair sainithe

Ar 1 Meitheamh 2024, aistríodh Scéim Aoisliúntais Ervia, lena n-áirítear na sócmhainní agus na dlíteanais go léir, chuig Líonraí Gáis Éireann de réir an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024. Athainmníodh an Scéim Aoisliúntais ina dhiaidh sin mar Scéim Aoisliúntais Líonraí Gáis Éireann.

Sular díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024, ba í corparáid reachtúil Ervia fostóir urraíochta scéim Aoisliúntais Ervia. Ghlac fostaithe incháilithe Líonraí Gáis Éireann páirt sa scéim le linn na tréimhse agus leanadh le cuntas a thabhairt ar an scéim mar Phlean Grúpa de réir IAS 19. Dá bhrí sin, lean comhlacht corparáideach Ervia de shócmhainn sochair scoir iomlán IAS 19 agus an glanchostas sochair shainithe a aithint le linn na tréimhse suas go dtí an 1 Meitheamh 2024, agus níor lean Líonraí Gáis Éireann ach de chostas na ranníocaíochtaí is iníochta le haghaidh na tréimhse i leith a chuid fostaithe a aithint.

Ón 1 Meitheamh 2024 ar aghaidh, aithníonn Líonraí Gáis Éireann an ghlansócmhainn sochair scoir agus na glanchostais sochair scoir uile.

Aistriú chuig Líonraí Gáis Éireann amhail an 1 Meitheamh 2024

	Nótaí	€'000
Margadhluach shócmhainní na scéime		524,138
Luach láithreach dhliteanais na scéime		(502,805)
Glansócmhainn sochair scoir (roimh chearta aisíocaíochta)		21,333
Oibleagáid sochar sainithe cearta ar aisíocaíocht		6,391
Glansócmhainn sochair scoir (i ndiaidh cearta aisíocaíochta)	26	27,724

Scéim sochair sainithe - mionsonraí agus rioscaí

Braitheann leibhéal na sochar ar fhad seirbhíse na mball agus ar a dtuarastal inphinsin nuair a imíonn siad ón scéim, is é sin, scéim ‘tuarastail deireanaigh’. Is gnách go gcuirtear méaduithe ar phinsin ar fáil ar bhonn roghnach agus sprioc fhadtéarmach um boilsciú praghsanna i gceist.

Is é an Bord Iontaobhaithe, ar a bhfuil ionadaithe ball agus fostóra, a riarann an scéim le sochar sainithe. Tá an Bord Iontaobhaithe freagrach as an scéim a bhainistiú agus a rialáil, a chuimsíonn na dlíthe agus rialacháin ábhartha go léir a chomhlíonadh. Tá sócmhainní na scéime scartha uathu sin atá ag an nGrúpa i gcistí faoi riarachán iontaobhaithe. Tá an scéim faoi réir luachálacha achtúireacha neamhspleácha gach trí bliana ar a laghad. Rinne achtúire cáilithe an luacháil is deireanaí ar an scéim le sochar sainithe faoi mar a bhí i gceist an 1 Meán Fómhair 2022. Tugadh an dáta luachála chun tosaigh ón 1 Aibreán 2023 mar a bhí beartaithe mar chuid de Ervia a scaradh ó Uisce Éireann. Is é an 1 Aibreán 2025 an dáta éifeachtach don chéad luacháil achtúireach eile.

Tá an Grúpa neamhchosanta ar rioscaí éagsúla de bharr na scéime. Is iad seo a leanas na rioscaí is suntasaí:

Riosca luaineachta sócmhainní

Déantar na dliteanais a ríomh ag úsáid ráta lascaine atá socraithe le tagairt do thorthaí bannaí corparáideacha. Mura bhfuil sócmhainní ag déanamh chomh maith agus a léireodh an toradh seo, d’fhéadfadh sé sin easnamh a chruthú. Tá thart ar 30% den chiste ag an scéim i sócmhainní fáis (cothromais agus roghanna malartacha éagsúlaithe) a chruthaíonn luaineacht agus riosca sa ghearrthéarma, cé go bhfuiltear ag súil go sáróidh siad bannaí corparáideacha san fhadtéarma.

Riosca a bhaineann le hathruithe ar thorthaí bannaí

Méadóidh laghdú ar thorthaí bannaí corparáideacha an luach a chuirtear ar na dliteanais chun críoch cuntasáíochta, cé go ndéanfar é sin a fhritháireamh go páirteach le méadú ar luach aon ioncaim sheasta / sealúchais bannaí.

Riosca tuarastail

Ós rud é gur scéim tuarastail deiridh atá i gceist, tá nochtadh i leith sochair níos airde ann mar gheall ar mhéaduithe níos airde ar thuarastail ná mar a ndearnadh soláthar dóibh sna toimhdí. Déanann na boinn toimhdí a úsáidtear chun an tuarastal deiridh a fhortheilgean ionchorprú ar bhall a bhaineann le haois chomh maith le bun-ráta bunúsach mar liúntas le haghaidh incrimintí agus arduithe céime.

Riosca boilscithe

Tá oibleagáidí sochar sainithe na scéime nasctha le boilsciú (i gcás comhaltaí gníomhacha, tá sochair nasctha le méaduithe tuarastail agus i gcás comhaltaí iarchurtha, tá sochair chaomhnaithe nasctha le hathluacháil reachtúil sa tréimhse go dtí dul ar scoir). Is cuspóir den bheartas sochair agus maoinithe arduithe pinsin iarscoir lánroghnacha a thabhairt atá nasctha le boilsciú praghsanna. Beidh dlíteanais níos airde mar thoradh ar bhoilsciú atá níos airde ná mar atáthar ag súil leis. Infheistítear thart ar 60% den chiste i mbannaí nó i mbabhtálacha atá nasctha le boilsciú (fíorionstraimí IDC) mar mheaitseáil le dlíteanais réadacha den sórt sin.

Riosca ionchais saoil

Is iad formhór oibleagáidí na scéime ná sochair a chur ar fáil do shaol an chomhalta (agus a chleithiúnaithe), agus beidh ardú ar dhliteanais mar thoradh ar arduithe ar ionchais saoil.

18. Oibleagáidí leasa scoir (ar lean)

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€'000	€'000
Infheistíochtaí luaite i margaí gníomhacha:		
Gnáthscaireanna	72,361	-
– margaí forbartha	64,904	-
– margaí atá ag teacht chun cinn	7,457	-
Bannaí	368,009	-
– Fiachas an Rialtais	222,954	-
– Fiachas nach fiachas rialtais é	145,055	-
Cistí infheistíochta	43,273	-
Airgead	6,126	-
Infheistíochtaí neamhluaite:		
Réadmhaoin/foraoiseacht	2,903	-
Bonneagar	36,620	-
Luach cóir sócmhainní plean	529,292	-
Oibleagáid sochar sainithe	(512,896)	-
Glanoibleagáid sochar sainithe - (roimh chearta ar aisíocaíocht)	16,396	-
Cearta ar aisíocaíocht	6,673	-
Iomlán	23,069	-

Straitéis Infheistíochta

D’aontaigh an Grúpa agus lontaobhaithe ar sprioc straitéise infheistíochta ag aistriú go 80% sócmhainní meaitseála thar am de réir mar a thagann deiseanna dí-riosca chun cinn agus de réir mar a fhorbraíonn an scéim. B’ionann leithdháileadh na sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2024 agus fás 30% / meaitseáil dliteanais 70%.

Gluaiseacht i nglandliteanas sochair shainithe roimh chearta ar aisíocaíocht

	Dlitéanas sochair shainithe		Luach cóir sócmhainní plean		Oibleagáid glansochair shainithe	
	2024	2023	2024	2023	2024	2023
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Ar an 1 Eanáir	-	-	-	-	-	-
Aistriú ó Ervia 01 Meitheamh 2024	(502,805)	-	524,138	-	21,333	-
Ráiteas loncaim:						
Costas seirbhíse reatha	(3,877)	-	-	-	(3,877)	-
Ús ar dhliteanais agus sócmhainní	(9,958)	-	10,016	-	58	-
	(13,835)	-	10,016	-	(3,819)	-
Ioncam Cuimsitheach Eile:						
Toradh ar shócmhainní plean, ioncam úis as an áireamh	-	-	(371)	-	(371)	-
Taithí (caillteanais)/gnóthachain ar dhliteanais	1,498	-	-	-	1,498	-
Athruithe ar thiomhdí airgeadais	(4,932)	-	-	-	(4,932)	-
	(3,434)	-	(371)	-	(3,805)	-
Ranníocaíochtaí ag fostóirí	-	-	2,680	-	2,680	-
Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí	(1,544)	-	1,544	-	-	-
Sochair a íacadh	8,722	-	(8,715)	-	7	-
	7,178	-	(4,491)	-	2,687	-
Ar an 31 Nollaig	(512,896)	-	529,292	-	16,396	-

B’ionann meántréimhse ualaithe na hoibleagáide sochair shainithe amhail an 31 Nollaig 2024 agus thart ar 17 mbliana (2023: 18 mbliana). Táthar ag súil le ranníocaíocht €4.4m ón nGrúpa le plean pinsin an Ghrúpa sa bhliain 2025.

Seo a leanas na príomhthiomhdí achtúireacha a úsáideadh:

	2024
Ráta lascaine	3.45%
Toimhde maidir le boilsciú	2.25%
Ráta an mhéadaithe ar thuarastail	2.75%
Ráta méadaithe ar íocaíocht pinsin	2.25%

Seo a leanas an meánionchas saoil don todhchaí a tógadh san áireamh sa luacháil, bunaithe ar dhul ar scor ag 65 bliain d’aois, le haghaidh fostaithe atá ar scor faoi láthair agus a rachaidh ar scor amach anseo:

		2024
Ag dul ar scor inniu	Mná	24.9
	Fir	23.0
Ag dul ar scor i gceann 25 bliain	Mná	27.0
	Fir	25.1

18. Oibleagáidí leasa scoir (ar lean)

Anailís íogaireachta do na toimhdí a úsáideadh go príomha chun dliteanais na scéime a thomhas

Tá neamhchinnteachtaí nádúrtha ag baint leis na toimhdí airgeadais agus déimeagrafacha a glacadh agus luach achtúireach oibleagáid sochair shainithe an Ghrúpa á ríomh. Déantar anailís sa tábla seo a leanas ar an tionchar measta a thiocfadh as dliteanais scéime ó athruithe ar phríomhthoimhdí achtúireacha.

Toimhde	Athrú ar thoimhde	Ús ar dhliteanais na scéimeanna
Ráta lascaine	Méadú/laghdú 0.25%	Laghdú 4.1%/méadú 4.3%
Boilsciú	Méadú/laghdú 0.25%	Méadú 4.4%/laghdú 4.1%
Tuarastal	Méadú/laghdú 0.25%	Méadú 1.1%/laghdú 1.1%
Mortlaíocht	Méadú/laghdú aon bhliain amháin	Méadú 2.8%/laghdú 2.8%

Oibleagáid sochar sainithe - cearta ar aisíocaíocht

Tá Líonraí Gáis Éireann páirteach sa Líonra Aistrithe don tSeirbhís Phoiblí (PSTN). Tá an PSTN á rialú ag Alt 4 den Acht Aois-Liúntas agus Pinsean, 1963. Cuireann sé ar a gcumas d’fhostaithe incháilithe a dteidlíochtaí seirbhíse inphinsin a aistriú chuig scéim Líonraí Gáis Éireann. Is iad na teidlíochtaí sin a thagann as seirbhís le comhlachtaí eile san earnáil phoiblí atá rannpháirteach. Maidir leis an gcostas a bhaineann leis an tseirbhís inphinsin roimh ré sin a mhaoiniú, tá Líonraí Gáis Éireann i dteideal an chostais sin a aisghabháil ó na comhlachtaí poiblí ábhartha i gcomhréir leis an bhforáil sa PSTN nuair a íoctar na sochair aoisliúntais ábhartha le haghaidh fostaithe. Rinne Líonraí Gáis Éireann €0.1m a aisghabháil i maoiniú le linn na bliana. Amhail an 31 Nollaig 2024, rinne achtúire na scéime luach cóir na gceart aisíocaíochta a luacháil ag €6.7m faoi thoimhdí IAS 19. Meastar gurb é sin luach na n-oibleagáidí gaolmhara faoi láthair (2023: €6.7m).

Scéim pinsin ranníocaíochta sainithe

Déanann an Grúpa ranníocaíochtaí i leith Scéim Ranníocaíochta Sainithe Líonraí Gáis Éireann thar ceann a fostaithe. Cuirtear na costais seo faoi mhuirear an ráitis ioncaim agus nochtar iad i nóta 5.

19. Ioncam iarchurtha

	2024	2023
	€’000	€’000
Ar an 1 Eanáir	(161,251)	(124,558)
Faighte	(62,426)	(48,839)
Arna chur chun sochair an ráitis ioncaim	23,039	12,118
Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte	(167)	28
Ar an 31 Nollaig	(200,805)	(161,251)

Anailísithe mar seo a leanas:

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€’000	€’000
Neamhreatha	(182,788)	(148,293)
Reatha	(18,017)	(12,958)
Iomlán	(200,805)	(161,251)

Déantar ranníocaíochtaí custaiméirí ó cheangail nua, a fhaightear roimh ré, a thaifeadadh ar dtús mar ioncam iarchurtha. Ansin scaoiltear na ranníocaíochtaí sin chuig an ráiteas ioncaim mar ioncam thar am de réir mar a chuirtear rochtain ar an líonra gáis ar fáil.

20. Deontais

	2024	2023
	€’000	€’000
Ar an 1 Eanáir	(58,986)	(64,520)
Infhaighte sa bhliain	-	(762)
Amúchta	6,665	6,581
Curtha chun sochair costas oibriúcháin	184	-
Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte	(545)	(285)
Ar an 31 Nollaig	(52,682)	(58,986)

Anailísithe mar seo a leanas:

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€’000	€’000
Neamhreatha	(45,963)	(52,401)
Reatha	(6,719)	(6,585)
Iomlán	(52,682)	(58,986)

Níl aon dálaí nár comhlíonadh ag gabháil le deontais a aithnítear sa ráiteas ioncaim. Ar chúinsí áirithe d’fhéadfadh sé go dtiocfadh deontais chun a bheith in-aisíochta mura gcloítear leis na coinníollacha atá leagtha síos sna comhaontuithe deontais. Ní mheasann an Grúpa go dtiocfaidh cúinsí den sórt sin chun cinn agus níor aisíocadh aon deontais sa bhliain airgeadais reatha ná sa bhliain roimhe.

Bhain deontais infhála €0.8 milliún le haghaidh 2023 le maoiniú deontais ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Líonraí (INEA) le haghaidh infheistíocht i Stáisiúin Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite agus i mbonneagar a bhaineann le bithghás agus le haghaidh forbairt beartas agus nósanna imeachta i ndáil le Teicneolaíocht Oibriúcháin Gáis Líonraí Gáis Éireann. Tá roinnt dálaí a bhaineann leis an maoiniú deontais sin fós i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

21. Forálacha, teagmhais agus dliteanais chaipitil

Forálacha

	Éilimh féin-árachais	Iomlán
	€’000	€’000
Ar an 1 Eanáir 2024	(6,763)	(6,763)
Forálacha a rinneadh	(780)	(780)
Forálacha a úsáideadh	526	526
Amhail an 31 Nollaig 2024	(7,017)	(7,017)

	31-Noll-24	31-Noll-23
Anailísithe mar seo a leanas:	€’000	€’000
Neamhreatha	(5,263)	(5,072)
Reatha	(1,754)	(1,691)
Iomlán	(7,017)	(6,763)

21. Forálacha, teagmhais agus dliteanais chaipitil (ar lean)

Éilimh féin-árachais

Tá féin-árachas ag an nGrúpa i dtaobh éileamh áirithe as díobháil agus dochar. Tá an fhoráil ann ag deireadh na bliana le haghaidh na gcostas measta a bhaineann le teagmhais atá i ndiaidh tarlú suas go dtí an 31 Nollaig 2024. Déantar na híocaíochtaí de réir mar a réitítear na cásanna. Cuimsítear an muirear sa ráiteas ioncaim faoi chostais oibriúcháin. Mar gheall ar chineál na n-éileamh sin ní fios dáta an tsocraithe ach measann an Grúpa go mbeidh an chuid is mó d’éilimh socraithe faoin mbliain 2026.

Teagmhais

Nochtar dliteanais theagmhasacha i ndáil le deontais i nóta 20.

Tá an Grúpa faoi réir dlíthíocht, éilimh agus díospóidí conarthacha éagsúla le linn gnáthchúrsa oibrióchtaí. Cé go mbíonn gné éiginnteachta ag gabháil le himeachtaí ar bith den sórt sin, ní mheasaimid go mbeidh drochéifeacht ábhartha ag réiteach na n-imeachtaí sin sa deireadh ar thorthaí an Ghrúpa ó oibrióchtaí, ó shreafaí airgid oibriúcháin ná ó ghlanseasamh airgeadais.

Gealltanais chaipitil

	2024	2023
	€milliún	€milliún
Caitechas caipitil atá ar conradh ach nach bhfuil soláthar déanta ina leith	100	98

22. Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile

		31-Noll-24	31-Noll-23
		€’000	€’000
Suimeanna iníoctha trádála		(13,306)	(18,939)
Speansais fhabhraithe		(79,277)	(78,356)
Suimeanna iníoctha eile		(26,077)	(31,450)
Méideanna atá dlite leis an máthairghnóthas deiridh	26	-	(218)
Creidiúnaithe cánachais agus árachais shóisialta		(21,882)	(20,044)
Iomlán		(140,542)	(149,007)
Anailísithe mar seo a leanas:			
Neamhreatha		(5,905)	(6,911)
Reatha		(134,637)	(142,096)
Iomlán		(140,542)	(149,007)
Creidiúnaithe cánachais agus árachais shóisialta			
ÍMAT/árachas sóisialta		(2,477)	(2,211)
CBL		(19,405)	(17,833)
Iomlán		(21,882)	(20,044)

23. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais

Conarthaí i malairt eachtrach agus babhtálacha airgeadra

Chuaigh an Grúpa i mbun conarthaí i malairt eachtrach i dtaca le híocaíochtaí soláthraithe (atá i ndollair SAM agus i steirling) agus i dtaca le fáilú oibriúcháin atá bunaithe ar steirling. Tá aibíochtaí ag na conarthaí seo a shíneann chomh fada le 2025. Ní dhearnadh na trádálacha a bhí i bhfeidhm ar an 31 Nollaig 2024 a shainiú chun críocha cuntasáiochta fálaith.

Aicmithe cuntasáiochta agus luachanna córa

Comhcheanglaíonn an tábla seo a leanas eolas maidir le:

- aicmí ionstraimí airgeadais bunaithe ar a gcineál agus ar a saintréithe;
- suimeanna glanluacha na n-ionstraimí airgeadais;
- luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais (seachas ionstraimí airgeadais nuair atá an suim ghlanluacha geall le bheith comhionann lena luach cóir); agus
- leibhéil ordlathais luachanna córa do shócmhainní airgeadais agus do dhliteanais airgeadais ar nochtadh luach cóir ina leith.

23. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

Féach ar nóta 24 le haghaidh nochtaí faoi IFRS 13 maidir le tomhas luachanna córa.

	Ordlathas luachanna córa	FVTPL €'000	Costas amúchta €'000	Iomlán €'000
Amhail an 31 Nollaig 2024				
Sócmhainní airgeadais				
Conarthaí ráta malairte eachtraí (neamhainmnithe)	Leibhéal 2	392	-	392
Infháltais trádála agus infháltais eile *		-	83,777	83,777
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa **		-	160,297	160,297
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta		-	21,339	21,339
Iomlán na sócmhainní airgeadais		392	265,413	265,805
Dlíteanais airgeadais				
Iasachtaí agus fiachas eile ***	Leibhéal 2	-	(859,653)	(859,653)
Conarthaí ráta malairte eachtraí (neamhainmnithe)	Leibhéal 2	(51)	-	(51)
Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile ****		-	(39,383)	(39,383)
Iomlán na ndlíteanas airgeadais		(51)	(899,036)	(899,087)
Glan(dlíteanais) airgeadais		341	(633,623)	(633,282)

Amhail an 31 Nollaig 2023				
Sócmhainní airgeadais				
Conarthaí ráta malairte eachtraí (neamhainmnithe)	Leibhéal 2	218	-	218
Infháltais trádála agus infháltais eile *		-	104,318	104,318
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa **		-	188,405	188,405
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta		-	35,341	35,341
Iomlán na sócmhainní airgeadais		218	328,064	328,282
Dlíteanais airgeadais				
Iasachtaí agus fiachas eile ***	Leibhéal 2	-	(1,023,944)	(1,023,944)
Conarthaí ráta malairte eachtraí (neamhainmnithe)	Leibhéal 2	(272)	-	(272)
Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile ****		-	(50,607)	(50,607)
Iomlán na ndlíteanas airgeadais		(272)	(1,074,551)	(1,074,823)
Glan(dlíteanais) airgeadais		(54)	(746,487)	(746,541)

* Níor cuireadh réamhíocaíochtaí san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.

** Déantar sócmhainní agus dlíteanais airgeadais a fhritháireamh agus tuairiscítear an glanmhéid sa chlár comhardaithe nuair atá ceart infheidhmithe le dlí ag an nGrúpa na méideanna a aithnítear a fhritháireamh agus nuair atá rún ann iad a shocrú ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dlíteanas a shocrú ag an am céanna. Amhail 31 Nollaig 2024, bhí €34.2m airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar fáil don Ghrúpa (2023: €28.5m) agus amhail 31 Nollaig 2024, ní raibh aon rótharraingtí ag an nGrúpa (2023: €0.1m), mar sin cuireadh glansuíomh €34.2m i láthair mar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim a bhí ar fáil don Ghrúpa (2023: €28.4m). Amhail an 31 Nollaig 2024, ní raibh aon mháistirshocrú glanluachála ná socruithe comhchosúla eile ag an nGrúpa.

*** Amhail an 31 Nollaig 2024, ba é luach cóir na n-iasachtaí agus an fhiachais eile €831.5m (2023: €974.4m).

**** Níor cuireadh speansais agus cánach fhabhraithe agus creidiúnaithe árachais shóisialta san áireamh toisc nach ndéantar iad sin a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.

Seo a leanas luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais, agus iad grúpáilte de réir aicme ionstraime:

	Sócmhainní neamhreatha €'000	Sócmhainní reatha €'000	Dlíteanais neamhreatha €'000	Dlíteanais reatha €'000	Iomlán €'000
Conarthaí malairte eachtraí	59	333	-	(51)	341
Amhail an 31 Nollaig 2024	59	333	-	(51)	341
Conarthaí malairte eachtraí	-	218	-	(272)	(54)
Amhail an 31 Nollaig 2023	-	218	-	(272)	(54)

Bainistíocht riosca airgeadais

Tá beartais bainistithe riosca airgeadais curtha ar bun ag an nGrúpa chun na rioscaí atá ann don Ghrúpa a shainaithint agus a anailísiú, chun srianta agus rialaithe oiriúnacha riosca a leagan síos agus chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus ar chomhlíonadh teorainneacha. Déantar beartais agus córais bainistíochta riosca airgeadais a athbhreithniú go rialta ionas go mbeidh siad ag teacht le hathruithe sna dálaí margaidh agus le gníomhaíochtaí an Ghrúpa. Sna caighdeáin agus nósanna imeachta oiliúna agus bainistíochta atá ag an nGrúpa, déantar iarracht timpeallacht rialála a fhorbairt atá idir eagraithe agus fhiúntach, ina dtuigeann na fostaithe ar fad na róil atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu.

Agus díorthaigh á n-úsáid, cloíonn an Grúpa leis an Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992 agus aon cheanglais agus choinníollacha de réir mar a d'fhéadfadh an tAire Airgeadais a shonrú dá réir agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm trína ndéantar monatóireacht, athbhreithniú agus tuairisciú chuig an mBord ar an gcomhlíonadh sin ar bhonn rialta.

Ní dhéantar feidhm chistíochta an Ghrúpa a oibriú mar aonad brabúis agus déantar bainistíocht ar staideanna cistíochta ar bhealach chun riosca a sheachaint. Tá cúis bhailí bhunúsach ghnó taobh thiar de gach idirbheart cistíochta agus tá diantoirmeasc ar sheasaimh amhantracha.

(i) Riosca creidmheasa

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe lena dtéann sé i mbun idirbheart. Áirítear leis sócmhainní i seilbh bhainc agus institiúidí airgeadais, idirbhearta maidir le hionstraimí airgeadais díorthacha agus neamhchosaint chreidmheasa ag eascairt ó chaidreamh trádála le custaiméirí. Is é cuspóir bhainistíochta riosca creidmheasa an Ghrúpa ná neamhchosaint ar riosca creidmheasa a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha. Níl an lucht bainistíochta ag súil go mainneoidh aon chontrapháirtí suntasach a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

Ba é seo a leanas suim ghlanluacha sócmhainní airgeadais, lena léirítear a n-uasmhéid neamhchosanta creidmheasa, ar an dáta maidir le tuairisciú:

	31-Noll-24 €'000	31-Noll-23 €'000
Infháltais trádála agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh)	83,777	104,318
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa	160,297	188,405
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta	21,339	35,341
Ionstraimí airgeadais díorthacha	392	218
Iomlán	265,805	328,282

(i) (a) Riosca creidmheasa a bhaineann le cistíocht

Tugann an Chistíocht faoi gach gníomhaíocht chiste le haghaidh an Ghrúpa. Déanann an Chistíocht bainistíocht ar riosca creidmheasa a bhaineann le ciste trí úsáid a bhaint as teorannacha creidmheasa frithpháirtí, lena gcuirtear san áireamh, i measc fachtóirí ábhartha eile, rátálacha creidmheasa foilsithe. Is é beartas na Cuideachta ná go gcuirtear airgead i dtaisce den chuid is mó le hinstitiúidí a choimeádann rátáil chreidmheasa de ghrád infheistíochta. Déanann an Chistíocht a neamhchosaint ar chontrapháirtí cistíochta a mheas agus a thomhas go rialta.

Cuirtear gach trádáil díorthach i gcrích i gcomhréir le Ceanglais agus Coinníollacha an Aire Airgeadais, arna n-eisiúint i gcomhréir le forálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992. Leagtar amach

23. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

ann na critéir is gá a chomhlíonadh maidir le gach contrapháirtí díorthaigh a mbíonn gnó ag an nGrúpa leis. Déanann Cistíocht an Ghrúpa a neamhchosaint ar chontrapháirtí cistíochta a mheas agus a thomhas go rialta. I gcás ina bhféadfadh an neamhchosaint ar ionstraimí díorthacha a bheith ábhartha i leith ghlanluach an Ghrúpa, déanfaidh an Grúpa breithniú ar dhul isteach i socruithe tacaíochta creidmheasa.

Ráthaíochtaí airgeadais

I ngnáthchúrsa a ghnó, téann an Grúpa i mbun gnóthais agus gealltanais áirithe maidir le tríú páirtithe i dtaobh oibleagáidí a fheidhmiú faoi shocruithe conarthacha. Déantar oibleagáidí chun tríú páirtithe a ráthú le litreacha creidmheasa arna n-eisiúint ag institiúidí airgeadais. Bíodh is go bhféadfadh sé tarlú nach n-aithnítear na hoibleagáidí sin ar chlár comhardaithe an Ghrúpa, is ann do riosca creidmheasa i ndáil leis na hionstraimí sin mar cuirtear ceanglas ar an nGrúpa leo íocaíochtaí a dhéanamh i gcás gníomh ar leith agus dá bhrí sin is cuid de riosca foriomlán an Ghrúpa iad. Liostaítear anseo thíos luachanna ainmniúla na gceanglas sin (is é sin, an neamhchosaint uasta do riosca creidmheasa faoi na hoibleagáidí sin).

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€’000	€’000
Litreacha creidmheasa	700	700
Iomlán	700	700

(i) (b) Riosca creidmheasa bainteach le trádáil

Féach nóta 13 le haghaidh anailís ar neamhchosaint an Ghrúpa ar riosca creidmheasa a bhaineann le trádáil.

(ii) Riosca maoinithe agus leachtachta

Is ionann cur chuige Líonraí Gáis Éireann maidir le riosca maoinithe agus leachtachta a bhainistiú ná a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige chun a chuid dliteanas a chomhlíonadh nuair atá siad dlite, bíodh sé sin le linn ghnáthdhálaí nó i ndálaí anáis. Tá an Chistíocht freagrach as a chinntiú go bhfuil rochtain ag Líonraí Gáis Éireann ar leachtacht leordhóthanach le déanamh cinnte de go mbeidh Líonraí Gáis Éireann in ann oibleagáidí a eascraíonn as a oibríochtaí laethúla, oibleagáidí maidir le haibíocht fiachas agus eisíocaíochtaí infheistíochta caipitil a réiteach. Forbraíonn agus coimeádann an Chistíocht gaolmhaireachtaí le hinstitiúidí airgeadais chun a dtuiscint ar an ngnó a fhorbairt agus chun a dtiomantas fadtéarmach don Chuideachta a fhorbairt. Déantar gach seirbhís baincéireachta agus cistíochta a fhoinsiú ag praghsanna iomaíocha. Déantar comhthiomsú airgid agus glantar iarmhéideanna cuntais nuair is féidir chun airgead díomhaoin agus costais úis a laghdú.

(ii) (a) Maoiniú

Bhí seasamh maoinithe an Ghrúpa láidir sa bhliain 2024. Cuirtear ar fáil ag saoráid creidmheasa imrothlaigh an Ghrúpa, le grúpa a bhí comhdhéanta de 6 bhanc intíre agus idirnáisiúnta, rochtain ar leibhéal láidir leachtachta agus cuireadh síneadh leis sa bhliain 2024 ar feadh bliana eile go dtí 2029. I mí Mheán Fómhair 2024, chuir Líonraí Gáis Éireann eisiúint Banna Corparáide €300m i gcrích go rathúil. Úsáideadh an chuid is mó de na fáltais, chomh maith leis na hiarmhéid airgid thirim a bhí ann cheana chun an mbanna €300m a aisíoc, a tháinig in aibíocht i mí na Nollag 2024. Úsáideadh cuid de ar chleachtadh bainistíochta dliteanais chun €164m den bhanna €500m a cheannach ar ais a bhí le fuascailt i mí na Nollag 2026. Cabhraíonn an cleachtadh bainistíochta dliteanais le riosca athmhaoinithe 2026 Líonraí Gáis Éireann a laghdú agus síneadh a chur le meán-aibíocht an fhiachais, rud a fhágann go mbeidh próifíl fiachais fhoriomlán níos fearr ann.

Féachann an Grúpa chuige go bhfuil meascán d’fhoinsí maoinithe aige ar théarmaí agus coinníollacha inghlactha chun forbairt an ghnólachta a mhaoiniú agus chun oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a thagann siad chun bheith dlite. Coimeádann an Grúpa próifíl chothrom aibíochta chun an riosca aisíocaíochtaí buaice athmhaoinithe a choimeád chomh híseal agus is féidir.

Saoráidí atá ar fáil don Ghrúpa ag an dáta tuairiscithe;

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€’000	€’000
Iasachtaí (gan dliteanais léasa san áireamh)	(857,195)	(1,021,363)
Saoráidí tiomanta	(1,160,066)	(1,335,577)

Tá ráta A+ (2023 A+) ag Líonraí Gáis Éireann ó Standard & Poor’s agus dearcadh dearfach agus tá ráta A2 (2023 A2) aige ó Moody’s Investors Services. Leis an rátáil chreidmheasa dhaingean sin cuirtear ar chumas na Cuideachta rochtain a bheith aici ar rogha leathan d’fhoinsí maoinithe agus déantar cinnte de gur féidir léi maoiniú ar chostas iomaíoch a ardú.

(ii) (b) Barrachais airgid

Is chun an leibhéal fiachais a laghdú a úsáidtear barrachais airgid go príomha. Cuirtear barrachais airgid i dtaisce le bainc ar contrapháirtithe iad. Déanfaidh an Grúpa airgead barrachais a infheistiú in euro nó in airgeadra oibríochtaí thar lear.

(ii) (c) Neamhchosaint ar riosca leachtachta

Is iad seo a leanas aibíochtaí conarthacha dliteanas airgeadais (agus sócmhainní den chineál céanna), lena n-áirítear an íocaíocht úis nár lascaíodh a bhaineann le hiasachtaí agus na sreafaí glana airgid nár lascaíodh atá inchurtha i leith ionstraimí airgeadais. Cuimsítear sa nochtadh insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid le haghaidh díorthaigh a bhfuil socraíocht chomhlán airgid chomhuaineach ag gabháil leo, m.sh. reámhchonarthaí i rátaí malairte eachtraí.

	Suim ghlanluacha	Sreafaí airgid conarthacha	< 1 bhliain	1-2 bhliain	2-5 bliana	> 5 bliana
	€’000	€’000	€’000	€’000	€’000	€’000
Amhail an 31 Nollaig 2024						
Iasachtaí agus fiachas eile	(859,653)	(983,147)	(20,440)	(356,070)	(46,997)	(559,640)
Suimeanna iníochta trádála agus suimeanna iníochta eile *	(39,383)	(39,383)	(39,383)	-	-	-
Dlíteanais airgeadais neamhdhíorthacha	(899,036)	(1,022,530)	(59,823)	(356,070)	(46,997)	(559,640)
Conarthaí ráta malairte eachtraí	341	341	282	59	-	-
Glansócmhainní airgeadais díorthacha	341	341	282	59	-	-
Glandlíteanais airgeadais	(898,695)	(1,022,189)	(59,541)	(356,011)	(46,997)	(559,640)

Amhail an 31 Nollaig 2023						
Iasachtaí agus fiachas eile	(1,023,944)	(1,107,957)	(314,470)	(12,810)	(524,304)	(256,373)
Suimeanna iníochta trádála agus suimeanna iníochta eile *	(50,607)	(50,607)	(50,607)	-	-	-
Dlíteanais airgeadais neamhdhíorthacha	(1,074,551)	(1,158,564)	(365,077)	(12,810)	(524,304)	(256,373)
Conarthaí ráta malairte eachtraí	(54)	(54)	(54)	-	-	-
Glansócmhainní airgeadais díorthacha	(54)	(54)	(54)	-	-	-

Glandlíteanais airgeadais	(1,074,605)	(1,158,618)	(365,131)	(12,810)	(524,304)	(256,373)
----------------------------------	-------------	-------------	-----------	----------	-----------	-----------

** Níor cuireadh speansais agus cánach fhabhraithe agus creidiúnaithe árachais shóisialta san áireamh toisc nach ndéantar iad sin a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.*

(iii) Riosca margaidh

Is é atá i riosca margaidh ná an fhéidearthacht go mbeadh drochthionchar ag athruithe ar fhachtóirí margaidh ar luach shócmhainní airgeadais, dliteanais nó sreafaí airgid ionchais an Ghrúpa don todhchaí.

Tá an Chistíocht freagrach as riosca margaidh a bhainistiú maidir le rátaí úis agus rátaí malairte airgeadra. Déantar gach idirbheart den sórt sin laistigh de na treoirlínte atá leagtha amach sa Bheartas Cistíochta, agus cuirtear i gcrích iad i gcomhréir le Ceanglais agus Coinníollacha an Aire Airgeadais, arna n-eisiúint i gcomhréir le forálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992. Tá sé mar sprioc ag Cistíocht cuntasaíocht fhálaithe a chur i bhfeidhm d’fhonn luaineacht i mbrabús agus caillteanas a bhainistiú áit a mbíonn sé sin ábhartha do chomhthéacs an Ghrúpa.

23. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

(iii) (a) Riosca an ráta malairte

Eascraíonn riosca an ráta malairte ón bhfíric go ndéantar cuid d’oibríochtaí an Ghrúpa in airgeadraí eile seachas euro (steirling go príomha). Is é an cuspóir atá i gceist agus riosca ráta malairte á bhainistiú ná brabúsacht a chosaint agus tionchar na n-éagsúlachtaí ábhartha mar gheall ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte a íoslaghdú.

Ba iad seo a leanas na rátaí malairte GBP/EUR:

	2024	2023
An meánráta	0.847	0.870
Ráta ag deireadh na bliana	0.827	0.867

Is féidir neamhchosaint ar riosca an ráta malairte a achoimriú mar seo a leanas:

Fochuideachtaí atá ag feidhmiú in airgeadra eachtrach (steirling)

Déantar sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an tuairiscithe. Déantar torthaí oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na meánrátaí malairte don tréimhse, nuair a fhreagraíonn siad do mheastachán réasúnta de na fíor-rátaí a tabhaíodh. Aithnítear difríochtaí malairte tar éis athaistriú na nglansócmhainní oscailte agus na torthaí in ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de chothromas (cúlchiste aistrithe). Déanann Cistíocht an Ghrúpa monatóireacht ar an riosca sin, agus má mheastar gur riosca ábhartha é, déanann siad fálú ar an riosca agus margaí malairte eachtraí á n-úsáid.

Aistrítear cistiú inghrúpa d’fhochuideachtaí airgeadra eachtraigh go euro. Úsáidtear na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe leis sin a dhéanamh. Breactar an brabús/caillteanas a thagann chun cinn ar aistriú an chistithe inghrúpa go fochuideachtaí eachtracha chuig an ráiteas ioncaim. Déantar an brabús/caillteanas a eascraíonn ó aistriú na ndliteanas airgeadra eachtraigh a aistriú chuig an ráiteas ioncaim freisin, sa mhéid agus a úsáidtear iad chun airgead a sholáthar nó fálú a dhéanamh in aghaidh an chistithe inghrúpa i bhfochuideachtaí eachtracha.

Neamhchosaint ar idirbhearta

Ó am go chéile déanann an Grúpa ceannacháin in airgeadraí eachtracha. Is é beartas an Ghrúpa an neamhchosaint sin ar idirbheart a bhainistiú. Leis sin a dhéanamh, féachtar chun ceannacháin agus díolacháin a ghlanluacháil in airgeadraí eachtracha sa mhéid agus is féidir. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, déanfar nochtaí a fhálú agus úsáid á baint as díorthaigh atá ceadaithe faoin mBeartas Cistíochta.

Faoi réir an Bheartais Chistíochta, déanfar aon idirbheart ionchasach a bhfuil coibhéis níos mó ná €300,000 aige in airgeadraí eachtracha a mheas i dtaca leis na rioscaí gnó a mbaineann leis agus, más cuí sin, déanfar na rioscaí airgeadra a fhálú chun aon neamhréireanna diúltacha a d’fhéadfadh eascairt as gluaiseachtaí airgeadra a mhaolú.

Anailís ar íogaire ráta malairte

Dá n-éireodh an euro níos láidre nó níos laige, mar a léirítear thíos, i gcomparáid le sterling ar an 31 Nollaig, thiocfadh méadú/(laghdú) ar ioncam cuimsitheach eile agus ar bhrabús nó caillteanas den mhéid a thaispeántar thíos. Tá an anailís seo bunaithe ar neamhréireanna sa ráta malairte, a mheas an Grúpa go réasúnach go bhféadfaidís a bheith ann ag an dáta tuairiscithe. Glacann an anailís leis go bhfanann na neamhréireanna eile ar fad, go háirithe rátaí úis, seasta agus déanann sí neamhshuim de thionchar na ndíolachán agus na gceannachán a bhfuiltear ag súil leo.

	Brabús roimh ghnóthachan/ (caillteanas) cánachais	Ioncam Cuimsitheach eile	Brabús roimh ghnóthachan/ (caillteanas) cánachais	Ioncam Cuimsitheach eile
	31-Noll-24	31-Noll-24	31-Noll-23	31-Noll-23
	€’000	€’000	€’000	€’000
Láidriú 5%	(1,141)	(3,435)	(774)	(2,467)
Lagú 5%	1,141	3,435	774	2,467

Nóta: Ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach (tugtha) anonn ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i ngaolmhaireacht fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim amháin.

(iii) (b) Riosca an ráta úis

Eascraíonn riosca an ráta úis as athruithe rátaí úis a mbíonn tionchar acu ar luach margaidh shócmhainní agus dhliteanais airgeadais an Ghrúpa agus a théann i bhfeidhm ar ghlanioncam trí thionchar a imirt ar mhuirir airgeadais.

Clúdaíonn nochtheadh an Ghrúpa do luaineachtaí i rátaí úis dhá chineál riosca:

- (i) riosca go dtiocfadh athrú ar na sreafaí airgid a bhaineann le sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar ráta comhlúthach agus
- (ii) riosca go dtiocfadh athrú ar luach sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar ráta seasta.

Déanann an Grúpa monatóireacht ar neamhchosaint ar riosca ráta úis ar bhonn leanúnach d’fhonn tairbhe a bhaint as timpeallachtaí a bhfuil ráta úis íseal acu, ar mhaithe le hoibleagáidí ráta úis an Ghrúpa a réiteach agus cinnteacht maidir le próifíl caiteachais ar rátaí úis an Ghrúpa a mhéadú. Is é beartas an Ghrúpa íosleibhéal fiachais ráta sheasta de 60% den ghlanfhiachas a choinneáil ar bhonn rollach 12 mhí agus 50% den ghlanfhiachas ar bhonn rollach trí bliana. Úsáideann an Grúpa roinnt modhanna éagsúla, lena n-áirítear dul i mbun díorthaigh a bhaineann le fiachas ráta seasta agus rátaí úis, chun an riosca ráta úis atá ar a phunann fiachais a bhainistiú.

Ba é seo a leanas céatadán fhiachas seasta agus comhlúthach an Ghrúpa (dliteanais léasa agus fiachas atá dlite don Mháthairchuideachta as an áireamh) amhail an 31 Nollaig:

	2024	2024	2023	2023
	€’000	%	€’000	%
Ag rátaí seasta	(757,695)	88.4%	(922,103)	90.3%
Ag rátaí comhlúthacha	(99,500)	11.6%	(99,260)	9.7%
Iomlán	(857,195)	100.0%	(1,021,363)	100.0%

Amhail an 31 Nollaig 2024, ba é 2.26% an meánráta úis ualaithe a gearradh ar an bpunann fiachais sheasta (gan léasanna a chur san áireamh) (2023: 1.09%), a chuimsigh trí bhanna de €761.0m san iomlán (2023: €925.0m).

23. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

Cuirtear sonraí ar fáil sa tábla thíos ar fhiachas ar ráta seasta, lena n-áirítear iasachtaí amhail an 31 Nollaig 2024:

Méid Fuascailte				
	€'000	Dáta a Eisíodh	Aibíocht	Cúpón %
Eorabhanna 1	336,000	2016	10 mbliana	1.375
Eorabhanna 2	125,000	2016	20 bliain	2.25
Eorabhanna 4	300,000	2024	5 bliana	3.25
			2024	2023
É seo a leanas meánmharthanacht an fhiachais ar ráta seasta:			5.06 bliain	3.63 bliain

Déantar costais úis a bhaineann le hiasachtaí ar ráta athraitheach a athshocrú ar bhonn tráthúil le haghaidh mí amháin, trí mhí nó sé mhí thar an ráta margaidh atá i réim.

Anailís íogaireachta ar shreabhadh airgid le haghaidh fiachas ar ráta comhlúthach

Is í aidhm bheartais agus phróisis an Ghrúpa um bainistiú agus rialú riosca ráta úis, mar atá leagtha amach roimhe seo, ná laghdú a dhéanamh ar thionchar luaineachta gearrthéarmacha sa ráta úis ar thuilleamh an Ghrúpa. Mar sin féin, beidh tionchar ag athruithe fadtéarmacha ar rátaí úis ar thuilleamh an Ghrúpa.

Meastar go mbeadh tionchar ag gluaiseacht 200 bonnphointe i rátaí úis ar an 31 Nollaig 2024 ar bhrabús roimh chánachas de réir na méideanna arna dtaispeáint thíos, agus go mbeadh an t-athrú luacha chóir ar ioncam cuimsitheach eile mar a thaispeántar thíos:

	Brabús roimh ghnóthachan/ (chaillteanas) cánachais		Ioncam Cuimsitheach eile	
	31-Noll-24	31-Noll-23	31-Noll-24	31-Noll-23
Méadú 200 bp	(1,990)	(1,985)	-	-
Laghdú 200 bp	1,990	1,985	-	-

Rinneadh na toimhdí seo a leanas maidir leis an anailís íogaireachta thuas:

- fanann gach athróg eile, rátaí airgeadra eachtraigh ach go háirithe, mar an gcéanna;
- ní bhaineann sé ach le hionstraimí airgeadais díorthacha agus fiachas comhlúthach;
- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach (tugtha) anonn ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i ngaolmhaireacht fálaithe ach ar an ráiteas ioncain amháin; agus
- déileáiltear leis an gcéim chomhlúthach d'aon mhalairt nó aon fhiachas ráta chomhlúthaigh amhail is nach mbeadh aon ráta úis socraithe cheana féin, mar sin bíonn tionchar ag athrú ar rátaí úis ar feadh 12 mhí don chion úis fhabhraithe de na ríomhanna íogaireachta.

24. Tomhas luacha chóir

Éilíonn cuid de bheartais agus nochtaí cuntasaíochta an Ghrúpa go ndéanfar na luachanna córa a bhaineann le sócmhainní agus dliteanais airgeadais a thomhas. Agus luach cóir sócmhainne nó dliteanais á mheas aige, úsáideann an Grúpa sonraí ó mhargaí inbhraite sa mhéid agus atá na sonraí sin ar fáil.

Déantar luachanna córa a chatagóiriú i leibhéil dhifriúla in ordlathas luacha chóir bunaithe ar na hionchuir a úsáidtear sna teicnící luachála mar seo a leanas;

- Leibhéal 1:** praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhionanna.
- Leibhéal 2:** ionchuir seachas na praghsanna a luadh, a cuireadh san áireamh i Leibhéal 1, atá infheicthe le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais, cibé acu go díreach (is é sin, mar phraghsanna) nó go hindíreach (is é sin, bunaithe ar phraghsanna).
- Leibhéal 3:** ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

Más féidir na hionchuir a mbaintear úsáid astu le tomhas a dhéanamh ar luach cothrom sócmhainne nó dliteanais a chatagóiriú ar leibhéil dhifriúla d'ordlathas an luacha chóir, ansin déantar an tomhas luacha chóir a chatagóiriú ina iomláine ar an leibhéal céanna d'ordlathas an luacha chóir mar an t-ionchur luacha chóir is ísle atá suntasach don tomhas ina iomláine. Aithníonn an Grúpa aistrithe idir leibhéil d'ordlathas luacha chóir ag deireadh na bliana tuairiscithe ar tharla an t-athrú lena linn. Ní raibh aon aistrithe ann sa bhliain 2024 ná sa bhliain 2023.

(a) Luach cóir sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais a thomhaistear ar luach cóir ar bhonn athfhillteach

Sa tábla seo a leanas leagtar amach na teicnící luachála a chuireann an Grúpa i bhfeidhm chun luach cóir a thomhas, i dteannta le haon ionchur dobhraite suntasach.

Cineál	Teicníc luachála	Ionchuir dhobhraite shuntasacha
Conarthaí réamh-mhalairte (Féach ar nóta 23)	Bíonn luach cóir conarthaí réamh-mhalairte bunaithe ar a bpraghas luaite, má tá sé ar fáil. Mura bhfuil praghas luaite ar fáil, meastar luach cóir mar an difríocht idir réamh-phraghas an chonartha agus réamh-phraghas reatha um aibíocht iarmharach an chonartha. Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2	Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite.

(b) Luach cóir dliteanas airgeadais nach ndéantar a thomhas ar luach cóir (ach tá nochtaí luacha chóir de dhíth)

Déantar luach cóir iasachtaí, arna dtomhas ag an gcostas amúchta, a mheas agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascainiú ó na glanluachanna reatha agus úsáid á bhaint as na rátaí margaidh atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe - Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2. Níor aicmíodh aon ionstraimí airgeadais eile ar bith a dhéantar a thomhas ag costas amúchta ach ar nochtadh luach cóir lena n-aghaidh a bhí rangaithe mar Leibhéal 3 sa bhliain reatha ná sa bhliain roimhe.

(c) Luach cóir réadmhaoine infheistíochta nach ndéantar a thomhas ar luach cóir (ach tá nochtaí luacha chóir de dhíth)

Iompraítear réadmhaoine infheistíochta ag costas stairiúil lúide dímhéas carntha. Nochtar luach cóir na réadmhaoine infheistíochta i gcomhréir le ceanglais IAS 40.79. Rinneadh an luach cóir a chinneadh trí úsáid a bhaint as an gcur chuige margaidh, i bhfianaise an eolais mhargaidh ar fad atá ar fáil agus rinne Avison Young (luachálaithe cláraithe RICS) é. Díorthaíodh an luach cóir go príomha trí úsáid a bhaint as idirbhearta inchomparáide le déanaí ar neamhthuilleamaí agus trí theicnící luachála cuí a úsáid - Ordlathas luacha chóir: leibhéal 3.

25. Fochuideachtaí

Bhí na fochuideachtaí seo a leanas ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta ar an 31 Nollaig 2024:

An chuideachta	Cineál an Ghnó	Oifig Chláraithe	% de Shealbhán Gnáth-Scairchaipitil
GNI (UK) Limited	Tarchur Gáis	13ú Urlár, A hAon Cúirt an Aingil, Londain, An Ríocht Aontaithe EC2R 7HJ	100%
Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC	Tarchur Gáis	Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh, Éire	100%
DAC Athrú Seirbhísí Líonra	Neamhthrádáil	Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh, Éire	100%

26. Páirtithe gaolmhara

Is iad seo a leanas iarmhéideanna na bpáirtithe gaolmhara i ndáil leis na hidirbhearta atá sonraithe sna rannáin ábhartha thíos:

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€'000	€'000
Ervia	-	(218)
	-	(218)

Idirbhearta le Ervia

(a) Aistriú ó Ervia faoi rialú comhchoiteann

Roimh 1 Meitheamh 2024, ba é Ervia máthairchuideachta deiridh Líonraí Gáis Éireann agus is comhlacht corparáideach é atá bunaithe faoin Acht Gáis 1976 agus a bhfuil sainchónaí air in Éirinn. Rinneadh Ervia a dhíscaoileadh le héifeacht ón 1 Meitheamh 2024, de bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, lenar foráladh d'aistriú feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanais uile chorparáid reachtúil Ervia ar an dáta sin, chuig Líonraí Gáis Éireann. Féach thíos le haghaidh sonraí maidir leis na hiarmhéideanna a aistríodh ó Ervia chuig Líonraí Gáis Éireann.

	01-Meith-24
	€'000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	2,492
Sócmhainn sochair scoir	27,724
Dlíteanais chánach iarchurtha	(3,465)
Infháltais thrádála agus infháltais eile - díbhinn a bhí dlite ó Líonraí Gáis Éireann *	44,018
Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile - díbhinn iníoctha leis an Státchiste *	(44,018)
Infháltais trádála agus Infháltais eile - eile	210
Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile - fabhrú	(10)
Dlíteanas cánach reatha	(74)
An tIomlán a aistríodh	26,877

* Níor íocadh díbhinn 2024 dar luach €44.018m (nóta c) le Ervia sular díscaoileadh é an 1 Meitheamh 2024. De bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, ghlac Líonraí Gáis Éireann an dlíteanas díbhinne dar luach €44.018m (nóta c) ó Ervia do Stát na hÉireann in ionad an dlíteanais sin.

Nuair a aistrítear sócmhainní agus dliteanais idir eintitis atá faoi rialú comhchoiteann ag dáta an aistrithe, ní dhéantar na sócmhainní agus na dliteanais a thomhas ag a luachanna córa agus ina áit sin, déantar iad a thomhas bunaithe ar na luachanna (tugtha) anonn. Áirítear leis na difríochtaí idir an chomaoin a íocadh (nialasach) agus luach (tugtha) anonn comhiomlán na sócmhainní agus dliteanais (€26.9m) a fuarthas i gcothromas mar ranníocaíocht chaipitil (€26.9m). Níl athráitis chomparáideacha ón mbliain roimhe ag teastáil.

(b) Costais idirbheartaíochta agus seirbhísí tacaíochta

	2024	2023
	€'000	€'000
Costais idirbhirt agus chomhaontú seirbhíse tacaíochta	-	(169)

Tháinig laghdú suntasach ar leibhéal costas seirbhíse idirbheartaíochta agus seirbhíse tacaíochta a chuir máthairchuideachta Ervia ar fáil do Líonraí Gáis Éireann le linn na mblianta 2023 agus 2024 (suas go dtí dáta an díscaoilte) i gcomparáid le blianta roimhe sin agus bhí sé comhdhéanta de Sheirbhísí Grúpa teoranta agus costais pinsin.

(c) Díbhinní

(i) Díbhinní dearbhaithe

	2024	2023
	€'000	€'000
Díbhinn bhliantúil dearbhaithe do Ervia	(44,018)	(18,869)
Iomlán	(44,018)	(18,869)

(ii) Díbhinní íoctha

	2024	2023
	€'000	€'000
Díbhinn bhliantúil a íocadh le Ervia	-	(18,869)
Díbhinn iarchurtha a íocadh le Ervia	-	(5,100)
Díbhinn a íocadh leis an Státchiste	(44,018)	-
Iomlán	(44,018)	(23,969)

Dhearbhaigh an Chuideachta díbhinn bhliantúil €44m le Ervia mar a leagtar amach thuas. I ndiaidh díscaoilte Ervia, íocadh an díbhinn seo leis an Státchiste ag Líonraí Gáis Éireann. Sa bhliain 2018, dhearbhaigh an Chuideachta díbhinn bhliantúil de €54.2m agus d'íoc sí €49.1m, agus íocadh na €5.1m eile sa bhliain 2023 le hús cuí (féach nóta 17). I mí an Mhárta 2025, d'fhaomh an Bord freisin dearbhú díbhinne dar luach €62.1m leis an Státchiste.

(d) Costais pinsin

	2024	2023
	€'000	€'000
Costais pinsin	(3,363)	(5,834)

Baineann na costais pinsin thuas le ranníocaíochtaí iníoctha ag Líonraí Gáis Éireann d'fhostaithe rannpháirteacha, do scéimeanna pinsin sochair shainithe agus ranníocaíochta sainithe arna n-oibriú ag Ervia, roimh a dhíscaoileadh ar an 1 Meitheamh 2024.

Idirbhearta le hUisce Éireann

(a) Léasanna oibriúcháin

	2024	2023
	€'000	€'000
	1,164	1,164

Le linn na mblianta airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2023 agus 2024, thug Líonraí Gáis Éireann réadmhaoin ar léas d'Uisce Éireann ar chíos bliantúil €1.1m, cuireadh rogha sosa i bhfeidhm ar an 31 Nollaig 2024 ag Uisce Éireann maidir leis an léas seo. Thug Líonraí Gáis Éireann réadmhaoin bhreise ar léas do Uisce Éireann freisin ar chíos bliantúil €0.1m.

26. Páirtithe gaolmhara (ar lean)

Cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí

Tá na príomhbhainisteoirí comhdhéanta de Bhord Líonraí Gáis Éireann, POF Líonraí Gáis Éireann agus na daoine a thuairiscíonn go díreach dó.

	2024	2023
	€'000	€'000
Sochair ghearrthéarmacha fostaithe	(2,289)	(2,077)
Sochair iarfhostaíochta	(218)	(203)
Iomlán	(2,507)	(2,280)

Comhaltaí Boird

Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag comhaltaí an Bhoird sa Ghrúpa ag aon uair le linn na bliana.

Comhlachtaí Rialtais

Ar aon dul le go leor eintitis eile, déileálann an Grúpa i ngnáthchúrsa a ghnó le comhlachtaí eile atá urraithe ag an Rialtas, amhail Bord Soláthair an Leictreachais, Eirgrid, Údaráis Áitiúla agus bainc Éireannacha áirithe atá faoi úinéireacht pháirteach Rialtas na hÉireann. Déantar na hidirbhearta go léir de réir gnáththearmaí tráchtála. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha iasachtaí ná taiscí ag an nGrúpa le haon bhanc den sórt sin le linn na bliana, ar an dáta tuairiscithe, ná le haghaidh dheireadh na tréimhse comparáidí.

27. Teagmhais ina dhiaidh sin

I mí an Mhárta 2025, d'fhaomh an Bord dearbhú agus íocaíocht díbhinne dar luach €62.1m. Níor tharla aon teagmhais eile idir an dáta tuairiscithe agus an dáta ar fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais, a mbeadh coigeartú ar na ráitis airgeadais seo nó aon nochtaí breise ag teastáil lena n-aghaidh.

28. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 25 Márta 2025.

Clár comhardaithe na cuideachta amhail ar an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	31-Noll-24 €'000	31-Noll-23 €'000
Sócmhainní			
Sócmhainní neamhreatha			
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	30A.	2,137,430	2,123,890
Réadmhaoine infheistíochta	10	6,896	7,325
Sócmhainní doláimhsithe	30B.	28,098	25,498
Infheistíocht i bhfochuideachtaí	30C.	515	515
Infháltais thrádála agus infháltais eile	30D.	123,052	112,987
Sócmhainn sochair scoir	18	23,069	-
Ionstraimí airgeadais díorthacha	30M.	59	-
Iomlán na sócmhainní neamhreatha		2,319,119	2,270,215
Sócmhainní reatha			
Infháltais thrádála agus infháltais eile	30D.	79,508	103,408
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don chuideachta	30E.	121,172	162,982
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta	30E.	18,878	31,043
Ionstraimí airgeadais díorthacha	30M.	357	159
Sócmhainní cánach reatha	30L.	-	8,353
Fardail	30G.	664	590
Sócmhainní reatha iomlána		220,579	306,535
Sócmhainní iomlána		2,539,698	2,576,750
Cothromas agus dliteanais			
Cothromas			
Scairchaipiteal agus scairbhiseach	30N	(318,353)	(318,353)
Ranníocaíocht chaipitil	30N	(396,824)	(369,947)
Tuilleamh coinnithe		(436,771)	(367,036)
Cothromas iomlán		(1,151,948)	(1,055,336)
Dliteanais			
Dliteanais neamhreatha			
Iasachtaí agus fiachas eile	17	(859,422)	(724,584)
Ioncam iarchurtha	30H.	(179,139)	(145,204)
Deontais	30I.	(9,203)	(13,461)
Forálacha	30J.	(5,263)	(5,072)
Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile	30K.	(3,272)	(4,210)
Ionstraimí airgeadais díorthacha	30M.	(59)	-
Dliteanais chánach iarchurtha	30L.	(189,235)	(188,551)
Dliteanais neamhreatha iomlána		(1,245,593)	(1,081,082)
Dliteanais reatha			
Iasachtaí agus fiachas eile	17	(231)	(299,360)
Ioncam iarchurtha	30H.	(18,017)	(12,958)
Deontais	30I.	(4,036)	(3,987)
Forálacha	30J.	(1,754)	(1,691)
Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile	30K.	(116,915)	(122,166)
Ionstraimí airgeadais díorthacha	30M.	(385)	(170)
Dliteanais chánach reatha	30L.	(819)	-
Dliteanais reatha iomlána		(142,157)	(440,332)
Dliteanais iomlána		(1,387,750)	(1,521,414)
Cothromas agus dliteanais iomlána		(2,539,698)	(2,576,750)

B'ionann brabús inchurtha i leith na Cuideachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 agus €116.9m (2023: €84.5m).

Ráiteas na cuideachta ar athruithe ar an gcothromas don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2024

		Scairchaipiteal agus scairbhiseach	Ranníocaíocht chaipitil	Tuilleamh coinnithe	Iomlán
		€'000	€'000	€'000	€'000
Ar an 1 Eanáir 2023		(318,353)	(369,947)	(301,450)	(989,750)
Brabús don bhliain	-	-		(84,455)	(84,455)
Iomlán an ioncaim chuimsithigh eile don bhliain	-	-		(84,455)	(84,455)
Díbhinní	30O.	-	-	18,869	18,869
Amhail an 31 Nollaig 2023		(318,353)	(369,947)	(367,036)	(1,055,336)
Brabús don bhliain		-	-	(116,941)	(116,941)
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain		-	-	3,188	3,188
Iomlán an ioncaim chuimsithigh eile don bhliain		-	-	(113,753)	(113,753)
Aistriú faoi idirbheart rialaithe chomhchoitinn	30O.	-	(26,877)		(26,877)
Díbhinní	30O.	-	-	44,018	44,018
Amhail an 31 Nollaig 2024		(318,353)	(396,824)	(436,771)	(1,151,948)

É go léir inchurtha i leith úinéirí na Cuideachta.

Ráiteas na cuideachta ar shreafaí airgid don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2024

		2024	2023
	Nótaí	€'000	€'000
Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	30F.	300,141	193,201
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí as réadmhaoin, gléasra agus trealamh		(147,305)	(119,960)
Íocaíochtaí as sócmhainní doláimhsithe		(9,967)	(6,532)
Deontais (íochta)/ faighte	30I.	-	762
Ús faighte		6,159	4,576
Díbhinn a fuarthas	30O.	-	8,000
Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta		(151,113)	(113,154)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Fáltais ó iasachtaí	17	298,287	-
Aisíocaíocht iasachtaí	17	(459,520)	-
Ranníocaíocht chaipitil a fuarthas	26	2,492	-
Aisíoc dliteanais léasa	11	(244)	(239)
Díbhinní íochta	30O.	(44,018)	(23,969)
Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin		(203,003)	(24,208)
Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	30E.	(53,975)	55,839
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir	30E.	194,025	138,186
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig	30E.	140,050	194,025

Nótaí a
ghabhann le
ráitis airgeadais
na cuideachta

- 30A. Réadmhaoín, gléasra agus trealamh
- 30B. Sócmhainní doláimhsithe
- 30C. Infheistíocht i bhfochuideachtaí
- 30D. Infháiltais thrádála agus infháiltais eile
- 30E. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim
- 30F. Airgead tirim faighte ó oibríochtaí
- 30G. Fardal
- 30H. Ioncam iarchurtha
- 30I. Deontais

- 30J. Forálacha, teagmhais agus dliteanais chaipitil
- 30K. Trádáil agus Suimeanna Infíochta Eile
- 30L. Cáin
- 30M. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais
- 30N. Scairchaipiteal eisithe
- 30O. Páirtithe gaolmhara
- 30P. Teagmhais ina dhiaidh sin

30A. Réadmhaoín, gléasra agus trealamh

	Nótaí	31-Noll-24 €'000	31-Noll-23 €'000
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht		2,133,535	2,119,714
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh - sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo	11	3,895	4,176
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh - arna gcur i láthair ar an gclár comhardaithe		2,137,430	2,123,890

Réadmhaoín, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht

Nótaí	Talamh agus Foirgnimh €'000	Gléasra, píblíne agus innealra €'000	Sócmhainní atá á dtógáil €'000	Iomlán €'000
Costas				
Ar an 1 Eanáir 2023	61,230	3,924,822	57,573	4,043,625
Breiseanna	395	11,284	115,097	126,776
Diúscairtí	-	(3,892)	-	(3,892)
Aistrithe	3,513	91,245	(94,758)	-
Amhail an 31 Nollaig 2023	65,138	4,023,459	77,912	4,166,509
Breiseanna	-	7,582	132,612	140,194
Diúscairtí	-	(5,257)	-	(5,257)
Aistrithe	2,229	117,603	(119,832)	-
Amhail an 31 Nollaig 2024	67,367	4,143,387	90,692	4,301,446

Cailteanais fhabhráithe
dímheasa agus bearnúcháin

Ar an 1 Eanáir 2023	(24,011)	(1,905,959)	(802)	(1,930,772)
Muirear dímheasa	(1,748)	(115,903)	-	(117,651)
Muirear bearnúcháin	-	(1,864)	-	(1,864)
Athraithe chuig Réadmhaoín infheistíochta	10	(314)	(86)	(400)
Diúscairtí	-	3,892	-	3,892
Amhail an 31 Nollaig 2023	(26,073)	(2,019,920)	(802)	(2,046,795)
Muirear dímheasa	(1,357)	(119,498)	-	(120,855)
Muirear bearnúcháin	-	(5,518)	-	(5,518)
Diúscairtí	-	5,257	-	5,257
Amhail an 31 Nollaig 2024	(27,430)	(2,139,679)	(802)	(2,167,911)

Suimeanna glanluacha

Amhail an 31 Nollaig 2023	39,065	2,003,539	77,110	2,119,714
Amhail an 31 Nollaig 2024	39,937	2,003,708	89,890	2,133,535

30A. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (ar lean)

B’ionann caillteanais bhearnúcháin a aithníodh maidir le gléasra agus innealra sa bhliain agus €5.5m, (2023 €1.9m). Tá na caillteanais sin inchurtha i leith caithimh agus cuimilte níos mó ná a bhíothas ag súil agus díluacháil cistí atá ar fáil. Baineann an caillteanas bearnúcháin a tugadh chun cinn maidir le sócmhainní atá á dtógáil le tionscadail forbartha.

Áirítear le luach (tugtha) anonn na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh sócmhainní atá faoi réir socruithe léasa oibriúcháin mar atá curtha síos orthu i nóta 11 ‘An Grúpa mar Léasóir’. Ba é luach (tugtha) anonn na sócmhainní sin ar an 31 Nollaig 2024 ná €35m (31 Nollaig 2023: €45m) agus áirítear é sa ghléasra, píblíne agus innealra.

30B. Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí agus eile	Bogearraí i mbun forbartha	Iomlán
	€’000	€’000	€’000
Costas			
Ar an 1 Eanáir 2023	170,881	4,047	174,928
Breiseanna (forbartha go himmheánach san áireamh)	-	5,642	5,642
Aistrithe	3,595	(3,595)	-
Amhail an 31 Nollaig 2023	174,476	6,094	180,570
Breiseanna (forbartha go himmheánach san áireamh)	-	10,381	10,381
Aistrithe	10,733	(10,733)	-
Amhail an 31 Nollaig 2024	185,209	5,742	190,951
Amúchadh carntha			
Ar an 1 Eanáir 2023	(148,169)	-	(148,169)
Muirear amúchta	(6,903)	-	(6,903)
Amhail an 31 Nollaig 2023	(155,072)	-	(155,072)
Muirear amúchta	(7,781)		(7,781)
Amhail an 31 Nollaig 2024	(162,853)	-	(162,853)
Suim ghlanluacha			
Amhail an 31 Nollaig 2023	19,404	6,094	25,498
Amhail an 31 Nollaig 2024	22,356	5,742	28,098

30C. Infheistíocht i bhfochuideachtaí

	2024	2023
	€’000	€’000
Costas		
Ar an 1 Eanáir	515	515
Ar an 31 Nollaig	515	515
Bearnúchán		
Ar an 1 Eanáir	-	-
Ar an 31 Nollaig	-	-
Suim ghlanluacha		
Ar an 31 Nollaig	515	515

Féach nóta 25 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh shonraí chúrsaí fhochuideachtaí na Cuideachta.

30D. Infháltais trádála agus infháltais eile

	Nótaí	31-Noll-24	31-Noll-23
		€’000	€’000
Úsáid infháltas córais - billeáilte		1,890	47,867
Úsáid infháltas córais - neamhbhilleáilte		52,038	44,439
Infháltais trádála eile - billeáilte		7,213	455
Infháltais trádála eile - neamhbhilleáilte		7,119	3,342
Méideanna atá dlite ó fhochuideachtaí	30O.	124,199	113,614
Infháltais eile		4,965	487
Fo-iomlán		197,424	210,204
Réamhíocaíochtaí		5,136	6,191
Iomlán		202,560	216,395
Anailísithe mar seo a leanas:			
Neamhreatha		123,052	112,987
Reatha		79,508	103,408
Iomlán		202,560	216,395

Cuimsítear le hinfháltais trádála agus infháltais eile úsáid infháltas córais, infháltas thrádála eile agus méideanna atá dlite ó fhochuideachtaí - féach nóta 13 le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus 30O le haghaidh tuilleadh sonraí faoi gach ceann acu siúd.

Níor aithin an Chuideachta aon chaillteanais chreidmheasa ionchasacha ábhartha.

30D. Infháltais trádála agus infháltais eile (ar lean)

Cuireann an Chuideachta cur chuige simplithe IFRS 9 (ina n-úsáidtear caillteanais chreidmheasa ionchasacha (CCI) saoil) i bhfeidhm chun CCI a thomhas le haghaidh infháltais trádála agus infháltais eile, ach amháin méideanna áirithe atá dlite ó fhochuideachtaí, a ndéantar iad a thomhas le cur chuige ginearálta IFRS 9. Sa tábla seo a leanas déantar anailís ar infháltais trádála agus infháltais eile ag an gcur chuige um thomhas CCI a chuireann an Chuideachta i bhfeidhm.

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€'000	€'000
Cur chuige simplithe	73,225	96,590
Cur chuige ginearálta	124,199	113,614
Iomlán	197,424	210,204

Cur chuige simplithe - caillteanais chreidmheasa ionchais

Féach nóta 13 le ráitis airgeadais an Ghrúpa chun tuilleadh sonraí a fháil faoi chur i bhfeidhm an chuir chuige shimplithe CCI sa Ghrúpa agus sa Chuideachta.

Léirítear sa tábla seo a leanas an ghluaiseacht sa liúntas caillteanais chreidmheasa ionchais a aithníodh le haghaidh na trádála agus infháltais eile i gcomhréir leis an gcur chuige simplithe a leagtar amach in IFRS 9 (measúnú aonair).

	2024	2023
	€'000	€'000
Ar an 1 Eanáir	(894)	(593)
Caillteanais bearnúcháin ar shócmhainní airgeadais	(102)	(301)
Liúntas a úsáideadh	318	-
Ar an 31 Nollaig	(678)	(894)

Léiríonn an tábla seo a leanas aosú infháltas trádála agus infháltais eile, glan ar liúntas i gcomhair caillteanais chreidmheasa ionchais, arna thomhas i gcomhréir leis an gcur chuige simplithe mar atá leagtha amach in IFRS 9.

	2024	2023
	€'000	€'000
Nach bhfuil thar an dáta dlite	70,185	93,478
1-30 lá thar téarma	1,106	1,002
31-120 lá thar téarma	1,088	1,595
> 120 lá thar téarma	846	515
Iomlán	73,225	96,590

Cur chuige ginearálta - caillteanais chreidmheasa ionchais

Baineann an cur chuige ginearálta le hinfháltais nach bhfuil incháilithe um chur i bhfeidhm an chuir chuige shimplithe arb iad, le haghaidh na Cuideachta, méideanna áirithe atá dlite ó fhochuideachtaí. Tá measúnú ar dhóchúlacht na mainneachtana le haghaidh na n-infháltas sin leagtha amach thíos.

Faoin gcur chuige ginearálta, ní mór don eintiteas a shocrú cibé acu an bhfuil an tsócmhainn airgeadais i gceann amháin de thrí chéim chun an méid CCI a shocrú atá le haithint;

Is é Céim 1 an cás nach bhfuil riosca creidmheasa méadaithe go mór ó aithníodh i dtosach é. Le haghaidh sócmhainní airgeadais atá ag céim 1, ceanglaítear ar eintitis CCI 12 mhí a aithint agus ioncam úis a aithint ar bhonn ollmhéide – ciallaíonn sé sin go ríomhfar ús ar ollsuim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais sula ndéantar coigeartú i gcomhair CCI.

Is é Céim 2 an cás ina bhfuil riosca creidmheasa méadaithe go mór ó aithníodh i dtosach é. Nuair a aistríonn sócmhainn airgeadais go céim 2 ceanglaítear ar eintitis CCI saolré a aithint ach leanfar ar aghaidh ag aithint ioncaim ar bhonn ollmhéide.

Is é Céim 3 an cás ina bhfuil an tsócmhainn airgeadais bearnaithe ó thaobh creidmheasa. Is é sin go bunúsach an pointe ag ar tharla caillteanas tabhaithe. Le haghaidh sócmhainní airgeadais ag céim 3, leanfaidh eintitis ar aghaidh ag aithint CCI saolré ach anois aithneoidh siad ioncam úis ar bhonn glanmhéide. Ciallaíonn sé sin go ríomhfar ús bunaithe ar ollshuim glanluacha na sócmhainne airgeadais lúide CCI.

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí méideanna dlite ó fhochuideachtaí de €124.2m ag an gCuideachta (2023: €113.6m). Nuair atá caillteanais chreidmheasa ionchais á ríomh (lena n-áirítear an dóchúlacht go mbeidh mainneachtain agus caillteanas i gcás mainneachtana ann), rinneadh méideanna dlite ó fhochuideachtaí a aicmiú mar infháltais ar riosca íseal creidmheasa. Ó aithníodh ar dtús iad, ní raibh aon mhéid ann a aicmíodh mar iníoctha ar an éileamh nó a raibh méadú suntasach le brath sa riosca creidmheasa atá ann ina leith. Chun caillteanas creidmheasa ionchais a shocrú, tugtar aird ar fheidhmíocht stairiúil na hiasachta ábhartha chomh maith le faisnéis réamhbhreathnaitheach don fhochuideachta ábhartha, lena n-áirítear réamhaisnéisí sonraithe um shreabhadh airgid lascainithe agus fachtóirí macraí-eacnamaíocha. De bhun an mheasúnaithe sin, ní aithnítear aon liúntas i dtaca le caillteanais chreidmheasa ionchais maidir leis na méideanna sin ar an 31 Nollaig 2024 (2023: €nialas) agus níor aithníodh aon chaillteanais chreidmheasa ionchais le linn na bliana maidir leis na méideanna sin (2023: €nialas) toisc go ndearnadh CCI a mheas mar mhí-ábhartha.

Léiríonn an tábla seo a leanas na hinfháltais de réir céime, glan ar liúntas caillteanais chreidmheasa ionchais, a dhéantar a thomhas i gcomhréir leis an gcur chuige ginearálta mar atá leagtha amach in IFRS 9.

	2024	2023
	€'000	€'000
Céim 1 - CCI 12 mhí (níl sé bearnaithe ó thaobh creidmheasa)	124,199	113,614
Iomlán	124,199	113,614

Is mar seo a leanas an neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa le haghaidh na trádála agus infháltais eile ar an dáta tuairiscithe de réir réigiún geografach:

	2024	2023
	€'000	€'000
Éire	73,225	96,590
An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh)	124,199	113,614
Iomlán	197,424	210,204

30E. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Ar fáil don ghrúpa

Coinnítear airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim chun gealltanais ghearrthéarmacha airgid thirim a chomhlíonadh.

		31-Noll-24	31-Noll-23
	Nótaí	€'000	€'000
Taiscí bainc gearrthéarmacha		114,000	160,000
Airgead tirim ag an mbanc.	30M	7,172	2,982
Iomlán		121,172	162,982

Taiscí srianta

		31-Noll-24	31-Noll-23
		€'000	€'000
Airgead tirim ag an mbanc		18,878	31,043
Iomlán		18,878	31,043

Áirítear le taiscí srianta méideanna arna gcoinneáil i dtaobh taiscí urrúis de chuid lastóirí líonra gáis (nóta 30E) agus comhaontuithe áirithe ceangail (nóta 30H). Déantar measúnú rialta ar an leibhéal d'urrús lastóra atá i bhfeidhm, agus déantar taiscí nó aisíocaíochtaí breise más gá, i gcomhréir le Cód Oibríochtaí Líonraí Gáis Éireann. Coimeádtar urrúis slándála le haghaidh chomhaontuithe ceangail chun an costas caipitil as tionscadail mhóra ceangail a mhaoiniú (fillte ar an gcustaiméir ar bhonn céimnithe thar 2-3 bliana) agus chun íocaíochtaí acmhainne a mhaoiniú (fillte ar an gcustaiméir thar thréimhse de suas le 7 mbliana). Tá sé de rogha ag custaiméirí cineálacha eile urrús airgeadais a chur in ionad taiscí urrúis atá ann cheana féin ag am ar bith. Rinneadh taifead de na suimeanna iníoctha dlite do gach iarmhéid airgid a taifeadadh mar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim. Féach nóta 30M le haghaidh noхтаí riosca creidmheasa a bhaineann le cistíocht.

Áirítear le gníomhaíochtaí airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim tríd an ráiteas ar shreafaí airgid gníomhaíochtaí iarmhéideanna taisce srianta.

	2024	2023
	€'000	€'000
Ar an 1 Eanáir	194,025	138,186
Méadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim sa ráiteas ar shreafaí airgid	(53,975)	55,839
Ar an 31 Nollaig	140,050	194,025

30F. Airgead tirim faighte ó oibríochtaí

	2024	2023
	€'000	€'000
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Brabús don bhliain	116,941	84,455
Coigeartuithe le haghaidh:		
Dímheas agus amúchadh	130,959	123,281
Costas sochair scoir	1,451	-
Glanioncam/(chostais) airgeadais	80	(1,799)
Costas cáin ioncaim	19,550	12,688
	268,981	218,625
Athruithe ar chaipiteal oibre:		
Athruithe ar infháltais thrádála agus infháltais eile	16,913	(14,352)
Athrú i suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile	(4,540)	(12,506)
Athrú ar ioncam iarchurtha	38,994	33,604
Athrú ar sholáthairtí	254	(653)
Athrú ar fhardail	(74)	(95)
Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	320,528	224,623
Ús íoctha *	(7,609)	(11,374)
Cáin ioncaim a íocadh	(12,778)	(20,048)
Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	300,141	193,201

* Is ionann an t-ús a íocadh agus glan-mhéid an ioncaim úis taisce ar thaiscí gearrthéarmacha de €8.3m (2023 €3.9m).

30G. Fardal

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€'000	€'000
Stoic agus ábhair	664	590

Níor gealladh aon fhardal mar urrús.

Níor díscríobhadh aon fhardail chuig glanluach inréadaithe sa bhliain 2024 (2023: €nialas).

Sa bhliain 2024, b'ionann an luach ar fhardal a aithníodh mar chostais chothabhála agus €2.0m (2023 €1.8m).

30H. Ioncam iarchurtha

	2024 €'000	2023 €'000
Ar an 1 Eanáir	(158,162)	(124,558)
Faighthe	(62,033)	(45,717)
Arna chur chun sochair an ráitis ioncaim	23,039	12,113
Ar an 31 Nollaig	(197,156)	(158,162)

Anailísithe mar seo a leanas:

	2024 €'000	2023 €'000
Neamhreatha	(179,139)	(145,204)
Reatha	(18,017)	(12,958)
Iomlán	(197,156)	(158,162)

30I. Deontais

	2024 €'000	2023 €'000
Ar an 1 Eanáir	(17,448)	(20,675)
Infhaighte sa bhliain	-	(762)
Amúchta	4,025	3,989
Arna chur chun sochair an ráitis ioncaim	184	-
Ar an 31 Nollaig	(13,239)	(17,448)

Anailísithe mar seo a leanas:

	2024 €'000	2023 €'000
Neamhreatha	(9,203)	(13,461)
Reatha	(4,036)	(3,987)
Iomlán	(13,239)	(17,448)

Níl aon dálaí nár comhlíonadh ag gabháil le deontais a aithnítear sa ráiteas ioncaim. Ar chúinsí áirithe d'fhéadfadh sé go dtiocfadh deontais chun a bheith in-aisíochta mura gcloítear leis na coinníollacha atá leagtha síos sna comhaontuithe deontais. Ní mheasann an Chuideachta go dtiocfaidh cúinsí den sórt sin chun cinn agus níor aisíocadh aon deontais sa bhliain airgeadais reatha ná sa bhliain roimhe.

Bhain deontais infhála €0.8 milliún sa bhliain 2023 le maoiniú deontais ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Líonraí (INEA) le haghaidh infheistíocht i stáisiúin Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite agus i mbonneagar a bhaineann le bithghás agus le haghaidh forbairt beartas agus nósanna imeachta i ndáil le Teicneolaíocht Oibriúcháin Gáis Líonraí Gáis Éireann. Tá roinnt dálaí a bhaineann leis an maoiniú deontais sin fós i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

30J. Forálacha, teagmhais agus dliteanais chaipitil

Forálacha

Bíonn gach foráil Grúpa ar siúl ar leibhéal na máthairchuideachta - féach nóta 21 le haghaidh sonraí.

Teagmhais

Nochtar dliteanais theagmhasacha i ndáil le deontais i nóta 30I.

Bíonn an Chuideachta faoi réir dlíthíochta, éileamh agus díospóidí conartha éagsúla le linn ghnáthchúrsa na n-oibríochtaí. Cé go mbíonn gné éiginnteachta ag gabháil le himeachtaí ar bith den sórt sin, ní mheasaimid go mbeidh drochéifeacht ábhartha ag réiteach na n-imeachtaí sin sa deireadh ar thorthaí na Cuideachta ó oibríochtaí, ar shreafaí airgid oibriúcháin ná ar ghlanseasamh airgeadais.

Gealltanais chaipitil

	2024 €'milliún	2023 €'milliún
Caiteachas caipitil atá ar conradh ach nach bhfuil soláthar déanta ina leith	78	67

30K. Trádáil agus Suimeanna Iníochta Eile

	31-Noll-24 €'000	31-Noll-23 €'000
Suimeanna iníochta trádála	(11,219)	(16,053)
Speansais fhabhraithe	(62,695)	(60,931)
Suimeanna iníochta eile	(23,589)	(29,024)
Méideanna atá dlite leis an máthairghnóthas deiridh	-	(218)
Creidiúnaithe cánachais agus árachais shóisialta	(22,684)	(20,150)
Iomlán	(120,187)	(126,376)

Anailísithe mar seo a leanas:

Neamhreatha	(3,272)	(4,210)
Reatha	(116,915)	(122,166)
Iomlán	(120,187)	(126,376)

Creidiúnaithe cánachais agus árachais shóisialta

ÍMAT/árachas sóisialta	(2,546)	(2,283)
CBL	(20,138)	(17,867)
Iomlán	(22,684)	(20,150)

30L. Cáin

Sócmhainní agus dliteanais chánach reatha

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€'000	€'000
(Dliteanais)/ sócmhainní cánach reatha *	(819)	8,353

Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha

	Pinsean	Dímheas luathaithe cánach €'000	Muirir úis iníoctha €'000	Eile ** €'000	Iomlán €'000
Ar an 1 Eanáir 2023	-	(190,464)	400	4,742	(185,322)
Aitheanta sa ráiteas ioncaim	-	1,852	(138)	(4,943)	(3,229)
Amhail an 31 Nollaig 2023	-	(188,612)	262	(201)	(188,551)
Aistrithe faoi rialú comhchoiteann	(3,465)	-	-	-	(3,465)
Aitheanta sa ráiteas ioncaim	140	2,189	(23)	20	2,326
Aitheanta i gcothromas	455	-	-	-	455
Amhail an 31 Nollaig 2024	(2,870)	(186,423)	239	(181)	(189,235)

* D'eascair sócmhainn chánach reatha go príomha mar gheall ar thionchair chánach na bliana roimhe sin ón athrú ar an mbeartas cuntasaióchta mar a thuairiscítear i nóta 1 a ghabhann le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa 2023 de chuid Líonraí Gáis Éireann.

** Áirítear leis sin sócmhainn chánach iarchurtha de €0.3m maidir le dliteanais léasa (2023 €0.3m). Is ionann an dliteanas cánach iarchurtha maidir le sócmhainní ceart úsáide agus €0.5m, (2023 €0.5m).

30M. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais

Féach nóta 23 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh achoimre ar na hionstraimí airgeadais díorthacha a bhíonn in úsáid ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta.

Comhcheanglaíonn an tábla seo a leanas eolas maidir le:

- aicmí ionstraimí airgeadais bunaithe ar a gcineál agus ar a saintréithe;
- suimeanna glanluacha na n-ionstraimí airgeadais;
- luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais (seachas ionstraimí airgeadais nuair atá an suim ghlanluacha geall le bheith comhionann lena luach cóir); agus
- leibhéil ordlathais luachanna córa do shócmhainní airgeadais agus do dhliteanais airgeadais ar nochtadh luach cóir ina leith.

Féach nóta 24 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh nochtaí faoi IFRS 13 maidir le tomhas luacha chóir.

	Ordlathas luachanna córa	FVTPL €'000	Costas amúchta €'000	Iomlán €'000
Amhail an 31 Nollaig 2024				
Sócmhainní airgeadais				
Conarthaí ráta malairte eachtraí (neamhainmnithe)	Leibhéal 2	416	-	416
Infháltais thrádála agus infháltais eile **		-	197,424	197,424
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa ***		-	121,172	121,172
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - táiscí srianta		-	18,878	18,878
Iomlán na sócmhainní airgeadais		416	337,474	337,890
Dliteanais airgeadais				
Iasachtaí agus fiachas eile ****	Leibhéal 2	-	(859,653)	(859,653)
Conarthaí ráta malairte eachtraí (neamhainmnithe)	Leibhéal 2	(444)	-	(444)
Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile *		-	(34,808)	(34,808)
Iomlán na ndliteanas airgeadais		(444)	(894,461)	(894,905)
Glan(dliteanais) airgeadais		(28)	(556,987)	(557,015)

Amhail an 31 Nollaig 2023				
Sócmhainní airgeadais				
Conarthaí ráta malairte eachtraí (neamhainmnithe)	Leibhéal 2	159	-	159
Infháltais thrádála agus infháltais eile **		-	210,204	210,204
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa ***		-	162,982	162,982
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - táiscí srianta		-	31,043	31,043
Iomlán na sócmhainní airgeadais		159	404,229	404,388

Dliteanais airgeadais				
Iasachtaí agus fiachas eile ****	Leibhéal 2	-	(1,023,944)	(1,023,944)
Conarthaí ráta malairte eachtraí (neamhainmnithe)	Leibhéal 2	(170)	-	(170)
Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile *		-	(45,295)	(45,295)
Iomlán na ndliteanas airgeadais		(170)	(1,069,239)	(1,069,409)
Glan(dliteanais) airgeadais		(11)	(665,010)	(665,021)

* Níor cuireadh speansais agus cánach fhabhraithe agus creidiúnaithe árachais shóisialta san áireamh toisc nach ndéantar iad sin a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.

** Níor cuireadh réamhíocaíochtaí san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.

*** Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh agus tuairiscítear an glanmhéid sa chlár comhardaithe nuair atá ceart infheidhmithe le dlí faoi láthair ag an Máthairchuideachta na méideanna a aithnítear a fhritháireamh agus nuair atá rún ann iad a shocrú ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí €7.2m d'airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar fáil don Mháthairchuideachta (2023: €3.1m). Ní raibh aon rótharraingtí ag an Máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2024 (2023: €0.1m), agus mar sin, cuirtear glansuíomh €7.2m i láthair mar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá ar fáil don Mhathairchuideachta (2023: €0.3m). Amhail an 31 Nollaig 2024, ní raibh ag an Máthairchuideachta aon mháistirshocrú glanluachála ná socruithe eile mar sin.

**** Amhail an 31 Nollaig 2024, ba é luach cóir na n-iasachtaí agus an fhiachais eile €831.5m (2023: €974.4m)..

30M. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

Seo a leanas luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais a thugtar anonn ag luach cóir, agus iad grúpáilte de réir aicme ionstraime:

Luach cóir ionstraimí airgeadais

	Sócmhainní neamhreatha	Sócmhainní reatha	Dliteanais neamhreatha	Dliteanais reatha	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Conarthaí malairte eachtraí	59	357	(59)	(385)	(28)
Amhail an 31 Nollaig 2024	59	357	(59)	(385)	(28)

Luach cóir ionstraimí airgeadais					
Conarthaí malairte eachtraí	-	159	-	(170)	(11)
Amhail an 31 Nollaig 2023	-	159	-	(170)	(11)

Bainistíocht riosca airgeadais

Féach nóta 23 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh tuilleadh sonraí faoi bheartais an Ghrúpa um bainistíocht riosca airgeadais. Glacann an Chuideachta leis na cuspóirí, na beartais agus na próisis sin chomh maith.

(i) Riosca creidmheasa

Freagraíonn suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais don uasmhéid neamhchosanta creidmheasa. An neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa ar dháta an tuairiscithe:

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€'000	€'000
Infháltais trádála agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh)	197,424	210,204
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa	121,172	162,982
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta	18,878	31,043
Ionstraimí airgeadais díorthacha	416	159
Iomlán	337,890	404,388

(i) (a) Riosca creidmheasa a bhaineann le cistíocht

Féach nóta 23 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh anailíse ar bheartais an Ghrúpa maidir le riosca creidmheasa a bhaineann le cistíocht. Glacann an Chuideachta leis na cuspóirí, na beartais agus na próisis sin chomh maith.

Ráthaíochtaí airgeadais

Féach nóta 23 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí ar na ráthaíochtaí airgeadais atá curtha ar bun ag an gCuideachta.

(i) (b) Riosca creidmheasa bainteach le trádáil

Féach nóta 30D le haghaidh anailís ar neamhchosaint na Cuideachta ar riosca creidmheasa a bhaineann le trádáil.

(ii) Riosca maoinithe agus leachtachta

Féach nóta 23 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí faoi spriocanna, bheartais agus phróisis an Ghrúpa chun riosca maoinithe agus leachtachta a bhainistiú agus faoi na modhanna a úsáidtear chun riosca leachtachta a thomhas. Glacann an Chuideachta leis na cuspóirí, na beartais agus na próisis sin chomh maith.

Is iad seo a leanas aibíochtaí conarthacha dliteanas airgeadais (agus sócmhainní den chineál céanna), lena n-áirítear an íocaíocht úis nár lascainíodh a bhaineann le hiasachtaí agus na sreafaí glana airgid nár lascainíodh atá inchurtha i leith ionstraimí airgeadais. Cuimsítear sa nochtadh insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid le haghaidh díorthaigh a bhfuil socraíocht chomhlán airgid chomhuaineach ag gabháil leo, m.sh. reámhchonarthaí i rátaí malairte eachtraí.

	Suim ghlanluacha	Sreafaí airgid conarthacha	< 1 bhliain	1-2 bhliain	2-5 bliana	> 5 bliana
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Amhail an 31 Nollaig 2024						
Iasachtaí agus fiachas eile	(859,653)	(983,147)	(20,440)	(356,070)	(46,997)	(559,640)
Suimeanna Iníoctha Trádála agus Suimeanna Iníoctha Eile *	(34,808)	(34,808)	(34,808)	-	-	-
Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha	(894,461)	(1,017,955)	(55,248)	(356,070)	(46,997)	(559,640)
Conarthaí ráta malairte eachtraí	(28)	(28)	(28)	-	-	-
Dliteanais airgeadais glan-díorthacha	(28)	(28)	(28)	-	-	-
Glandliteanais airgeadais	(894,489)	(1,017,983)	(55,276)	(356,070)	(46,997)	(559,640)

Amhail an 31 Nollaig 2023						
Iasachtaí agus fiachas eile	(1,023,944)	(1,110,538)	(314,705)	(13,545)	(524,304)	(257,984)
Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile *	(45,295)	(45,295)	(45,295)	-	-	-
Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha	(1,069,239)	(1,155,833)	(360,000)	(13,545)	(524,304)	(257,984)
Conarthaí ráta malairte eachtraí	11	11	11	-	-	-
Glansócmhainní airgeadais díorthacha	11	11	11	-	-	-
Glandliteanais airgeadais	(1,069,228)	(1,155,822)	(359,989)	(13,545)	(524,304)	(257,984)

* Níor cuireadh speansais agus cánach fhabhraithe agus creidiúnaithe árachais shóisialta san áireamh toisc nach ndéantar iad sin a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.

(iii) Riosca margaidh

Féach nóta 23 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí faoi spriocanna, bheartais agus phróisis an Ghrúpa chun riosca margaidh a bhainistiú agus faoi na modhanna a úsáidtear chun riosca margaidh a thomhas. Glacann an Chuideachta leis na cuspóirí, na beartais agus na próisis sin chomh maith.

(iii) (a) Riosca an ráta malairte

Eascraíonn riosca an ráta malairte ón bhfíric go ndéantar cuid d'oibríochtaí na Cuideachta in airgeadraí eile seachas euro (steirling go príomha). Is é an cuspóir atá i gceist agus riosca ráta malairte á bhainistiú ná brabúsacht a chosaint agus tionchar na n-éagsúlachtaí ábhartha mar gheall ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte a íoslaghdú.

Baineann an nochtadh féideartha do riosca ráta malairte le nochtadh an idirbhirt agus le fiachas in airgeadra eachtrach mar atá nocht i ráitis airgeadais an Ghrúpa (nóta 23).

30M. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

Anailís ar íogaire ráta malairte

Dá n-éireodh an euro níos láidre nó níos laige, mar a léirítear thíos, i gcomparáid le steirling ar an 31 Nollaig, thiocfadh méadú/(laghdú) ar ioncam cuimsitheach eile agus ar bhrabús nó caillteanas den mhéid a thaispeántar thíos. Tá an anailís seo bunaithe ar neamhréireanna sa ráta malairte, a mheas an Chuideachta go réasúnach go bhféadfaidís a bheith ann ag an dáta tuairiscithe. Glacann an anailís leis go bhfanann na neamhréireanna eile ar fad, go háirithe rátaí úis, seasta agus déanann sí neamhshuim de thionchar na ndíolachán agus na gceannachán a bhfuiltear ag súil leo.

	Brabús roimh ghnóthachan/ (chailiteanas) cánachais	Ioncam Cuimsitheach eile	Brabús roimh ghnóthachan/ (chailiteanas) cánachais	Ioncam Cuimsitheach eile
	31-Noll-24	31-Noll-24	31-Noll-23	31-Noll-23
	€'000	€'000	€'000	€'000
Láidriú 5%	(844)	-	(514)	-
Lagú 5%	844	-	514	-

Nóta: Ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach (tugtha) anonn ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i ngaolmhaireacht fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim amháin.

(iii) (b) Riosca an ráta úis

Féach nóta 23 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí faoi spriocanna, bheartais agus phróisis an Ghrúpa chun riosca ráta úis a bhainistiú agus faoi na modhanna a úsáidtear chun riosca ráta úis a thomhas. Glacann an Chuideachta leis na cuspóirí, na beartais agus na próisis sin chomh maith.

Féach nóta 23 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh nochtadh ar riosca ráta úis an Ghrúpa. Léirítear leis seo riosca ráta úis na Cuideachta mar iompraíonn an Chuideachta an riosca ráta úis go léir.

30N. Scairchaipiteal eisithe

	2024	2023
	€'000	€'000
Údaraithe:		
1,000,000 gnáthscair ar €1.00 an ceann	1,000	1,000
Sannta, glaoite agus íoctha go hiomlán:		
100 gnáthscair ar €1.00 an ceann (2023 1 Ghnáthscair amháin ar €1.00)	-	-

Roimh dhíscaoileadh Ervia, b’ionann Scairchaipiteal eisithe Líonraí Gáis Éireann, agus scair amháin a bhí ag Ervia. De bhun an Achta (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, ar an 1 Meitheamh 2024 (lá an aistrithe), cuireadh an scair a eisíodh le Ervia ar ceal ag Líonraí Gáis Éireann gan aon chúiteamh.

Ar an 1 Meitheamh 2024, d’eisigh Líonraí Gáis Éireann 100 scair sna sciartha seo a leanas:

- (a) 90 scair chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht;
- (b) 5 scair chuig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide;
- (c) 5 scair chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(b) Scairbhiseach

	2024	2023
	€'000	€'000
Ar an 1 Eanáir *	318,353	318,353
Eisiúint na scaireanna	-	-
Ar an 31 Nollaig	318,353	318,353

(c) Ranníocaíocht chaipitil

	2024	2023
	€'000	€'000
Ar an 1 Eanáir **	369,947	369,947
Aistriú ó Ervia (nóta 26)	26,877	-
Ar an 31 Nollaig	396,824	369,947

* Ar an 1 Lúnasa 2015, d’aistrigh Ervia, Máthairchuideachta Líonraí Gáis Éireann roimhe seo, a chuid sócmhainní agus dliteanais ar fad, a bhaineann le gnólacht na líonraí gáis chuig Líonraí Gáis Éireann, fochuideachta a ionchorpraíodh díreach ansin. Agus Ervia agus Líonraí Gáis Éireann faoi rialú comhchoiteann ar dháta an aistrithe, ní dhearnadh na sócmhainní agus na dliteanais a thomhas ag a luachanna córa agus ina áit sin, rinneadh iad a thomhas bunaithe ar na luachanna (tugtha) anonn. Is ionann an scairbhiseach atá ag teacht chun cinn agus an difríocht idir luach (tugtha) anonn na sócmhainní agus na ndliteanas a aistríodh ó Ervia (€1,231.4m) agus comhiomlán an chúitimh inioctha (€550m) agus an ranníocaíocht chaipitil a fuarthas (€363.1m).

** Fuarthas ranníocaíocht chaipitil de €363.1m ó Ervia ar an 1 Lúnasa 2015, mar a dhéantar cur síos air thuas. Chomh maith leis sin, aistríodh réadmhaoin, gléasra agus trealamh ó Ervia chuig Líonraí Gáis Éireann sa bhliain 2021 ar luach (tugtha) anonn €6.9 milliún ar chomaoin nialasach, mar idirbheart rialaithe chomhchoitinn.

30O. Páirtithe gaolmhara

Is iad seo a leanas glaniarmhéideanna na bpáirtithe gaolmhara i ndáil leis na hidirbhearta atá sonraithe sna rannáin ábhartha thíos:

	31-Noll-24	31-Noll-23
	€'000	€'000
Ervia	-	(218)
Fochuideachtaí	124,199	113,614
	124,199	113,396

Idirbhearta le Ervia

Féach Nóta 26 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí maidir le hidirbhearta a bhaineann leis an bpáirtí le Máthairchuideachta Ervia.

Idirbhearta le hUisce Éireann

Féach Nóta 26 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí maidir le hidirbhearta a bhaineann le páirtithe gaolmhara le hUisce Éireann.

Idirbhearta le fochuideachtaí

	2024	2023
	€'000	€'000
Costais idirbhirt agus chomhaontú seirbhíse tacaíochta	(a) 7,130	3,882
Ioncam úis	(b) 6,097	5,523
Seirbhísí iompair soláthair	(c) (54,186)	(50,625)
Díbhinn a fuarthas ón bhfochuideachta	(d) -	8,000

(a) Costais idirbhirt agus chomhaontú seirbhíse tacaíochta

Soláthraíonn Líonraí Gáis Éireann costais straitéiseacha, rialachais, bainistíochta riosca, bainistíochta seachadta oibriúcháin agus caipitil agus seirbhísí airgeadais agus idirbheartaíochta do Líonraí Gáis Éireann (RA) Teo. agus Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC Teo.

(b) Ioncam úis

Bhí ioncam úis ag an gCuideachta ó fhochuideachtaí ag eascairt ó shaoráidí iasachta idirchuideachta.

300. Páirtithe gaolmhara (ar lean)

(c) Seirbhísí iompair

Le linn na bliana, cheannaigh an Chuideachta seirbhísí agus soláthairtí ó fhochuideachta. Bhain an caiteachas sin le seirbhísí iompair go príomha.

(d) Díbhinn

I mí Aibreáin 2023, d’fhaomh Bord Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC íocaíocht díbhinne speisialta €8.0 milliún lena mháthairchuideachta, Líonraí Gáis Éireann.

Comhaltaí Boird

Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag na Stiúrthóirí sa Chuideachta ag aon uair le linn na bliana ná ar an dáta tuairiscithe.

Cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí

Féach nóta 26 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh mionsonraí maidir le cúiteamh phríomhbhainisteoirí an Ghrúpa.

Comhlachtaí Rialtais

Ar aon dul le go leor eintitis eile, déileálann an Chuideachta i ngnáthchúrsa a ghnó le comhlachtaí eile atá urraithe ag an Rialtas, amhail Bord Soláthair an Leictreachais, Eirgrid, Údaráis Áitiúla agus bainc Éireannacha áirithe atá faoi úinéireacht pháirteach Rialtas na hÉireann. Déantar na hidirbhearta go léir de réir gnáththéarmaí tráchtála. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha iasachtaí ná taiscí ag an gCuideachta le haon bhanc den sórt sin le linn na bliana, ar an dáta tuairiscithe, ná le haghaidh dheireadh na tréimhse comparáidí.

30P. Teagmhais ina dhiaidh sin

Féach nóta 27 de ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí teagmhas ina dhiaidh sin.



Seo a leanas na príomhshonraí
teagmhála do Líonraí Gáis Éireann:

Fiosruithe Ginearálta

1800 464 464

Bíonn línte ar oscailt

Luan go hAoine 8rn - 8in

agus ar an Satharn 9rn - 5.30in

Seirbhís Éigeandála 24 Uair an Chloig

1800 20 50 50

networksinfo@gasnetworks.ie

@GasNetIRL

gasnetworks.ie
